



An tArd-Reachtairé Cuntas agus Ciste

**Tuarascáil ar
Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2013**

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2013

Ceanglaítear orm de bhun Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ar thráthanna sonraithe mar a chinntear le dlí. Forálann an tAcht um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 an príomhbhonn maidir le tuairisciú den sórt sin.

Forálacha Tuairiscithe Reachtacha

Éilítear orm de bhun Alt 3 (10) d'Acht 1993 tuarascáil i scríbhinn a ullmhú gach bliain a chuimseoidh

- aon nithe a mheasaim go bhfuil sé cuí a thuairisciú ag éirí as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa arna n-ullmhú ag Oifigigh Chuntasaíochta na ranna agus na n-oifigí rialtais i ndáil leis na leithreasaí arna vótáil ag Dáil Éireann don bhliain airgeadais roimhe sin
- aon nithe a mheasaim go bhfuil sé cuí a thuairisciú ag éirí as mo scrúduithe ar na rialuithe inmheánacha cuntasaíochta arna bhfeidhmiú ag ranna agus oifigí rialtais (sa bhliain airgeadais reatha nó roimhe seo) chun a chinntiú rialtacht na n-idirbheart airgeadais, cruinneas a gcuid íocaíochtaí agus fáлтаis, iontaofacht agus iomláine a gcuid taifead cuntasaíochta agus cosaint na sócmhainní atá faoi úinéireacht agus á rialú acu
- torthaí na scrúduithe a rinne mé ar chuntais an ioncaim a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim – san áireamh sna scrúduithe sin bhí measúnacht ar cibé an bhfuil na cuntais iomlán agus cruinn, agus cibé an bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais bunaithe agus curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar mheasúnú, bailiú agus dáileadh cuí an ioncaim.

Cuirtear de cheangal orm de bhun reachtanna eile tuairiscí a ullmhú agus a chur faoi bhráid Dháil Éireann maidir le nithe sonracha áirithe in éineacht le mo thuarascáil faoi alt 3 (10).

Forálann alt 11 d'Acht 1993 ar leithligh d'ullmhú tuarascálacha speisialta agamsa, ag déileáil le haon nithe ginearálta a ba mhaith liom a thuairisciú a eascraíonn as m'iniúchtaí ar ráitis airgeadais aon cheann de na comhlachtaí a thagann faoi mo shainchúram iniúcháireachta, nó i gcás ina gcinnim torthaí na n-iniúchtaí maidir le 'luach ar airgead' nó iniúchtaí a rinneadh faoi fhorálacha ábhartha d'Acht na bliana 1993 a chur i láthair. Déanaim tuarascálacha speisialta den sórt sin a sheoladh go foirmiúil faoi bhráid Aire iomchuí an Rialtais, a gceanglaítear air sin a chur faoi deara cóip den tuarascáil a chur faoi bhráid Dháil Éireann laistigh de thrí mhí.

Cur i láthair na Tuarascála seo

Is í seo mo thuarascáil faoi Alt 3 (10) d'Acht 1993 a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2013. Tá an tuarascáil leagtha amach i gceithre chuid.

- Baineann Cuid 1 le nithe a bhaineann leis an bPríomhchiste agus le fiachas an Rialtais.

- Tá cur síos imlíne i gCuid 2 ar nithe áirithe a bhaineann le caiteachas vótáilte in 2013.
- Baineann Cuid 3 le nithe a eascraíonn ó iniúchadh ar Chuntas na gCoimisinéirí Ioncaim agus ó scrúdú ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Cuimsíonn Cuid 4 tuarascálacha reachtúla maidir le hiniúchtaí ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus Chomhairle Chomhairleach Fioscach na hÉireann.

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn faisnéise iniúchta, nuair a bhí sí ar fáil, agus cáipéisí, faisnéis agus míniúcháin eile a fuarthas ó na ranna agus ó na hoifigí rialtais ábhartha. Cuireadh dréachtaí de na codanna ábhartha den tuarascáil chuig na ranna agus na hoifigí lena mbaineann siad agus iarradh orthu a gcuid tuairimí a thabhairt. Nuair ba chúí, ionchorpraíodh na tuairimí sin sa leagan deireanach den tuarascáil.

Déileáiltear sa tuarascáil le cuntasacht na ranna agus na n-oifigí maidir leis an gcaoi ar riar siad cistí poiblí. Ba cheart tagairtí do thrú páirtithe a léamh sa chomhthéacs sin.

Tíolacaim leis seo mo thuarascáil don bhliain dar críoch an 31ú lá de Nollaig 2013 do Dháil Éireann de réir Alt 3 (11) d'Acht 1993.

Cur i láthair na gCuntas Leithreasa 2013

Éilíonn Acht na bliana 1993 orm na cuntais leithreasa do na Vótaí éagsúla a thíolacadh do Dháil Éireann mar aon leis an tuarascáil arna hullmhú faoi alt 3 (10). Tá gach cuntas leithreasa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 deimhnithe agam agus, in imleabhar a ghabhann leo, tíolacaim na cuntais sin, mar aon le deimhnithe m'iniúchta, do Dháil Éireann.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2014

Clár Ábhar

An Rialtas Láir

1	Torthaí Airgeadais an Státchiste do 2013	11
2	Fiachas an Rialtais	19

Caiteachas Vótáilte

3	Cuntasaíocht Vóta agus Bainistíocht Buiséid	35
4	Cuntas a thabhairt i Sheirbhísí Gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí	57
5	Maoiniú a Thugann an Rialtas Láir do na hÚdaráis Áitiúla	73
6	An Scéim Chomhiomlánaithe Talún	81
7	Nithe ag éirí as iniúchadh ar Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtais Áitiúil maidir le Seirbhísí Uisce	99
8	Oibriú na Seirbhíse um Fhreagairt Glaonna Éigeandála	105
9	Cuntas a Thabhairt i gCaiteachas Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	119
10	Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh	123
11	Rialú na Liúntas Leasa Forlíontach	135
12	Cúnamh Feirme	151
13	Maoiniú Pinsean Sheirbhís Fuilastriúcháin na hÉireann	161
14	Soláthar ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	167

Na Coimisinéirí Ioncain

15	Cáin Mhaoine Áitiúil	177
16	Cánachas ar Ioncam Cíosa	199

Nithe Eile

17	Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	215
18	Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann	225

Tuarascáil ar
Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2013



An Rialtas Láir


1 Toradh Airgeadais an Státchiste maidir le 2013

- 1.1** Íoctar fáлтаis uile an Stáit isteach i Lárchiste an Státchiste mura gcinntear a mhalairt de réir dlí.¹ Folaítear le fáлтаis an Lárchiste fáлтаis chánach agus fáлтаis ó iasachtaíocht arna gabháil ar láimh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón Lárchiste chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú.
- 1.2** Cuirtear i láthair sna Cuntais Airgeadais bhliantúla na fáлтаis isteach agus eisiúintí amach as an Lárchiste mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaíocht NTMA agus faisnéis maidir leis na dliteanais agus na sócmhainní áirithe atá ag an Stát. Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar na hidirbhearta ar an Lárchiste agus aibhsítear roinnt treochtaí lárnacha. Toisc nach n-áirítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, leagtar amach freisin an seasamh achomair i ndáil le príomhshócmhainní agus dliteanais ag deireadh na bliana.

Fáltais agus Eisiúintí an Lárchiste

- 1.3** Tá an ghluaiseacht i bhfáltais agus in eisiúintí an Lárchiste thar an tréimhse 2002 go dtí 2013 agus an barrachas nó an t-easnamh maidir le gach ceann de na blianta sin leagtha amach i Fíor 1.1. In 2013, ba ionann an t-easnamh agus €11.5 billiún.

Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste agus barrachas/easnamh, 2002 – 2013



¹ Áirítear le samplaí d'ioncam an Stáit nach n-íoctar isteach sa Lárchiste fáлтаis ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus fáлтаis ó mhótarcháin a íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

Fíor 1.2 Comhdhéanamh Fháltas agus Eisiúintí an Lárchiste, 2009 – 2013^a

	2009	2010	2011	2012	2013
Fáltais	€m	€m	€m	€m	€m
Ioncam cánach	33,043	31,753	34,027	36,646	37,806
Ioncaim reatha eile	838	2,687	2,520	2,765	2,676
Íasachtaí/réamhíocaíochtaí arna n-aisíoc ag					
an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta	741	790	673	720	730
Ciste Árachais Shóisialaigh	–	–	254	355	285
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	–	250	49	–	–
An Ciste um Chothromú Fiontar	–	–	–	–	78
Eile	9	3	10	2	5
Aistarraingt as an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean	–	–	1,018	–	–
Díol Irish Life plc	–	–	–	–	1,301
Díol nótaí caipitil teagmhasacha i mBanc na hÉireann	–	–	–	–	1,010
Díol ceadúnas fón soghluaiste	–	–	–	450	60
Fáltais chaipitil eile	140	138	116	150	113
Iomlán na bhfáltas	34,771	35,621	38,667	41,088	44,064
Eisiúintí					
Eisiúintí i gcomhair caiteachas a vótáadh	47,163	46,434	45,711	44,950	43,072
Fónamh an fhiachais náisiúnta	2,641	3,619	4,736	5,823	7,459
Ranníocaíocht le buiséad an AE	1,486	1,352	1,350	1,393	1,726
Coimisiún an Oireachtais	123	103	130	105	101
Scairchaipiteal arna fháil i mbainc	4,000	725	2,300	1,300	–
Íocaíochtaí athchaipitlithe banc	–	–	5,268	–	–
Íocaíochtaí faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008	–	–	–	–	1,035
Aisíocaíocht nótaí gealltanais	–	–	3,085	25	25
Ranníocaíocht chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean	3,000	–	–	–	–
Ranníocaíocht chaipitil chuig an Sásra Cobhsaíochta Eorpach	–	–	–	510	510
Ciste Comhar Creidmheasa	–	–	–	250	–
Íasachtaí/réamhíocaíochtaí arna n-eisiúint chuig					
an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta	790	673	720	730	715
Ciste Árachais Shóisialaigh	–	110	199	300	300
An Ciste Cúitimh Árachais	–	–	280	455	198
An Ciste um Chothromú Fiontar	–	–	–	–	78
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	–	299	–	–	–
Tacaíocht chobhsaíochta an AE don Ghréig	–	346	–	–	–
Réamhíocaíocht le cuntas soláthair Oifig an Phámháistir Ghinearálta	–	–	–	–	153
Íocaíochtaí eile	209	105	406	139	195
Iomlán na nEisiúintí	59,412	53,766	64,185	55,980	55,567
Easnamh don bhliain	24,641	18,145	25,518	14,892	11,503

Foinse: Cuntais Airgeadais 2009 go 2013

Nóta: a Déantar comhdhlúthú ar idirbhearta arna bpróiseáil trí Chuntas an Státhchiste agus tríd an gCuntas Fuascaillte Seirbhísí Caipitiúla. Is saoráid é an cuntas sin arna chothabháil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar mhaithe le fónamh an fhiachais náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál bainc éireachta.

Fáltais

- 1.4** Ba ionann iomlán na bhfáltais isteach sa Lárchiste in 2013 agus €44.1 billiún (féach Fíor 1.2). Sin méadú €3 billiún (7%) i gcomparáid le fáltais 2012.

Ioncam Cánach

- 1.5** Ba fháltais ó chánachas os cionn 85% de na fáltais, ar tháinig méadú €1.16 billiún orthu i gcomparáid le 2012. Ba ionann na fáltais isteach sa Lárchiste ón gCáin Mhaoine Áitiúil nua in 2013 agus €318 milliún.¹ Ó 2014, íocfaidh an tAire Airgeadais suim isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil a bheidh ar choibhéis leis an gcáin mhaoiné a íoctar isteach sa Lárchiste gach bliain. Suas go dtí deireadh an Mheithimh 2014, bhí €310 milliún faighte isteach sa Lárchiste in 2014 maidir leis an gcáin mhaoiné.

Ioncaim Reatha Eile

- 1.6** Ba ionann ioncaim reatha eile an Lárchiste nár bhain le cáin in 2013 agus €2.7 billiún, arbh iad na codanna móra díobh ná
- €1.15 billiún in ioncam barrachais an Bhainc Ceannais, i ndáil leis an mbliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2012
 - €576 milliún ó institiúidí creidmheasa i ndáil le táillí faoin scéim Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe
 - €264 milliún (suas 137% i gcomparáid le 2012) i ndíbhinní ó scairshealbhú an Stáit i raon comhlachtaí lena n-áirítear BSL, Bord Gáis Éireann agus Irish Life plc
 - €247 milliún in ús a fuarthas ar nótaí caipitil theagmhasacha a bhí á sealbhú i mbainc.

Aisghabháil Infheistíochtaí in Institiúidí Airgeadais

- 1.7** I mí Iúil 2013, íocadh suim €1.3 billiún isteach sa Lárchiste nuair a tugadh díol Irish Life plc le Great-West Lifeco chun críche. Bhain fáltais €1 billiún i mí Eanáir 2013 le díol sealúchas iomlán an Stáit de nótaí caipitil theagmhasacha i mBanc na hÉireann.

¹ Is cáin féinmheasúnaithe bliantúil í an Cháin Mhaoine Áitiúil a ghearrtar ar luach margaidh gach maoin chónaithe sa Stát. Bhí feidhm le muirear leathbhliana in 2013, agus éifeacht iomlán leis an gcáin in 2014. Féach Caibidil 15 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an gCáin Mhaoine Áitiúil.

Eisiúintí

- 1.8** Ba ionann na heisiúintí ón Lárchiste in 2013 agus €55.6 billiún, rud a léirigh laghdú de thart ar €0.4 billiún, nó 1%, ar leibhéal 2012.

Eisiúintí Seirbhíse a Vótáladh

- 1.9** Bhí eisiúintí ón gCiste i gcomhair seirbhísí vótáilte síos de bhreis is 4% i gcomparáid le 2012. Is é an laghdú carnach in eisiúintí caiteachais vótáilte ón mbuaic in 2008 ná beagnach 13%.

Fónamh Fiachais

- 1.10** Tháinig méadú €1.6 billiún ar íocaíochtaí a bhain le fónamh iasachtaíochta arna gabháil ar láimh ag an NTMA, nó 28% i gcomparáid le 2012. Áirítear leis sin an chéad íocaíocht úis ar na bannaí ar ráta comhlúthach arna n-eisiúint i mí Feabhra 2013 chun teacht in ionad nótaí gealltanais na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc Teoranta.

Ranníocaíocht le Buiséad an AE

- 1.11** Rinneadh ranníocaíocht iomlán de €1.73 billiún le buiséad an AE in 2013, sin méadú €333 milliún, nó 24%, i gcomparáid le 2012. Bhain an méadú bliantúil le hardú in ollioncam náisiúnta (ar cúinse mór é chun leibhéal na ranníocaíochtaí ó bhallstáit a chinneadh) in éineacht le roinnt buiséad leasaitheach de chuid an AE a glacadh le linn 2013 agus mar gheall orthu sin theastaigh tuilleadh íocaíochtaí.

Cobhsaíocht Institiúid Airgeadais

- 1.12** Íocadh díreach os cionn €1 billiún ón Lárchiste in 2013 faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008, i ndiaidh fhoirceannadh na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc Teoranta i mí Feabhra 2013.
- 1.13** Rinneadh íocaíocht €198 milliún eile leis an gCiste Cúitimh Árachais in 2013, ag eascairt as riaradh Quinn Insurance Limited, rud a thug an méid iomlán réamhíochta ag deireadh 2013 go dtí €933 milliún.¹ Táthar ag súil go n-íocfar na hiasachtaí sa deireadh thiar, agus go ndéanfar sin go príomha ó fháltais tobhaigh ar dhíolacháin árachais. Cinnfidh an tAire Airgeadais, i gcomhairle leis an mBanc Ceannais, cén uair a bheidh an Ciste Cúitimh Árachais in ann tosú ag aisíoc iasachtaí a fuarthas ón Státchiste.
- 1.14** Tá ‘scairbhisigh’ iomlán faofa de €80 billiún ag an Sásra Cobhsaíochta Eorpach agus is ionann sciar na hÉireann agus €1.274 billiún, atá dlite le híoc i gcúig thráinse chothroma.² Tar éis dhá thráinse a íoc in 2013, tá 80% dá sciar ranníochta ag Éirinn.

1 Cuireadh an Ciste Cúitimh Árachais ar bun, a fheidhmíonn faoi smacht Uachtarán na hArd-Chúirte, chun dlíteanais árachóirí dócmhainneacha a sheasamh. Cé go maoinítear an Ciste go bunúsach trí bhíthin tobhaigh ar shealbhóirí polasaithe, is féidir leis an Aire Airgeadais réamhíocaíochtaí a dhéanamh ón Státchiste mura bhfuil an Ciste in ann íocaíocht a sheasamh agus sin a bheith faofa ar a caoithiúlacht ag an Ard-Chúirt.

2 Tá dhá leibhéal ag baint le struchtúr caipitil an tSásra Eorpaigh um Chobhsaíocht (ESM). Is scairbhisigh an téarma a thugtar do bhloc tosaigh de €80 billiún a bhíonn le híoc le comhalta ESM. Déantar €622 billiún eile i gcaipiteal inghlaoite a chur in áirithe ó chomhaltaí ESM sa todhchaí.

Dlitanais agus Sócmhainní an Státchiste

- 1.15** Tá na gluaiseachtaí in iarmhéid an chuntais Státchiste ag an mBanc Ceannais agus sócmhainní airgeadais eile an Státchiste le feiceáil i Fíor 1.3.

Fíor 1.3 Gluaiseachtaí in airgead tirim agus in iarmhéideanna sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2009 – 2013

	2009	2010	2011	2012	2013
	€m	€m	€m	€m	€m
Iarmhéid ag 1 Eanáir	22,059	21,816	16,164	17,692	23,850
Gluaiseacht sa bhliain					
Glan-iasachtaíocht an Státchiste sa bhliain	24,397	12,493	27,046	21,050 ^a	11,254 ^b
(Easnamh) eisiúintí thar fháltais	(24,641)	(18,145)	(25,518)	(14,892)	(11,503)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	21,816^c	16,164	17,692	23,850	23,601


Foinse: Cuntais Airgeadais 2009 go 2013

- Nótaí:
- a Ní áirítear leis eisiúint banna Rialtais de €3.5 billiún chun costas focaíocht an nóta gealltanais de €3.06 billiún leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta a bhí dlite i Márta 2012 a sheasamh.
 - b Ní áirítear leis bannaí ar ráta comhlúthach díreach os cionn €25 billiún arna n-eisiúint chun teacht in ionad nótaí gealltanais na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc Teoranta.
 - c Is de bharr slánúcháin aon neamhréiteach dealraitheach sna figiúirí.

- 1.16** Riamh anall, is sa chuntas Státchiste sa Bhanc Ceannais a bhí airgead farasbairr an Státchiste á shealbhú. Mar a thaispeántar i Fíor 1.4, tá athrú mór tagtha ar chomhdhéanamh airgid agus sócmhainní airgeadais an Státchiste ó 2009 i leith. Dúirt an NTMA gur infheistigh sí iarmhéid airgid an Státchiste i raon sócmhainní leachtacha d'fhonn toradh níos fearr a fháil ar ais, agus de réir bainistíocht riosca stuama.
- 1.17** Ag deireadh 2013, ba é an t-iarmhéid ar chuntas an Státchiste sa Bhanc Ceannais ná €4.4 billiún, laghdú €10.8 billiún ar an iarmhéid a bhí ann ag deireadh 2012. Thar an tréimhse chéanna, mhéadaigh an t-iarmhéid ar thaiscí an Státchiste i mbainc thráchtála ó thart ar €3 billiún go dtí díreach os cionn €11 billiún.
- 1.18** Ba ionann iasachtaí gearrthéarmacha a tugadh amach ón Lárchiste chuig an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus €3.7 billiún ag deireadh 2013, laghdú de €278 milliún ar an méid a tugadh mar iasacht ag deireadh 2012. I gcleachtas, ní raibh an Lárchiste in ann na hiasachtaí sin a réadú go héasca.

Fíor 1.4 Iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais an Stáitchiste, 2009 – 2013

	2009	2010	2011	2012	2013
	€m	€m	€m	€m	€m
Iarmhéid ag 31 Nollaig					
Cuntas Stáitchiste sa Bhanc Ceannais	21,025	11,399	13,099	15,280	4,432
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ^a	–	600	–	–	–
Taiscí bainc (lena n-áirítear taiscí comhthaobhaithe)	790	580	30	3,020	11,068
Billí stáitchiste Neamh-Éireannach	–	–	–	1,045	3,041
Iasachtaí leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe	–	3,585	3,848	3,982	3,704
Maoiniú comhthaobhach	–	–	715	523	1,356
Iomlán airgead tirim agus sócmhainní airgeadais^b	21,816	16,164	17,692	23,850	23,601

Comhdhéanamh


Foinse: Cuntais Airgeadais 2009 go 2013

Nótaí: a Bhí an t-iarmhéid sa chuntas ag deireadh na bliana níos lú ná €500,000 i ngach bliain, cé is moite de 2010.

b Is de bharr slánúcháin aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin.

1 Is cineál iasachtú gearrthéarmach iad bille stáitchiste. Is féidir leis an NTMA roghnú billí stáitchiste arna n-eisiúint ag stáit eile a cheannach in ionad cistí a chur ar thaisce thar oíche.

2 Tá mionsonraí breise maidir leis na hidirbhearta sin le fáil i gCaibidil 2 maidir le Fiachas an Rialtais.

3 Ag deireadh 2010, shocraigh an tAire an teorainn ar an iarmhéid ag €601 milliún.

1.19 Ó 2012, thug an NTMA iasachtaí gearrthéarmacha do stáit eile, trí cheannach billí stáitchiste flaithiúnais. Ag deireadh 2013, ba ionann luach na mbillí stáitchiste neamh-Éireannach arna sealbhú ag an Stát agus díreach os cionn €3 billiún (méadú €2 billiún ar 2012) agus bhí a n-aibíochtaí iarmharacha idir 24 agus 150 lá.¹


1.20 Ó 2011 i leith, shocraigh an NTMA comhthaobhacht le contrapháirtithe díorthacha. Eascraíonn an riachtanas sin ó shocruithe tacaíochta creidmheasa atá ag an NTMA leis na contrapháirtithe i gconarthaí díorthacha faoina n-éilítear ar an bpáirtí atá 'amuigh as airgead' comhthaobhacht a chur ar taisc lena chontrapháirtí. Ag deireadh 2013, bhí glanmhéid €1.4 billiún á mhaoiniú ag an Stáitchiste agus dlíte le haisiúc leis.²

1.21 Cuireadh an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ar bun chun cistí a chur ar leataobh chun íoc as an gcostas a bhaineann le fiachas Stáit a fhónamh agus a fhuascailt. Tá sé á chothabháil ag an NTMA agus á fheidhmiú faoi réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais, lena n-áirítear an t-uasmhéid is féidir a shealbhú sa chuntas ag deireadh na bliana. Is iondúil gurb é an teorainn deireadh bliana a shocraíonn an tAire ná €1 milliún.³

Iasachtaí agus Réamhíocaíochtaí

- 1.22** Bhí iasachtaí agus réamhíocaíochtaí arna soláthar ón Lárchiste (cé is moite d'iasachtú €3.7 billiún leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe) arbh fhiú €2.19 billiún iad ar an iomlán gan íoc ag deireadh 2013 – sin méadú €346 milliún i gcomparáid le 2012. Áirítear leis na hiasachtaí gan íoc ag deireadh 2013 €933 milliún i réamhíocaíochtaí leis an gCiste Cúitimh Árachais, €715 milliún maidir leis na réamhíocaíochtaí chun costais a bhain le feidhmiú na scéimeanna EAGF a fheidhmiú agus €346 milliún (glan) maidir le ranníocaíocht na hÉireann do thacaíocht Cobhsaíochta an AE don Ghréig. Taispeántar i bhFíor 1.5 na hiarmhéideanna gan íoc maidir leis na mórchatagóirí iasachtaí agus réamhíocaíochtaí ag deireadh gach bliain ó 2009 i leith.

Fíor 1.5 Iarmhéideanna deireadh bliana ar iasachtaí agus réamhíocaíochtaí an Lárchiste, 2009 – 2013



Foinse: Cuntais Airgeadais 2009 go 2013

- 1.23** Cruthaíodh i reachtaíocht arna hachtú in 2012 ciste um chothromú fiontar arna riar ag an Údarás Árachais Sláinte. In 2013, réamhíocadh €78 milliún leis an gciste. Bhí gach ciste a réamhíocadh íoctha ar ais ag deireadh 2013.
- 1.24** Réamhíoctar cistí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh mar áis oibre agus déantar iad a aisíoc ina dhiaidh sin. Bhí €15 milliún fós le haisíoc leis an Lárchiste ag deireadh 2013. Dheimhnigh an Roinn Airgeadais gur aisíocadh an €15 milliún a bhí fós le hóc ón gCiste Árachais Shóisialaigh i mí Eanáir 2014.
- 1.25** Toisc nach raibh aon chórais imréitigh bainc ar fáil ar an gCéadaoin 1 Eanáir 2014, rinneadh foráil faoi Alt 3 den Acht Leithreasa 2013 ionas go ndéanfaí réamhíocaíochtaí ón Lárchiste chuig cuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta d'fhonn airgead a chur i gcuntais bhainc thráchtála le haghaidh tuarastail a bhí le hóc ó airgead vótáilte ar an Déardaoin 2 Eanáir 2014. Aisíocadh réamhíocaíocht de bheagnach €153 a rinneadh i mí na Nollag 2013 leis an Lárchiste i mí Eanáir 2014.

2 Fiachas Rialtais

- 2.1** Is ioncam ó chánachas agus muirir eile an phríomhfhoinsé maoinithe atá ag an Stát, ach faigheann an Stát iasachtaí móra freisin anuas ar mhaoiniú bliantúil. Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar threocht agus ar chomhdhéanamh mhaoiniú an fhiachais agus ar an gcostas a bhaineann le fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas. Tugtar nuashonrú ann freisin ar ghníomhaíocht na hÉireann sa mhargadh fiachais cheannasaigh.

Fiachas Ginearálta Rialtais

- 2.2** Is é an tomhas is cuimsithí ar fhiachas rialtais ná Fiachas Ginearálta Rialtais (Fiachas GR), an tomhas caighdeánaithe idirnáisiúnta fiachais a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar gach tír de chuid an AE é a úsáid i gcomhar tuairiscithe débhlantúil ar easnamh agus fiachas rialtais faoi Chonradh Maastricht. Sainmhíononn rialacháin AE an Fiachas GR mar ollfhiachas iomlán na hearnála comhdhlúite rialtais ghinearálta ar luach ainmniúil atá gan íoc ag deireadh na bliana – is é sin, an t-ollfhiachas iomlán atá dlite ag gach comhlacht rialtais do thríú páirtithe lasmuigh den rialtas.¹ Ní dhéantar fiachas atá dlite ag comhlacht rialtais amháin do chomhlacht rialtais eile a áireamh i bhFiachas GR. In Éirinn áirítear an chuid is mó de chomhlachtaí na hearnála poiblí san earnáil rialtais ghinearálta, ach ní áirítear bainc atá faoi úinéireacht phoiblí, Infheistíochtaí NAMA Teo, agus na cuideachtaí Stáit sin a fheidhmítear ar bhonn tráchtála agus a chlúdaíonn an chuid is mó dá gcostais oibríochta trí dhíolacháin.

- 2.3** In Aibreán 2014, ríomh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) Fiachas GR na hÉireann ag thart ar €203 billiún ag deireadh 2013 – méadú de 5.4% ó dheireadh na bliana 2012.

Creat Tomhais Athbhreithnithe

- 2.4** Déanfar athbhreithniú i mí Mheán Fómhair 2014 ar an gcreat reatha atá ann chun Fiachas GR a thomhas.² Is í an phríomh-impleacht a bheidh ag an gcreat nua (ESA 2010) d'Éirinn ná go mbeidh an Chorpáraid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (atá i leachtaíocht speisialta anois) áirithe i ríomh an Fhiachais GR ó 2011.

- 2.5** I gcomhréir le modheolaíocht ESA 2010, rinne an CSO athbhreithniú ar fhiigiúr Fiachas GR 2013 go dtí €216 billiún (2012: €210 billiún) i mí Iúil 2014.³

- 2.6** Is ionann an cóimheas Fiachas GR le holltáirgeacht intíre (OTI) agus tomhas caighdeánach inbhuanaitheachta a fheidhmítear chun críocha comparáide ar fud an AE. Tháinig ardú ó 43% in 2008 go dtí 123% in 2013 ar an bhFiachas GR mar chion de OTI bunaithe ar ESA 2010.

1 Go sonrach, sainmhínítear Fiachas GR mar dhliteanais chomhdhlúite earnáil an rialtais ghinearálta sna catagóirí seo a leanas de Chóras Eorpach na gCuntas 1995 (ESA95): airgeadra agus taiscí; urrúis seachas scaireanna gan díorthaigh airgeadais san áireamh; agus iasachtaí.


2 Déanfaidh ESA 2010 athbhreithniú agus nuashonrú ar na caighdeáin choitinn, ar na haicmí agus ar na rialacha cuntasáíochta le haghaidh ballstát agus iad ag dréachtú a gcuid cuntais náisiúnta agus ag cur isteach a gcuid sonraí chuig Eurostat. Foilseoidh Eurostat comhiomlán AE i lár Dheireadh Fómhair agus gabhfaidh nóta leis ina léireofar na hathruithe go léir.

3 Beidh sé sin ar chéad mheastachán an CSO de réir chaighdeáin nua ESA 2010 le haghaidh na gCuntas Náisiúnta. Ní bheidh sé faoi réir ag gnáthphróisis fíoraithe ag Eurostat go dtí Meán Fómhair 2014 agus ba chóir, dá bhrí sin, é a mheas mar rud sealadach.

Ollfhiachas Náisiúnta

- 2.7** Is é an t-ollfhiachas náisiúnta an chomhpháirt is mó den Fhiachas GR, ar fiachas é a eascraíonn as iasachtaí an Stáitchiste, a ghabh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) ar láimh. Ba ionann é sin agus €197.5 billiún ag deireadh na bliana 2013 (2012: €161.5 billiún). Ó dheireadh 2013 go dtí deireadh an Mheithimh 2014, tháinig méadú breise 3% air sin go dtí €204.2 billiún.¹
- 2.8** Léiríonn Fíor 2.1 na treochtaí sna comhchodanna móra den ollfhiachas náisiúnta ó 2008 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2014.

Fíor 2.1 Ollfhiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, 2008 – 2013 (deireadh bliana) agus ag deireadh an Mheithimh 2014



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A1

Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach

- 2.9** Ba ionann fiachas meántéarmach agus fadtéarmach ag deireadh na Nollag 2013 agus 90% de ollfhiachas náisiúnta. Cuimsíodh leis go príomha iasachtaíochtá i bhfoirm bannaí rialtais agus iasachtaí faoi Chlár an AE-CAI de Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn a comhaontaíodh ag deireadh 2010.²

Bannaí Rialtais ar Ráta Seasta

- 2.10** As an €111 billiún i mbannaí rialtais a bhí le híoc ag deireadh mhí na Nollag 2013, ba ionann bannaí ar ráta seasta agus €84.6 billiún nó 76%.
- 2.11** Le linn 2013, bhí dhá dhíolachán bannaí (€7.5 billiún ainmniúil) agus trí athcheannaigh/chealú. Áiríodh leis na díolacháin an chéad eisiúint bannaí tagarmhairc 10 mbliana ó mhí Eanáir 2010, ar bhain toradh 4.15% leo. I mí Eanáir 2014, bhailigh an NTMA €3.75 billiún ó dhíol bannaí nua deich mbliana a thiocfaidh in aibíocht i mí Márta 2024 a mbainfidh toradh 3.54% leis. I mí Márta 2014, d'fhógair an NTMA go gcuirfí ceantanna bannaí sceidealaithe ar bun in athuair, agus bhí trí cheant ar bun sa tréimhse go dtí deireadh an Mheithimh 2014.³ Ba ionann luach iomlán ainmniúil na mbannaí a cuireadh ar ceant agus €2.75 billiún agus torthaí idir 2.97% go dtí 2.73%.

¹ Ní dhearnadh iniúchadh ar fhigiúirí deireadh an Mheithimh 2014.

² Thángthas ar Chomhaontú Foirmiúil maidir le clár tacaíochta airgeadais trí-bliana ón AE, Ballstáit limistéar an euro agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta an 7 Nollaig 2010.

³ Ba iad sin na chéad cheantanna bannaí sceidealaithe ó Mheán Fómhair 2010.

Bannaí Rialtais ar Ráta Comhlúthach

- 2.12** In 2010, mar chuid den phróiseas a bhain le caipitliú na mbanc, d'eisigh an tAire Airgeadais nótaí gealltanais ar luach €30.85 billiún do thrí institiúid airgeadais – Banc Angla-Éireannach, Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS) agus an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS). Rinne cumasc ina dhiaidh sin ar Anglo agus INBS agus tugadh an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (IBRC) orthu. Ba é an éifeacht ghlan a bhí ag an mbeart sin ná fiachas Stáit a chruthú lasmuigh den ollfhiachas náisiúnta arna bhainistiú ag an NTMA.
- 2.13** Ar an 7 Feabhra 2013, ceapadh comh-leachtaitheoirí speisialta ar an IBRC. Tháinig bannaí Rialtais in ionad na nótaí gealltanais a bhí i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann mar chomhthaobhacht don IBRC ag an am. Chun na críche sin, d'eisigh an NTMA ocht mbanna nua ráta comhlúthach le luach ainmniúil de €25.034 billiún chuig Banc Ceannais na hÉireann a thiocfaidh in aibíocht faoi cheann 25 go 40 bliain. Tá an chéad chuid de na bannaí sin ar tí dul in aibíocht in 2038 agus tiocfaidh na bannaí eile in aibíocht gach dhá bhliain ina dhiaidh sin idir 2041 agus 2053. Íocann na bannaí ús gach sé mhí (Meitheamh agus an Nollaig) bunaithe ar ráta úis 6-mhí Euribor agus corrlach úis sheasta a bhíonn ag 2.63% ar an meán thar na n-ocht eisiúint agus iad idir 2.50% agus 2.68%. Ba ionann na bannaí Rialtais sin ar ráta comhlúthach agus 23% d'iarmhéid bannaí an rialtais ag deireadh na Nollag 2013.
- 2.14** Baineann na nótaí gealltanais gan íoc ag 30 Meitheamh 2014 le EBS agus sin amháin. Tá an ráta úis orthu sin socraithe ag 5.46%. Tá achoimre den ghluaiseacht i luach ainmniúil na nótaí gealltanais idir 2010 nuair a eisíodh iad agus Meitheamh 2014 le fáil i Fíor 2.2.

Fíor 2.2 Eisiúint agus fuascailt nótaí gealltanais (an cás mar a bhí an 30 Meitheamh 2014)

	IBRC	EBS	Iomlán
	€m	€m	€m
Nótaí gealltanais arna n-eisiúint in 2010	30,600	250	30,850
Íocaíochtaí in 2011 ^a	(3,060)	(25)	(3,085)
Íocaíochtaí in 2012 ^a	(3,060)	(25)	(3,085)
Íocaíochtaí in 2013 ^a	–	(25)	(25)
Cealuithe in 2013 ^b	(25,034)	–	(25,034)
Íocaíochtaí in 2014	–	(25)	(25)
Luach ainmniúil ag deireadh an Mheithimh 2014	–	201	201

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí: a Áirítear gné phrionsabail agus úis leis na híocaíochtaí bliantúla. Déantar luach ainmniúil na nótaí gealltanais a laghdú de réir ghné phrionsabail na híocaíochta gach bliain. Rinneadh an íocaíocht leis an IBRC in 2012 le heisiúint bannaí an NTMA a raibh luach ainmniúil €3.46 billiún ag gabháil leo.

b Tháinig bannaí rialtais ar ráta comhlúthach in ionad nótaí gealltanais IBRC (féach mír 2.13).

Bannaí Amúchta

- 2.15** In 2012, d'eisigh an NTMA bannaí amúchta den chéad uair. Déantar íocaíochtaí bliantúla cothroma leis na bannaí seo (ina gcuimsítear prionsabal agus ús) thar a saolré, agus tá siad deartha chun freastal do riachtanais thionscal na bpinsean. As na

bannaí rialtais a bhí eisithe ag deireadh na Nollag 2013 bhain beagnach €1.4 billiún (nó 1.2%) le bannaí amúchta.

Clár Tacaíochta Airgeadais an AE-CAI

2.16 Bhí foráil i gclár AE-CAI na hÉireann le haghaidh maoiniú ó shaoráidí an AE, ón CAI agus iasachtaí déthaobhacha. Ba ionann an méid glan in euro a fuarthas ón Státchiste faoin gclár agus €67.5 billiún (tar éis coigeartaithe le haghaidh eisiúint faoin bpar, laghdú de chorrach réamhíochta, agus tionchar idirbhearta malairte eachtraí). Rinneadh an íocaíocht dheiridh faoin gclár de €0.8 billiún ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) i mí Márta 2014.

2.17 Cuimsítear leis an tacaíocht sheachtrach faoin gclár

- €22.5 billiún ó Shaoráid Chiste Sínte an CAI
- €22.5 billiún ón EFSM
- €17.7 billiún ón gCiste Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSF) (glan ar chorrach réamhíochta de €530 milliún¹) agus
- iasachtaí déthaobhacha ón Ríocht Aontaithe (€3.8 billiún), an tSualainn (€0.6 billiún) agus an Danmhairg (€0.4 billiún).

2.18 Ba é an dliteanas a bhí gan íoc ag deireadh an Mheithimh 2014 ná €67.6 billiún. Tá an dliteanas gan íoc difriúil ón tsuim a tarraingíodh síos i ngeall ar éifeacht na n-ionstraimí fálaíthe in ionad riosca airgeadra fálaíthe ar iasachtaí CAI agus RA, coibhéisí euro aistrithe ar na dátaí sin agus coigeartú mar gheall ar eisiúint faoi phar. Féach larscríbhinn A, Fíor A2 chun tuilleadh sonraí a fháil.

2.19 Rinneadh roinnt leasuithe ar théarmaí mhaoiniú an AE-CAI ó rinneadh na chéad tarraingtí anuas. In 2011, thángthas ar chomhaontú chun na corrlaigh úis a laghdú agus aibíochtaí a shíneadh i gcás iasachtaí arna ndeonú ag an EFSF agus EFSM. Ina dhiaidh sin, laghdaíodh freisin na corrlaigh úis ar na hiasachtaí déthaobhacha. In Aibreán 2013, tháinig Airí Airgeadais an AE agus limistéar an euro ar chomhaontú i bprionsabal chun síneadh breise a chur le meánré ualaithe na n-iasachtaíochtaí faoin EFSF agus EFSM araon. Tá dátaí aibíochta athbhreithnithe na n-iasachtaí EFSF léirithe i Fíor 2.3 agus tá an chéad chuid díobh ar tí dul in aibíocht in 2029. Ní chinnfear dátaí aibíochta athbhreithnithe na n-iasachtaí EFSM aonair ach amháin nuair a bheidh siad gar dá ndátaí aibíochta tosaigh. Níltear ag súil go mbeidh gá d'Éirinn athmhaoiniú a dhéanamh ar aon cheann dá cuid iasachtaí EFSM roimh 2027.

2.20 Déanfar an chéad aisíocaíocht leis an CAI 2015 agus tiocfaidh na chéad iasachtaí déthaobhacha in aibíocht in 2019.


Próifíl Aibíochta

2.21 Tá dátaí aibíochta éagsúla ag fiachas meántéarmach agus fadtéarmach. Ag deireadh Mheitheamh 2014, is idir bliain amháin agus 11 bhliain a bhí aibíocht iarmharach na mbannaí rialtais ar ráta seasta a bhí á n-eisiúint, agus is idir 24 agus 39 bliain a bhí aibíocht na mbannaí ráta comhlúthach, agus is idir 13 agus 33 bliain a bhí aibíocht bannaí amúchta. Tá an aibíocht is faide le hiasacht a fháil faoi chlár AE-CAI ag díreach os cionn 28 bliain faoi láthair.

2.22 Taispeántar Fíor 2.3 próifíl aibíochta iarmharaí na mbannaí Rialtais agus maoiniú faoin gclár AE-CAI (€181 billiún ar an iomlán) ag deireadh an Mheithimh 2014.

¹ Ba é an chéad tarraingt síos ón EFSF i mí Feabhra 2011 ná €4.2 billiún. Ar an dáta sin, bhí ar Éirinn luach reatha na muirear ar an gcorrlach úis a réamhíoc a thabhdh ar feadh shaoil na hiasachta €530 milliún, mar aon le táillí breise agus muirir de €72 milliún. Ba é an glanmhéid a íocadh amach ná €3.6 billiún. Dheimhnigh an NTMA i Meitheamh 2014 go ndéanfar €485 milliún den chorrach €530 milliún a réamhíocadh a aisíoc le hÉirinn in 2016. Tá an €45 milliún eile dlite do ráthóirí i mballstáit.

Fíor 2.3 Próifíl aibíochta iarmharaf bannaí rialtais agus maoiniú chlár an AE-CAI a bhí ann ag deireadh Mheitheamh 2014^a



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A2 agus Fíor A3


- Nótaí:
- a Taispeántar iarmhéideanna Chlár an AE-CAI glan ar idirbhearta fálaíthe airgeadra nuair is ábhartha.
 - b Áirítear leis bannaí amúchta.
 - c Léiríonn iasachtaí EFSF síntí ar aibíochtaí a comhaontaíodh i Meitheamh 2013. Tá iasachtaí EFSM faoi réir freisin ag síneadh seacht mbliana. Níltear ag súil go mbeidh gá d'Éirinn athmhaoiniú a dhéanamh ar aon cheann dá cuid iasachtaí EFSM roimh 2027. Mar sin féin, ní chinnfear dátaí aibíochta athbheithnithe na n-iasachtaí EFSM aonair ach amháin nuair a bheidh siad gar dá ndátaí aibíochta tosaigh. Tá na haibíochtaí EFSM tosaigh le feiceáil thuas.

Fiachas Gearrthéarmach

- 2.23** Is ionann fiachas gearrthéarmach agus fiachas a bhfuil aibíocht tosaigh de níos lú ná bliain amháin ag gabháil leis. Ba ionann fiachas gearrthéarmach¹ agus €2.6 billiún den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh na Nollag 2013 agus €5.7 billiún ag deireadh Mheitheamh 2014. Úsáidtear ionstraimí gearrthéarmacha chun leachtacht agus solúbthacht a sholáthar maidir le huainiú oibríochtaí maoinithe fadtéarmach.
- 2.24** Is billí státhchiste, nótaí státhchiste agus clár páipéar tráchtála an euro na príomhchineálacha iasachtaíochtaí gearrthéarmacha. Leanadh de cheantanna rialta billí státhchiste gearrthéarmacha, (a cuireadh ar bun in athuair i mí Iúil 2012), ar feadh 2013 agus bhí ocht gceant ar siúl ar feadh na bliana. Idir Eanáir agus Meitheamh 2014, bhí trí cheant ar siúl. Díoltar nótaí státhchiste agus páipéar tráchtála euro trí fhiosrúchán droim ar ais. Ag deireadh na Nollag 2013, bhí €1.6 billiún i nótaí státhchiste i seilbh NAMA – os cionn 60% den fhiachas gearrthéarmach iomlán.
- 2.25** Cuireann Fíor 2.4 próifíl aibíochta an fhiachais ghearrthéarmaigh i gcomparáid ag deireadh 2008 agus deireadh an Mheithimh 2014.

¹ Ní áirítear leis sin iasachtaíocht gearrthéarmach ó chistí eile an Stáit.

Fíor 2.4 Próifíl Aibíochta an fhiachais ghearrthearmaigh, Nollaig 2008 agus deireadh Mheitheamh 2014



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A4


Costais Fónaimh an Fhiachais

Seasamh Fhiachas na hÉireann ar an Margadh

- 2.26** Mar gheall ar chostas ard an fhiachais, níor lorg an NTMA maoiniú nua go gníomhach sna margaí bannaí le linn na tréimhse ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Iúil 2012. Tar éis filleadh ar na margaí fiachais le linn 2012, bhain díol bannaí torthaí de 5.9% agus 6.1% amach.¹ Ag deireadh na Nollag 2013, bhí an toradh ar bhannaí Rialtais deich mbliana tite go dtí 3.51% i gcomparáid leis an nGearmáin a bhí ag 1.93% – difríocht de 1.58 pointe céatadáin. Faoi Mheitheamh 2014, bhí laghdú breise go dtí 2.36% tagtha ar na rátaí d'Éirinn i gcomparáid leis an nGearmáin ag 1.25%, agus bhí an difríocht cúngaithe go dtí díreach 1.11 pointe céatadáin (féach Fíor 2.5).

¹ Is ionann an toradh agus an toradh bliantúil a gheobhaidh infheisteoirí as na bannaí a shealbhú.

Fíor 2.5 Torthaí bannaí deich mbliana na hÉireann agus na Gearmáine, 2008 – Meith-2014




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Ríomhanna (Bloomberg agus NTMA))

Nóta: I gcás nach bhfuil toradh banna Éireannach deich-mbliana ar fáil, is toradh sintéiseach é toradh na hÉireann faighte ó thorthaí ar Bhannaí Rialtais eile sa tréimhse chéanna.

- 2.27** Bhí costas fónaímh an fhiachais a nochtadh i gcuntais an NTMA 2013 beagnach €8.1 billiún nuair a tomhaiseadh é ar bhonn airgid. Nuair a ghlactar san áireamh aistriú de €625 milliún ó chistí reatha chuig ciste fiachmhúchta reachtúil, ba ionann an t-eisíoc fónaímh agus €7.5 billiún.¹ Tá sé sin glan ar €125 milliún úis a fuarthas agus áirítear leis táillí agus costais ar bhfiú €134 milliún iad.
- 2.28** Tháinig méadú beagnach 25% ar chostas fónaímh an fhiachais idir 2012 agus 2013. Bhí an costas in 2013 3.9 n-uaire níos mó ná an costas in 2008 (féach Fíor 2.6).
- 2.29** Nuair a dhéantar costas fónaímh an fhiachais a thomhas ar bhunús fabhrúithe, ba ionann an costas fónaímh in 2013 agus €7.4 billiún.² Ba é an costas coibhéiseach le haghaidh 2012 ná €6.2 billiún – méadú 19% bliain ar bhliain.

Fíor 2.6 Costais Fónaímh an Fhiachais 2008 – 2013 (modh ar bhonn airgid)



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

¹ Úsáidtear an ciste fiachmhúchta chun príomh-aisíocaíochtaí a dhéanamh. Gach bliain, déantar foráil san Acht Airgeadais i gcomhair blianaí agus íoctar isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla iad ón Lárchiste. Úsáidtear suim shonrach den bhlianta chun an fiachas náisiúnta a fhónamh (íocaíochtaí úis) agus an iarmhéid i gcomhair príomh-aisíocaíochtaí (dá dtagraítear an ciste fiachmhúchta).

² Aithnítear na costais a tabhaíodh sa bhunús fabhrúithe seachas iad sin a íocadh agus ní chuirtear san áireamh gluaiseachtaí sa chiste fiachmhúchta.

Meánchostas na hiasachtaíochta

- 2.30** Measann an NTMA go raibh an meánchostas ualaithe foriomlán a bhain le fónamh an ollfhiachais náisiúnta ag díreach faoi bhun 4% ag deireadh an Mheithimh. Ag deireadh-Mheitheamh 2014, bhí thart ar 88% den ollfhiachas náisiúnta ag rátaí seasta, lena n-áirítear fiachas inar gabhadh fálú ar láimh.¹ Bhí iarmhéid an fhiachais ag rátaí úis comhlúthacha.
- 2.31** Ag deireadh na Nollag 2013, bhí an meánchostas ualaithe foriomlán a bhain le fónamh an ollfhiachais náisiúnta measta ag 3.9%. Bhí ceithre chomhpháirt i gceist le 99% den ollfhiachas náisiúnta mar a thugtar le fios i Fíor 2.7.

Fíor 2.7 Meánchostas lasachtaíochta, deireadh na Nollag 2013

	% Ollfhiachas Náisiúnta	Meánráta úis
Táirge	Nollaig 2013 ^a	%
Bannaí ráta seasta agus bannaí amúchta	44	4.84 ^b
Bannaí ar ráta comhlúthach	13	3.02 ^c
Clár an AE-CAI	34	3.14 ^d
Scéimeanna Coigiltis an Stáit	8	3.05 ^e


Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- Nótaí:
- a Taispeántar sna figiúirí iomlán 99%. Is fiachas gearrthéarmach é an 1% eile d'ollfhiachas náisiúnta agus cineálacha eile de fhiachas meán/fadtéarmach.
 - b Sin é an cúpón bannaí atá difriúil ón toradh.
 - c Is ionann é sin agus ráta úis de Euribor 6-mhí mar aon le corrlach 263 bhonnphointe ar an meán. Léirítear sa ráta athshocrú an ráta ábhartha (i mí na Nollag 2013). Tá babhtálacha rátaí úis déanta ag an NTMA chun fálú a dhéanamh ar ghné den nochtadh do ghluaiseachtaí rátaí úis. Mar sin féin ní chuirtear an fálú sin san áireamh sna rátaí a luaitear.
 - d Is ionann an ráta agus an costas coibhéiseach seasta uilechuimsitheach measta in euro a léiríonn costais fhálaithe.
 - e Léiríonn an ráta sin ús agus costais fabhráithe in 2013 mar chéatadán de mheán-iarmhéideanna Scéimeanna Coigiltis an Stáit. Bhí na huasrátaí úis (AER) a bhí iníoctha ar na táirgí ráta seasta ar théarma seasta a bhí ar fáil le ceannach ag deireadh na Nollag 2013 idir 1.32% agus 2.66%.

Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais eile

- 2.32** Sainíonn an NTMA fiachas náisiúnta na hÉireann mar an ollfhiachas náisiúnta a thabhoíd an Státchiste lúide iarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais eile arna sealbhú.
- 2.33** Bhí iarmhéideanna móra airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile i seilbh an Státchiste le scór bliain anuas. Ag deireadh 2013, bhí iomlán €23.6 billiún sealbhaithe. Bhí méadú 7.5% (go dtí €25.4 billiún) tagtha air sin ag deireadh an Mheithimh 2014 (féach Fíor 2.8).
- 2.34** Bhí sé i gceist ag an NTMA agus bhí sé ráite acu go mbeadh idir dhá mhí dhéag agus cúig mhí dhéag de réamh-mhaoiniú i bhfeidhm acu nuair a shroich an clár AE-CAI an deireadh ag deireadh 2013 d'fhonn fuascailtí fiachais meántéarmach agus fadtéarmach agus aon easnamh de chuid an Státchiste a chumhdach.

¹ Áirítear leis an bhfiachas ráta seasta freisin iasachtaí EFSF a íocadh amach mar chuid de shásra maoinithe comhthiomsaithe EFSF. Baineann costas na n-iasachtaí comhthiomsaithe seo de chuid an EFSF le costas cistí an EFSF ó thaobh bainistiú an chomhthiomsaithe agus athraíonn sé ó am go ham.

Fíor 2.8 Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile 2008 – Meitheamh 2014

Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A5

2.35 Tá athrú mór tagtha ar chomhdhéanamh airgead agus sócmhainní airgeadais an Stáitchiste le blianta beaga anuas. Ag deireadh 2008, bhí siad ar fad nach mór á sealbhú i bhfoirm taiscís ag an mBanc Ceannais. Fabhraíonn iarmhéideanna den sórt sin ús ag an ráta Meáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA). Ag deireadh an Mheithimh 2014, ba ionann an EONIA agus 0.336%. I Meitheamh 2014, chuir an Banc Ceannais Eorpach caidhp ar iarmhéideanna an Stáitchiste a n-íoctar luach saothair orthu ag EONIA.

2.36 Bhí thart ar 79% (€18.5 billiún) in airgead tirim agus i sócmhainní airgeadais eile a bhí á sealbhú ag deireadh 2013 ar fáil don Stát láithreach nó ar ghearrfhógra. Ní raibh nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe de €3.7 inréadaithe go héasca. I gcás €1.4 billiún a úsáidtear chun comhthaobhacht a chuirtear ar taisce le contrapháirtithe díorthacha faoi shocrúithe tacaíochta creidmheasa a mhaoiniú, cé nach bhfuil siad inréadaithe go héasca, tugtar luach airgid dóibh a léiríonn athruithe i margadhluach na ndíorthach bainteach nó de réir mar a théann na díorthaigh in aibíocht.¹

2.37 Infheistíonn an NTMA iarmhéideanna airgid atá ar fáil freisin i dtaiscís bainc gearrthéarmacha (lena n-áirítear taiscís comhthaobhaithe²) agus i mBillí stáitchiste Neamh-Éireannach. Saothraíonn na hinfheistíochtaí sin ráta toraidh níos airde ná EONIA ach d'fhéadfadh riosca níos airde a bheith ag baint leo freisin.

2.38 Ag deireadh an Mheithimh 2014, bhí beagnach 23% airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile infheistithe ag an NTMA (€5.8 billiún) i gcomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais trí-pháirtí le hinstiúidí airgeadais.³ Déanann gníomhaire tríú páirtí (Euroclear) na hidirbhearta lena n-áirítear socraíocht, leithdháileadh comhthaobhachta agus feidhmeanna eile a riaradh. Cuirtear taiscís comhthaobhaithe i gcrích den chuid is mó anois trí chomhaontuithe trí-pháirtí. Ag deireadh an Mheithimh 2014, is 70 lá (53 lá má chuirtear taiscís comhthaobhaithe san áireamh) an meánaibíocht ualaithe foriomlán atá fanta ar na comhaontuithe sin.

1 Tá sé sin glan ar chomhthaobhacht breactha de €2.3 billiún agus comhthaobhacht faighte ó NAMA (€802 milliún), IBRC (€102 milliún) agus go dtí contrapháirtithe eile (€44 milliún).

2 D'fhoill riosca creidmheasa contrapháirtí a bhainistiú, faigheann an NTMA comhthaobhacht cosúil le bannaí Rialtais ar airgead a chuirtear ar taisce.

3 Is ionann comhaontú athcheannaigh droim ar ais agus i gcás ina gceannaíonn páirtí amháin sócmhainn ó pháirtí eile agus geallann sé an tsócmhainn a dhíol ar ais chuig an dara páirtí ar dháta sa todhchaí.

Conclúidí

- 2.39** Is iasachtaíocht charnach an chomhpháirt is mó d'fhiachas ginearálta an Rialtais arna gabháil ar láimh ag an NTMA thar ceann an Stáit, dá dtagraítear mar ollfhiachas náisiúnta. Tháinig méadú glan €36 billiún air sin (22%) in 2013, mar gheall go príomha ar eisiúint nótaí ráta comhlúthach chun teacht in ionad na nótaí gealltanais (€25 billiún) agus na hiasachtaíochta chun easnamh an Státchiste a mhaoiniú (€11.5 billiún).¹
- 2.40** Ag deireadh an Mheithimh 2014, bhí an t-ollfhiachas náisiúnta ardaithe go dtí €204 billiún, suas 3% ó dheireadh na Nollag 2013. Is fiachas gearrthéarmach breise agus bannaí Rialtais an chúis atá le formhór an ardaithe.
- 2.41** Measann an NTMA go raibh an meánchostas ualaithe a bhain le fónamh an ollfhiachais náisiúnta ag díreach faoi bhun 4% ag deireadh an Mheithimh 2014. Bhí thart ar 88% den ollfhiachas náisiúnta ag rátaí seasta, lena n-áirítear fiachas inar gabhadh fálú ar láimh. Bhí an chuid eile den fhiachas ag rátaí úis comhlúthacha.
- 2.42** Ag deireadh 2013, bhí airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile ar luach €23.6 billiún i seilbh an NTMA. Faoi dheireadh an Mheithimh 2014, bhí sé sin ardaithe go dtí díreach faoi bhun 8% go dtí €25.4 billiún. Níl aon teorainn airgeadaíochta sonrach socraithe ag an Aire Airgeadais maidir leis an méid airgid agus sócmhainní airgeadais a bheidh á gcothabháil ag an NTMA. Dúirt an NTMA, d'fhonn muinín infheisteoirí a spreagadh agus i gcomhréir le bainistíocht riosca leachtachta stuama, go bhfuil sé mar aidhm aige faoi láthair airgead tirim agus sócmhainní leachtacha eile a chothabháil a bheidh ar coibhéis ar a laghad le dhá mhí dhéag riachtanais maoinithe an Státchiste.
- 2.43** Tá athrú suntasach tagtha ar an mbealach a dhéantar iarmhéideanna an Státchiste a shealbhú agus táthar ag bogadh ó iarmhéideanna a shealbhú sa Bhanc Ceannais, agus táthar ag infheistiú anois in ionstraimí a thabharfaidh toradh níos airde (ach riosca níos airde freisin). In ainneoin sin, tá an toradh ar airgead agus sócmhainní gaolmhara níos ísle ná an meánchostas iasachtaíochta. Mar thoradh air sin, tá costas ag baint le leibhéil arda iarmhéideanna airgid a choinneáil.

¹ Baineann an t-iarmhéid le laghdú €0.5 billiún i ngeall ar laghdú in airgead tirim agus ar sócmhainní airgeadais eile agus roinnt cúinsí eile.

Iarscríbhinn A

Fíor A1 Iasachtaíocht charnach ag parluachanna infhuascailte, ag deireadh na bliana 2008 go dtí 2013 agus deireadh an Mheithimh 2014^a

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	Meith- 2014
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Fiachas meán/fadtéarmach^b							
Bannaí Rialtais	41,863	70,858	90,102	85,310	87,853	111,007	113,207
Maoiniú faoi chlár an AE-CAI ^c	–	–	–	34,629	55,898	66,942	67,622
Fiachas meán/fadtéarmach eile	483	670	673	673	772	772	892
Fiachas gearrthéarmach^d							
Fiachas gearrthéarmach	21,783	16,261	6,972	2,920	2,690	2,645	5,727
Fiachas eile							
Iasachtaí ó chistí eile an Stáit ^e	2,605	1,783	1,524	1,696	786	676	788
Scéimeanna coigiltis an Rialtais ^f	5,723	7,396	10,338	11,546	13,483	15,506	16,011
Ollfhiachas Náisiúnta	72,457	96,968	109,609	136,774	161,482	197,548	204,247

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Ní dhearnadh iniúchadh ar fhiigiúirí deireadh an Mheithimh 2014.

b Aibíochtaí tosaigh de bhreis is bliain amháin.

c Luaitear na hiarmhéideanna glan ar idirbhearta fálaíthe airgeadra.

d Aibíochtaí tosaigh de bhliain amháin nó níos lú.

e Baineann an phríomhghné den iasachtaíocht seo le Ciste Bhanc Taisce an Phoist.

f Aibíochtaí suas le deich mbliana.

Fíor A2 Clár an AE-CAI de thacaíocht airgeadais d'Éirinn, Nollaig 2013 agus deireadh Mheithimh 2014^a

Iasachtóir	Nollaig 2013		Deireadh-Meitheamh 2014 ^b	
	€m	Meántearma (blianta) ^c	€m	Meántearma (blianta) ^c
CAI	22,528	7.3	22,380	7.3
EFSF ^d	17,881	20.7	17,881	20.7
EFSM	21,700	12.4	22,500	12.3
Iasachtaí déthaobhacha ^e	4,833	7.5	4,861	7.5
Iomlán	66,942		67,622	

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Tá an dliteanas gan íoc ag deireadh an Mheithimh 2014 difriúil ón tsuim a tarraingíodh anuas i ngeall ar éifeachtaí na n-ionstraimí fálaíthe in ionad riosca airgeadra fálaíthe, gluaiseachtaí sa ráta malairte agus coigeartú i gcomhair eisiúint faoi phar. Luaitear na hiarmhéideanna glan ar idirbhearta fálaíthe airgeadra.

b Ní dhearnadh iniúchadh ar fhiigiúirí deireadh an Mheithimh 2014.

c Meántearma ualaigh ó dháta na tarraingthe anuas.

d Taispeántar figiúirí an EFSF glan ar chorrach réamhíoctha de €530 milliún. Dheimhnigh an NTMA i Meitheamh 2014 go ndéanfar €485 milliún den chorrach a réamhíocadh a aisíoc le hÉirinn in 2016. Ba é an dliteanas comhiomlán iomlán lena n-áirítear an corrlach réamhíoctha ag deireadh an Mheithimh 2014 ná €68.15 billiún.)

e Is leis an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg agus an tSualainn atá na hiasachtaí déthaobhacha.

Fíor A3 Próifíl aibíochta iarmharáí bannaí rialtais, ag deireadh na bliana 2008 go dtí 2013 agus deireadh an Mheithimh 2014^a

	Faoi 5 bliana €m	5 go 10 mbliana €m	Os cionn 10 mbliana €m	Iomlán €m
2008	15,931	11,857	14,075	41,863
2009	25,687	29,296	15,875	70,858
2010	28,298	53,520	8,284	90,102
2011	33,670	43,356	8,284	85,310
2012	30,548	44,733	12,572	87,853
2013	32,490	40,656	37,861	111,007
Deireadh-Meitheamh 2014	35,898	39,488	37,821	113,207

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Ní dhearnadh iniúchadh ar fhiigiúirí deireadh an Mheithimh 2014.

Fíor A4 Próifíl aibíochta iarmharáí fiachais gearrthéarmach, ag deireadh na bliana 2008 go dtí 2013 agus deireadh an Mheithimh 2014^a

	Níos lú ná mí amháin €m	Idir mí amháin agus trí mhí €m	Idir trí agus sé mhí €m	Os cionn sé mhí €m	Iomlán €m
2008	3,880	5,518	5,803	6,582	21,783
2009	4,561	8,628	2,913	159	16,261
2010	2,186	3,286	1,392	108	6,972
2011	2,796	106	18	–	2,920
2012	1,147	1,417	93	33	2,690
2013	445	747	1,428	25	2,645
Deireadh-Meitheamh 2014	2,288	3,305	9	125	5,727

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Ní dhearnadh iniúchadh ar fhiigiúirí deireadh an Mheithimh 2014.

Fíor A5 Airgead Tirim agus sócmhainní airgeadais eile, ag deireadh na bliana 2008 go dtí 2013 agus deireadh an Mheithimh 2014^a

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	Deireadh-Meitheamh 2014
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Cuntas Státchiste sa Bhanc Ceannais	21,269	21,026	11,399	13,099	15,280	4,432	4,907
Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	—	—	600	—	—	—	53
Nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	—	—	3,585	3,848	3,982	3,704	3,547
Taiscí bainc	790	790	580	30	2,680	3,679	3,928
Taiscí comhthaobhaithe	—	—	—	—	340	7,389	2,261
Billí státchiste Neamh-Éireannach	—	—	—	—	1,045	3,041	3,665
Maoiniú comhthaobhach le haghaidh comhaontuithe tacaíochta creidmheasa	—	—	—	715	523	1,356	1,244
Comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais le trí pháirtí	—	—	—	—	—	—	5,765
Iomlán an airgid thirim agus na sócmhainní airgeadais	22,059	21,816	16,164	17,692	23,850	23,601	25,370

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Ní dhearnadh iniúchadh ar fhigiúirí deireadh an Mheithimh 2014.

3 Cuntasaíocht Vóta agus Bainistíocht Buiséid

- 3.1** Cuireann Dáil Éireann airgead ar fáil as seirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí
- mheastacháin de fháltais agus de chaiteachas ar na seirbhísí sin a cheadú i rith gach bliain
 - ag tabhairt éifeacht reachtúil do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.
- 3.2** Foráiltear do chaiteachas faoi 'Vótaí', agus cumhdaíonn vóta amháin nó níos mó feidhmeanna gach roinn nó oifig. Sa chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (dá dtagraítear an raon) tugtar cuntas ar na seirbhísí a bheidh le maoiniú. Tá an raon corpraithe san Acht Leithreasa bliantúil agus dá réir sin léiríonn sé na críocha dá bhfuil cistí údaraithe ina leith ag Dáil Éireann.
- 3.3** Ag deireadh gach bliain airgeadais, iarrtar ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, maidir le gach seirbhís vótáilte arna riar aige. Is é an ceanglas reachtúil ná go dtabharfaí tuairisc sa chuntas leithreasa ar an toradh don bhliain i gcomparáid leis na méideanna arna soláthar ag Dáil Éireann.


Torthaí na nIniúchtaí ar Chuntais Leithreasa 2013

- 3.4** Tá iniúchtaí déanta ar chuntais leithreasa 2013 maidir leis na vótaí go léir. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil iniúchta gaolmhar, á gcur faoi bhráid Dháil Éireann in éineacht leis an tuarascáil seo.
- 3.5** Tá achoimre de na méideanna a leithreasaíodh in 2013 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte áirithe in larscríbhinn A (Fíor A1). Taispeántar freisin an toradh don bhliain, mar aon le barrachas na leithreasaí thar chaiteachas.
- 3.6** Ba í an tsuim dheiridh a leithreasaíodh le haghaidh seirbhísí poiblí in 2013 ná €47.6 billiún. Cuimsíodh leis sin deontais soláthair de €43.7 billiún, maoiniú caipitil a tugadh anonn ó 2012 arbh ionann é agus €107 milliún agus leithreasaí i gcabhair de €3.8 billiún.

Toradh an Vóta

- 3.7** Tá achoimre i Fíor 3.1 den chaiteachas comhiomlán agus de na leithreasaí i gcabhair a bhaineann le gach vóta do na blianta 2009 go dtí 2013. Ba ionann an méid iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2013 agus €46.9 billiún. Tar éis leithreasaí i gcabhair réadaithe arbh ionann iad agus €3.9 billiún ar an iomlán a asbhaint, ba ionann an ghlancaiteachas sa bhliain agus €43 billiún.


Fíor 3.1 Toradh an Vóta, 2009 – 2013



Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2009 – 2013, larscríbhinn A

- 3.8** Ní cheadaítear do ranna agus d'oifigí níos mó ná an tsuim atá ceadaithe maidir le gach vóta a chaitheamh. Nuair is lú an caiteachas sa bhliain ná an tsuim a cuireadh ar fáil, is gá an barrachas a thabhairt suas don Stáitchiste.
- 3.9** Rinneadh gach roinn agus oifig a bainistíodh laistigh dá leithdháileadh vótáilte iomlán in 2013 agus barrachais a thaifeadadh tríd na vótaí go léir. Dá réir sin, ní raibh aon vóta farasbairr i gceist in 2013.
- 3.10** Ba ionann barrachais 2013 agus €815 milliún (féach Fíor 3.2). As an méid sin, ceadaiodh €132 milliún ar an iomlán a thabhairt anonn go dtí 2014. Bhí an t-iarmhéid de €683 milliún le tabhairt suas. Tá na suimeanna a bhí le tabhairt suas nó le tabhairt anonn go dtí 2014 maidir le gach vóta le feiceáil in larscríbhinn A (Fíor A2).

Fíor 3.2 Barrachas le tabhairt suas, 2009 – 2013



Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2009 – 2013, larscríbhinn A

Fáltais Bhreise an Státhiste

- 3.11** Ordaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go ndéanfaí suimeanna áirithe a bhailíonn ranna agus oifigí rialtais le cur chun sochair an Státhiste, agus ní chaitear leo sin mar leithreasáí i gcabhair. Áirítear leis sin fáltais ó fhíneálacha cúirte, agus fáltais ó tháillí an Údaráis Clárúcháin Maoine. Déantar fáltais amhantair a thabhairt chun cuntais ar an mbealach sin freisin de ghnáth, lena n-áirítear fáltais ó dhíol suntasach maoine, fáltais de bhun ioncaim barrachais nó brabúis cuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil, íocaíochtaí cúitimh agus géilleadh deonach tuarastail. I gcás ina raibh fáltais bhreise ón Státhiste 2013, taispeántar na méideanna i nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa ábhartha. Ba €120 milliún iomlán fháltais bhreise an Státhiste a thaifead ranna agus oifigí rialtais in 2013. Tá méid comhiomlán na bhfáltais sin atá taifeadta i ngach cuntas leagtha amach in Iarscríbhinn A (Fíor A3).

Deontais i gCabhair


- 3.12** Mar aon leis na gnáthsheirbhísí arna riar ag roinn nó ag oifig rialtais a chumhdach, d'fhéadfadh foráil airgeadais a bheith i vóta le haghaidh gníomhaíocht nó seirbhís ar leith arna riar ag comhlacht ón taobh amuigh. Is féidir leis an bhforáil airgeadais sin a bheith i bhfoirm deontais nó deontas-i-gcabhair don chomhlacht. Tá deontais faoi réir na ngnáthsrianta ar fad a bhaineann le haon íocaíocht ó fhocheannteideal agus bíonn aon iarmhéid a bhíonn fágtha gan chaitheamh ag deireadh na bliana dlite le tabhairt suas. Tá difríocht i ndeontas i gcabhair le hais deontais vótáilte eile sa mhéid nach bhfuil aon iarmhéid gan choinne ag deireadh na bliana sna suimeanna arna n-eisiúint ón vóta dlite le tabhairt suas don Státhiste. In 2013, ba ionann agus €2.1 billiún iomlán na n-eisiúint faoi fhocheannteidil deontais i gcabhair.
- 3.13** Dar le *Public Financial Procedures* na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe ní féidir leis an méid iomlán a íoctar trí bhíthin deontas i gcabhair a bheith níos mó ná an tsuim atá sonraithe sa mheastachán, agus ní féidir coigiltis ar fhocheannteidil eile a úsáid chun suim deontais i gcabhair a mhéadú. Seachas cás amháin (pléite thíos), bhí na suimeanna a íocadh trí bhíthin deontas i gcabhair cothrom nó níos lú ná suimeanna na bhforálacha focheannteidil a sholáthair Dáil Éireann, agus dá réir sin chomhlíon siad an méid a bhí luaite in *Public Financial Procedures*.
- 3.14** I gcás íocaíochtaí le tionóil réigiúnacha ón vóta Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bhí an deontas i gcabhair de €667,000 a íocadh níos mó ná an méid a bhí sa mheastachán de €650,000. In ainneoin fhorálacha *Public Financial Procedures* i dtaca leis sin, cheadaigh an Roinn 'vírmint' (athleithdháileadh coigilteas ar fhocheannteideal eile) chun an caiteachas farasbairr ar an bhfocheannteideal deontas i gcabhair a chumhdach. Dúirt an Roinn gur tugadh an cead sa chás seo bunaithe ar fhiúntais an iarratais agus mar gheall go raibh coigilteas ar fáil chun é a éascú.
- 3.15** Dúirt an Roinn go bhfuil an lámhleabhar *Public Financial Procedures* ann chun treoir a thabhairt do ranna agus do ghníomhaireachtaí poiblí chun airgead poiblí a bhainistiú go cuí agus go stuama. Dúirt sé freisin go léiríonn an cás a thugtar in *Public Financial Procedures* maidir le vírmint agus deontais i gcabhair ceanglas riaracháin seachas ceanglas dlí agus, dá réir sin, is faoi rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é aistriú cistí isteach i bhfocheannteideal deontais i gcabhair a údarú nó a chosc. Tá bainistíocht deontas, lena n-áirítear stádas deontais i gcabhair á breithniú ag an Roinn i láthair na huaire. Níl an t-idirdhealú, i gcleachtas, idir deontais agus deontais i gcabhair chomh suntasach is a bhí roimhe seo agus tá sé i gceist ag an Roinn catagóir deontais amháin a bheith aici, le caiteachas deimhnithe mar an modh íocaíochta réamhshocráithe, agus socruithe réamh-mhaoinithe ceadaithe, nuair is iomchuí, faoi réir

a gceadaithe ag an Roinn. Tá dréacht-chiorclán maidir le bainistíocht deontas beagnach tugtha chun críche. Dá réir sin, ní bheidh aon ábharthacht níos mó leis an gceist maidir le haistriú cistí agus deontais i gcabhair.

Athraitheas Buiséid

- 3.16** Léirítear sa tsuim mheasta a ceadaíodh ar dtús báire an réamhaisnéis maidir leis an tsuim is gá chun freastal ar chostas na seirbhísí a bheidh le soláthar ó gach vóta. Is ionann an t-athraitheas buiséid dá bhrí sin agus an difear idir an chéad mheastachán de ghlanchaiteachas agus an toradh iarbhair i mbliain.¹ Leagtar amach i Fíor 3.3 an t-athraitheas buiséid maidir le gach vóta le chéile, i gcás na mblianta 2004 go dtí 2013.

Fíor 3.3 Athraitheas sa glanchaiteachas ón gcéad bhuiséad, gach vóta, 2004 – 2013



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


- 3.17** Idir 2004 agus 2007, bhí an glanchaiteachas vótáilte níos lú ná an chéad mheastachán a tugadh gach bliain. Níos déanaí anuas, ní raibh aon phatrún leanúnach athraitheis ann, rud a léiríonn na dúshlán níos mó a bhaineann le buiséadú le haghaidh seirbhísí poiblí tar éis na géarchéime baincúireachta. In 2008, 2010 agus 2012, bhí an glanchaiteachas níos mó ná mar a réamh-mheasadh a bheadh sé ar dtús. Bhí glanchaiteachas 2013 €485 milliún níos lú ná mar a réamh-mheasadh a bheadh sé.

Athraitheas Buiséid de réir Vóta

- 3.18** Leagtar amach i Fíor 3.4, maidir le gach vóta, an t-athraitheas comhréireach idir caiteachas iarbhair agus an meastachán bunaidh a tugadh in 2013.

- Bhí vóta ann inar tharla sé go raibh toradh an ghlanchaiteachais níos mó ná an chéad mheastachán a tugadh. Bhí an céatadán róchaiteachais ab airde ag baint le Pinsin Airm i gcomparáid leis an gcéad bhuiséad a leagadh síos dó.
- Thabhaigh an 36 vóta a bhí fágtha glanchaiteachas níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta sna meastacháin.

¹ Tá foráil reachtúil ann chun leithdháileadh caipitil gan chaitheamh a thabhairt anonn go dtí an chéad bhliain eile le húsáid chun na críche céanna, le comhaontú na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le suimeanna den sórt sin a thugtar anonn mar chuid den bhuiséad ranna bliantúil.

Fíor 3.4 Athraitheas sa ghlanchaiteachas de réir vóta, mar chion den chéad bhuiséad, 2013


Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Meastacháin Fhorlíontacha

- 3.19** Nuair a cheadaíonn an Dáil meastachán vóta, déanann sé é sin ag an leibhéal comhiomlán. Cheadaítear roinnt scóipe do ranna buiséid a bhainistiú trí leithdháiltí a bhogadh idir cláir agus focheannteidil, ach amháin má aontaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis sin. Tagraítear don phróiseas athleithroinnte mar vírmint.
- 3.20** Más gá coigeartuithe móra a dhéanamh ar na buiséid le haghaidh clár nó focheannteideal de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh, ní mór cead foirmiúil a lorg ón Dáil. Déantar é sin tríd an bpróiseas ‘meastachán forlíontach’. Is féidir an próiseas sin a úsáid freisin, más gá, chun an teorainn airgid le haghaidh vóta a mhéadú le haghaidh na bliana. Pléitear na sonraí maidir le meastacháin fhorlíontacha a iarrtar ag na coistí Dála ábhartha sula lorgaítear cead ón Dáil féin.
- 3.21** D’éiligh ceithre vóta meastacháin fhorlíontacha shubstainteacha in 2013 d’fhonn an méid iomlán a bhí ar fáil a mhéadú (féach Fíor 3.5).

Fíor 3.5 Vótaí a raibh meastacháin fhorlíontacha ag gabháil leo, 2009 – 2013^a

	2009	2010	2011	2012	2013
Pinsin Airm	●	●	●	●	●
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	●	●	●	●	●
An Garda Síochána	●	●	●	●	●
Iompar, Turasóireacht agus Spórt		○		●	●
Dlí agus Cirt agus Comhionannas	○	○	○		○
Seirbhísí Roinnte					○
An tSeirbhís Chúirteanna	○	○	●	●	
Coimirce Shóisialta		●		●	
Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	○	○	○	○	
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil		○	○	○	
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacht	○	●			
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	●			●	
Oideachas agus Scileanna		○			
Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil		●			
Talmhaíocht, Bia agus Mara	○				
Leanaí agus Gnóthaí Óige	○				
Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú			○		
An Stiúthóir Ionchúiseamh Poiblí	●				
An tSeirbhís Shicréideach	●				
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	○				

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- Nótaí:
- Tugtar méadú sa mheastachán maidir le glanchaiteachas le fios i.e. meastachán forlíontach substainteach.
 - Tugtar le fios gur airíocht €1,000 a bhí sa mhéadú ar ghlancaiteachas i.e. meastachán forlíontach teicniúil.
 - a Tá na teidil vóta de réir Meastacháin Athbhreithnithe 2013 le haghaidh Seirbhísí Poiblí. I gcás roinnt vótaí, d’fhéadfadh sé go raibh feidhm le teidil dhifriúla sa bhliain inar cheadaíodh meastachán forlíontach.

Mór-Athraitheas Buiséid de réir Vóta

- 3.22** Bhí 26 fhocheannteideal caiteachais thar dhá vóta déag in 2013 áit a raibh difear mór idir an chéad mheastachán caiteachais agus an toradh – sin cásanna ina raibh an t-athraitheas níos mó ná €10 milliún, agus léirigh sé 10% nó níos mó den chéad mheastachán a tugadh. Bhí fáltais an-difriúil ón meastachán i seacht gcinn de chásanna. Tá léargas tugtha ar an athraitheas focheannteidil ollmhór in larscríbhinn B, mar aon leis na mínithe atá leis na athraitheas sin a sholáthair na hoifigigh cuntasaíochta cuí.
- 3.23** I measc na bpríomhchúiseanna a bhí leis an athraitheas mór bhí siad seo a leanas
- tugadh meastachán faoina luach nó thar a luach de leibhéal na bhfáltas agus den éileamh a bhí ar scéimeanna agus ar chlár, lena n-áirítear sa Chiste Árachais Shóisialaigh
 - feabhas ar riaradh éileamh sa Roinn Coimirce Sóisialaí rud a d'fhág go raibh riaráistí éileamh laghdaithe ag baint le scéimeanna áirithe agus nach raibh gá dul in iontaoibh liúntas leasa forlíontach chomh mór, chomh maith le haisghabháil fheabhsaithe ar ró-íocaíochtaí
 - saincheistean ama, cosúil le moill nó neamhchinnteacht maidir le huainiú imeachtaí, áit ar cuireadh moill ar fháltais agus ar chaiteachas gaolmhar a bhí réamh-mheasta in 2013
 - oibreacha caipitil nach raibh réamh-mheasta sa bhuiséad
 - íocaíocht as socrú cúirte nach raibh réamh-mheasta sa bhuiséad
 - coigilteas a baineadh amach trí chóiríocht oifig an rialtais láir a chuíchóiriú.
- 3.24** I gcás vóta an Gharda Síochána, ní dhearnadh aon fhoráil maidir le caiteachas ar an gconradh ceamara luais GoSafe, ar an mbunús go maoinítear an costas le fáltais ó fhíneálacha. Ceadaítear meastachán forlíontach ina ndéantar foráil le haghaidh caiteachais agus fáltais gach bliain.
- 3.25** Ba ionann vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus 29% den ghlancaiteachas vótáilte go léir in 2013. Bhain mórdhifríochtaí ar cheithre fhocheannteideal caiteachais de chuid FSS in 2013 le caiteachas níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta ar íocaíochtaí cnapshuime pinsin, ar chostais caipitil saoráidí sláinte agus tograí seachadadh seirbhísí nuálacha chomh maith le híocaíochtaí níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leo chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Bhí athraitheas mór freisin ag baint le trí chatagóir fáltais i vóta FSS, agus bhain an ceann ba mhó le sprioceasnamh i mbailiú pleanáilte ar mhuirir othar as seirbhísí ospidéal.

Iarscríbhinn A Toradh Airgeadais an Vóta

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead as gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí an rialtais trí mheastacháin de na suimeanna a theastóidh le haghaidh na seirbhísí sin a cheadú i rith gach bliain, agus trí bhíthin éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Déantar foráil don chaiteachas faoi shraith ‘vótaí’. De réir dlí, ní mór cuntas leithreasa a tháirgeadh maidir le gach vóta. Ní mór sonraí a bheith sa chuntas maidir leis an toradh don bhliain in aghaidh an méid arna sholáthar ag Dáil Éireann.

Tugtar achoimre i bhFíor A1 den toradh ar chaiteachas agus ar fháltais i gcoibhneas leis na méideanna atá leithreasaithe le haghaidh seirbhísí poiblí in 2013.

Taispeántar i bhFíor 2 conas a cuireadh leithreasuithe barrachais i bhfeidhm in 2013 – trí chaiteachas a chur siar go dtí 2014, nó trí ghéilleadh don Státchiste.

Taispeántar i bhFíor A3 fáltais bhreise measta agus réadaithe an Státchiste.

Tugtar mínithe thíos de roinnt de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí.

Deontas soláthair	An t-airgead arna dheonú (nó vótáilte) ag Dáil Éireann i gcomhair gach ceann de na seirbhísí poiblí.
Iarchurtha ó 2012	Méideanna airgid chaipitil gan chaitheamh in 2012 agus a thugtar ar aghaidh le caitheamh ar sheirbhísí caipitil in 2013. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2012.
Leithreasaí-i-gcabhair	Fáltais ranna ar féidir, le comhaontú Dháil Éireann, iad a choinneáil d'fhonn costais an vóta dá dtagraíonn siad a íoc.
Leithreasaí iomlána	Suim an deontais soláthair, airgead caipitil 2012 atá iarchurtha (más ann dó) agus leithreasaí-i-gcabhair.
Barrachas don bhliain	Farasbarr na leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon leis an mbarrachas ar leithreasaí i gcabhair. Tá an barrachas don bhliain dlí le tabhairt suas don Státchiste.
Tabhairt Suas iarchurtha	Méid an airgid chaipitil gan chaitheamh in 2013 a tugadh anonn le caitheamh in 2014. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2013.
Barrachas le tabhairt suas	Méid an airgid a leithreasaíodh 2013 ach nár caitheadh sa bhliain nó a iarchuireadh go dtí 2014, agus dá bhrí sin ab éigean a thabhairt suas don Státchiste.
Fáltais bhreise an Státchiste	Fáltais ranna nach bhfuil leithreasaithe-i-gcabhair, ach a íoctar díreach isteach sa Státchiste. I gcásanna áirithe, i gcás ina bhfuil fáltais athfhillteacha, áirítear meastachán den tsuim atáthar ag súil go ndéanfar aisghabháil air sa mheastachán don vóta.

Fíor A1 Achoimre ar Leithreasáí le haghaidh Seirbhísí Poiblí in 2013, de réir Vóta

Vóta	Glaonna	Méid leithreasaithe				Toradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2012	Leithreasáí-i-gcabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí-i-gcabhair	Glanchaiteachas	Barrachas comhlán	Farasbarr/ (easnamh) i bhfáltais	Glanbharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	3,062		100	3,162	3,105	123	2,982	57	23	80
2	Roinn an Taoisigh	22,148	—	870	23,018	21,925	960	20,965	1,093	90	1,183
3	Oifig an Ard-Aighne	14,317	—	788	15,105	14,094	768	13,326	1,011	(20)	991
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	39,758	—	2,837	42,595	40,329	3,308	37,021	2,266	471	2,737
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	37,414	—	975	38,389	37,145	996	36,149	1,244	21	1,265
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	29,916	—	1,860	31,776	29,737	1,432	28,305	2,039	(428)	1,611
7	Oifig an Aire Airgeadais	33,187	—	1,675	34,862	27,341	2,732	24,609	7,521	1,057	8,578
8	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	5,977	—	5,875	11,852	11,098	5,337	5,761	754	(538)	216
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	322,705	—	71,287	393,992	393,062	78,637	314,425	930	7,350	8,280
10	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	442	—	32	474	443	32	411	31	—	31
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	36,364	—	5,189	41,553	38,492	5,777	32,715	3,061	588	3,649
12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	384,600	—	82,000	466,600	427,704	89,224	338,480	38,896	7,224	46,120
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	374,044	—	26,931	400,975	399,205	26,041	373,164	1,770	(890)	880
14	An tSaotharlann Stáit	8,119	—	705	8,824	8,489	944	7,545	335	239	574
15	An tSeirbhís Shicréideach	1,000	—	—	1,000	587	—	587	413	—	413
16	An Oifig Luachála	9,121	—	1,400	10,521	8,587	1,160	7,427	1,934	(240)	1,694
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	6,283	—	248	6,531	6,283	269	6,014	248	21	269
18	Seirbhísí Roinnte	21,020	—	300	21,320	15,664	282	15,382	5,656	(18)	5,638
19	Oifig an Ombudsman	7,437	—	408	7,845	6,925	380	6,545	920	(28)	892
20	An Garda Síochána	1,323,071	—	136,486	1,459,557	1,458,240	136,605	1,321,635	1,317	119	1,436

		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
21	Príosúin	311,391	—	17,147	328,538	321,631	16,664	304,967	6,907	(483)	6,424
22	An tSeirbhís Chúirteanna	58,324	—	46,635	104,959	104,647	46,838	57,809	312	203	515
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	31,232	—	1,014	32,246	30,550	1,276	29,274	1,696	262	1,958
24	Dlí agus Cirt agus Comhionannas	320,073	287	63,863	384,223	359,233	63,575	295,658	24,990	(288)	24,702
25	Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	1,130,116	43,000	77,936	1,251,052	1,148,667	95,369	1,053,298	102,385	17,433	119,818
26	Oideachas agus Scileanna	7,926,906	19,000	580,427	8,526,333	8,423,516	563,985	7,859,531	102,817	(16,442)	86,375
27	Comhar idirnáisiúnta	495,929	—	1,150	497,079	493,300	1,156	492,144	3,779	6	3,785
28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil	173,843	400	44,048	218,291	200,281	47,998	152,283	18,010	3,950	21,960
29	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Náidúrtha	173,395	10,400	242,601	426,396	393,664	237,231	156,433	32,732	(5,370)	27,362
30	Talmhaíocht, Bia agus Mara	995,068	6,000	240,672	1,241,740	1,206,643	241,748	964,895	35,097	1,076	36,173
31	Iompar, Turasóireacht agus Spórt	1,270,582	—	438,567	1,709,149	1,700,501	439,637	1,260,864	8,648	1,070	9,718
32	Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	760,589	25,000	52,027	837,616	791,949	51,295	740,654	45,667	(732)	44,935
33	Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacht	250,235	1,200	4,525	255,960	255,612	5,778	249,834	348	1,253	1,601
34	An Gailearaí Náisiúnta	7,677	—	253	7,930	7,843	256	7,587	87	3	90
35	Pinsin Airm	218,212	—	5,600	223,812	223,667	5,657	218,010	145	57	202
36	Cosaint	638,757	900	41,675	681,332	666,963	48,436	618,527	14,369	6,761	21,130
37	Coimirce Shóisialta	13,085,236	1,050	235,651	13,321,937	13,107,733	250,003	12,857,730	214,204	14,352	228,556
38	Sláinte	243,742	—	3,916	247,658	219,050	4,836	214,214	28,608	920	29,527
39	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	12,531,471	—	1,362,152	13,893,623	13,872,830	1,372,433	12,500,397	20,793	10,281	31,074
40	Leanaí agus Gnóthaí Óige	434,072	—	5,034	439,106	407,160	5,351	401,809	31,946	317	32,263
Iomlán		43,736,835	107,237	3,804,859	47,648,931	46,883,895	3,854,529	43,029,366	765,036	49,670	814,705

Foinse: Cuntais Leithreasa 2013

Nóta: a Cuimsítear sa ghlanbharrachas farasbarr na leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon leis an mbarrachas ar leithreasaí i gcabhair. Is de bharr slánúcháin aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin.

Fíor A2 Feidhmiú Barrachas Leithreasaí 2013, de réir Vóta

Vóta	Glaonna	Barrachas don bhliain	Tabhairt Suas larchurtha (go 2014)	Barrachas le tabhairt suas
		€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	80	—	80
2	Roinn an Taoisigh	1,183	—	1,183
3	Oifig an Ard-Aighne	991	—	991
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	2,737	—	2,737
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	1,265	—	1,265
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1,611	—	1,611
7	Oifig an Aire Airgeadais	8,578	—	8,578
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	216	—	216
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8,280	—	8,280
10	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	31	—	31
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	3,649	—	3,649
12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	46,120	—	46,120
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	880	—	880
14	An tSaotharlann Stáit	574	—	574
15	An tSeirbhís Shicréideach	413	—	413
16	An Oifig Luachála	1,694	—	1,694
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	269	—	269
18	Seirbhísí Roinnte	5,638	—	5,638
19	Oifig an Ombudsman	892	—	892
20	An Garda Síochána	1,436	—	1,436

Fíor A3 Fáiltais bhreise an Státhiste 2013, de réir Vóta

Vóta	Glaonna	Fáiltais bhreise measta	Fáiltais bhreise réadaithe
		€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	—	—
2	Roinn an Taoisigh	—	—
3	Oifig an Ard-Aighne	—	—
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	—	—
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	—	56
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	—	50
7	Oifig an Aire Airgeadais	—	9
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	—	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	1,161
10	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	—	—
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	—	—
12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	—	—
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	—	186
14	An tSaotharlann Stáit	17	17
15	An tSeirbhís Shicréideach	—	—
16	An Oifig Luachála	—	—
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	—	—
18	Seirbhísí Roinnte	—	—
19	Oifig an Ombudsman	—	13
20	An Garda Síochána	5,032	3,927

	€000	€000	€000
21 Príosúin	6,424	2,400	4,024
22 An tSeirbhís Chúirteanna	515	—	515
23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine	1,958	—	1,958
24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas	24,702	—	24,702
25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	119,818	72,000	47,818
26 Oideachas agus Scileanna	86,375	—	86,375
27 Comhar idirnáisiúnta	3,785	—	3,785
28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil	21,960	570	21,390
29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	27,362	8,500	18,862
30 Talmhaíocht, Bia agus Mara	36,173	16,800	19,373
31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt	9,718	4,800	4,918
32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	44,935	23,000	21,935
33 Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacht	1,601	—	1,601
34 An Gailearaí Náisiúnta	90	—	90
35 Pinsin Airm	202	—	202
36 Cosaint	21,130	900	20,230
37 Coimirce Shóisialta	228,556	—	228,556
38 Sláinte	29,527	—	29,527
39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	31,074	—	31,074
40 Leanaí agus Gnóthaí Óige	32,263	2,576	29,687
Iomlán	814,705	131,546	683,159

Foinse: Cuntais Leithreasa 2013

	€000	€000
21 Príosúin	—	—
22 An tSeirbhís Chúirteanna	11,960	11,774
23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine	36,730	36,634
24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas	—	265
25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	—	44,183
26 Oideachas agus Scileanna	—	1,621
27 Comhar idirnáisiúnta	—	—
28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil	—	—
29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	—	143
30 Talmhaíocht, Bia agus Mara	—	2,199
31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt	—	4,738
32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	2,517	7,020
33 Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacht	—	13
34 An Gailearaí Náisiúnta	—	—
35 Pinsin Airm	—	—
36 Cosaint	—	214
37 Coimirce Shóisialta	—	58
38 Sláinte	—	—
39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	—	5,281
40 Leanaí agus Gnóthaí Óige	—	374
Iomlán	56,256	119,936

Foinse: Cuntais Leithreasa 2013

Iarscríbhinn B Athraithis €10 milliún agus 10%, nó níos mó, ar na Meastacháin Bhunaidh

Focheannteideal		Míniú a tugadh
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir		
Liúntais agus aiscí breise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe		Athraitheas  €36 milliún / 44%
Meastachán bunaidh	€82 milliún	Bhí an toradh ar chnapshuimeanna a íocadh le pinsinéirí le linn 2013 níos ísle ná mar a bhí measta i ngeall go príomha ar - líon na státseirbhíseach/n-oifigeach príosúin bunaithe a chuaigh ar scor le linn na bliana agus 300 níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta ar scor - bhí an chnapshuim ar an meán a íocadh le pinsinéirí thart ar €13,700 níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta.
Toradh	€46 milliún	
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí		
Bainistíocht punainne eastáit – oibreacha nua, athruithe agus breiseanna		Athraitheas  €10 milliún / 26%
Meastachán bunaidh	€38 milliún	Is mar gheall ar - íocaíocht bhreise €5.5 milliún a tharla an t-athraitheas a rinneadh leis an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe, atá mar chuid de bhreithiúnas ard-chúirte agus nach raibh dlite le híoc go dtí tar éis 2013 - Caiteachas breise €3 mhilliún ar oibreacha meicniúla agus leictreachais - caiteachas breise ar mhaoine stairiúla náisiúnta agus oibreacha leasúcháin Bhaile Munna.
Toradh	€48 milliún	
Bainistíocht punainne eastáit – Cíosanna, rátaí, srl.		
Meastachán bunaidh	€108 milliún	Is mar gheall ar chuíchóiriú leanúnach oifige a bhí an choigilt a rinneadh lena n-áirítear géilleadh léasanna agus cláir athchaibidlíochta. Rinneadh coigilteas de thart ar €6 mhilliún leis an gclár géilleadh léasanna agus géilleadh léasanna in dhá fhoirgneamh – Foirgneamh Irish Life Centre agus Foirgneamh Nassau – rud lenar sábháladh €4 mhilliún.
Toradh	€97 milliún	
Vóta 20 An Garda Síochána		
Trealamh cumarsáide agus trealamh eile		Athraitheas  €15 milliún / 107%
Meastachán bunaidh	€14 milliún	Bíonn meastachán forlíontach teicniúil de dhíth gach bliain le haghaidh caiteachas ar an gconradh ceamara luais GoSafe toisc nach ndáiltear aon fhoráil maoinithe agus coinnítear na fáiltais ón gcóras fógra muirear seasta mar leithreasáí i gcabhair chun an córas a mhaoiniú.
Toradh	€29 milliún	

Focheannteideal		Míniú a tugadh
Ceamaraí sábháilteachta – fáltais áirithe ó mhuirir sheasta		Athraitheas  €15 milliún / 150 uair
Meastachán bunaidh	€0.1 milliún	Bíonn meastachán forlíontach teicniúil de dhíth gach bliain ionas go mbeifear in ann fáltais ón gcóras fógra muirear seasta a úsáid chun costas an chonartha ceamara sábháilteachta GoSafe a mhaoiniú. Tugtar méid ainmniúil €0.1 milliún sa leithdháileadh meastacháin bunaidh.
Toradh	€15 milliún	
Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil		
Tithíocht Dheonach agus Comharthithíocht		Athraitheas  €25 milliún / 18%
Meastachán bunaidh	€138 milliún	Níor ghlac an oiread comhlachtaí tithíochta faofa leis an maoiniú a bhí ar fáil faoi na hArdscéimeanna um Chúnamh Caipitil agus um Shaoráidí Léasúcháin Caipitil is a ceapadh.
Toradh	€113 milliún	
Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce		Athraitheas  €45 milliún / 16%
Meastachán bunaidh	€286 milliún	Mar gheall ar dheacrachtaí a bhí ag conraitheoirí bannaí riachtanacha a fháil, agus saincheisteanna a bhain le ranníocaíochtaí na n-údarás áitiúil do chostais tograí, agus moill dlí/soláthair, mar aon leis an ngá a bhí ann Clár Athchóirithe na hEarnála Uisce a bhrú chun cinn, bhí tionchar ag na rudaí sin ar fad ar an leibhéal caiteachais agus chuidigh siad chun coigilteas a bhaint amach ar an bhfocheannteideal.
Toradh	€241 milliún	
LEADER – fochlár don gheilleagar tuaithe 2007 – 2013		Athraitheas  €22 milliún / 21%
Meastachán bunaidh	€105 milliún	Mar thoradh ar mhéadú ar ráta cómhaoinithe an AE laghdaíodh costas foriomlán an chlár ar an Státchiste agus b'éigean meastóireacht a dhéanamh ar choigeartuithe sa leithdháileadh do chuideachtaí forbartha áitiúla agus iad a chur i bhfeidhm. B'éigean ceaduithe do thograí a chur siar sa chéad chuid den bhliain go dtí go mbeadh an próiseas sin curtha i gcrích, rud a raibh tionchar aige dá réir sin ar íocaíochtaí faoin gclár.
Toradh	€83 milliún	
Fáltais – LEADER – fochlár don gheilleagar tuaithe 2007 – 2013		Athraitheas  €22 milliún / 55%
Meastachán bunaidh	€40 milliún	Léiríodh sna fáltais a bhí níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis an méadú ar ráta cómhaoinithe an AE ó 55% go dtí 85% agus an leibhéal caiteachais a baineadh amach sna tréimhsí airgeadais cáilithe ábhartha.
Toradh	€62 milliún	

Focheanteideal		Míniú a tugadh
Vóta 26 Oideachas agus Scileanna		
<i>Íocaíochtaí i dtaca le sásamh d'institiúidí cónaitheacha agus na costais a bhain leis an gcoimisiún um dhrochúsáid leanaí</i>		Athraitheas  €12 milliún / 18%
Meastachán bunaidh	€65 milliún	Cuimsítear sa choigilteas iomlán €12 mhilliún ▪ €5.9 milliún i ngeall gur chuir an Bord Sásaimh líon níos lú iarratas i gcrích ná mar a ceapadh ▪ €5.3 milliún mar gheall nár shocraigh an Coimisiún um Dhrochúsáid Leanai an oiread billí dlí tríú páirtithe agus a bhíothas ag súil leis in 2013 ▪ €0.5 milliún mar gheall nár bronnadh cead pleanála chun cuimhneachán a dhéanamh d'íospartaigh mí-úsáide i scoileanna tionsclaíocha ▪ coigiltis ilghnéitheacha eile a tháinig chun cinn i ngeall ar chaiteachas a bhí níos lú ná mar a measadh ar sheirbhísí gaolmhara agus ar chostais phá sa Choimisiún ar Dhrochúsáid Leanai.
Toradh	€53 milliún	
<i>Aoisliúntas srl a bhí iníoctha le hiar-fhoireann ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta</i>		Athraitheas  €17 milliún / 32%
Meastachán bunaidh	€53 milliún	Is mar gheall ar chinneadh na heasnamh aoisliúntais iomlána i gcuntais rialaithe pinsin na gcúig ollscoil is sine a mhaoiniú a tháinig an farasbarr chun cinn.
Toradh	€70 milliún	
<i>Deontais tógála agus costais chaipitil ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ardoideachais ainmnithe eile</i>		Athraitheas  €11 milliún / 19%
Meastachán bunaidh	€58 milliún	Tá €7.1 milliún den fharasbarr inchurtha i leith cinneadh a rinneadh leithdháileadh caipitil a cheadú do Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun íoc as na costais aonuaire a bhain le forbairt mac léinn a fháil. Gheofar an maoiniú iomlán sin ar ais ón Institiúid faoi mhí na Nollag 2018. Tharla tuilleadh farasbarr caiteachais i ngeall ar dhul chun cinn níos tapúla ná mar a measadh ar oibreacha cumasúcháin agus oiriúnaithe ar thogra Ghráinseach Ghormáin chun daonra mac léinn scaipthe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a chomhdhlúthú san áit sin.
Toradh	€69 milliún	
<i>Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa</i>		Athraitheas  €21 milliún / 100%
Meastachán bunaidh	€21 milliún	Tharla an spriocasnamh i bhfáltais go príomha mar gheall ar mhoill éileamh ar chaiteachas a tabhaíodh a dhéanamh chuig an gCoimisiún Eorpach.
Toradh	€1,000	

Focheannteideal		Míniú a tugadh
Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha		
Clár um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide		Athraitheas ↓ €12 milliún / 60%
Meastachán bunaidh	€20 milliún	Cuimsíodh go príomha san athraitheas ▪ spriocasnamh €5.7 milliún i gcaiteachas mar gheall ar mhoill gan choinne sa phróiseas soláthair le haghaidh thionscadal na bpostchód náisiúnta ▪ gannchaiteachas €2.5 milliún ar an gclár lascaistrithe digiteach ▪ coigilteas €1.7 milliún faoi Chéim 2 den fhorchéimniú náisiúnta ar an Tionscadal Leathanbhanda do Scoileanna Dara Leibhéal áit a raibh an meánchostas a bhain le soláthar seirbhíse in aghaidh na scoile thart ar aon trian den chostas measta ▪ moill i dtionscadail duchtaithe i nGaillimh agus i Maigh Eo rud a chiallaigh gannchaiteachas breise de €1 milliún.
Toradh	€8 milliún	

Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

Forbairt talmhaíochta agus bia		Athraitheas ↓ €11 milliún / 41%
Meastachán bunaidh	€27 milliún	Faoin spriocscéim nuachóirithe talmhaíochta, tá dhá bhliain ag feirmeoirí oibreacha a chur i gcrích atá ceadaithe i gcomhair cúnamh deontais – is uasmhéid 40% den chostas atá i gceist sa deontas. Déantar na híocaíochtaí le feirmeoirí tar éis dóibh na hoibreacha a chur i gcrích. Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag an gcumas atá ag feirmeoirí teacht ar airgead ar chaiteachas ar an bhfocheannteideal sin. Bhí an caiteachas níos lú ná mar a measadh toisc nár cuireadh roinnt oibreacha a ceadaíodh i gcomhair cúnamh deontais i gcrích agus níor tarraingíodh anuas go hiomlán an maoiniú a cuireadh ar fáil. Ina theannta sin, chiallaigh an síneadh a cuireadh ar an spriocdháta (go dtí deireadh Feabhra 2014) chun oibreacha a chur i gcrích faoin Scéim Leasa Síolaithe nach raibh roinnt íocaíochtaí le feirmeoirí a ceapadh a dhéanfaí in 2013 déanta in aon chor faoi dheireadh na bliana.
Toradh	€16 milliún	

Focheannteideal		Míniú a tugadh
Vóta 32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht		
Fiontraíocht Éireann		Athraitheas ↓ €19 milliún / 13%
Meastachán bunaidh	€147 milliún	Cuimsítear sa choigilteas iomlán €18.8 milliún ▪ €11.4 milliún a bhain le hioncam acmhainne breise le haghaidh Fiontraíocht Éireann, ó dhíol/fuascailt infheistíochtaí cothromais agus caipiteal fiontair, a úsáideadh in ionad an deontais Oireachtais chun tacaíocht don tionscal a mhaoiniú ▪ €7 milliún a bhain le tarraingt anuas gann ó na cláir caipiteal síl agus fiontair i ngeall ar dheacrachtaí tionsaithe airgid sna cistí fiontair faoin gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus cláir Caipiteal Forbraíochta. D'fhág sé sin moill ó thaobh comhaontuithe dlí a chur i gcrích agus ó thaobh uainiú na dtarraingtí anuas ▪ coigilteas €400,000 ar oibríochtaí tógála caipitil a bhain go príomha le caiteachas níos ísle ar fhoirgnimh, bonneagar TF agus cothabháil/uasghrádú ar na líonraí oifige réigiúnacha agus thar sáile. Ina theannta sin, rinneadh gearradh siar nó cuireadh siar plananna forbartha cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch.
Toradh	€128 milliún	
Vóta 37 Coimirce Shóisialta		
Íocaíochtaí an Bhunliúntais Leasa Forlíontach		Athraitheas ↓ €53 milliún / 33%
Meastachán bunaidh	€161 milliún	Mar thoradh ar thréimhsí próiseála níos fearr ar phríomhscéimeanna ní raibh gá dul in iontaoibh íocaíochtaí bunliúntais leasa forlíontach eatramhacha chomh mór is a bhí roimhe sin. Dá réir sin, bhí líon na bhfaighteoirí agus luachanna íocaíochta ar an meán níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil a bheidís. Chomh maith leis sin, bhí aisghabhálacha ó phríomhscéimeanna ar íocaíochtaí bunliúntais leasa forlíontach eatramhacha a rinneadh le daoine a bhí ag fanacht ar chinntí níos airde ná mar a bhíodhas ag súil a bheidís.
Toradh	€108 milliún	
Tacaíochtaí ioncain – Daoine eile in aois oibre		Athraitheas ↓ €16 milliún / 26%
Meastachán bunaidh	€62 milliún	I measc na gcoigilteas ar thacaíochtaí ioncain a chuir leis an ngannchaiteachas sin bhí ▪ coigilteas €16 milliún i ngeall ar 68,500 íocaíocht riachtanais eisceachtúla níos lú ná mar a measadh agus á bhfritháireamh ag luach €4 mhilliún i gcostais bhreise mar gheall ar íocaíochtaí ar an meán níos airde ná mar a measadh (glan-choigilteas de €12 mhilliún) ▪ coigilteas de bheagnach €2 mhilliún i ngeall ar 55,800 (15%) d'íocaíochtaí forlíontacha eile níos lú toisc go raibh líon na ndaoine ar scéimeanna níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil a bheidís ▪ costais athshuímh um chabhair dhaonnúil a íocadh in 2013, a bhí €2 mhilliún níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.
Toradh	€46 milliún	
An Scéim Náisiúnta Intéirneachta – JobBridge		Athraitheas ↓ €14 milliún / 17%
Meastachán bunaidh	€82 milliún	Bhí na huimhreacha ar an meán thart ar 1,100 (16.5%) níos ísle ná an glacadh a measadh a bheadh ar na háiteanna breise a cuireadh ar fáil i gCáinainéis 2013.
Toradh	€68 milliún	

Focheannteideal		Míniú a tugadh
Tacaíochtaí Fostaíochta Eile do Dhaoine in Aois Oibre		Athraitheas  €22 milliún / 26%
Meastachán bunaidh	€86 milliún	Is mar gheall go raibh roinnt clár tacaíochta níos moille ag teacht i bhfeidhm ná mar a ceapadh a bhí €19 milliún den ghannchaiteachas ▪ Coigilteas €16 milliún ar an scéim Geata ▪ €2 mhilliún de ghannchaiteachas ar thacaíochtaí fostaíochta agus gníomhachtaíthe míchumais agus ▪ €1 milliún i dtaca leis an scéim JobsPlus. Bhí coigilteas breise de €3 mhilliún i ngeall ar éileamh níos lú ná mar a ceapadh ar na scéimeanna Deontais Tacaíochta um Oiliúint i gCúnamh Teicniúil agus Fostaíocht Theicniúil.
Toradh	€64 milliún	
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh		Athraitheas  €32 milliún / 14%
Meastachán bunaidh	€230 milliún	Glanadh na riaráistí i bhfad níos tapúla ná mar a bhíodhas ag súil leis rud a d'fhág go bhfuair 11,200 (40%) duine breise an forlíonadh – athraitheas de €89 milliún. Mar sin féin, bhí an méid ar an meán a íocadh le faighteoirí €1,400 milliún (18%) níos lú ná mar a ceapadh rud lenar laghdaíodh an caiteachas de €57 milliún.
Toradh	€262 milliún	
Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005		Athraitheas  €172 milliún / 12%
Meastachán bunaidh	€1,486 milliún	Bhí an fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh (SIF) níos ísle ná mar a measadh toisc ▪ go raibh fáiltas ÁSPC an chiste €205 milliún níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis ▪ agus rinneadh fritháireamh i bpáirt air sin toisc go raibh an caiteachas ar scéimeanna SIF €34 milliún níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis.
Toradh	€1,314 milliún	
Aisghabhálacha de Chúnamh Sóisialach a ró-íocadh		Athraitheas  €15 Milliún / 94%
Meastachán bunaidh	€16 milliún	Tugadh nósanna imeachta aisghabhála níos fearr isteach i gCáinainéis 2013. Fuarthas líon mór íocaíochtaí in 2013 tar éis tionscadal meaitseála sonraí DIRT de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, a d'fhág go ndearnadh measúnú ar líon mór ró-íocaíochtaí, a bhain go príomha le híocaíochtaí an Liúntais Cuardaitheora Poist.
Toradh	€31 milliún	
Vóta 38 Sláinte		
Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha		Athraitheas  €10 milliún / 53%
Meastachán bunaidh	€19 milliún	Tháinig an coigilteas ar shocraíochtaí agus táillí dlí ilghnéitheacha chun cinn mar gheall ar chomh fada is a thóg sé cásanna agus éilimh a shocrú, lena n-áirítear éilimh faoi Scéim Íocaíochta Ospidéal Lourdes. Toisc nach bhfuil aon smacht ag an Roinn ar uainiú na socraíochtaí, is deacair líon ná luach na gcásanna a shocrófar i mbliain faoi leith a mheas.
Toradh	€9 milliún	

Focheannteideal		Míniú a tugadh
Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		
Íocaíochtaí cnapshuime pinsin		Athraitheas  €93 milliún / 60%
Meastachán bunaidh	€154 milliún	Tuaradh sa mheastachán go ndéanfaí beagnach 4,000 íocaíocht cnapshuime le pinsinéirí ag thart ar €38,500 ar an meán in aghaidh an phinsinéara. D'fhág 1,900 duine an córas reachtúil in 2013. - Tharla an coigilteas €81 milliún toisc 2,100 níos lú duine dul ar scor ná mar a bhí réamh-mheasta - bhí an chnapshuim ghlan ar an meán a íocadh (€32,000) €6,500 níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta – rud a chruthaigh coigilteas de €12 milliún.
Toradh	€61 milliún	
Forbairtí seirbhíse agus tograí nuálacha i seachadadh seirbhísí		Athraitheas  €39 milliún / 58%
Meastachán bunaidh	€67 milliún	Is coigilteas aonuaire a bhain le ham iad na coigiltí a tharla go príomha laistigh den leithdháileadh Meabhairshláinte 2013 a bhain le hearcú foirne áit nár tugadh an próiseas earcaíochta chun críche roimh dheireadh na bliana.
Toradh	€28 milliún	
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát		Athraitheas  €28 milliún / 29%
Meastachán bunaidh	€96 milliún	Ullmhaíodh an meastachán bunaidh ar an mbunús gur thosaigh an Ard-Chúirt ag teacht ar chomhaontú maidir le socraíochtaí i dtaca le gortuithe i ngeall ar thubaistí ar bhonn íocaíochta tréimhsiúla, agus iad ag feitheamh ar reachtaíocht bheartaithe. Le horduithe um íocaíocht thréimhsiúil (PPO) ceadaítear cásanna gortaithe i ngeall ar thubaistí a shocrú ar bhonn cnapshuime tosaigh chun déileáil le costais láithreacha (m.sh. damáistí ginearálta, athruithe ar thithe, trealamh speisialaithe, srl) agus ansin déantar íocaíochtaí bliantúla chun freastal do chostais cúraim leanúnacha. Rinneadh athbhreithniú ina dhiaidh sin ar an meastachán sin i ngeall ar athrú ar an gcur chuige a bhí ag an Ard-Chúirt i ndáil le socrú cásanna gortaithe i ngeall ar thubaistí a tharla ag deireadh 2012. In éagmais reachtaíocht PPO, d'athraigh an Ard-Chúirt i roinnt cásanna na socraíochtaí ar ais chuig socraíochtaí cnapshuime traidisiúnta, áit a ndearna siad socrú roimhe sin ar bhonn eatramhach.
Toradh	€124 milliún	
Tógáil, feistiú agus fearastú saoráidí sláinte agus saoráidí ardoideachais i dtaca le clár céime altranais réamh-chlárúcháin, lena n-áirítear íocaíochtaí i dtaca le maoin ar cíos, costais léasa, srl.		Athraitheas  €40 milliún / 12%
Meastachán bunaidh	€329 milliún	Thóg sé níos faide ná mar a ceapadh foirne deartha agus conraitheoirí a chur ar fáil rud a chiallaigh go raibh moill ar chonraitheoirí tosú ag obair ar an suíomh.
Toradh	€289 milliún	

Focheannteideal		Míniú a tugadh
Fáltais – muirir reachtúla in ospidéal phoiblí, táillí fadchónaithe agus muirir as cothabháil i gcóiríocht phríobháideach agus leathphríobháideach in ospidéal phoiblí		Athraitheas  €107 milliún / 27%
Meastachán bunaidh	€402 milliún	Bhí an leithdháileadh measta le haghaidh an fhocheannteidil sin bunaithe ar na toimhdí seo a leanas. - Bhí €31.2 milliún áirithe maidir le reachtaíocht bheartaithe chun foráil a dhéanamh do mhuirear a ghearradh ar othair phríobháideacha i leapacha poiblí. Níor ritheadh an reachtaíocht in 2013 agus ní raibh FSS, dá bhrí sin, in ann na muirir sin a bhailiú. - I mí na Nollag 2012, fuair ospidéal reachtúla FSS íocaíochtaí luathaithe arbh fhiú €49.8 milliún ar an iomlán iad, ag léiriú meastachán na n-árachóirí a bhí dlite do FSS i gcás nach raibh an próiseas éilimh tugtha chun críche. Laghdaíodh na méideanna a ícadh le FSS le linn 2013 (toisc gur cuireadh na héilimh ábhartha i gcrích) chun na héilimh luathaithe a fuarthas in 2012 a chur san áireamh. Bhí an meastachán bunaithe ar an tuiscint go mbeadh socrú den chineál céanna i bhfeidhm in 2013. Ní bhfuarthas íocaíochtaí luathaithe den sórt sin ó na cuideachtaí árachais ag deireadh 2013. - Tá an spriocasnamh ann go príomha mar gheall go dtógann sé níos faide anois ar fhéichiúnaithe íocaíochtaí a dhéanamh.
Toradh	€295 milliún	
Fáltais ilghnéitheacha		Athraitheas  €13 milliún / 11%
Meastachán bunaidh	€116 milliún	Áirítear sa soláthar meastacháin fáltais athraitheacha agus aonuaire nár tháinig chun cinn in 2013.
Toradh	€103 milliún	
Fáltais ó lacáiste PCRS		Athraitheas  €13 milliún / 48%
Meastachán bunaidh	€27 milliún	Bhí an meastachán bunaithe ar lacáistí ó dhéantúsóirí cógaisíochta atáthar a fháil maidir le drugaí a ícadh amach le sealbhóirí cártaí leighis. Le linn 2013, síneadh an scéim lacáiste chuig na scéimeanna íocaíochta drugaí.
Toradh	€40 milliún	
Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige		
Ceartas Óige – Scoileanna Coinneála Leanaí		Athraitheas  €17 milliún / 47%
Meastachán bunaidh	€36 milliún	Tá an t-athraitheas ann go príomha mar thoradh ar mhoill socruithe soláthair agus conarthacha a chur i gcrích chun an obair thógála a thosú ar an tSaoráid Náisiúnta um Choinneáil Leanaí ag Baile an Oibricigh, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath.
Toradh	€19 milliún	
Tionscnamh um chúram leanaí in aois scoile (airgead-teoranta)		Athraitheas  €11 milliún / 100 %
Meastachán bunaidh	€11 milliún	Tharla an t-athraitheas toisc go raibh líon na bhfaighteoirí leasa shóisialaigh a cháiligh don scéim agus a d'aithin an Roinn Coimirce Sóisialaí níos ísle ná mar a measadh an chéad lá riamh.
Toradh	€18,000	

4 Cuntasaíocht le haghaidh Seirbhísí Gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí

- 4.1** Féadfaidh roinn gníomhú mar ghníomhaire le haghaidh rannóga nó oifigí eile (príomhaithe) chun seirbhísí a sholáthar atá ar a chumas a dhéanamh níos fearr ar mhaithe leis an ngeilleagar agus le caoithiúlacht. Áirítear i measc samplaí de sheirbhísí gníomhaireachta
- tograí tógála a bhainistiú, a mhaoinítear trí vótaí na ranna ábhartha, ach a dhéanann Oifig na nOibreacha Poiblí ar a son
 - ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh á mbailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn gníomhaireachta don Roinn Coimirce Sóisialaí, a riarann an Ciste Árachais Shóisialaigh.
- 4.2** Sonraítear in *Public Financial Procedures* de chuid na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe go bhfuil an príomhaí freagrach as an mbeartas a rialaíonn na hidirbhearta, agus go bhfuil an gníomhaire freagrach as éifeachtúlacht agus as barainneacht sholáthar na seirbhíse. Baineann seirbhísí gníomhaireachta le hidirbhearta airgeadais idir an príomhaí agus an gníomhaire. I gcás ina soláthraítear seirbhísí ar bhonn gníomhaireachta, déantar idirbhearta a phróiseáil de ghnáth trí chuntais fionraí agus is muirear deiridh a bhíonn sa tseirbhís i gcuntais an phríomhaí.¹
- 4.3** D'fhéadfadh an gníomhaire iarraidh ar an bpríomhaí réamhíocaíochtaí airgid a sholáthar óna ndéanfar íocaíochtaí de réir mar a bheidh siad dlite. I gcásanna den sórt sin, is ionann an muirear deiridh i gcuntais an phríomhaí agus an tsuim arna dheimhniú ag an ngníomhaire mar shuim a d'íoc sé amach i ndáiríre i mbliain an chuntais. Léirítear aon iarmhéideanna nach mbíonn caite a bhíonn i seilbh an ghníomhaire ag deireadh na bliana mar dhliteanas ar chlár comhardaithe an ghníomhaire agus mar shócmhainn ar chlár comhardaithe an phríomhaí.
- 4.4** Is é aidhm na tuarascála seo cuntas a thabhairt ar an méid seirbhísí gníomhaireachta a sholáthair an OPW agus imscrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil dóthain nósanna imeachta ag an OPW agus ag príomhaithe maidir le cúrsaí cuntasaíochta seirbhísí gníomhaireachta.

¹ Is cuntas é cuntas fionraí ar a gcuirtear míreanna chun dochair go sealadach, go hiondúil nuair nach bhfuil an tsuim cheart nó sprioc ábhartha an mhuirir ar eolas go cinnte.

² Thug ciorclán 1 de 2013 na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe nósanna imeachta athbhreithnithe isteach chun sócmhainní maoinne Stáit a chothabháil, cé is moite de roinnt eagraíochtaí a leanfaidh ag cur maoiniú ar fáil le haghaidh oibreacha cothabhála.

Cuntais Fionraí Oifig na nOibreacha Poiblí

- 4.5** Gníomhaíonn an OPW mar ghníomhaire do ranna agus d'oifigí i gcásanna ina ndéanann sé conarthaí nó ina mbronnann sé conarthaí le haghaidh oibreacha caipitiúla ar a son. Suas go dtí deireadh 2012, fuair an OPW ar ais freisin ó phríomhaithe an costas a bhain le hobair chothabhála ar áitreabh a bhí á áitiú ag ranna agus ag oifigí. Ó 2013 i leith, cuirtear costais chothabhála maoinne i gcás formhór ranna agus oifigí chun dochair an Vóta OPW, agus is iad na príomhaithe a íocann i gcónaí as oibreacha caipitiúla a sholáthraíonn an OPW ar bhonn gníomhaireachta.² Mar sin féin, toisc nár cuireadh an meastachán le haghaidh Vóta OPW tríd an Dáil go dtí Aibreán 2013, bhí an OPW, ar bhonn eatramhach, freagrach as costais de chineál cothabhála trí chuntais fionraí go dtí tar éis an ama sin. Dúirt an OPW, in 2013, gurbh ionann an leithdháileadh vótáilte maidir le caiteachas cothabhála láraithe agus €17 milliún agus ba é an toradh ná €19 milliún.

- 4.6** Dúirt an OPW, i bhformhór cásanna, go dtugann príomhaithe réamh-mhaoiniú dó le haghaidh tograí caipitil atá beartaithe. Faoin gcóras sin, ba chóir go bhfeidhmeodh an príomhaí cuntas fionraí freisin óna ndéanfar réamhíocaíochtaí.
- 4.7** Le linn 2013, fuair an OPW maoiniú €58 milliún ó phríomhaithe agus rinne siad íocaíochtaí €59 milliún le soláthraithe thar ceann na n-eagraíochtaí sin.^{1, 2} In 2013, d'fheidhmigh sí cuntais fionraí maidir le 3,700 togra.³
- 4.8** Coinníonn an OPW cuntas fionraí aonair le haghaidh gach togra a dhéanann sé thar ceann príomhaithe. Cuirtear maoiniú a fhaigheann an OPW ó phríomhaithe chun sochair an chuntais fionraí agus cuirtear caiteachas a thabhaíonn an OPW chun seirbhísí gníomhaireachta a chur i bhfeidhm chun dochair an chuntais fionraí. Ag aon am, is ionann an t-iarmhéid arna thaifeadadh ag an OPW i gcuntas fionraí
- agus cistí gan chaitheamh atá i seilbh an OPW thar ceann an phríomhaí (iarmhéid creidmheasa)
 - suimeanna atá caite ag an OPW agus dlite le haisíoc ón bpríomhaí (iarmhéid dochair).
- 4.9** Tugtar léaráid i Fíor 4.1 den mhodh cuntasáíochta ba chóir a bheadh i bhfeidhm i gcás ina soláthraíonn an OPW seirbhísí gníomhaireachta.

Fíor 4.1 Feidhmiú chóras an chuntais fionraí bharúlaigh le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta OPW

Teaghmas/idirbheart	Modh cuntasáíochta		
	Fionraí OPW	Roinn A fionraí	Roinn A vóta
Íocann an príomhaí €5 mhilliún i réamhíocaíocht leis an OPW	+ €5 mhilliún	- €5 mhilliún	—
Íocann an OPW €3 mhilliún le soláthraí	- €3 mhilliún	—	—
Tugann an OPW fógra don phríomhaí maidir leis an íocaíocht don soláthraí	—	+ €3 mhilliún	- €3 mhilliún
Iarmhéideanna deiridh	+ €2 mhilliún	- €2 mhilliún	- €3 mhilliún
Aicmiú cuntasáíochta	creidiúnaí i gcuntais OPW	féichiúnaí i gcuntais Roinn A	costas i gcuntais Roinn A

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

1 Áirítear leis €11 milliún i bhfáltais agus €11 milliún in íocaíochtaí le soláthraithe maidir le tograí a rinneadh thar ceann príomheagraíochtaí neamhvótáilte.

2 Áirítear le caiteachas €65 milliún a thuairiscigh an OPW ina chuntas leithreasa le haghaidh 2013 (Nóta 6.3) aisíocaíochtaí ar íasacht €5.5 milliún leis an gCiste Íasachtaí Áitiúil a bailíodh ó údarais áitiúla thar ceann an chiste sin.

3 Baineann 200 de na tograí leis an scéim *Percent for Art*. Faoin scéim sin, is féidir suas le 1% den bhuiséad iomlán le haghaidh tograí tógála caipitiúla a úsáid chun ealaín phoiblí a bhaineann leis an togra a sholáthar, faoi réir ag teorainneacha airgeadais.

Iarmhéideanna ar Chuntais Fionraí

- 4.10** I gcás ina bhfuil córas réamh-mhaoinithe i bhfeidhm, ba cheart go mbeadh na hiarmhéideanna a thaifeadtar i gcuntais fionraí an OPW agus an phríomhaí cothrom .i. ba cheart go mbeadh gach cuntas fionraí creidiúnaí (nó féichiúnaí) a bhíonn taifeadta ag an OPW a bheith meaitseáilte ag cuntas fionraí féichiúnaí (nó creidiúnaí) den chineál céanna i leabhair an phríomhaí.
- 4.11** Sa chleachtas, bíonn difríochtaí sna hiarmhéideanna arna dtaifeadadh ag an OPW agus ag príomhaithe ag pointe ama. Luaigh an OPW nach féidir i gcónaí na hiarmhéideanna a mheaitseáil m.sh. i gcás ina ndéanann an OPW íocaíochtaí i laethanta oibre deiridh na bliana agus nach mbíonn dóthain ama acu le príomhaithe a chur ar an eolas, sula gcuirtear a gcuid cuntais bhliantúla le chéile.¹ Mar sin féin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta san OPW go bhfuil sé mar aidhm ag an OPW ráitis bhliantúla a eisiúint chomh gar agus is féidir do dheireadh na bliana agus gur cuireadh príomhaithe ar an eolas maidir le hiarmhéideanna an chuntais fionraí deireadh-2013 idir an 27 Feabhra 2014 agus 5 Márta 2014.
- 4.12** In 2009, fuair an OPW cead ón Roinn Airgeadais maidir le glan-mhuirear de €8.5 milliún ar Vóta an OPW maidir le fiachais ó oibreacha cothabhála a measadh nach bhféadfaí a fháil ar ais ó phríomhaithe. Ag an am, d'fheidhmigh an OPW córas den chuid is mó ina n-íocadh sé as oibreacha cothabhála ar an gcéad dul síos sula ndéanadh sé maoiniú a iarraidh go cúlgabhálach ón bpríomhaí. Dúirt an OPW gur íocadh go hiomlán as gach obair chothabhála a rinneadh agus gur léirigh an t-idirbheart réiteach ar iarmhéideanna i seilbh príomhaithe agus nach raibh aon mhuirir bhreise ar an Státchiste dá bharr.
- 4.13** Ina chuntas leithreasa i gcomhair 2013, thuairiscigh an OPW go raibh, ag deireadh 2013, glanmhéid díreach faoi bhun €21 milliún aige de chistí gan chaitheamh i dtaca le 35 eagraíocht (príomh-ranna) a fuair maoiniú vótáilte.² Dúirt an OPW gur le haghaidh tograí beartaithe a bhí formhór na gcistí sin. Ina gcuntais leithreasa, thuairiscigh na príomh-ranna iarmhéideanna féichiúnaí OPW comhfhreagrach d'os cionn €11 milliún. Ba ionann na difríochtaí agus cistí a d'íoc príomh-ranna roimh ré leis an OPW atá fós le caitheamh ag an OPW, ach a bhí curtha chun dochair sna cuntais leithreasa. I gcás amháin, chuaigh an príomhaí siar ina dhiaidh sin ar mhuirear caiteachais de €7 milliún ina chuntas leithreasa agus dá réir laghdaíodh an difríocht idir creidiúnaithe tuairiscithe an OPW agus féichiúnaithe tuairiscithe na bpríomhaithe go dtí €2.4 milliún.
- 4.14** Dúirt an OPW i roinnt cásanna, go raibh na príomh-ranna ar aon intinn maidir leis na hiarmhéideanna sa chuntas fionraí a bhí taifeadta ag an OPW ach thuairiscigh siad iarmhéideanna difriúla ina dhiaidh sin ina gcuntais leithreasa.
- 4.15** Leagtar amach i bhFíor 4.2 na hidirbhearta agus na hiarmhéideanna arna dtaifeadadh ag an OPW agus na hiarmhéideanna arna dtuairisciú ar dtús ag príomh-ranna le haghaidh 2013.

¹ Leagtar amach in Alt C6.7 de *Public Financial Procedures*, i gcás go bhféadfadh roinnt ama a dhul thart tar éis deireadh na bliana sula féidir leis an ngníomhaire déanamh amach cad iad na suimeanna beachta a íocadh amach, go bhféadfaidh an príomhaí suimeanna a ghearradh sa bhliain airgeadais maidir le seirbhísí gníomhaireachta ar thángthas orthu ar bhonn measta. Ba chóir an meastachán, ar chóir é a chomhaontú idir an príomhaí agus an gníomhaire, a choigeartú sa chéad bhliain airgeadais eile, nuair atá figiúirí deiridh ar fáil.

² Ag an am céanna, bhí €915,000 ag dul don OPW (glan) ó phríomhaithe neamhvótáilte.

Fíor 4.2 Idirbhearta agus iarmhéideanna gníomhaireachta an OPW 2013

Muirear ar Phríomh-roinn	Taifid OPW						Príomhthaifid	Athraitheas
	Iarmhéid 1 Eanáir	Airgead tirim faighte	Íocaíochtaí le soláthraithe	Coigeartuithe	Iarmhéid Percent for Art	Cistí príomhaithe arna sealbhú an 31 Nollaig	Cistí i seilbh an OPW an 31 Nollaig	31 Nollaig
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Teaghlachas an Uachtaráin	–	–	–	–	–	–	–	–
Roinn an Taoisigh	(53)	(14)	60	7	–	–	–	–
Oifig an Ard-Aighne	(83)	–	56	(11)	–	(38)	–	(38)
An Phríomh-Oifig Staidrimh	(51)	(230)	153	(56)	–	(184)	140	(44)
Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí	(469)	(154)	266	(61)	–	(418)	–	(418)
Oifig an Phríomh-Aturáe Stáit	(33)	(88)	126	(8)	–	(3)	–	(3)
Airgeadas	(25)	(786)	801	(284)	–	(294)	43	(251)
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	16	(12)	15	(19)	–	–	–	–
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	(1,010)	(2,644)	3,716	(159)	74	(23)	564	541
Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	(1)	–	–	–	–	(1)	–	(1)
Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe	–	(26)	–	20	–	(6)	–	(6)
An Oifig Luachála	(12)	(50)	27	35	–	–	–	–
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	(2)	(80)	95	(30)	–	(17)	–	(17)
Seirbhísí Comhroinnte	–	–	–	–	–	–	1	1
Oifig an Ombudsman ^a	(4)	(1)	19	(16)	–	(2)	–	(2)
An Garda Síochána	(2,276)	(2,227)	2,705	(271)	203	(1,866)	2,368	502
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	(121)	(152)	155	38	37	(43)	–	(43)
An tSeirbhís Chúirteanna	(874)	(2,448)	2,518	41	76	(687)	919	232
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	(97)	–	133	(69)	17	(16)	(32)	(48)
Dlí agus Cirt agus Comhionannas ^b	(2,052)	(1,339)	2,800	(263)	82	(772)	445	(327)
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil ^c	(588)	(287)	965	(422)	53	(279)	–	(279)

Muirear ar Phríomh-roinn	Taifid OPW						Príomhthaifid	Athraitheas
	larmhéid 1 Eanáir	Airgead tirim faighte	Íocaíochtaí le soláthraithe	Coigeartuithe	larmhéid Percent for Art	Cistí príomhaithe arna sealbhú an 31 Nollaig	Cistí i seilbh an OPW an 31 Nollaig	31 Nollaig
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Oideachas agus Scileanna ^d	(804)	(6,727)	6,688	(59)	18	(884)	804	(80)
Comhar Idirnáisiúnta	(1)	–	6	(6)	–	(1)	–	(1)
Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	(474)	(389)	586	(139)	3	(413)	376	(37)
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha	(300)	(153)	176	(88)	65	(300)	–	(300)
Talmhaíocht, Bia agus Mara	(1,112)	(1,363)	1,624	(139)	78	(912)	1,168	256
Iompar, Turasóireacht agus Spórt ^e	(1,704)	(3,027)	2,492	124	37	(2,078)	–	(2,078)
Poist, Fiontar agus Nuálaíocht ^f	(224)	(29)	179	(166)	24	(216)	209	(7)
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltacht ^g	(1,574)	(928)	2,039	164	57	(242)	19	(223)
An Gailearaí Náisiúnta	(116)	–	66	–	50	–	–	–
Cosaint	(212)	(155)	339	(166)	–	(194)	3	(191)
Coimirce Shóisialta ^h	(2,578)	(12,947)	13,599	(1,976)	80	(3,822)	4,315	493
Sláinte	(49)	(107)	165	(59)	–	(50)	–	(50)
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	(20)	(254)	222	8	19	(25)	–	(25)
Leanaí agus Gnóthaí Óige ⁱ	(1,506)	(10,223)	4,703	–	53	(6,973)	22	(6,951)
Iomlán	(18,409)	(46,840)	47,494	(4,030)	1,026	(20,759)	11,364	(9,395)

Foinse: Cuntais Leithreasa, 2013 agus Oifig na nOibreacha Poiblí

- Nótaí:
- a Áirítear leis Oifig an Choimisinéara um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.
 - b Áirítear leis an Binse Comhionannais, an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa, an Ghníomhaireacht Fáiltithe agus Imeachth agus Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann.
 - c Áirítear leis Met Éireann.
 - d Áirítear leis FÁS, an Coimisiún ar Dhrochúsáid Leanaí agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.
 - e Áirítear leis Garda Cór na hÉireann.
 - f Áirítear leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus an Oifig Paitinní.
 - g Áirítear leis an Chartlann Náisiúnta.
 - h Áirítear leis an tSeirbhís Leasa Pobail.
 - i Áirítear Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann.

Príomh-ranna nach bhfuil aon Chuntais Fionraí acu nó iarmhéideanna Nialasacha

- 4.16** Tugadh cuntas i dTuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2010 an cleachtas atá in dhá phríomh-roinn – Iompar, Turasóireacht agus Spórt, agus Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil – an tsuim iomlán d'aon réamhíocaíochtaí a dhéantar leis an OPW a ghearradh ar an gcuntas leithreasa gach bliain. Dúradh sa tuarascáil, de réir *Public Financial Procedures*, gur chóir na réamhíocaíochtaí a ghearradh ar chuntas fionraí i leabhair an phríomhaí agus nár chóir iad a ghearradh ar na cuntais leithreasa go dtí go dtagann dliteanas aibithe chun cinn. Gheall na hoifigigh cuntasáíochta sa dá roinn go gcinnteoidís go gcuirí i bhfeidhm na socruithe cuntasáíochta cuí.
- 4.17** Bhí ceithre chás déag ann ag deireadh 2013 – arbh ionann na cistí iomlána a bhain leo a bhí i seilbh an OPW agus €3.3 milliún – áit nár fheidhmigh na príomhranna cuntas fionraí le linn 2013 nó inar thuairiscigh siad iarmhéid nialasach agus dá bhrí sin nár thaifead siad an OPW mar fhéichiúnaí.¹ Leagtar amach i bhFíor 4.3 na cúig cinn is mó de na hiarmhéideanna sin de chuntas fionraí an OPW.

Fíor 4.3 Na cúig iarmhéid is mó arna dtaifeadadh ag an OPW le haghaidh príomhaithe nach raibh cuntas fionraí i bhfeidhm acu nó a thuairiscigh iarmhéid nialasach, ag deireadh-2013

Príomh-roinn/oifig	Iarmhéid de réir thaifid an OPW €m
Iompar, Turasóireacht agus Spórt ^a	2.078
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	0.418
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha	0.300
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil ^b	0.279
Sláinte	0.050
Iomlán	3.125

Foinse: Cuntais Leithreasa 2013

- Nótaí:
- a Áirítear leis €1.7 milliún i seilbh an OPW maidir le Garda Cóta na hÉireann.
 - b Áirítear leis €178,000 i seilbh an OPW i dtaca le Met Éireann.

1 I ndeich gcás ar fad, níor feidhmíodh aon chuntas fionraí le linn 2013 agus thuairiscigh an OPW go raibh cistí €2.9 milliún ina sheilbh maidir leis na cásanna sin. Sna ceithre chás eile, feidhmíodh cuntais fionraí le linn 2013 agus thuairiscigh an OPW go raibh cistí iomlána de €400,000 ina seilbh i dtaca leis na vótaí sin.

4.18 Iarradh ar gach príomhaí atá liostáilte i bhFíor 4.3 míniú a thabhairt ar an gcúis nár taifeadadh iarmhéid ó chuntas fionraí i dtaca le suimeanna a bhí á sealbhú ag an OPW ar a son ag deireadh 2013.

- Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gurb é an tuiscint a bhí aige féin ar an scéal go ndéanfaí maoiniú a soláthraíodh don OPW le linn 2013 i dtreo tograí caipitil a bhí á ndéanamh thar ceann Gharda Cóta na hÉireann a chaitheamh faoi dheireadh na bliana, nó gairid ina dhiaidh sin. Tá sé den tuairim gurbh é an réiteach gnó ab fhearr ná na hiocaíochtaí a ghearradh ar Vóta na Roinne toisc nach raibh aon ráthaíocht ann go mbeadh an maoiniú caipitil riachtanach ar fáil in 2014. Dúirt sé freisin gur chuir feidhmiú cuntais fionraí ualach riaracháin ar an Roinn agus nach bhfuil aon chailleanas ar an Státchiste ó thaobh maoiniú atá á shealbhú go sealadach ag an OPW ar an mbealach sin. Mar sin féin, dúirt sé freisin go bhfeidhmíonn an Roinn cuntais fionraí anois i dtaca le tograí an OPW, agus go ndéanfar athbhreithniú orthu go ráithiúil lena chinntiú go mbeidh siad ar aon dul le taifid an OPW.
- Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcás ina ndéanann a oifig íocaíochtaí leis an OPW i dtaca le hoibreacha caipitil, go ngearrtar an caiteachas ar an vóta sa bhliain ina ndéantar an obair. Tá a oifig ag obair le rannóg cuntasaíochta an rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca leis an modh cuntasaíochta cuí le haghaidh suim €100,000 a íocadh leis an OPW in 2006 le haghaidh togra athchóirithe nach ndeachaigh ar aghaidh ina dhiaidh sin. Dúirt sé freisin gur chóir iarmhéid an OPW a laghdú de €246,000, toisc gur thug an OPW soiléiriú dó go mbaineann an tsuim sin le togra atá tugtha chun críche go hiomlán agus nach bhfuil an t-airgead ar fáil dá oifig níos mó.
- Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, riamh anall, go raibh dúshlán ag baint le hiarmhéideanna cuntais fionraí a réiteach leis an OPW, go háirithe maidir le feidhmeanna atá aistrithe chuig ranna eile. Dúirt sé i ndiaidh cainteanna leis an OPW i dtaca le hiarmhéideanna cuntais fionraí, go bhfuair a Roinn aisíocaíocht ón OPW le linn 2013, rud a laghdaigh iarmhéid a chuntais fionraí go nialas. Dúirt sé freisin go bhfuil a Roinn fós i mbun cainte leis an OPW agus é mar aidhm deireadh a chur le saincheisteanna den sórt sin. D'aontaigh an tOifigeach Cuntasaíochta san OPW go bhfuil €138,000 den iarmhéid a tuairiscíodh a bheith á shealbhú thar ceann na Roinne mícheart agus go mbaineann sé le príomhaí eile.
- Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gur chóir réamhíocaíocht de €200,000 a rinneadh leis an OPW le linn 2013, i dtaca le hoibreacha ag Met Éireann, a ghearradh ar chuntas fionraí, ach gur gearradh é de bhotún ar Vóta na Roinne. Níor caitheadh €178,000 den réamhíocaíocht sin agus bhí sé i seilbh an OPW ag deireadh 2013. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh iarmhéid gan chaitheamh a bhí sa €101,000 eile a bhí i seilbh an OPW ag deireadh 2013 agus é ag dul siar go dtí 2008, agus gur úsáid an OPW €44,000 de sin go dtí seo in 2014 ar oibreacha roghnacha a rinneadh thar ceann na Roinne.
- Tá sé aontaithe ag na hOifigigh Cuntasaíochta san OPW agus sa Roinn Sláinte go bhfuil an €50,000 a thuairiscigh an OPW mar shuim a bhí á shealbhú thar ceann na Roinne mícheart agus go mbaineann sé le vóta eile.

Difríochtaí in Iarmhéideanna Cuntais Fionraí

- 4.19** I 15 gcás ina thuairiscigh príomhranna iarmhéideanna cuntais fionraí, ní raibh taifid na ranna maidir le suimeanna a bhí dlite dóibh ag teacht le taifid an OPW. Tá na príomhranna lenar bhain na difríochtaí ba mhó le feiceáil i bhFíor 4.4.

Fíor 4.4 Na cúig dhifríocht is mó a tuairiscíodh ar dtús idir an OPW agus príomhranna

Príomhroinn	Suim arna sealbhú		Ról/(tearc), de réir roinne
	De réir OPW	De réir roinne	
	€m	€m	€m
Leanaí agus Gnóthaí Óige ^a	6.973	0.022	(6.951)
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	0.023	0.564	0.541
An Garda Síochána	1.866	2.368	0.502
Coimirce Shóisialta ^b	3.822	4.315	0.493
Dlí agus Cirt agus Comhionannas ^c	0.772	0.445	(0.327)
Iomlán	13.456	7.714	(5.742)

Foinse: Cuntais Leithreasa 2013

- Nótaí:
- a Áiríonn Oifig na nOibreacha Poiblí €7 milliún a bhaineann le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig nár tuairiscíodh ar an gcéad dul síos mar fhéichiúnaí i gcuntas leithreasa Leanaí agus Gnóthaí Óige. Leasaíodh cuntas leithreasa Leanaí agus Gnóthaí Óige chun tuairisc a thabhairt ar fhéichiúnaí Oifig na nOibreacha Poiblí de €7 milliún.
 - b Áiríonn Oifig na nOibreacha Poiblí €171,000 maidir leis an tSeirbhís Leasa Pobail i ngeall ar Oifig na nOibreacha Poiblí nach bhfuil tuairiscithe mar fhéichiúnaí i gcuntas leithreasa na Coimirce Sóisialaí.
 - c Áirítear leis iarmhéideanna arna dtaifeadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus ag Dlí agus Cirt agus Comhionannas maidir leis an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa. Áiríonn Oifig na nOibreacha Poiblí freisin iarmhéideanna luach €253,000 ar an iomlán maidir leis an mBinse Comhionannais, an Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeachadh agus Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann nach bhfuil tuairiscithe mar fhéichiúnaí Oifig na nOibreacha Poiblí i gcuntas leithreasa Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

- 4.20** Rinne an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige coigeartú ar an gcuntas leithreasa ionas nach ndéanfar ach na méideanna sin a íocann Oifig na nOibreacha Poiblí amach a chur chun dochair an Vóta in 2013 agus go ndéantar an féichiúnaí iomchuí a thaifeadh i dtaca le cistí i seilbh an OPW. Tuairiscítear sa chuntas leithreasa anois go raibh €6.985 milliún i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí ar a shon ag deireadh 2013 agus tá an Roinn i mbun cainte leis an OPW maidir leis an difríocht iarmharach.

- 4.21** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 9 na Coimisinéirí Ioncaim go gcoinníonn na Coimisinéirí Ioncaim cuntas fionraí chun réamhócaíochtaí a dhéantar leis an OPW a thaifeadh agus go gcuirtear dliteanais aibithe chun dochair a chuntais leithreasa bunaithe ar fhógraí caiteachais ón OPW. Dúirt sí gur bhain €361,000 den difríocht le caiteachas OPW a tabhaíodh in 2013 nár tugadh fógra do na Coimisinéirí Ioncaim ina leith go dtí go raibh a chuntas leithreasa ullmhaithe ina leith (i Márta 2014). Dúirt sí go mbaineann an difríocht atá fanta (€180,000) le híocaíochtaí leis an OPW nár mheas na Coimisinéirí Ioncaim iad a bheith mar chuid den chuntas fionraí, tráth ar ullmhaigh siad a gcuntas leithreasa. Dúirt sí go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag caint leis an OPW agus é mar aidhm tráthúlacht na ráiteas a fhaightear a fheabhsú agus réiteach níos túisce iarmhéideanna na gcuntas fionraí a éascú.

- 4.22** Dúirt an Garda Síochána go ndéanann sé réiteach idir a chuntas fionraí féin agus ráitis mhíosúla na sonrasc a fhaightear ón OPW. Tá sé sásta gurbh é €2.368 milliún an méid ceart a bhí i seilbh an OPW ar a shon ag deireadh 2013. Tá a fhios ag an nGarda Síochána gur féidir thart ar €220,000 den difríocht a chur i leith costas chlár dúnta stáisiúin na nGardaí agus tá sonrasc don tsuim sin ón OPW fós le híoc. Tá cainteanna ag dul ar aghaidh idir an OPW agus an Garda Síochána maidir leis an difríocht atá fágtha.
- 4.23** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Coimirce Sóisialaí go bhfuil, ó thús mhí an Mheithimh 2013, an Roinn ag fáil tuairiscí míosúla ón OPW ina bhfuil eolas achoimre ar iarmhéideanna i gcuntais fionraí agus go ndéanann sí imscrúdú ar aon éagothromaíochtaí lena cuid taifid féin. Dúirt sí gur féidir leis an Roinn na suimeanna atá taifeadta ina cuntas leithreasa féin a réiteach leis na tuairiscí míosúla sin ach nach bhfuil rochtain iomlán aici ar an doiciméadúchán cúltaca atá i seilbh an OPW. Dúirt sí go dteastaíonn imscrúdú breise chun na difríochtaí idir taifid na Roinne agus taifid an OPW a réiteach agus dúirt go bhfuil oifigigh óna Roinn ag plé na ceiste leis an OPW.
- 4.24** Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhféadfadh an difríocht idir a taifid agus taifid an OPW a bheith mar gheall ar cheisteanna ama agus difríochtaí sna beartais chuntasaíochta atá i bhfeidhm ag an dá eagraíocht. Go háirithe, dúirt sí
- gur láimhseáil an Roinn íocaíocht €133,000 leis an OPW mar íocaíocht as seirbhísí, agus dá bhrí sin gur taispeánadh é mar chaiteachas sa chuntas leithreasa, ach go ndearna an OPW cur síos air mar réamhíocaíocht
 - áirítear le hiarmhéid an OPW ag deireadh 2013 €100,000 atá á shealbhú maidir le bunú agus le feistiú Theach an Fhionnuisce, ach tugtar le fios i dtaifid na Roinne go raibh an cuntas sin cothromaithe agus glanta i mí na Samhna 2013
 - baineann iarmhéid de €4,500 atá taifeadta ag an OPW mar cheann atá dlite don Roinn le maoiniú as oibreacha a rinneadh ar áitreabh a d'fhág an Roinn thart ar naoi mbliana ó shin. Dheimhnigh an OPW go bhfuil an cuntas fionraí sin díomhaoin agus tá socruithe á ndéanamh chun é a dhíchur as leabhair an OPW.
- 4.25** Ar fud na ndeich gcás eile ar fad, thuairiscigh na príomhranna iarmhéideanna ina gcuntais fionraí a bhí, ar bhonn comhiomlán, €380,000 níos lú ná iad sin a thuairiscigh an OPW.
- 4.26** I gcás amháin eile inar thuairiscigh an OPW nach raibh aon chuntas fionraí ann in aon chor, thaifead an príomhrann iarmhéid beag i seilbh an OPW. Bhí iarmhéideanna idir an OPW agus príomhranna ar aon intinn i gcúig chás, agus bhí iarmhéideanna de nialas ag gach ceann díobh sin.

Bainistiú an OPW ar iarmhéideanna i gCuntais Fionraí

- 4.27** Thug an OPW le fios go ndéantar athbhreithniú ar gach togra ar bhonn leanúnach agus go bhfaigheann an príomhaí tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas agus go dtugtar iad sin ag céimeanna tábhachtacha den togra. Luaigh sé go láimhseáiltear aon fhiosruithe a fhaightear ar bhonn níos rialta. Ina theannta sin, seolann an OPW ráitis bhliantúla maidir le gach togra chuig príomhaithe ina leagtar amach an t-iarmhéid tosaigh, na fáлтаis, íocaíochtaí agus coigeartuithe a taifeadadh le linn na tréimhse, agus an t-iarmhéid ag deireadh na bliana. Dúirt an OPW go gcuirtear tuilleadh eolais ar fáil nuair a iarrann an príomhaí é sin.

- 4.28** Tá na sonraí maidir le socruithe an OPW chun cumarsáid a dhéanamh le príomhaithe leagtha amach in Iarscríbhinn A.
- 4.29** Dúirt an OPW go ndéantar monatóireacht ar na hiarmhéideanna a bhíonn i gcuntais fionraí príomhaithe go leanúnach agus go réitítear iad chuig iarmhéideanna airgid a bhíonn ina chuntas aige leis an mBanc Ceannais.
- 4.30** Phróiseáil an OPW breis is 27,000 idirbheart ar chuntais fionraí príomhaithe le linn 2013, agus ba fháltais ó phríomhaithe a bhí i gceist le thart ar 21,000 díobh sin nó íocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe agus bhain an 6,000 eile le coigeartuithe a rinne an OPW. Bhí sé d'éifeacht ghlan ag an 6,000 coigeartú iarmhéideanna creidmheasa an OPW a mhéadú (cistí gan chaitheamh a bhí ag príomhaithe) de €3 mhilliún ag deireadh 2013.¹ I measc na gcoigeartuithe
- bhí 2,600 creidmheas chuig cuntais fionraí an OPW (luach €7.5 milliún ar an iomlán) áit ar ghearr an OPW muirear ar a chuntas leithreasa féin. Dúirt an OPW go ndearnadh na coigeartuithe sin d'fhonn a chuntas leithreasa 2013 a mhuirearú le costais chothabhála a tabhaíodh in 2013 agus a raibh cuntas tugtha orthu go sealadach trí chuntais fionraí ag feitheamh ar cheadú na meastachán don Vóta OPW in Aibreán 2013
 - coigeartuithe fiachais (luach €4.3 milliún ar an iomlán) ar chuntais fionraí príomhaithe a rinneadh maidir le blianta roimhe sin. Dúirt an OPW gur aithníodh, i ndiaidh réiteach na gcuntas fionraí neamhchoinneála, na cistí sin mar chinn nach bhfuil gá leo níos mó agus go dtabharfar suas don Státhiste iad.
- 4.31** Rinneadh athbhreithniú ar shampla 23 cuntas fionraí, ina bhfuil glanchistí €10 milliún i seilbh an OPW ag deireadh 2013, mar chuid den imscrúdú sin. Tá sonraí den sampla in Iarscríbhinn B. Taispeánadh san athbhreithniú
- go bhfuair an OPW thart ar €23 milliún i réamh-mhaoiniú maidir le cuntais fionraí sa sampla, ach níl ach díreach os cionn €13 milliún íoctha le soláthraithe. Léirítear san iarmhéid comhiomlán gan chaitheamh ag deireadh 2013 44% den réamh-mhaoiniú a fuair an OPW maidir leis na cuntais fionraí sa sampla. Dúirt an OPW go raibh go dtí seo in 2014, caiteachas €26 milliún tabhaithe i dtaca le dhá cheann déag den sampla – bhain €9 milliún den iarmhéid ag deireadh 2013 leis an dá cheann déag sin
 - is cosúil gur gnáthrud é réamh-mhaoiniú atá i seilbh an OPW a athleithdháileadh ó chuntas fionraí amháin chuig ceann eile, agus aistríodh cistí chuig cuntais fionraí eile nó amach astu i gcás 13 as an 23 cuntas fionraí sa sampla
 - Ní dhearna an OPW aon aisíocaíochtaí de réamhíocaíochtaí gan chaitheamh le ranna i dtaca leis na cuntais fionraí atá áirithe sa sampla seo.
- 4.32** Maidir leis na haistrithe a fheictear i 13 den sampla de chuntais fionraí, dúirt an OPW go ndéantar aistrithe idir cuntais fionraí le toiliú na príomhroinne. Thug an OPW imlíne de thrí chás inar bhain na haistrithe le cistí chuig an gciste percent for art agus gur bhain siad in dhá chás le cuntais fionraí nár bhain go sonrach le haon togra a úsáideadh mar réamh-mhaoiniú le haghaidh oibreacha gan choinne. I gcás trí cinn de na hocht gcás atá fanta, rinneadh na haistrithe chun cuntais díomhaoine a dhúnadh agus i gcúig chás rinneadh na haistrithe chun cistí a bhogadh ó thogra amháin go dtí togra eile.

¹ Cuimsítear coigeartuithe a mhéadaigh iarmhéideanna na bpríomhranna de €4 mhilliún agus coigeartuithe a laghdaigh iarmhéideanna eagraíochtaí neamhvótáilte na bpríomhaithe de €1 mhilliún.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta san OPW

- 4.33** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta san OPW go mb'fhéidir go gcaithfí *Public Financial Procedures* a athbhreithniú lena chinntiú go mbeifear in ann leanúint ag soláthar seirbhísí gníomhaireachta go héifeachtúil, toisc go bhfuil soláthar caoithiúil maoinithe don OPW ríthábhachtach má táthar chun seachadadh éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí. Is é a tuairim ná nuair a dhéanann an OPW conradh agus nuair a eisítear éileamh ar chistí don phríomhaí, gur chóir é sin a mheas mar dhliteanas aibí, agus gur chóir an íocaíocht chuí a mhuirearú do vóta an phríomhaí.
- 4.34** Dúirt sí freisin go gcruthaíonn próiseas na meastachán bliantúil agus an córas cuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim deacrachtaí troma do ranna a bhaineann leas as seirbhísí gníomhaireachta. Dúirt sí i gcás nach gcaitear go hiomlán cistí a vótáiltear do roinn i mbliain airgeadais amháin, nach bhfuil aon ráthaíocht ann go gcuirfean na cistí sin ar fáil an bhliain dar gcionn, rud a chuireann brú ar phríomhranna cistí atá ar fáil a mhuirearú chuig a gcuid vótaí, de réir mar a cheadaíonn buiséid dóibh é sin a dhéanamh. Dúirt sí go dteastaíonn córas ráthaithe láidir de mhaoiniú caipitiúil ilbhliantúil chun dul i ngleic leis sin. Dúirt sí freisin go n-aibhsítear leis na saincheisteanna a ardaítear sa tuarascáil seo an gá atá ann bogadh chuig cuntasaíocht fhabhráithe mar a shamhlaítear i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus go gcaithfean córas buiséid agus caiteachais ilbhliantúil a thabhairt isteach chun fáil réidh leis na srianta a chruthaítear le maoiniú bliantúil.

Conclúidí agus Moltaí

- 4.35** Tá an coincheap maidir le gníomhaireachtaí áisiúil toisc gur féidir leis scileanna agus saineolas speisialaithe ar leith a bharrfheabhsú a fhorbraítear laistigh de roinn faoi leith tríd iad a chur ar fáil do ranna agus d'oifigí eile.
- 4.36** Thuairiscigh m'Oifig roimhe seo go raibh neamhréiteach idir cuntais an OPW agus príomhranna maidir le seirbhísí gníomhaireachta a chuir an OPW ar fáil. Is é an príomhríosca ná go bhféadfaí suimeanna míchrúinne a mhuirearú chuig cuntais leithreasa.
- 4.37** Roimh 2013, rinne an OPW oibreacha cothabhála agus caipitiúil do ranna, ar bhonn gníomhaireachta, agus b'éigean do ranna réamh-mhaoiniú a thabhairt don OPW, agus tugadh cuntas orthu trí chuntais fionraí. Ó aistríodh buiséid chothabhála chuig an OPW (Vóta 13) in 2013, laghdaítear an baol go dtarlódh neamhréiteach in iarmhéideanna cuntas fionraí idir taifid na bpríomhaithe agus an OPW.
- 4.38** Níor fheidhmigh deich gcinn de ranna le maoiniú vóta cuntais fionraí ag deireadh 2013 i dtaca le seirbhísí gníomhaireachta a bhí á soláthar ag an OPW. Ba ionann na cistí iomlána a thaifead an OPW mar chinn a bhí á sealbhú ag deireadh 2013 i dtaca leis na ranna sin agus os cionn €2.9 milliún. Bhí €2.1 milliún de sin san iarmhéid a bhí i seilbh an OPW maidir leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus bhí suimeanna níos lú taifeadta maidir leis na ranna eile.

Moladh 4.1

Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoracha a eisiúint do ranna nó oifigí (príomhaithe) a bhaineann leas as seirbhísí gníomhaireachta ón OPW, ag tarraingt airde ar an ngá atá le cuntas fionraí a fheidhmiú i gcás ina bhfuil réamhíocaíochtaí á ndéanamh agus toisc nár chóir ach méideanna atá deimhnithe ag an OPW mar airgead a íocann sé amach i mbliain an chuntais a mhuirearú do chuntas leithreasa na príomhroinne.

Freagra an Ard-Rúnaí

Aontaithe. Éilítear in *Public Financial Procedures* go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht ag baint le bainistiú airgead poiblí. Mar a thugtar le fios sa tuarascáil seo, is trí chuntas fionraí a dhéantar idirbhearta le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta de ghnáth, agus bíonn an muirear deiridh ar an gcuntas leithreasa ag léiriú na méideanna arna n-íoc go hiarbhír ag an ngníomhaire – sa chás seo, an OPW.

Sa chomhthéacs sin, áireoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina ciorclán maidir le cuntais leithreasa 2014, treoracha a bhainfidh leis na nósanna imeachta i dtaca le cuntasáocht leithreasa le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta, go háirithe, na socruithe leis an OPW. Áireofar an cheist sin freisin sa lámhleabhar treorach le haghaidh sealbhóirí vótaí, a ullmhaítear i gcomhthéacs na gcuntas leithreasa bliantúil.

- 4.39** Ní cosúil go bhfuil an córas cuntasáochta ina ndéantar réamh-mhaoiniú ar sheirbhísí gníomhaireachta a sholáthraíonn an OPW ag feidhmiú go héifeachtúil ná go héifeachtach. Le linn an imscrúdaithe sin, rinne an OPW agus ranna a bhaineann leas as seirbhísí gníomhaireachta ón OPW tagairt do roinnt saincheisteananna atá acu maidir leis an gcóras reatha lena n-áirítear
- an forchostas mór riaracháin
 - líon na n-idirbheart a bhíonn le réiteach
 - iarmhéideanna a thaifeadann an OPW nach ndéantar a choigeartú chun léiriú a thabhairt ar aistriú na freagrachta as gníomhaireachtaí nó comhlachtaí roinne eile idir ranna
 - dreasacht do phríomhranna réamhíocaíochtaí a mhuirearú chuig vótaí mar gheall ar an mbaol nach mbeidh maoiniú atá ar fáil i mbliain amháin ar fáil an bhliain dar gcionn.
- 4.40** Le cúpla bliain anuas, rinneadh aistrithe suntasacha ar fhreagracht fheidhmiúil idir ranna. Is féidir le hatheagrú den sórt sin léiriú éifeachtach a thabhairt ar chás ina ndéantar ‘cumasc nó éadail’ le haghaidh ranna agus is féidir leis sin impleachtaí móra cuntasáochta a bheith aige maidir le sócmhainní seasta, sócmhainní agus dliteanais reatha.

Moladh 4.2

Ba chóir don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe prótacal a fhorbairt le haghaidh na socruithe cuntasaíochta atá le cur i bhfeidhm i gcásanna nuair a aistrítear freagrachtaí feidhmiúla idir ranna.

Freagra an Ard-Rúnaí

Aontaithe. Eisíonn an Roinn treoracha go tréimhsiúil do ranna maidir leis na socruithe cuntasaíochta a bhíonn i bhfeidhm nuair a bhíonn feidhmeanna á n-aistriú. Déanfar athbhreithniú ar na socruithe sin agus ullmhófar ciorclán maidir leis sin agus foilseofar é in 2015.

- 4.41** I gcás sampla 23 cuntas fionraí a athbhreithníodh, tugtar le fios leis an minicíocht lenar aistríodh cistí chuig nó ó chuntais fionraí eile agus le leibhéal na n-iarmhéideanna gan chaitheamh ag deireadh 2013 go bhféadfadh an OPW córas níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a ghlacadh chun an méid réamh-mhaoinithe a bhíonn le hiarraidh ó phríomhaithe a ríomh.

Moladh 4.3

Cé gur laghdaíodh go suntasach líon na n-idirbheart sna cuntais fionraí mar gheall ar na socruithe maoinithe athbhreithnithe i dtaca le caiteachas cothabhála a tugadh isteach le linn 2013, ba chóir don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dul i gcomhairle leis an OPW agus le príomheagraíochtaí lena chinntiú go gcuirtear córas maoinithe éifeachtúil agus éifeachtach i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta.

Freagra an Ard-Rúnaí

Aontaithe. Tá an Roinn sásta go soláthraíonn an OPW, mar ghníomhaire, seirbhís láraithe ar ardchaighdeán saineolais trína seachnaítear fadhbanna a d'fhéadfadh tarlú i dtaca le hiomaíochas soláthair, conartha agus idir-rannach a d'fhéadfadh tarlú i gcás go dtabharfadh ranna faoi thograí tógála ar mhaithe leo féin. Is é miangas na Roinne go bhfeidhmeodh an Roinn chuig an leibhéal éifeachtúla indéanta is airde agus rachaidh siad i mbun comhairliúcháin chuige sin.

- 4.42** In 2009, fuair an OPW cead ón Roinn Airgeadais maidir le glan-mhuirear de €8.5 milliún ar Vóta an OPW chun cur ar a cumas iarmhéideanna a cuntais fionraí a chur ar aon dul le taifid príomhaithe. Rinneadh tuilleadh coigeartuithe ar iarmhéideanna cuntais fionraí le linn 2013 i dtaca leis na socruithe maoinithe athbhreithnithe le haghaidh obair chothabhála agus chun cistí áirithe a bhí á sealbhú agus nach raibh ag teastáil níos mó a aithint.
- 4.43** Mar sin féin, níl na méideanna atá taifeadta ag an OPW mar chinn atá dlite do nó ó phríomheagraíochtaí fós ag teacht leis na hiarmhéideanna atá taifeadta ag na heagraíochtaí sin. Go deimhin, i ngach ceann den 29 cás ina raibh cistí ag an OPW i gcuntais fionraí thar ceann príomhranna, ní raibh an t-iarmhéid a thuairiscigh an OPW ag deireadh 2013 ag teacht leis an iarmhéid a bhí taifeadta ag an bpríomhroinn. Ag deireadh 2013, bhí méid chistí na ranna vótáilte a taifeadadh ar dtús báire mar chinn a bhí i seilbh an OPW thart ar €9.4 milliún níos mó ná iad sin a bhí taifeadta ag na ranna sin. Tar éis coigeartú €7 milliún i gcás cuntas leithreasa amháin, is é an difríocht deiridh a tuairiscíodh idir iarmhéideanna an OPW agus ranna ná €2.4 milliún.

- 4.44** Le linn an imscrúdaithe sin, tharraing ranna a bhí ag baint leasa as seirbhísí gníomhaireachta ón OPW aird ar chomh deacair is a bhí sé iarmhéideanna na gcuntas fionraí a réiteach le taifid an OPW mar gheall nach raibh dóthain eolais á fháil ón OPW agus mar gheall ar imní faoi chaoithiúlacht an eolais a fuarthas maidir le híocaíochtaí a rinneadh i dtreo dheireadh na bliana.

Moladh 4.4

Ba chóir don OPW ráitis rialta agus tráthúla a thabhairt do phríomheagraíochtaí maidir le gach cuntas fionraí atá acu i dtaca le seirbhísí gníomhaireachta. Ba chóir eolas a thabhairt ar leibhéal togra, ag taispeáint an iarmhéid tosaigh, idirbhearta (.i. airleacain a fuarthas, íocaíochtaí le soláthraithe agus aon choigeartuithe) le linn na tréimhse agus iarmhéid na gcistí arna sealbhú thar ceann príomhaithe ag deireadh na tréimhse.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Tá sé i gceist ag an OPW ráitis a chur ar fáil do phríomhaithe níos rialta ná mar atáthar a dhéanamh anois. Cuirfear na ráitis ar fáil ar leibhéal achoimre do gach príomhaí a bhfuil an áis acu tograí agus idirbhearta a láimhseáil.

Iarscríbhinn A Cumarsáid Fhoirmiúil Oifig na nOibreacha Poiblí le Príomheagraíochtaí

Thug an OPW cuntas ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le haghaidh cumarsáid fhoirmiúil le príomheagraíochtaí i dtaca le seirbhísí gníomhaireachta arna gcomhlíonadh ag an oifig agus muirir agus iarmhéideanna an chuntais fionraí a bhaineann leis na seirbhísí sin.

Tograí Oibreacha Caipitiúla

Cuirtear in iúl do ranna agus d'oifigí atá ag iarraidh obair roghnach a dhéanamh go bhfuil orthu réamh-mhaoiniú a chur ar fáil. I roinnt cásanna, bíonn an maoiniú le haghaidh clár oibre gaolmhar nó le haghaidh conradh aonair. Oibríonn oifigigh cáis leis an bpríomhaí tar éis chéim na tairisceana chun bunphraghas na n-oibreacha a dheimhniú agus chun socrú a dhéanamh maidir le réamh-mhaoiniú. Ní mór aon athruithe ar scóip na n-oibreacha lena n-éilítear tuilleadh cistí (iarratas ón bpríomhaí agus teagmhais gan choinne) a shocrú leis an bpríomhaí sula dtugtar aon tiomantas chun leanúint ar aghaidh.

Bunaítear cuntais fionraí chun léiriú a thabhairt ar an maoiniú sin.

Tugtar nuashonruithe rialta don phríomhaí maidir le dul chun cinn na hoibre agus i gcuid mhaith cásanna freastalaíonn sé ar chruinnithe suímh agus ar chruinnithe eile maidir leis an togra. Tugann an OPW tuairiscí do phríomhaithe ina dtaispeántar an caiteachas ar thogra, nuair a iarrtar é sin.

Faigheann an príomhaí fógra nuair atá togra tugtha chun críche agus fógra eile nuair atá an chéim choinneála deiridh sroichte.

Bíonn cruinnithe ag roinnt príomhaithe le foireann an OPW maidir lena saincheistanna cóiríochta agus pléfead tograí aonair ag an tráth sin. Scaipeann Brainse na gCuntas san OPW iarmhéideanna an chuntais fionraí deireadh-bliana ar gach príomhaí.

Oibreacha Cothabhála – i gcás ina soláthraíonn Príomheagraíochtaí cistí

Leagtar amach i gCiorclán 1 de 2013 na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe na heagraíochtaí a ndéanfaidh an OPW costais chothabhála a thabhu ina leith. Ní mór do líon beag eagraíochtaí nach bhfuil áirithe sa chiorclán sin leanúint ag soláthar cistí don OPW maidir le hoibreacha cothabhála a dhéantar ar a son.

Déanann rannóg um Chothabháil Maoine an OPW oibreacha ar bhonn gníomhaireachta i ndiaidh iarratas a fháil ón bpríomhaí. Bíonn foréileamh foirmiúil maidir leis na hoibreacha de dhíth chun aon easaontas sa todhchaí a mhaolú agus lena chinntiú go mbeidh taifead den iarratas ag an bpríomhaí.

Ag tús gach mí, eisítear billí ar phríomheagraíochtaí maidir leis an mí roimhe sin. Nuair a bheidh na billí sin feicthe ag an bpríomhaí agus é sásta leo, trí idirghníomhú le foireann riaracháin an OPW, aontaíonn sé an dliteanas a fhritháireamh i gcoinne aon chistí i seilbh an OPW (déantar iad a athshlánú de ghnáth chun díol trí mhí cothabhála ar an meán a mhaoiniú) nó trí íocaíocht leis an OPW. Ní aistrítear cistí ó chuntais réamh-mhaoinithe mura bhfaightear ordú foirmiúil ón bpríomhaí é sin a dhéanamh.

Spregtar gach príomhaí liostáil leis an tionscnamh réamh-mhaoinithe seachas a bheith ag iarraidh íocaíochtaí a eagrú gach mí.

Oibreacha Cothabhála – maoinithe ag an OPW

Le tabhairt isteach Chiorclán 1 de 2013, eisíonn an OPW ráiteas bliantúil do phríomheagraíochtaí nuair is é an OPW a sheasann an costas cothabhála agus tugtar sonraí sa


Iarscríbhinn B Sampla de chuntais fionraí an OPW – idirbhearta ón tús go dtí 31 Nollaig 2013

Príomheagraíocht	Togra	Fáltais ón bpríomhaí	Cistí aistrithe ó thograí eile	Cistí aistrithe chuig tograí eile	Cistí iomlána ar fáil don togra	Íocaíochtaí le soláthraithe	Aisiocaíochtaí le príomhaí	Cistí dlite don OPW / (gan chaitheamh) ag 31 Nollaig 2013
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Leanaí agus Gnóthaí Óige	An Scoil Choinneála Náisiúnta – tógáil nua	(14,183)	–	64	(14,119)	7,542	–	(6,577)
Leanaí agus Gnóthaí Óige	An Scoil Choinneála Náisiúnta – cothabháil	(283)	(117)	20	(380)	–	–	(380)
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	Oifig Dhurlais – gloiniú	(571)	–	27	(544)	543	–	(1)
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	Oifig Fhaiche an Aonaigh, Gaillimh – feistiú	(1,001)	–	1,001	–	–	–	–
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	Oifig Shráid an Mhóta, Baile Átha Cliath – feistiú	–	–	–	–	96	–	96
An Garda Síochána	Uasghrádú trealamh TFC	(100)	(8)	–	(108)	45	–	(63)
An Garda Síochána	Stór an Gharda Síochána, Baile Átha Cliath – oibreacha	(238)	–	238	–	–	–	–
An Garda Síochána	Maoine ilghnéitheacha – oibreacha roghnacha	–	(1,737)	–	(1,737)	–	–	(1,737)
An Garda Síochána	Lá Cuimhneacháin an Gharda Síochána	(438)	–	–	(438)	448	–	10
Coimirce Shóisialta	Teach Mhic Dhaibhéid, Caisleán an Bharraigh – feistiú	–	(1,000)	–	(1,000)	782	–	(218)
Coimirce Shóisialta	Áras Uí Eidhin, Gaillimh – feistiú	(109)	–	–	(109)	385	–	276
Coimirce Shóisialta	Oifig Bhaile Locha Riach – feistiú	(1,576)	–	1,013	(563)	559	–	(4)
Coimirce Shóisialta	Oifig Chill Airne, Ciarraí – feistiú	(726)	(3)	–	(729)	764	–	35
Coimirce Shóisialta	INTREO, Oifig Pháirc Chill Airne, Ciarraí	(70)	–	–	(70)	–	–	(70)
Coimirce Shóisialta	Oifig Mhuineacháin – feistiú	(480)	–	–	(480)	411	–	(69)
Coimirce Shóisialta	INTREO, Oifigí Bhéal an Átha, Maigh Eo	(537)	–	4	(533)	232	–	(301)
Coimirce Shóisialta	Oifigí Dhroichead Átha, Lú – feistiú	(511)	–	–	(511)	340	–	(171)
Coimirce Shóisialta	Oifig Dhún Laoghaire, Baile Átha Cliath – feistiú	(311)	–	–	(311)	327	–	16
Coimirce Shóisialta	Campas Bus Bhaile Brigín, Baile Átha Cliath	(900)	–	–	(900)	–	–	(900)
Dlí agus Cirt agus Comhionannas	Oifig Thiobraid Árann – cuntas percent for art	–	(41)	–	(41)	–	–	(41)
Dlí agus Cirt agus Comhionannas	Ardilaun House, Baile Átha Cliath – Athchóiriú	(114)	–	97	(17)	17	–	–
Dlí agus Cirt agus Comhionannas	Teach an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath – troscán	(252)	–	–	(252)	279	–	27
Dlí agus Cirt agus Comhionannas	Teach an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath – feistiú	(684)	–	–	(684)	619	–	(65)
Iomlán		(23,084)	(2,906)	2,464	(23,526)	13,389	–	(10,137)

5 Maoiniú an Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla

- 5.1** Meastar caiteachas comhiomlán na n-údarás áitiúil in 2012 (an bhliain dheireanach dá bhfuil faisnéis ar fáil ina leith) a bheith ag €6.3 billiún.¹ Cuimsíodh leis sin thart ar €1.9 billiún i gcaiteachas caipitiúil, agus thart ar €4.4 billiún i gcaiteachas reatha (féach Fíor 5.1).²

Fíor 5.1 Caiteachas na n-údarás áitiúil de réir cineál caiteachais, 2006 – 2012



Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- 5.2** Is ionann caiteachas caipitiúil na n-údarás áitiúil agus caiteachas a mbíonn cruthú nó fáil sócmhainní mar thoradh air a bhfuil úsáid acu níos faide anonn ná an bhliain ina soláthraítear iad m.sh. tógáil bóithre, tógáil nó ceannach tithe, cruthú fóntais áitiúil, srl. Maoinítear cláir chaipitiúla na n-údarás áitiúil a bheag nó a mhór trí dheontais Stáit ó fhoinsí éagsúla, agus roinnt maoinithe ó iasachtaí, tobhaigh forbartha, acmhainní inmheánacha féin agus díol maoine.
- 5.3** Cumhdaítear i gcaiteachas reatha (a dtagraítear dó uaireanta mar chaiteachas ioncaim) reáchtáil na n-údarás áitiúil ó lá go lá, lena n-áirítear tuarastail foirne, cothabháil tithíochta agus pinsin. Maoinítear caiteachas reatha ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear deontais Stáitchiste agus ón gCiste Rialtais Áitiúil (thart ar 34% den iomlán in 2012),³ rátaí na n-údarás áitiúil (thart ar 33%) agus muirir as earraí agus seirbhísí mar tháillí uisce tráchtála, cíosa tithíochta agus táillí páirceála (thart ar 25%).⁴ Tá éagsúlacht sa ranníocaíocht do chaiteachas reatha ó na foinsí ioncaim difriúla ag brath ar cén t-údarás atá i gceist.
- 5.4** Mar a thaispeántar i Fíor 5.1, tá an caiteachas caipitiúil atá á dhéanamh ag údaráis áitiúla ag titim bliain ar bhliain ó shroich sé an buaic-leibhéal de €6.8 billiún in 2007. Bhí an caiteachas caipitiúil in 2012 thart ar 17% níos ísle ná an bhliain roimhe sin. Bhí laghdú 7% le feiceáil i gcaiteachas reatha na n-údarás áitiúil le hais leibhéal 2011.
- 5.5** Is é cuspóir na tuarascála seo forbhreathnú a thabhairt de na treoachtaí i gcistí a bhí ag sreabhadh agus ag dul trí fhoinsí an rialtais láir chuig údaráis áitiúla, agus de na críocha dá raibh na cistí sin á soláthar.

1 Áirítear caiteachas an 29 gcomhairle contae, cúig chomhairle cathrach, cúig chomhairle buirge agus 75 chomhairle baile.

2 Ní raibh comhthiomsú thorthaí caiteachais na n-údarás áitiúil maidir le 2013 curtha i gcrích ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag tráth na tuarascála seo.

3 Baineann 2% eile le hasbhaintí a bhain le pinsin ó thuarastail foirne arna choinneáil ag na húdaráis áitiúla, agus tagann sé in ionad suim choibhéiseach de mhaoiniú deontais.

4 Eascraíonn an maoiniú eile (6%) ó ranníocaíochtaí agus ó mhuirir idir údaráis áitiúla.

Aistrithe ón Rialtas Láir


- 5.6** Aistríodh thart ar €2.4 billiún de mhaoiniú ar an iomlán ó fhoinsí an rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2013, rud a léiríonn laghdú thart ar 17% ar 2012.¹ Bhain thart ar 54% de mhaoiniú an rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2013 le maoiniú an Státhchiste (féach Fíor 5.2). Íocadh roinnt de mhaoiniú an Státhchiste díreach le húdaráis áitiúla ó chistí vótáilte, agus cuireadh an chuid eile trí ghníomhaireachtaí ranna. Soláthraíodh an maoiniú nár bhain leis an Státhchiste (46% den iomlán) tríd an gCiste Rialtais Áitiúil agus tríd an gCiste Comhshaoil.
- 5.7** Úsáidtear na hacmhainní sa Chiste Rialtais Áitiúil go príomha chun maoiniú a thabhairt d'údaráis áitiúla dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá agus chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil. Roimhe seo, maoiníodh an Ciste Rialtais Áitiúil go príomha le fáiltais na mótarchánach. Íocadh ranníocaíocht Státhchiste bliantúil freisin isteach sa Chiste ón Vóta le haghaidh Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Vóta 25). Cuireadh deireadh le ranníocaíocht an Státhchiste in 2012 agus tháinig fáiltais an mhuirir teaghlaigh ina ionad rud a bhí le híoc ag úinéirí maoin cónaitheach ó Eanáir 2012.² In 2013, íocadh os cionn €23 milliún (2012 – €114 milliún) a bailíodh i riaráistí den mhuirear teaghlaigh isteach sa Chiste.
- 5.8** Cuireadh an muirear teaghlaigh ar bun mar bheart eatarabhach go dtí go dtabharfaí an cháin mhaoine isteach. Bhí an cháin mhaoine áitiúil nua (LPT) iníoctha ó mhí Iúil 2013 agus tá sé á riar ag na Coimisinéirí Ioncaim.³ Íocadh fáiltais de €318 milliún maidir leis an LPT in 2013 isteach i Lárchiste an Státhchiste. Ó 2014, íocfaidh an tAire Airgeadais suim isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil a bheidh ar choibhéis le fáiltais LPT a íoctar isteach sa Lárchiste gach bliain.
- 5.9** Úsáidtear an Ciste Comhshaoil go príomha chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus le cláir chomhshaoil, a n-eagraítear cuid mhaith díobh ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach faoi shainchúram na n-údarás áitiúil. Déantar fáiltais ón tobhach ar mhálaí plaisteacha, a íocann tomhaltóirí agus a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim, isteach sa Chiste. Íoctar fáiltais ón tobhach líonta talún isteach sa Chiste freisin. Úsáidtear eisíocaíochtaí ón gCiste chun tacú le tograí bunaithe ar an gcumas atá acu an comhshaoil a chosaint nó a fheabhsú.

1 Áirítear aistrithe aitheanta níos mó ná €1 mhilliún. D'fhéadfadh sé go raibh roinnt aistrithe eile níos lú ann nár cuireadh san áireamh.

2 An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Bhain an muirear teaghlaigh leis an mbliain 2012 amháin. Bhí an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil freagrach as an muirear a bhailiú thar ceann na n-údarás áitiúil.

3 An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012. Bhí feidhm le muirear leathbhliana in 2013, agus éifeacht iomlán leis an gcáin in 2014. Déantar aon riaráistí (lena n-áirítear pionóis as íocaíocht dhéanach) maidir leis an muirear teaghlaigh le haghaidh maoin aonair a áireamh mar chuid den dlíteanas as an gcáin mhaoine. Féach Caibidil 15 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an gCáin Mhaoine Áitiúil.

Fíor 5.2 Foinsí mhaoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla, 2013




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cur i bhfeidhm an Mhaoinithe

- 5.10** Ní mór formhór an mhaoinithe a fhaightear ón rialtas láir agus a thugtar d'údaráis áitiúla a úsáid le haghaidh seirbhísí sonracha de chuid na n-údarás áitiúil. Is féidir iad sin a ghrúpáil i sé chatagóir cláir leathana. Cuirtear miondealú i láthair i Fíor 5.3 de na haistrithe chuig údaráis áitiúla ó 2007 go dtí 2013 ag taispeáint na gclár a fuair tacaíocht (tá miondealú sonraithe in Iarscríbhinn A).
- 5.11** In 2013, is i dtrí chatagóir a cuireadh thart ar 80% den soláthar iomlán ón rialtas láir d'údaráis áitiúla. Ba thionscnaimh iompair (29%), deontais ilchuspóireacha (27%) agus cláir athghiniúna tithíochta agus uirbí (24%) díobh.

Fíor 5.3 Aistrithe ón Rialtas Láir chuig údaráis áitiúla, de réir cláir caiteachais, 2007 – 2013




Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Infheistíocht i gCúrsaí Iompair

- 5.12** Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta freagrach as bóithre náisiúnta a fheabhsú agus a chothabháil, agus é ag feidhmiú faoi shainchúram na Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Úsáideann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta údaráis áitiúla mar ghníomhairí chun na tograí a sheachadadh, agus seolann sé caiteachas tríothu.
- 5.13** Faigheann an Roinn leithdháileadh ón gCiste Rialtais Áitiúil chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil. Tugann sé maoiniú don Údarás um Bóithre Náisiúnta agus tugann sé sin maoiniú ansin do na húdaráis áitiúla faoi leith.
- 5.14** Maoiníonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair, a fheidhmíonn freisin faoi shainchúram na Roinne, údaráis áitiúla chun feabhas a chur ar an gcóras iompair phoiblí. I measc na gcuspóirí maoinithe tá inrochtaineacht fheabhsaithe do dhaoine scothaosta, sreafaí tráchta níos fearr, tuilleadh bealaí do rothaithe agus do choisithe agus rochtain níos fearr do bhusanna agus do tacsaithe.

- 5.15** Taispeántar i Fíor 5.4 an treocht sa leibhéal maoinithe ó fhoinsí an rialtais láir a tugadh d'údaráis áitiúla maidir leis na príomhréimsí iompair sa tréimhse 2007 go dtí 2013.

Fíor 5.4 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh bonneagar iompair, 2007 – 2013




Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Athghiniúint Tithíochta agus Uirbeach

- 5.16** Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil formhór den mhaoiniú le haghaidh athghiniúint tithíochta agus uirbí díreach do na húdaráis áitiúla. Úsáideann údaráis áitiúla an maoiniú chun tithíocht a sholáthar, le haghaidh obair athghiniúna agus leasúcháin, cóiríocht don lucht siúil, tithíocht dheonach agus comharthithíocht, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, deontais um athchóiriú tithe, agus cóiríocht do dhaoine gan dídean.
- 5.17** Taispeántar i Fíor 5.5 an treocht sa leibhéal maoinithe ó fhoinsí an rialtais láir a tugadh d'údaráis áitiúla maidir le hathghiniúint tithíochta agus uirbeach sa tréimhse 2007 go dtí 2013.

Fíor 5.5 Maoiniú d'údaráis áitiúla le hinfeistiú in athghiniúint tithíochta agus uirbeach, 2007 – 2013




Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Tionscnaimh Chomhshaoil

- 5.18** Diríodh beagnach 90% den mhaoiniú láir a tugadh d'údaráis áitiúla mar thacaíocht do sheirbhísí comhshaoil in 2013 i dtreo infheistíochta i seirbhísí uisce, agus bhí sé á mhaoiniú go príomha ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tagann an maoiniú eile le haghaidh tionscnamh comhshaoil ó Oifig na nOibreacha Poiblí (oibreacha faoiseamh ó thuille), ón gCiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil.
- 5.19** Taispeántar i Fíor 5.6 an treocht sa leibhéal maoinithe ó fhoinsí an rialtais láir a tugadh d'údaráis áitiúla maidir le tionscnaimh chomhshaoil sa tréimhse 2007 go dtí 2013.

Fíor 5.6 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh tionscnamh comhshaoil, 2007 – 2013




Foinse: Féach larscríbhinn A

Seirbhísí Oideachais agus Fostaíochta

- 5.20** Roimh 2012, ba é an coiste gairmoideachais (VEC) nó an t-údarás áitiúil cuí a bhronn deontais ardoideachais. D'aisíoc an Roinn Oideachais agus Scileanna costas na ndéontas arna mbronnadh ag údaráis áitiúla. Le héifeacht ón mbliain acadúil 2012/2013, ní mór do gach mac léinn nua iarratais ar thacaíocht faoin scéim um dheontais do mhic léinn a chur isteach chuig údarás dámhachtana deontais náisiúnta, ar a dtugtar Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn. Mar gheall air sin, tá an méid maoinithe atá á sholáthar d'údaráis áitiúla chun deontais ardoideachais a íoc amach tite go mór (féach Fíor 5.7 thall). De réir a chéile, tiocfaidh deireadh go hiomlán leis an modh maoinithe seo d'údaráis áitiúla.
- 5.21** D'aisíoc an Roinn freisin údaráis áitiúla maidir le sochair aoisliúntais agus costais aisce le haghaidh foireann teagaisc ar scor agus foireann neamh-theagaisc na gCoistí Gairmoideachais agus institiúidí teicneolaíochta, ar baill iad de Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí Gairmoideachais nó de Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais faoi seach. Ó dheireadh 2012, aistríodh an fhreagracht as na hÍocaíochtaí aoisliúntais agus aisce seo ó údaráis áitiúla chuig Rannóg Pinsean Oifig an Phámháistir Ghinearálta sa Roinn Airgeadais.
- 5.22** Baineann na figiúirí atá curtha i láthair maidir le seirbhísí fostaíochta le haisíoc caiteachas tabhaithe a d'íoc an Roinn Coimirce Sóisialaí le húdaráis áitiúla chun tograí fostaíochta pobail agus tionscnaimh post a reáchtáil.

Fíor 5.7 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí oideachais agus fostaíochta, 2007 – 2013




Foinse: Féach larscríbhinn A

Seirbhísí Caitheamh Aimsire agus Seirbhísí Áitiúla Eile

- 5.23** Cuimsítear leis sin maoiniú an rialtais láir do sheirbhísí údaráis áitiúil cosúil le tógáil agus cothabháil linnte snámha, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí leabharlainne agus cartlainne, chomh maith le tograí fóntas poiblí agus cultúrtha eile.
- 5.24** Taispeántar i Fíor 5.8 an treocht sa leibhéal maoinithe ó fhoinsí an rialtais láir a tugadh d'údaráis áitiúla maidir le seirbhísí caitheamh aimsire agus seirbhísí áitiúla eile sa tréimhse 2007 go dtí 2013.

Fíor 5.8 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí caitheamh aimsire agus seirbhísí áitiúla eile, 2007 – 2013




Foinse: Féach larscríbhinn A

Deontais Ilchuspóireacha

- 5.25** Tríd an gCiste Rialtais Áitiúil, tugann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú d'údaráis áitiúla chun cuidiú leo an bhearna a dhúnadh idir a gcuid foinsí ioncaim eile agus costas na seirbhísí a sholáthraíonn siad, lena n-áirítear costais riaracháin na n-údarás áitiúil féin.
- 5.26** Taispeántar i Fíor 5.9 an treocht sa leibhéal maoinithe ó fhoinsí an rialtais láir a tugadh d'údaráis áitiúla maidir le deontais ilchuspóireacha sa tréimhse 2007 go dtí 2013.

Fíor 5.9 Iomlán na ndeontas ilchuspóireach d'údaráis áitiúla, 2007 – 2013



Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Conclúidí

- 5.27** Tá an cás maidir leis an maoiniú a fhaigheann údaráis áitiúla ón rialtas láir sách casta, agus aistrithe á ndéanamh ó raon leathan ranna agus oifigí le haghaidh críocha éagsúla. Déantar sruthanna maoinithe áirithe a sheachadadh díreach ó ranna maoinithe d'údaráis áitiúla, agus faightear cinn eile trí ghníomhaireachtaí roinne.
- 5.28** Aistríodh thart ar €2.4 billiún de mhaoiniú ar an iomlán ó fhoinsí an rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2013. D'fhéadfaí é sin a chur i gcomparáid le haistrithe chuig údaráis áitiúla arbh ionann iad agus €5.8 billiún ar an iomlán in 2008. I roinnt cásanna, tharla an titim in aistrithe mar gheall ar fhreagrachtaí a bhaint de údaráis áitiúla.

Iarscríbhinn A Aistrithe ón Rialtas Láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2007 – 2013

Catagóir Caiteachais	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m	2011 €m	2012 €m	2013 €m
Infheistíocht i gcúrsaí iompair							
Feabhsúchán bóithre náisiúnta	1,476	1,374	1,218	893	516	503	232
Feabhsúchán bóithre réigiúnacha agus áitiúla	622	616	455	412	451	376	399
Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitiúla)	48	70	63	56	83	62	57
	2,146	2,060	1,736	1,361	1,050	941	688
Athghiniúint Tithíochta agus Uirbeach							
Soláthar do thithíocht shóisialta	1,382	1,571	1,297	961	655	598	529
Tithíocht Inacmhainne, srl.	64	89	94	84	68	58	43
Tacaíochtaí tithíochta eile	6	7	4	6	4	3	1
Athghiniúint uirbeach	20	5	1	—	—	—	—
	1,472	1,672	1,396	1,051	727	659	573
Tionscnaimh chomhshaoil							
Seirbhísí uisce agus sláintíochta	529	544	558	535	462	343	293
Oibreacha faoiseamh ó thuille	14	3	5	17	8	22	10
Bainistiú Dramhaíola	28	27	8	11	11	5	9
Athchúrsáil	12	22	14	14	12	4	8
Bearta comhshaoil eile	11	15	29	16	18	11	11
	594	611	614	593	511	385	331
Seirbhísí oideachais agus fostaíochta							
Deontais ardoideachas	126	137	160	172	184	146	70
Aoisliúntas agus costais aisce	146	164	219	217	171	15	-
Scéimeanna fostaíochta	12	11	10	9	9	8	8
	284	312	389	398	364	169	78
Seirbhísí caitheamh aimsire agus seirbhísí áitiúla eile							
Linnte snámha	28	20	11	3	10	8	5
Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála	24	24	20	19	12	6	5
Seirbhís leabharlainne	17	15	9	6	7	6	4
Deontais spóirt, clóis súgartha agus tograí cultúrtha	8	5	11	21	9	6	3
Seirbhísí oidhreacht (oidhreacht thalmhaíochta)	7	8	6	5	1	1	1
Seirbhísí míchumais	15	15	12	7	—	—	—
Seirbhísí caipitiúla ilghnéitheacha	24	40	14	18	11	16	11
Seirbhísí ilghnéitheacha	24	32	15	15	16	19	16
	147	159	98	94	66	62	45
Deontais ilchuspóireacha	948	999	833	763	700	638	642
Maoiniú iomlán a thugtar d'údaráis áitiúla	5,591	5,813	5,066	4,260	3,418	2,854	2,357

Foinse: Ráitis airgeadais (2013 neamhniúchta) Oifig na nOibreacha Poiblí; An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; An Roinn Oideachais agus Scileanna; An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; An Roinn Sláinte; An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; An Roinn Coimirce Sóisialaí; An Roinn Cosanta; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; An Ciste Rialtais Áitiúil agus an Ciste Comhshaoil.

6 The Land Aggregation Scheme

- 6.1** As part of its remit, the Department of the Environment, Community and Local Government (the Department) supported the acquisition of land banks for social and affordable housing by local authorities. Local authorities were required to consider the availability of land for housing in their areas as part of the development of multi-annual action plans. The Department receives annual updates from local authorities on the quantity of land held and the anticipated demand for such land expected to arise in the short to medium term for housing purposes.
- 6.2** The land acquired to create the land banks was purchased with loans from the Housing Finance Agency (HFA).¹ Department sanction was required in order to authorise the borrowing. The sanction was conditional on certain terms and conditions intended to facilitate implementation of the various social and affordable housing programmes. Loans were normally seven year interest-accruing loans with provision to extend the interest accruing period beyond seven years where approval had been given by the Department.²
- 6.3** Loans, including the rolled up interest, could be redeemed when the land was later used for a social housing project for which Exchequer funding was normally provided under the Social Housing Investment Programme (SHIP), subject to the Department being satisfied with the project brief and having regard to the availability of funding under that programme.
- 6.4** The housing sector changed significantly in 2007 to 2008, with subsequent rapid falls in the housing market and a collapse in land values.
- 6.5** The Department recognised that individual authorities could find it difficult to meet the costs of repaying loans as they fell due, especially where there were no plans to develop the land for social housing and the land had a significantly lower resale value.
- 6.6** In response to the difficulties being experienced by local authorities, the Land Aggregation Scheme was established in 2010. The purpose of the scheme was to alleviate the financial burden on local authorities of redeeming loans from the HFA where anticipated development had not proceeded and where loans had fallen due for payment.
- 6.7** Under the scheme, local authorities could transfer residential development land on which there were outstanding HFA loans to a special purpose body called the Housing and Sustainable Communities Agency (the Housing Agency).³ Land was transferred for a nominal fee of €1.
- 6.8** Only land which had reasonable residential development potential and which there were no plans to develop in the short to medium term could be transferred. The Department approved or rejected the inclusion of sites in the scheme following its consideration of an assessment carried out by the Housing Agency.

¹ The HFA was established to provide housing finance to local authorities.

² In a limited number of instances, a twenty year interest accumulating loan or an annuitised loan for greater than twenty years was provided.


³ A company called the Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd) was established for the purpose of managing lands transferred under the scheme. This body was placed on a statutory footing in 2012 and called the Housing and Sustainable Communities Agency. Arrangements are now in place for the transfer, in due course, of all lands to the Agency, including those already transferred to HSC Ltd.

- 6.9** Under the original scheme arrangements, the Department made funds available to the relevant local authority to redeem the maturing loan in full. Recoupment of a loan payment by a local authority could occur prior to the transfer of lands to the Housing Agency.
- 6.10** Under revised arrangements for the scheme introduced in June 2012, the maturing loan was converted to an annuity loan provided by the HFA. Local authorities make annuity payments to the HFA and, on condition that the related lands have transferred to the Housing Agency, may recoup the payments from the Department.
- 6.11** The scheme closed on 11 December 2013. No submissions were accepted after that date. Applications made but not approved by that date were not accepted into the scheme.
- 6.12** There are four principal stakeholders/groups in the Land Aggregation Scheme.¹
- The Department is responsible for overseeing the scheme.
 - The Housing Agency is responsible for assessing the land as suitable for inclusion in the scheme, and managing, developing and utilising the land transferred under the scheme.
 - The HFA is responsible for the arrangement of annuity loans.
 - Local authorities are responsible for the conveyancing process in the transfer of land.

Background to Scheme Development

- 6.13** In 2010, following the development of the Housing Action Plan, the Department sought to quantify with the local authorities how much land had been purchased with a view to development for residential purposes but which there was little prospect of developing in the next ten years. In order to establish the extent of the land bank, housing authorities were requested to conduct audits of such lands.
- 6.14** The land audits required local authorities to identify lands in respect of which there were outstanding HFA loans and that were considered suitable for the Land Aggregation Scheme. However, while the circular stated the funding under the scheme “would only be considered upon receipt of a completed land audit”, this did not preclude the local authority from submitting lands for inclusion in the scheme that were not listed in the initial audit. Three sites that were not included in the land audits were subsequently accepted under the scheme.
- 6.15** The land audits indicated that 259 sites covering 775 hectares with a loan value (capital and interest in 2010) of €500 million was held by local authorities and might be suitable for inclusion in the scheme. The area and purchase cost of land identified in that audit is shown in Figure 6.1. Land purchased in 2002 or prior years accounted for two-thirds of the land area identified and 42% of the value of the land. The greatest expenditure on land acquisition was in 2007.

¹ Annex A describes the responsibilities of stakeholders in more detail.


Figure 6.1 Area and cost of land included in land audits, by year of site purchase

Source: Department of the Environment, Community and Local Government

Operation of the Land Aggregation Scheme

Sites Approved under Initial Scheme Arrangements


- 6.16** In the period to June 2012, the Department approved the inclusion of 47 sites in the scheme, with an aggregated area of 173 hectares. The area of the approved sites, by year of land purchase, is shown in Figure 6.2.

Figure 6.2 Area and cost of sites approved under initial scheme arrangement (to June 2012), by year of land purchase

Source: Department of the Environment, Community and Local Government

- 6.17** The original cost of land per hectare showed considerable variation (see Figure 6.3). For most of the sites, the original purchase cost varied from €38,000 to around €750,000 per hectare. Three sites were originally acquired at costs between €1 million and €1.6 million per hectare. One site was purchased in 2001 by Dun Laoghaire-Rathdown County Council at a cost of €2.8 million per hectare.

Figure 6.3 Original purchase cost per hectare of sites approved under initial scheme arrangements,^a 1999 – 2009



Source: Department of the Environment, Community and Local Government

Note: a This figure excludes one site purchased in 2001 for €2.8 million per hectare.


- 6.18** The Department paid €111 million to redeem the 47 loans. The original purchase cost of the land transferred is estimated at around €86.6 million.¹ On that basis, the accrued interest element on the redeemed loans was around €24.5 million. Annex B shows the cost and other details on these sites.

Revision of Scheme Arrangements

- 6.19** In June 2012, revised arrangements were introduced, whereby the loan from the HFA to the local authority was converted to a mortgage of up to 25 years. Capital and interest payments are made by the local authority to the HFA and these payments may be recouped by the local authority from the Department, provided that lands have transferred to the Housing Agency.
- 6.20** Under the revised arrangements, a further 25 sites were approved for inclusion in the scheme, prior to the scheme closing.² The area and cost of sites approved under the revised arrangements, by year of land purchase, is shown in Figure 6.4.

¹ This estimate assumes that, where only part of a site was transferred under the scheme, the land acquisition had a similar value, on average, as the overall site.

² A loan on a further site with an outstanding liability of €50,000 was redeemed in full under the second round of approvals.

Figure 6.4 Area and cost of sites approved under revised scheme arrangements, by year of land purchase

Source: Department of the Environment, Community and Local Government

- 6.21** The original purchase cost of the sites approved under revised arrangements varied from €58,000 to €1.63 million per hectare. The total purchase cost of individual sites ranged from €100,000 to €6.1 million. Annex C discloses the cost and other details of these sites.
- 6.22** Annuitised loans in relation to the 25 sites, with a value of €52.15 million at June 2014, including €12.03 million in accrued interest, were included in the scheme under the revised arrangements.
- 6.23** The annuitised loans give rise to an annual commitment by the Department, if all approved sites are transferred, of €2.68 million per year.¹

Value of Sites Transferred to the Scheme

- 6.24** Land was not valued prior to (or after) transfer to the Housing Agency. The Department explained that as the focus of the scheme was debt alleviation and the management of land already acquired, land valuation prior to or after transfer to the Housing Agency was not considered necessary.
- 6.25** Three sites in the scheme were recently valued and show a reduction of around 80% from the purchase cost per hectare paid 12 years ago. When accrued interest is considered, this suggested that the land transferred in these cases may be worth around 15% of the value of the loans redeemed under the scheme. The Department stated that these valuations should be seen as being a snapshot in time, which did not result in any sale or an actual loss. It also pointed out that these valuations were for land situated outside of major urban areas, in predominantly rural local authorities.

¹ The commitment calculation is based on interest rates remaining constant at 2%. The rates charged by the HFA have fluctuated between 1.3% and 4.6% in the period since 2008.

Partial Transfer of Sites

- 6.26** The Department has stated that there was no formal procedure in place to adjust the proportion of the loan accepted into the scheme where the entire original site purchased was not transferred. The entire site did not transfer in 30 of the 47 sites included under the original scheme arrangements and in 7 of the 25 sites included under revised site arrangements.
- 6.27** Less land than originally purchased would transfer to the scheme where part of the site had already been developed for housing or was sold, the local authority wished to retain part of the site for strategic reasons or part of the site was a special area of conservation or zoned for recreation.
- 6.28** The general practice was that up to 100% of the outstanding loan could transfer to the scheme where more than 75% of the area related to that loan was transferred to the scheme. The Department noted that each case was considered on an individual basis. The assessment did not consider whether the area retained by the local authority was of greater or lesser value per hectare than the area accepted into the scheme.

Status of Applications for Inclusion in the Scheme

- 6.29** Under the original scheme arrangements, land did not need to have been transferred to the Housing Agency in advance of loan redemption by the Department. Under the revised scheme arrangements, the Department does not fund the annuity loan payments until the lands have transferred. In the case of around 28% of sites included in the scheme under the original arrangements, and more than 70% of sites approved for inclusion in the scheme under the revised arrangements, transfers to the Housing Agency remained to be completed at end-June 2014. The status of land transfers is set out in Figure 6.5 below.

Figure 6.5 Summary of land transfer status, June 2014

	Initial arrangements	Revised arrangements	Total
Transferred	34	7	41
Contracts exchanged with outstanding queries	6	2	8
Contracts received and under review	3	4	7
Transfer work in progress	4	13	17
All accepted sites	47	26	73

Source: Department of the Environment, Community and Local Government

- 6.30** The Department identified reasons for the delayed transfer of land to the Housing Agency as including
- co-operation received from the local authorities following the redemption of the loans (under the initial arrangements) that ranges from very efficient to minimal involvement
 - boundary issues and the requirement to ensure that lands submitted for legal transfer are represented correctly in the transfer documentation
 - requirement to ensure lands are registered to the local authority with the Property Registration Authority
 - land use – land occupied without formal agreement with the local authority or illegally occupied.
- 6.31** The Department stated that the delay in transferring land to the Housing Agency has been addressed under the revised scheme whereby only payments made after the land transfer has been completed are eligible for recoupment by a local authority.

Rejected Applications

- 6.32** The Department stated that a key consideration in determining whether an application was suitable for inclusion in the scheme was whether the land has reasonable residential development potential and whether there were any plans to develop the lands for housing purposes in the short to medium term. If land was not suitable for the scheme, the local authority could not recoup from the Department repayments which they had made to the HFA.
- 6.33** 25 sites with associated loans to the value of €37 million were submitted for inclusion in the scheme but were subsequently rejected by the Department. While the Department has not conducted analysis of the reasons why land was rejected, issues identified on sites submitted for inclusion on the scheme include
- the site not being zoned for residential development
 - the site being land locked
 - the site having an illegal halting site or building on the land
 - the site submitted being a small part of the original site purchased, with limited development potential.

Development of Land after Transfer to the Housing Agency

- 6.34** Following transfer of the land, the Housing Agency is required to prepare a report and implement a strategy for the management, utilisation and ultimate development of the land in question, including valuation in the event of land disposal. The Housing Agency will seek input from the relevant local authority and other interested bodies in respect of the land in question when preparing this report.

6.35 The Department outlined the progress with regard to the disposal or development of sites.

- In one case, a small portion of a site has been disposed of for the development of a community playground.
- The Housing Agency, in conjunction with the Department, is currently considering the development potential of five sites, including two to be used for accommodation for the elderly and for persons with special needs.
- Discussions are ongoing with the Department of Education and Skills in relation to two sites, and with the Housing Agency in relation to the potential of another site.


The Department stated that it and the Housing Agency are working in consultation with the local authority sector, through the County and City Management Association, on the development of a land management strategy for lands transferred under the scheme. This is being considered in the context of the new social housing strategy, which the Department has been mandated to prepare by the Government.

Outstanding Loans for Land Acquisition

6.36 The total value of land acquisition loans drawn down from the HFA in the period from 1999 to date is €821 million (see Annex D). A total of €507 million of these loans were outstanding as at 31 December 2013. Annex D discloses outstanding HFA balances in respect of land acquisitions at 31 December 2013. The change primarily reflects the net result of interest accrued, redemption of loans following normal development of land and land aggregation scheme impacts.

6.37 The profile of the maturity of the outstanding loans is shown in Figure 6.6 below. Only three land acquisitions have been approved since 2009. Original interest-accruing loans to the value of €281 million were outstanding, with €226 million owed under annuitised loans. The latter includes loans annuitised under the revised Land Aggregation Scheme arrangements to a value of €52.1 million.

Figure 6.6 Maturity profile of outstanding local authority loans for land acquisition



Source: Department of the Environment, Community and Local Government

Views of the Accounting Officer

- 6.38** The Accounting Officer stated that as part of their remit as housing authorities, local authorities with the support of the Department have built up land banks, primarily to underpin their housing programmes and to ensure that, in a cyclical property market, authorities had available a supply of land to meet housing needs into the future. These land banks were built up over time but were particularly supplemented over the period from 2000 onwards through purchases supported by loan funding supplied by the HFA, and through Part V negotiations.¹
- 6.39** The Accounting Officer stated that one of the responsibilities of the Housing Agency is to act as a central body for the management of the land and it is tasked with ensuring the optimal use of the land bank, including liaising with all relevant bodies on potential future use. The land bank continues to be available for social housing purposes, which is of central relevance in the context of an expected expansion of the Government's social housing programme.
- 6.40** The Land Aggregation Scheme was brought forward as part of a wider response across Government to deal with legacies arising from the dramatic economic downturn in 2007/2008. Its primary purpose was to assist in the unwinding of loans taken out by housing authorities (with the approval of the Department) from the HFA to purchase land for the social and affordable housing investment programmes, and to provide a framework for the future management of such lands. Taking account of the fact that full Exchequer recoupment of land costs in respect of social housing projects was historically the norm, and local authorities would have purchased lands in expectation of Exchequer support for the development of social housing (including in respect of the purchase price of the land), the introduction of the scheme was a reasonable approach for the State to adopt against the background of the significant scaling back in the local authority housing capital programme and the consequential negative implications for the legitimate expectations of local authorities to recover the land costs and repay the associated loans.
- 6.41** In relation to situations where the entire site did not transfer to the scheme whereas the loan did, he stated that a practical view was taken, given the scheme's part aim of reducing local authority debt levels. Where a submission was made by a local authority that included an outstanding loan associated with land acceptable under the scheme, but was also associated with other assets remaining with the local authority then such an application could be accepted into the scheme. Equally, partial loan redemptions were also utilised as an option, where appropriate. He stated that all cases were dealt with on their individual merits, bearing in mind the principle of alleviating the wider financial burden of local authorities, while fully adhering to the terms of the scheme.

¹ Under Part V of the Planning and Development Acts 2000 – 2007, developers are required to set aside a portion of a site for social and affordable housing.

- 6.42** He stated that only land submitted by local authorities to the scheme could be accepted into the scheme. In relation to the 30 of 47 sites referred to where the original site did not transfer in its entirety to the Housing Agency, he said that it is important to note that the entire original site was not submitted in any of these 30 cases. In the remaining 17 cases, the entire original purchased site was submitted and accepted in 16 cases and in one case the entire site was not accepted. He stated that in cases where 100% of the remainder of a land loan was taken into the scheme and less than 100% of the original lands associated with that loan transferred to the Housing Agency, this does not automatically mean that the scheme was used for the entirety of the original loan. For example, where portions of land had already been developed for housing, the portion of the land cost associated with that earlier development would have been recouped previously, reducing the initial loan accordingly. If portions of land were serviced for wider development reasons, while that portion of land may not have been included in the scheme nor would the loan have been reduced in the carrying out of that servicing, the servicing would have increased the value and utility of surrounding lands and made housing more likely in the medium to long term.
- 6.43** He also stated that his Department and the HFA had made significant efforts to address delays in transferring sites and that the rate of transfers is increasing. In that regard, two further sites transferred in July 2014 and work on further transfers will continue to be prioritised.

Conclusions

- 6.44** The Land Aggregation Scheme was established to support local authorities by alleviating the financial burden in servicing loans taken out from the Housing Finance Agency where land acquired for social and affordable housing had not yet been developed.
- 6.45** Loans provided for these sites by the HFA were intended exclusively for the purpose of supporting social and affordable housing development. Many of the unused sites were in ownership from 2002 or earlier. However, the examination of loans approved under the scheme found that
- 25 sites which had been acquired by local authorities for residential development (with an aggregate purchase price of €37 million) were rejected as unsuitable for the Land Aggregation Scheme, in effect because they were, or had become, unsuitable for residential development
 - in the case of 37 sites accepted for transfer under the scheme, the entire original site did not transfer. This was due to the remainder of the site being considered a special area of conservation or zoned for recreation, the local authority wishing to retain that part of the site, or development had already taken place on part of the site.
- 6.46** There are very significant delays in effecting the transfers of many sites to the Housing Agency. This includes some sites where the Department has already paid out under the scheme for redemption of the loans.
- 6.47** Sites were not revalued prior to approval for transfer to the scheme. Three valuations were subsequently obtained by the Department which showed a reduction of around 80% from the original purchase prices paid 12 years previously, before taking financing costs into account.

- 6.48** Interest accrued on the loans accepted into the scheme was included in payments made by the Department. This is estimated at around €24.5 million (28% of the original purchase cost) for the 47 loans transferred under the original scheme.
- 6.49** Accrued interest was also capitalised in the setting up of the replacement annuitised loans. Under the revised scheme arrangements, the annuitised loans will give rise to recording of a commitment in the appropriation account for Vote 25 Environment, Community and Local Government. Annuity payments will continue until 2038.
- 6.50** A commitment under the Vote is not created for a loan accepted into the scheme until the land transfer has been completed. Once all accepted land is transferred to the ownership of the Housing Agency, the local authorities will be eligible to claim recoupment in full, and a commitment (based on current rates of interest), of the order of €2.68 million a year will be noted in the appropriation account.

Annex A Stakeholders in the Land Aggregation Scheme

The Department

- The Department is responsible for overseeing the scheme from a housing policy perspective, as well as processing payments and managing other financial aspects of the scheme. The Department consults with the Housing Agency and local authorities on the progress made on transfer of lands and the potential development of the lands.
- The Department is working in consultation with the Housing Agency which is developing a land management strategy for lands transferred to them under the scheme, in the context of the new social housing policy, a Departmental commitment under the recently approved Construction Strategy, to be published in autumn 2014.
- The Department also has a role in the monitoring and management of the overall debt burden of local authorities and management of the financial repercussions for local authorities following the discontinuance of the scheme.

The Housing Agency

- The Housing Agency provides services in managing, developing and utilising land transferred from local authorities and the National Building Agency under the Land Aggregation Scheme. Services provided by the Housing Agency include
 - initial appraisal of land to determine if it meets general scheme criteria and a due diligence assessment prior to transfer of land
 - management of transferred land
 - developing a strategy for the utilisation of land.
- There is a service level agreement between the Department and the Housing Agency in respect of the services provided.

The Housing Finance Agency

- The Housing Finance Agency (HFA) obtains long term competitive funding from the wholesale capital and money markets and lends at cost to local authorities. The HFA borrows money under a Government guarantee, which enables it to obtain favourable terms in the market.
- Under the scheme revised arrangements, the HFA obtains payment from the local authority directly. The HFA has made arrangements directly with local authorities who have not been able to avail of the scheme to extend interest-only land acquisition loans, on maturity for a further five years, at which point they revert to normal course annuities.

Local Authorities

- Where land is approved for inclusion in the Land Aggregation Scheme, local authorities are required to carry out works identified in the due diligence exercise before the land can be transferred. Local authorities are responsible for the conveyancing process in the transfer of any land. Arrangements are sometimes agreed between the Housing Agency and local authorities on maintaining and securing the transferred land.

Annex B Approved Site Transfers under Initial Arrangements

Local Authority	Purchased				Transferred		
	Year of purchase	Hectares	Purchase cost	Cost per hectare	Hectares	Value of loan recouped	Cost per hectare
			€000	€000		€000	€000
Carlow County Council	2001	3.20	635	198	1.89	500	265
Carlow County Council	2001	4.04	559	138	3.23	612	189
Clare County Council	2007-2008	4.40	1,901	432	4.41	2,190	497
Cork County Council	2000	0.82	393	479	0.50	349	698
Cork County Council	2000	2.03	203	100	1.31	242	185
Cork County Council	2000	3.28	2,412	735	2.02	1,474	730
Cork County Council	2001	3.46	1,238	358	2.26	1,127	499
Cork County Council	2001	15.26	2,413	158	13.48	2,789	207
Cork County Council	2002	1.65	89	54	1.65	115	70
Cork County Council	2002	2.76	349	126	1.34	152	113
Mallow Town Council	2007	5.26	2,984	567	5.26	3,877	737
Dun Laoghaire-Rathdown County Council	2001	3.20	8,825	2,758	2.80	10,258	3,664
Fingal County Council	2000	24.21	19,046	787	24.21	26,479	1,094
Galway City Council	2002	5.44	6,250	1,149	2.50	7,006	2,802
Kildare County Council	2000	8.76	3,809	435	7.93	4,751	599
Kildare County Council	2002	8.49	2,793	329	8.49	3,596	424
Kildare County Council	2003	4.04	1,550	384	4.04	1,929	477
Kildare County Council	2003	4.16	653	157	4.16	830	200
Naas Town Council	2001	5.66	8,888	1,570	5.66	11,522	2,036
Laois County Council	1999-2001	1.98	267	135	1.98	343	173
Laois County Council	1999	5.62	508	90	1.50	111	74
Laois County Council	2000	3.10	654	211	3.10	850	274
Laois County Council	2001	1.25	140	112	1.25	178	142
Laois County Council	2003	3.56	762	214	1.72	370	215

Local Authority	Purchased				Transferred		
	Year of purchase	Hectares	Purchase	Cost per	Hectares	Value of	Cost per
			cost	hectare		loan	hectare
			€000	€000		recouped	€000
Limerick County Council	2000	4.17	413	99	3.46	434	125
Limerick County Council	2001	1.71	338	198	0.52	124	238
Limerick County Council	2001	1.67	63	38	1.21	55	45
Limerick County Council	2002	2.34	152	65	1.48	136	92
Limerick County Council	2002	2.37	190	80	2.07	230	111
Meath County Council	2001	4.39	2,100	478	4.39	2,516	573
National Building Agency	2001	2.20	1,227	558	2.20	1,660	755
National Building Agency	2001	3.30	1,947	590	3.30	2,508	760
National Building Agency	2003	1.96	3,000	1,531	1.96	3,328	1,698
Offaly County Council	2002	3.67	381	104	2.87	371	129
Sligo County Council	2001	1.31	210	160	1.31	274	209
Sligo County Council	2001	1.66	152	92	0.22	34	155
Sligo County Council	2003	13.00	11,198	861	11.80	4,828	409
Tralee Town Council	2001	14.33	4,318	301	8.28	5,586	675
Waterford County Council	2000	6.40	857	134	4.30	871	203
Waterford City Council	2002	2.93	1,270	433	2.93	1,620	553
Wexford County Council	2000	2.86	1,260	441	0.95	701	738
Wexford County Council	2000	5.00	1,067	213	4.39	1,253	285
Wexford County Council	2001	2.30	543	236	0.71	283	399
Wexford County Council	2001	3.15	495	157	0.52	111	213
Wexford County Council	2002	10.88	2,793	257	0.73	271	371
Wexford County Council	2002	4.21	635	151	3.40	829	244
Wicklow Town Council	2000	6.03	3,028	502	2.90	1,390	479
Totals		227.47	104,958		172.59	111,063	

Source: Department of the Environment, Community and Local Government

Annex C Approved Site Transfers under Revised Arrangements

Relevant Authority	Purchased				Transferred		
	Year of purchase	Hectares	Purchase cost of land	Purchase cost per hectare	Hectares included in the scheme	Amount transferred to scheme	Cost per hectare of land in scheme
			€000	€000			
Carlow County Council ^a	2002	2.20	735	334	2.20	961	437
Cork County Council	2000	2.46	762	310	2.46	1,067	434
Cork County Council	2000	1.40	444	317	1.40	622	444
Cork County Council	2001	3.63	2,159	595	3.63	3,006	828
Cork County Council	2001	3.98	2,618	658	3.98	3,535	888
Cork County Council	2000	13.35	4,317	323	8.59	3,781	440
Cork County Council	2002	1.30	540	415	1.29	709	550
Cork County Council	2003	1.16	900	776	1.16	1,136	979
Cork County Council	2003	0.13	152	1,169	0.13	254	1,954
Dundalk Town Council	2005	3.09	3,400	1,100	3.09	4,159	1,346
Fingal County Council	2001	7.30	5,523	757	7.30	7,286	998
Fingal County Council	2002	3.34	1,778	532	2.77	1,554	561
Laois County Council	2002	1.49	1,048	703	1.49	1,383	928
Laois County Council	2002	0.92	260	283	0.92	340	370
Laois County Council	2005	1.03	450	437	1.03	554	538
Laois County Council	2005	1.03	1,680	1,631	1.03	2,068	2,008
Laois County Council	2005	0.74	100	135	0.74	123	166
Laois County Council	2005	2.13	1,000	469	2.13	1,244	584
Limerick County Council	2001	2.50	254	102	1.25	99	79
Offaly County Council	2004	1.42	800	563	1.22	622	510
Tullamore Town Council	2005	5.79	3,925	678	4.34	4,837	1,115
Sligo Borough Council	2001	15.18	6,146	405	15.18	8,830	582
Wexford County Council	2001	2.99	174	58	0.76	237	312
Wexford County Council (2 sites)	2001	10.64	3,345	314	5.96	3,744	628
Totals		89.20	42,510		74.05	52,151	

Source: Department of the Environment, Community and Local Government

Note: a A loan on a further site in Carlow (not included) was redeemed in full due to its low value (€50,000).

Annex D Amount borrowed from HFA for residential sites since 1999 and outstanding HFA balances in respect of land acquisition at 31 December 2013^a

Local authority	Amount borrowed since 1999	Outstanding HFA balances 2013
	€000	€000
Carlow County Council	13,282	7,507
Carlow Town Council	2,222	–
Cavan County Council	–	–
Clare County Council	10,900	6,775
Ennis Town Council	3,551	–
Cork City Council	51,619	37,459
Cork County Council	70,160	52,152
Fermoy Town Council	280	338
Skibbereen Town Council	1,200	1,472
Clonakilty Town Council	965	–
Mallow Town Council	3,040	–
Donegal County Council	11,738	2,565
Bundoran Town Council	1,900	2,063
Dublin City Council	76,267	40,096
Dun Laoghaire-Rathdown County Council	42,337	36,458
Fingal County Council	49,287	8,676
South Dublin County Council	–	–
Galway City Council	54,077	31,909
Galway County Council	10,385	2,985
Kerry County Council	29,086	20,693
Tralee Town Council	20,615	14,848
Listowel Town Council	600	699
Kildare County Council	20,482	5,285
Naas Town Council	9,269	–
Kilkenny County Council	–	–
Laois County Council	16,299	8,949
Leitrim County Council ^b	–	1,623
Limerick City Council	10,349	–
Limerick County Council	4,874	1,273
Longford County Council	3,082	2,926
Longford Town Council	1,100	–
Louth County Council	13,931	14,600
Drogheda Borough Council	49,354	40,449

Local authority	Amount borrowed since 1999	Outstanding HFA balances 2013
	€000	€000
Dundalk Town Council	18,786	12,831
Mayo County Council	8,491	6,928
Westport Town Council	3,000	2,717
Meath County Council	28,383	30,344
Monaghan County Council	–	–
North Tipperary County Council	4,248	–
Thurles Town Council	1,651	–
Offaly County Council	9,181	3,225
Tullamore Town Council	5,657	4,762
Roscommon County Council	–	–
Sligo Borough Council	30,673	29,625
Sligo County Council	17,406	9,050
South Tipperary County Council	9,748	8,649
Carrick-on-Suir Town Council	569	405
Clonmel Borough Council	1,800	1,416
Cashel Town Council	203	–
Tipperary Town Council	1,009	–
Waterford City Council	9,790	4,931
Waterford County Council	5,569	1,473
Dungarvan Town Council	5,382	1,042
Westmeath County Council	2,116	1,535
Athlone Town Council	1,300	1,486
Wexford County Council	20,775	9,788
Enniscorthy Town Council	1,366	–
New Ross Town Council	254	–
Wicklow County Council	34,181	25,454
Wicklow Town Council	5,629	2,910
Bray Town Council	8,703	6,640
Total – all local authorities	818,121	507,011
National Building Agency	3,174	–
Total	821,295	507,011

Source: Department of the Environment, Community and Local Government

Notes: a Amounts borrowed from the HFA change as a result of

- accrued interest
- loan issues and redemptions
- refinancing through conversion to annuity loans.

b In 2007, Leitrim County Council raised a loan under the Capital Loan and Subsidy Scheme (CLSS) for a proposed voluntary housing project, which did not progress. Leitrim County Council engaged with the Department and the Housing Finance Agency to review the management of the loan. As a result, in 2013, the loan was transferred at the Council's request, from a CLSS loan to a land acquisition loan.

7 Saincheisteanna a d'eascair ó iniúchadh ar Vóta 25 an Chomhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le Seirbhísí Uisce

Ceangaltais maidir le hUisce Éireann

- 7.1** Bhí caiteachas €241 milliún ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) in 2013 i dtaca le clár infheistíochta na seirbhísí uisce. Faoin gclár, sholáthair an Roinn cistiú d'údaráis seirbhísí uisce chun mórscéimeanna uisce agus fuíolluisce a sholáthar chun príomhchuspóirí comhshaoil agus geilleagracha a bhaint amach.
- 7.2** Áiríodh le cuntas leithreasa 2012 le haghaidh an Chomhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ceangaltais gan íoc ag deireadh 2012 ar luach €340 milliún i ndáil le tionscadail uisce faoin gclár.¹ B'ionann costas iomlán an tionscadail idir 2007 agus 2013 agus €2.9 billiún.
- 7.3** Bunaíodh Uisce Éireann mar fhochuideachta de chuid Eriva (Bord Gáis Éireann roimhe seo) faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, ghlac Uisce Éireann leis an bhfreagracht as seirbhísí uisce ó na húdaráis áitiúla agus ghlac siad seilbh ar na sócmhainní agus na dliteanais a bhaineann le soláthar uisce agus gnó doirte na n-údarás. Bhí éifeacht le haistriú dlíthiúil na ndualgas conarthach chuig Uisce Éireann ó údaráis áitiúla an 21 Feabhra 2014 agus an 25 Aibreil 2014 faoi orduithe a rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.²
- 7.4** Mar chuid den aistriú, ghlac Uisce Éireann leis an bhfreagracht as gach obair chaipitiúil a chistíonn an Roinn faoin gclár. Tá soláthar €6 milliún san áireamh i meastachán 2014 na Roinne maidir le cáilíocht an uisce a thagann faoi chuimsiú shainchúram na Roinne go fóill mar aon le roinnt costais chlár athchóirithe na hearnála uisce.
- 7.5** Ag eascairt ón aistriú feidhmeanna seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann, leagadh an fheagracht ar an gcuideachta sin as na ceangaltais chaipitiúla a bhíodh á gcistiú ag an Roinn faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce agus, ar an ábhar sin, ní bheidh siad le cistiú ó Vóta na Roinne ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh. Tar éis faomhadh Rannóg Cuntasaíochta an Rialtais a fháil sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní áirítear leis na nótaí ar chuntas leithreasa na Roinne le haghaidh 2013 faisnéis ar na ceangaltais seirbhísí uisce amhail an 31 Nollaig 2013.

1 Faoi bheartais chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh cuntais leithreasa, nochtann gach roinn sonraí i nóta lena gcuntas leithreasa ar an leibhéal ceangaltas gan íoc ag deireadh na bliana, sonraí faoi aon cheangaltais ilbhliantúla chaipitil de bhreis ar €6,350,000 san áireamh. De dheasca an lín mhóir tionscadal caipitiúil a chistíonn an Roinn, ní sholáthraítear ach i Vóta 25 maidir le tionscadail i dtaca le tionscadail ar a bhfuil costas iomlán ionchasach €12,697,000.

2 I.R. Uimh. 96/2014 – an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 (Aistriú Dlíteanas Eile) Ordú 2014. I.R. Uimh. 188/2014 – an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 (Aistriú Dlíteanas Eile) Ordú (Uimh. 2), 2014.

Pionóis an AE maidir le hUmair Sheipteacha a Rialú

- 7.6** Rinneadh dlí na hEorpa de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle in Iúil 1975. Bhunaigh seo sraith rialacha le haghaidh bainistíocht dramhaíola. Ceanglaíodh ar gach ballstát, Éire san áireamh, chun an Treoir a chomhlíonadh laistigh de dhá bhliain. Ba é cuspóir na Treorach sláinte daoine agus an comhshaol a chosaint i leith tionchar díobhálach faoi deara bailiú, iompar, cóireáil, stóráil agus diúscairt dramhaíola.

Imeachtaí Comhlíonta ag Coimisiún an AE

- 7.7** D'eisigh Coimisiún an AE litir fógra fhoirmiúil d'Éirinn i Nollaig 2003 inar tugadh chun suntais an t-ábhar buartha nach raibh reachtaíocht náisiúnta ann ina n-eagraítear bainistíocht fuíolluisce tí a dhéantar a dhiúscairt trí umair sheipteacha agus córais eile aonair chóireála fuíolluisce.
- 7.8** I Nollaig 2004, chuir an Coimisiún Éire ar an eolas ar a gconclúid gur sháraigh Éire a dualgas chun ceanglais Threoir 75/442 a thrasú go hiomlán agus i gceart agus d'iarr siad ar Éirinn chun an sárú sin a chur ina cheart faoi Fheabhra 2005.
- 7.9** I mBealtaine 2008, ghlac an Coimisiún caingean i gcoinne na hÉireann i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt) agus iarradh ar an gCúirt a dhearbhuí nár thrashuigh Éire go hiomlán agus i gceart an Treoir (arna leasú) isteach i reachtaíocht a tíre. Anuas air sin, mhaígh an Coimisiún an méid a leanas
- theip ar Éirinn a chinntiú gur aisghabhadh dramhaíl nó go ndearnadh í a dhiúscairt gan riosca a chruthú d'uisce, ithir, plandaí nó ainmhithe
 - theip ar Éirinn na bearta riachtanacha a ghlacadh chun cosc a chur ar thréigean, dumpáil nó diúscairt neamhrialaithe dramhaíola
 - theip ar Éirinn córas ceada a chur i bhfeidhm le haghaidh aon suiteála nó chun tabhairt faoi chóireáil, stóráil nó dumpáil dramhaíola.
- 7.10** Mar fhreagairt, mhaígh Éire an méid a leanas
- níor bhain Treoir 75/442 le fuíolluisce tí a rinneadh a dhiúscairt trí umair sheipteacha agus córais eile aonair chóireála fuíolluisce
 - chomhlíon ionstraimí reatha náisiúnta dlí ceanglais Threoir 75/442 go hiomlán.
- 7.11** Dheimhnigh breithiúnas Cúirte i nDeireadh Fómhair 2009
- bhain Treoir 75/442 le fuíolluisce tí a rinneadh a dhiúscairt trí umair sheipteacha
 - cé go raibh cumhachtaí na n-údarás inniúil (faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil agus na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt) leordhóthanach, ní dhearna siad foráil do chóras cuí cigireachta a chinnteodh an leibhéal cosanta a cheanglaíonn Treoir 75/442, agus ar an ábhar sin, níor chomhlíon na hionstraimí reatha náisiúnta dlí ceanglais Threoir 75/442 go hiomlán.
- 7.12** Dheimhnigh an Chúirt, seachas i gcás Chontae an Chabháin, gur theip ar Éirinn a dualgas go léir a chomhlíonadh faoi Threoir 75/442.¹

¹ Ghlac Contae an Chabháin leis na Fodhlíthe um Thruailliú Uisce (Córais Chóireála Fuíolluisce do Thithe Singil) in 2004, lenar áiríodh ceanglas go ndéanfaidh an duine inniúil cigireacht ar a laghad gach seacht mbliana.

101 Ceisteanna a d'eascair ó iniúchadh ar Vóta 25 an Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca le Seirbhísí Uisce

7.13 I Samhain 2010, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil a lorg tuairimí ón Stát ar an méid a chomhlíonadh breithiúnas Dheireadh Fómhair 2009. Ní raibh an Coimisiún sásta leis na freagairtí, agus in Iúil 2011, chuir siad tús le caingean bhreise Chúirte mar gheall gur theip ar Éirinn an breithiúnas a chomhlíonadh. Lorg an Coimisiún go ngearrfar fíneáil laethúil go dtí go mbainfí comhlíonadh amach.

An Córas Cláraithe agus Cigireachta le haghaidh Umair Sheipteacha

7.14 Rith an tOireachtas reachtaíocht chun an Treoir, an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 a chomhlíonadh, i bhFeabhra 2012. Ceanglaíonn an tAcht go gcláraítear gach umar seipteach agus go bhforbraítear plean náisiúnta cigireachta rioscabhunaithe le haghaidh umair sheipteacha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

7.15 Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí i Márta 2012, síníodh ionstraimí reachtúla i Meitheamh 2012 chun breac-chuntas a thabhairt ar na caighdeáin le haghaidh oibriú agus cothabháil umar seipteach, agus a gclárú. Bhí gach umar seipteach le bheith cláraithe faoin 1 Feabhra 2013. Gearradh táille chláráithe €5 ar na chéad trí mhí den tréimhse chláráithe agus táille €50 le haghaidh clárú ina dhiaidh sin.

7.16 Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí i nDeireadh Fómhair 2012, d'fhorbair an GCC plean cigireachta. Bunaíodh plean cigireachta an GCC ar shamhail riosca, a forbraíodh i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus saineolaithe seachtracha eile. Shainaithin an plean limistéir thosaíochta agus modh a saindearadh á úsáid chun limistéir a rangú de réir an riosca a chruthaigh uisce tí i leith sláinte daoine agus an chomhshaoil. Bunaíodh na limistéir thosaíochta ar leibhéal riosca i leith gabhdóirí íogaire uisce, mar shampla, foinsí uisce óil, uiscí snámha, nó grinnill diúilicíní péarla. Leagadh amach sa phlean na híosleibhéil chigireachta le haghaidh gach údarás áitiúil. Cheangail an plean go dtabharfaí faoi 1,000 cigireacht ar umair sheipteacha, ar a laghad, ar fud gach údaráis áitiúil sa dhá mhí dhéag ag tosú ó Iúil 2013 ar aghaidh.

Gearradh Fíneála

7.17 D'fhoilsigh an Chúirt a rialú ar na himeachtaí forfheidhmithe i Nollaig 2012. Dheimhnigh siad nár chomhlíon Éire ceanglais bhreithiúnas 2009 faoi éag na teorann ama a leagadh amach i bhfógra Shamhain 2010. Anuas air sin, deimhníodh nár glacadh leis an bplean cigireachta a cheangail Acht 2012 agus nár cuireadh faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é.

7.18 Bheartaigh an Coimisiún go n-íocfadh Éire fíneáil €4,771 le haghaidh gach lá idir dáta bhreithiúnas 2009 agus an dáta a thug an Chúirt a rialú ar imeachtaí 2011. Lorg an Coimisiún fíneáil bhreise €26,173 a ghearradh ar gach lá idir dáta an rialaithe sin agus dáta an chomhlíonta iomláin. Ba é an pionós iomlán a ghearr an Coimisiún €6.86 milliún.

7.19 Rinne an Chúirt breithniú ar na hiarrachtaí a rinne Éire chun breithiúnas 2009 a chomhlíonadh agus tionchar na géarchéime geilleagraí agus ghearr siad pionós cnapshuime ní ab ísle €2 milliún, arb ionann seo agus €1,744 le haghaidh gach lá idir dáta bhreithiúnas 2009 agus dáta a rialaithe ar imeachtaí 2011. Ina theannta sin, ghearr an Chúirt pionós laethúil €12,000 ó dháta a rialaithe (an 19 Nollaig 2012) go dtí dáta an chomhlíonta iomláin. B'ionann an pionós iomlán a gearr an Chúirt, faoi dheireadh, agus €2.648 milliún.

7.20 Bhí sé ina chonclúid ag Coimisiún an AE, ina dhiaidh sin, gur chomhlíon Éire an breithiúnas cuí ón 12 Feabhra 2013, nuair a sheol an GCC a bplean cigireachta chuig an Aire. An 19 Feabhra 2013, sheol an GCC an plean náisiúnta cigireachta le haghaidh córais chóireála fuíolluisce tí.

7.21 I Márta 2013, d'íoc an Roinn an fhíneáil a ghearr an Chúirt le Coimisiún an AE.

Iomláine an Chláraithe

7.22 Thug daonáireamh 2011 le fios go raibh nach mór 500,000 umar seipteach agus córas aonair cóireála fuíolluisce in Éirinn ag an tráth sin. Faoi Fheabhra 2013, nuair a seoladh plean náisiúnta cigireachta an GCC, chláraigh 410,000 teaghlach a gcórais, agus rinne 447,000 teaghlach amhlaidh faoin 3 Meán Fómhair 2013. Chuimsigh an chéad sraith den phlean an tréimhse ón 1 Iúil 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2014.

7.23 Luaigh an Roinn gur thug an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, a bhainistíonn clár an chórais chóireála fuíolluisce tí ar bhonn comhroinnte thar ceann na n-údarás áitiúil, le fios gurbh ionann an líon córas a cláraíodh amhail an 31 Iúil 2014 agus 450,620. Bunaithe ar fhaisnéis ó dhaonáireamh 2011, tugann seo ráta comhlíonta cláraithe de bhreis ar 90% le fios.

Toradh Cigireachtaí

7.24 In athbhreithniú eatramhach ar an bplean náisiúnta cigireachta a d'fhoilsigh an GCC in Aibreán 2014, don tréimhse idir an 1 Iúil 2013 agus an 28 Feabhra 2014, ba iad na príomhthorthaí

- chuir údaráis áitiúla in 22 contae tús le cigireachtaí
- tugadh faoi 423 cigireacht iomlán sa tréimhse
- d'éirigh le 199 córas agus theip ar 224 córas, i.e. b'ionann an ráta comhlíonta le haghaidh cigireachtaí críochnaithe agus 47%
- chríochnaigh Ceatharlach, Luimneach, Lú, an Mhí agus an Iarmhí a leithdháileadh don bhliain faoi dheireadh Feabhra 2014.

7.25 Cuimsítear i dtuarascáil eatramhach an GCC miondealú, de réir contae, ar chigireachtaí a rinneadh agus an líon córais chóireála neamhchomhlíontacha ar eisíodh fógraí comhairleacha ina dtaobh. Thug an t-athbhreithniú le fios, as na 224 teip, i measc na bhfadhbanna ba choitianta a aimsíodh, bhí úinéirí nár oibrigh a gcórais chóireála nó nach ndearna a gcórais chóireála a chothabháil, anuas ar dhíshlodáil a dhéanamh ar a gcórais ag na heatraimh cuí. Ar a bharr sin, shainaithin cigireachtaí líon cásanna de sceitheadh agus de locháin dromchla d'eisilteach agus fadhbanna eile a chruthaigh riosca do shláinte daoine agus don chomhshaoil. Thug an t-athbhreithniú le fios, in 138 cás (33% de na hiniúchtaí a críochnaíodh), shíl an cigire go raibh riosca i gceist leis an gcóras nó gur dhócha go mbeadh riosca ann i leith sláinte daoine nó an chomhshaoil. Luaigh an Roinn go mbeidh riosca mór nó níos lú i leith sláinte daoine nó an chomhshaoil i gceist le gach teip a aimsítear trí chigireacht agus nuair a bhíonn an plean a dhéanamh nó á athbhreithniú, tá ar an GCC aird a bheith acu ar rioscaí nó ar rioscaí féideartha i leith sláinte daoine nó an chomhshaoil. Ní féidir leis an Roinn, áfach, tuairimí a nochtadh maidir le tromchúise nó méid na rioscaí siúd nó le tromchúise na gcóras siúd ar theip orthu le linn cigireachtaí.

- 7.26** Tugann an GCC le fios, chomh maith, gur cheart d'údaráis áitiúla a chríochnaigh a leithdháileadh cigireachtaí faoin bplean cigireachta leanúint agus tabhairt faoi chigireachtaí faoin bplean de réir mar a mheasann siad ba chóir, mar gheall go dteastóidh breis cigireachtaí faoi shraitheanna den phlean amach anseo. Chuir an GCC na húdaráis áitiúla ar an eolas, ina dhiaidh sin, gur cheart tabhairt faoi 500 cigireacht bhreise i rith na tréimhse ó Iúil go dtí Nollaig 2014.
- 7.27** Luaigh an Roinn nach bhfuil aon ról díreach acu maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phlean an GCC ag na húdaráis áitiúla. Ar a shon sin, luaigh an Roinn gur thug an GCC le fios gur cuireadh tús le cigireachtaí i ngach contae agus go bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi athbhreithniú ar an gcéad bhliain d'oibriú an phlean cigireachta go gairid. Tuigeann an Roinn go dtabharfar faoi chomhairliúchán poiblí maidir leis an athbhreithniú seo i Meán Fómhair 2014, agus é mar chuspóir plean nua cigireachta a fhorbairt do na cúig bliana ag tosú in Eanáir 2015. Luaigh an Roinn gur faoin GCC é an líon cigireachtaí faoina dtabharfar faoin bplean nua.

Conclúidí

- 7.28** Gearradh fineáil €2.648 milliún ar chuntas leithreasa na Roinne in 2013 mar gheall ar neamhchomhlíonadh na hÉireann na coda sin de Threoir an AE a dhéileálann le diúscairt fuíolluisce tí trí umair sheipteacha nó córais aonair eile. Thug Coimisiún an AE rabhadh d'Éirinn ar an sárú féideartha in 2003.
- 7.29** Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012, ní mór gach umar seipteach a chlárú le húdaráis áitiúla. Mheas an Roinn, ag deireadh Iúil 2014, go raibh breis agus 90% de na córais cláraithe.
- 7.30** Thug torthaí an chéid bhabhta de chigireachtaí rioscabhunaithe ráta suntasach teipthe ar chórais chun solais – theip ar bhreis agus leath na gcóras ar a ndearnadh cigireacht. Cé gurb ionann gach teip agus riosca féideartha do shláinte daoine nó don chomhshaoil, ní mór a bheith cúramach nuair a bhíonn na torthaí á dtuiscint a bhíonn ar chigireachtaí tosaigh, mar gheall gur bunaíodh an plean cigireachta ar thús áite a thabhairt do limistéir níos airde riosca. Leis an leibhéal foriomlán comhlíonta ar fud an Stáit a dheimhniú, bheadh orthu tabhairt faoi chigireacht ar shampla randamach de chórais.

8 Oibriú na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála

- 8.1** Láimhseálann an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) glaonna éigeandála a chuirtear sa Stát. Oibrítear an ECAS ó thrí ionad, atá lonnaithe i mBéal Átha Seanaidh i gContae Dhún na nGall, an Uaimh i gContae na Mí agus Páirc Gnó na Rinne Thoir i mBaile Átha Cliath. Faightear glaonna éigeandála sna hionaid agus cuirtear iad faoi bhráid na seirbhíse ábhartha éigeandála, .i., an Garda Síochána, an tseirbhís otharchairr, na seirbhísí dóiteáin nó Garda Cóta na hÉireann.
- 8.2** I gcomhréir le Treoir ón AE, ní ghearrtar aon táille ar an duine a chuireann an glao ar na seirbhísí éigeandála.¹ Ina ionad sin, in Éirinn, tá táille láimhseála le híoc ag an líonra gutháin trína ndéantar an glao agus/nó ar sholáthróir na seirbhíse glaonna gutháin.² Tá an ECAS cistithe go hiomlán ó tháille láimhseála an ghlaio.
- 8.3** I Meán Fómhair 2007, d'eisigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (an Roinn) cuireadh chun tairiscint a thabhairt do shé chuideachta chun seirbhís freagartha glaonna éigeandála a sholáthar agus a oibriú. Fuarthas ceithre thairiscint faoi spriocdháta Nollaig 2007. Níor chomhlíon ceann amháin de na ceithre thairiscint na critéir cháilíochta agus mar thoradh air sin, níor glacadh leis le breis measúnú a dhéanamh air.
- 8.4** Rinne coiste measúnaithe measúnú ar na trí thairiscint eile ina raibh pearsanra ón Roinn, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg),³ Ionadaithe ó na seirbhísí éigeandála agus gnóthas comhairleoireachta. Bunaíodh an measúnú ar chritéir dhámhachtana a foilsíodh sa chuireadh chun tairisceana, i.e.
- comhlíonadh cheanglais an chórais agus cáilíocht dhearadh an chórais
 - cáilíocht agus creidiúnacht an phlean ghnó agus táille láimhseála an ghlaio curtha ar tairiscint
 - cáilíocht an chumhdaigh árachais
 - cáilíocht an phróisis um chur i bhfeidhm a bheartaítear agus an phlean amach
 - comhlíonadh na ndréachtthorálacha comhaontú lamháltais.
- 8.5** Bhronn an coiste measúnaithe an rangú ab airde ar an tairiscint a sheol BT Communications Ireland (BT) isteach agus mhol siad go gcuirfí tús le hidirbheartaíochtaí conartha le BT. Thug an coiste faoi deara, chomh maith, má deimhníodh go raibh idirbheartaíochtaí le BT neamhrathúil nó neamhshásúil, d'fhéadfaí tabhairt faoi idirbheartaíochtaí conartha leis an dara forthairgeoir atá rangaithe.
- 8.6** D'iontráil an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus BT i gcomhaontú lamháltais agus an 12 Feabhra 2009, chun an tseirbhís freagartha glaonna éigeandála a bhunú, a oibriú, a bhainistiú agus a chothabháil. Ar feadh cúig bliana a bhí fad an chonartha, agus bhí an rogha ann chun é sin a shíneadh ar feadh dhá bhliain sa bhreis, ar a mhéid.
- 8.7** Shocraigh an comhaontú lamháltais go mbeadh an táille tosaigh láimhseála glaonna €2.23. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an táille agus leasaítear í chun athruithe ar mhéideanna agus na costais a bhíonn ar an oibreoir a íoc a chur san áireamh. Thit an chéad athbhreithniú amach i Nollaig 2010. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, tháinig

1 Treoir 2002/22/CE ar chearta uilíocha seirbhíse agus úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí leictreonacha (an Treoir maidir le Seirbhísí Uilíocha), Márta 2002.

2 Alt 58C, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007.

3 An comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil na hearnála cumarsáide leictreonáil (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus tarchur craolacháin) agus an earnáil phoist.

méadú 50% ar an táille láimhseála glaonna aníos go dtí €3.35. Tar éis breis athruithe a chur i bhfeidhm in athbhreithnithe ina dhiaidh sin, socraíodh go mbeadh an táille €3.08 don bhliain dar críoch Feabhra 2015.


8.8 Ag féachaint do na méaduithe a tháinig ar an táille láimhseála glaonna ó thús an chonartha le BT i leith, tugadh faoi scrúdú lena dheimhniú

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na socruithe conarthacha atá i bhfeidhm chun an tseirbhís freagartha glaonna éigeandála a sholáthar leordhóthanach
- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an próiseas chun an táille láimhseála glaonna a shocrú leordhóthanach
- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na socruithe atá i bhfeidhm chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhíse leordhóthanach.

Socruithe Bainistíochta ar Conradh

8.9 Rinne an comhaontú lamháltais cur síos ar an struchtúr bainistíochta ar cheart a bhunú chun maoirsiú a dhéanamh ar an ECAS. I measc an struchtúir a beartaíodh bhí bord tionscadail agus coiste idirchaidrimh. Leagtar amach na socruithe rialaithe atá i bhfeidhm chun maoirsiú a dhéanamh ar an ECAS i bhFíor 8.1.

Fíor 8.1 Socruithe rialachais don ECAS



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

8.10 Dheimhnigh an Roinn gur bunaíodh an bord tionscadail, agus tagraítear dó mar an nGrúpa Seirbhísí Éigeandála. Casann siad ar a chéile gach ráithe agus tá sa ghrúpa ionadaithe den Roinn (atá mar chathaoirleach ar an nGrúpa), BT agus na seirbhísí éigeandála. Cé go leagtar amach feidhmeanna an Ghrúpa i gcodanna éagsúla sceidil leis an gcomhaontú lamháltais, níl fáil ar aon téarmaí foirmiúla tagartha don Ghrúpa.¹ Ní chuirtear miontuairiscí na gcruinnithe i dtaifead. Luaigh an Roinn nach gcuirtear miontuairiscí foirmiúla i dtaifead chun plé iomlán agus oscailte a cheadú ar gach gné den tseirbhís.

¹ Tá Sceideal 18 leis an gcomhaontú lamháltais breis agus 100 leathanach ar fhad.

- 8.11** Ba í aidhm luaite an choiste idirchaidrimh faoi mar a beartaíodh sa chomhaontú lamháltais chun cumarsáid a éascú ar gach saincheist idir an Roinn agus BT. Bhí siad le casadh ar a chéile gach ráithe agus chuirfí miontuairiscí i dtaifead. Bhí sé pleanáilte, chomh maith, go réiteodh an Roinn (thar ceann an choiste) tuarascáil bunaithe ar mhiontuairiscí gach cruinnithe ina leagfaí amach sonraí faoi na saincheisteanna a pléadh. Bhí an coiste le tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht an chonraitheora. Dheimhnigh an Roinn, áfach, nár bunaíodh coiste idirchaidrimh. Mar thoradh air sin, níor tugadh faoi na hathbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht a shonraítear sa chomhaontú lamháltais.
- 8.12** Nuair a tugadh an tsaincheist seo chun solais leis an Roinn, luaigh siad go ndearnadh breithniú ar choincheap coiste idirchaidrimh ag tráth nuair nach ndearnadh aon tuairisciú ar cháilíocht na seirbhíse a bhí á soláthar ag an oibreoir deiridh. Luaigh an Roinn gur forbraíodh struchtúir eile chun plé a éascú ar shaincheisteanna a bhí mar ábhar buartha idir an Roinn agus BT agus go mbaintear amach an ról a bheartaítear don choiste idirchaidrimh anois trí chruinniú, ar a laghad gach ráithe, idir ionadaí na Roinne agus ionadaí an oibreora.¹ Thug an Roinn chun solais, chomh maith, cé nach dtugtar faoi athbhreithnithe bliantúla feidhmíochta, tugann an Roinn agus ComReg faoi athbhreithnithe míosúla feidhmíochta i gcomhairle leis an oibreoir.
- 8.13** Tá ról rialála reachtúla ag ComReg i ndáil leis an ECAS, arb é
- athbhreithniú a dhéanamh ar an táille uasta láimhseála glaonna is féidir leis an soláthróir ECAS a ghearradh²
 - tuairisciú a dhéanamh don Aire ar fheidhmíocht oibriúcháin an ECAS.³
- 8.14** Bunaíodh fóram tionscail in 2011, chomh maith, le tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse agus le hathbhreithniú oibríochtúil a chur i láthair ar an ECAS. Anuas air sin, soláthraíonn sé an deis chun plé a dhéanamh ar aon saincheisteanna gaolmhara. Is éard atá san fhóram comhaltaí na Roinne, ComReg, BT agus ionadaithe tionscail agus casann siad ar a chéile gach ráithe.

An Táille Láimhseála Glaonna Éigeandála

- 8.15** Leagtar amach an táille láimhseála glaonna le haghaidh gach tréimhse 12 mhí roimh ré agus ríomhtar í trí na costais iomlána a mheasann a fhabhróidh BT, a roinnt faoin méid glaonna a thuartar a chuirfear.
- 8.16** Cé gur síníodh an comhaontú lamháltais idir an Roinn agus BT i bhFeabhra 2009, lean an t-oibreoir deiridh (Eircom) leis an tseirbhís a sholáthar go dtí an 13 Iúil 2010. I ndiaidh an dáta sin, bhí an ECAS go hiomlán infheidhme, faoi bhainistíocht BT.
- 8.17** Leagtar amach i bhFíor 8.2 na suimeanna measta atá iníoctha le BT idir Iúil 2010 agus Feabhra 2014.

1 Shann an Roinn freagracht as gnéithe oibríochtúla an ECAS do chomhaltaí foirne laistigh den Roinn.

2 Alt 58D, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007.

3 Alt 58G, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007.


Fíor 8.2 Suimeanna atá iníoctha leis an soláthróir ECAS (BT), idir Iúil 2010 agus Feabhra 2014

Bliain	Suim iníoctha €m
An tréimhse dar críoch an 11 Feabhra 2011 (7 mí)	3.86
An bhliain dar críoch an 11 Feabhra 2012	9.42
An bhliain dar críoch an 11 Feabhra 2013	9.30
An bhliain dar críoch an 11 Feabhra 2014	7.76

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 8.18** Tugann ComReg faoi athbhreithniú bliantúil ar chostais agus ar mhéideanna na nglanna.¹ Déanann na hathbhreithnithe breithniú ar na costais iarbhrí agus ar mhéideanna na nglanna agus na costais mheasta agus ar mhéideanna na nglanna don chuid eile de thréimhse an chonartha. Agus measúnú á dhéanamh ar na costais, déanann ComReg cinneadh ar cén costais atá réasúnta agus incheadaithe, dá bharr. Déanann ComReg athbhreithniú, ina theannta sin, ar an ioncam a fuarthas agus an t-ioncam measta a gheofar d'fhonn an cinneadh a dhéanamh ar cibé acu ar aisghabhadh nó nár aisghabhadh costais BT. Más lú nó más mó an t-ioncam ná na costais mheasúnaithe, glactar an tearc-aisghabháil nó an ró-aisghabháil i gcuntas nuair a bhíonn an táille láimhseála glaonna á socrú don chéad tréimhse eile. Bunaithe ar an bhfaisnéis seo, molann ComReg go ngearrfar an táille don tréimhse 12 mhí dar gcionn.
- 8.19** Idir dáta tionscanta an chonartha go dtí seo, rinneadh ceithre athbhreithniú. Bhí líon i bhfad ní ab ísle glaonna le sonrú ná mar a síleadh ag tosach an chonartha agus bhí na costais ní ab ísle ná mar a síleadh chomh maith. Luainigh an táille láimhseála glaonna, faoi mar a leagtar amach i bhFíor 8.3.

Fíor 8.3 An táille láimhseála glaonna, idir Iúil 2010 agus Feabhra 2015



Foinse: An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

Méideanna na nGlaonna

- 8.20** I Meán Fómhair 2007, nuair a d'eisigh an Roinn an tairiscint a lorg cuideachta chun an ECAS a sholáthar, soláthraíodh méideanna cruinne na nglanna idir 2000 agus 2006. Sna cúig bliana roimh bhliain chomórtas na tairisceana, bhí méideanna na nglanna éigeandála idir 4.5 milliún agus 5 milliún gach bliain. Nuair a bhíonn tairiscintí á seoladh ar aghaidh, iarradh ar fhorthairgeoirí a ríomhanna a bhunú ar mhéid measta bhliantúil


¹ Fostaíonn ComReg comhairligh chun cabhrú le tabhairt faoi athbhreithnithe.

na nglanna 4.8 milliún. Luaigh an Roinn, agus méideanna na nglanna á socrú chun críche chomórtas na tairisceana, ba iad na príomhábhair bhuartha a chinntiú go bhfreagrófaí gach glao ar an ECAS go tapa agus go gcuirfear faoi bhráid na seirbhíse cirté éigeandála iad agus go mbeadh dóthain acmhainní ag an tseirbhís chun tabhairt faoi aon mhéadú tobann ar éileamh.

- 8.21** Sa tréimhse ó 2009 i leith, bhí méid na nglanna éigeandála i bhfad ní ab ísle ná mar a raibh súil leis nuair a cuireadh an tseirbhís ar tairiscint.¹ Ba í an phríomhchúis leis seo obair feabhsúcháin faoinar thug Eircom ar línte lochtacha a raibh ardmhéid glaonna bréagacha á gcruthú acu. Ó réitigh Eircom an tsaincheist seo, tháinig cobhsú ar mhéideanna na nglanna chuig thart ar 2.8 milliún glao in aghaidh na bliana (féach Fíor 8.4). In éagmais aon athrú ar chostais, bheadh méideanna ní ab ísle na nglanna ina n-údar le méadú thart ar dhá thrían ar an táille láimhseála glaonna.

Fíor 8.4 Méideanna na nglanna éigeandála, idir Iúil 2010 agus Feabhra 2014^a

Méid na
nglaonna (m)



Foinse: An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

Nóta: a Ón 12 Feabhra go dtí an 11 Feabhra an bhliain dar gcionn is ea gach tréimhse 12 mhí.

- 8.22** Luaigh an Roinn gur bunaíodh méideanna na nglanna a áiríodh i gcáipéisí na tairisceana ar fhigiúirí a sholáthair Eircom. Cé gur síleadh, um an dtaca sin, go bhféadfadh laghdú teacht ar mhéideanna na nglanna, go páirteach i ngeall ar an obair feabhsúcháin a raibh Eircom ag tabhairt fúithi, ní raibh aon bhealach ag an Roinn le tionchar na ngníomhartha feabhsúcháin a shainaithint a rabhthas ag tabhairt fúthu.
- 8.23** D'fhiafraigh mé den Roinn an raibh siad sásta go bhféadfaí méideanna measta níos réalaíche na nglanna a sholáthar in aon chomórtais tairisceana amach anseo chun soláthróir seirbhíse an ECAS a shainaithint. Luaigh an Roinn go bhfuil taithí agus eolas suntasach faighte acu ar sholáthar na seirbhíse ó 2010 i leith agus go bhfuil cumas níos fearr acu anois cinneadh feasach a dhéanamh ar mhéideanna na nglanna amach anseo. Tá fáil anois ar staitisticí mionsonraithe faoi mhéideanna na nglanna, nach raibh ar fáil ag tráth an bhunchuiridh chun tairisceana in 2007.
- 8.24** Ag tráth na tairisceana, iarradh ar oibreoirí anailís íogaireachta a sholáthar ar a bpleananna gnó, agus tionchar athruithe a thaispeáint sna príomhthoimhdí ar bhailíocht an phlean agus ar an táille láimhseála glaonna. Chuir an t-oibreoir rathúil roinnt anailís íogaireachta san áireamh ina dtairiscint – mar shampla, conas a d'imreodh athruithe ar an meánam a ghlac sé chun glaonna a fhreagairt tionchar ar an táille láimhseála glaonna. Thug an anailís chun suntais go n-imreodh aon laghdú ar mhéideanna na nglanna tionchar ar an gcostas in aghaidh an ghlaog agus go raibh tromlach na gcostas seasta agus gur bhain siad leis an bhfoireann. Mar shampla, luaigh siad go n-eascródh

¹ B'ionann an meánlíon glaonna idir 2002 agus 2008 agus 4.7 milliún. In 2009, tháinig laghdú anuas go dtí 3.6 milliún ar an líon glaonna.

méadú 100% ar an táille láimhseála glaonna as laghdú 50% ar an méid glaonna. Níor thaispeáin taifead na Roinne aon fhianaise gur sholáthair an bheirt oibreoírí sa chomórtas tairisceana a ndearnadh measúnú ar a dtairiscintí, anailís íogaireachta.¹

Anailís ar Chostais

- 8.25** Sonraítear san Acht gur féidir le BT costais a aisghabháil a dheimhníonn ComReg atá réasúnta.² Is éard atá i gcostais an ECAS a sholáthar ná costais oibriúcháin agus costais airgeadais.

Costais Oibriúcháin

- 8.26** Is éard atá i gcostais oibriúcháin costais phá agus neamhphá. Tá dhá ghné sna costais phá – costas oibreoírí glaonna agus costais phá fhoireann BT atá bainteach san ECAS a sholáthar.
- 8.27** Soláthraítear na hoibreoírí glaonna trí shainchuideachta ionad glaonna atá ar fhochonradh ag BT. Íocann BT muirear seasta in aghaidh na huaire leis an gcuideachta ionad glaonna as na huaireanta a theastaíonn. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, athbhreithníonn ComReg an leibhéal soláthair foirne agus an ráta in aghaidh na huaire a íoctar leis an bhfochonraitheoir lena chinntiú go bhfuil an dá cheann réasúnta.
- 8.28** Baineann costas foirne BT leis an bhfoireann amháin atá bainteach leis an ECAS agus leis an bhfoireann tacaíochta atá sannta don ECAS de réir mar a theastaíonn siad. Ag deireadh 2013, bhí 12 fhoireann de BT ag oibriú chun an ECAS a sholáthar ar bhonn lánaimseartha. Anuas air sin, tá foireann tacaíochta ann, ar nós foireann theicniúil agus innealtóireachta, a ghearrann muirear ar an ECAS de réir mar a theastaíonn siad.
- 8.29** Baineann na príomhchostais neamhphá le háitreabh, soláthar an líonra agus cothabháil an líonra. Faigheann BT an t-áitribh ar léas don dá ionad glaonna agus tá muirir bhainistíochta le híoc don dá áitreabh sin chomh maith. I gcás an tríú ionad, úsáideann BT spás laistigh d'áitreabh sainchuideachta an ionaid ghlaonna agus cuirtear na costais a bhaineann leis seo san áireamh mar fhorchostas ginearálta sa ráta in aghaidh na huaire a íoctar leis an gcuideachta as na hoibreoírí.

Costais Airgeadais

- 8.30** Is iad na costais airgeadais na costais a bhaineann leis an tionscadal a mhaoiniú thar fhad an chonartha agus tá iontu
- muirear dímhéasa bliantúil
 - ráta toraidh faoi ráthaíocht
 - liúntas i dtreo an chiste teagmhais
 - tearc-aisghabháil na tréimhe roimhe seo
 - costas aisíocaíocht an chaipitil.

Costais Bhunaithe agus Muirear Dímhéasa Bliantúil

- 8.31** Ba é príomhdhíriú an chéid athbhreithnithe faoinar thug ComReg réasúntacht na hinfheistíochta tosaigh a dheimhniú a rinne BT chun an ECAS a bhunú. Tá córas oibriúcháin an ECAS lonnaithe in dhá ionad shlána trealaimh. B'ionann agus thart ar 11 milliún an infheistíocht tosaigh a mheas ComReg a bhí réasúnta, agus níor ceadaíodh

¹ Níor sholáthair ceachtar den bheirt fhorthairgeoirí anailís ar conas a d'imreodh athruithe ar na príomhthoimhdí tionchar ar an táille láimhseála glaonna. Luaigh fhorthairgeoir amháin nach mbeadh aon athrúchán i gceist sa phlean gnó; sholáthair an fhorthairgeoir eile faisnéis ar conas a d'imreodh breis seirbhísí a sholáthar tionchar ar an táille láimhseála glaonna.

² Is é an sainmhíniú a thugtar ar chostais réasúnta sa chomhaontú lamháltais ná "...ranníocaíochtaí leis an gciste easnaimh, gach costas riachtanach a fhabhraíonn an conraitheoir i ngnáthchúrsa an ghnó, ar nós eisíoc caipitil, dímhéas, téamh agus soilsiú, saothar, costais bhliantúla mhonatóireachta ComReg, coigeartú le haghaidh aon tearc-aisghabháil nó ró-aisghabháil den toradh faoi ráthaíocht le haghaidh aon táillí láimhseála glaonna roimhe seo a d'fhéadfaí a fhabhrú mar thoradh ar cheanglas le haon dlí a chomhlíonadh."

€232,000 breise de na costais bhunaithe. Theastaigh roinnt infheistíocht chaipitiúil bhreise, chomh maith, thar shaolré an chonartha.

- 8.32** Ríomhtar an muirear dímheasa bliantúil ar an infheistíocht san ECAS. Tá costas na hinfeistíochta sin á dhíscríobh ag BT thar shaolré an chonartha (cúig bliana), a chiallaíonn gurb ionann agus beagán de bhreis ar €2 milliún sa bhliain an muirear dímheasa.
- 8.33** D'fhiafraigh mé den Roinn conas a chinnteoidís nach mbainfeadh BT sochar ó mhíbhuntáiste éagórach dá nglacfaidís páirt sa chéad chomórtas tairisceana eile, nuair a chuirtear san áireamh go mbeadh an bonneagar riachtanach curtha i bhfeidhm acu cheana féin chun an tseirbhís a sholáthar. Luaigh an Roinn go ndéanfaidh siad breithniú ar roghanna fad a bhíonn cáipéisíocht na tairisceana á réiteach acu lena chinntiú nach mbronnann na critéir bhronnta aon bhuntáiste ar BT i gcomparáid le tairgeoirí féideartha eile.

Ráta Toraidh faoi Ráthaíocht

- 8.34** Sonraítear sa chomhaontú idir an Roinn agus BT ráta toraidh faoi ráthaíocht ar an gcnaphuim a infheistíodh – go héifeachtach, costas comhaontaithe caipitil - a bheidh i gceist d'fhad an chonartha. I gcáipéisí na tairisceana, d'ordaigh an Roinn bunráta toraidh (4.2%) ar an infheistíocht incháilithe. Bheartaigh forthairgeoirí, ina dhiaidh sin, imeall a chuirfí leis an mbunráta a soláthraíodh sa tairiscint. Is é an ráta deiridh toraidh faoi ráthaíocht sa chonradh idir an Roinn agus BT 6.63% (4.2% móide imeall 2.43%). Luaigh an Roinn gur cuireadh bunráta toraidh san áireamh sa chuireadh chun tairisceana d'fhonn iomaíocht a spreagadh agus a chinntiú go mbeadh ráta cuí toraidh ar fáil ar a n-infheistíocht. Cé go n-aisíocann BT a n-infheistíocht ar ráta cobhsaí thar shaolré an chonartha trí dhímheas, ríomhtar an ráta toraidh faoi ráthaíocht i ngach bliain den chonradh ar oll-luach leabhar a n-infheistíochta caipitiúla. Ar an mbonn seo, is ionann an ráta toraidh faoi ráthaíocht agus thart ar €750,000 gach bliain.
- 8.35** D'fhiafraigh mé den Roinn cérbh é an bonn a bhí leis an mbunráta toraidh a shocrú ag 4.2% i gcáipéisí na tairisceana a eisíodh. Luaigh an Roinn gurbh é an bunráta, nó an ráta saor ó riosca toraidh a úsáideadh ráta seachtain amháin Euribor amhail an 3 Meán Fómhair 2007. Roghnaíodh an ráta seo i ngeall go raibh an tairiscint ar oscailt do gach iarratasóir ó thíortha eile an AE agus gur fógraíodh í in Irisleabhar Oifigiúil an AE. Ba é ráta Mheán Fómhair 2007 an ráta ba dhéanaí a bhí ar fáil sular eisíodh cáipéisí eile na tairisceana. Luaigh an Roinn, chomh maith, a luaitear a chuir na forthairgeoirí an préimhráta san áireamh, ní dhearnadh breithniú a thuilleadh ar an mbunráta.
- 8.36** Thug an comhairleoir a chonraigh ComReg chun cabhrú le hathbhreithnithe 2011 agus 2012 ar an táille láimhseála glaonna faoi deara sa dá thuarascáil gurbh éagsúil an modh ríofa a bhí á úsáid ó chur chuige traidisiúnta, áit a ríomhtar costas an chaipitil go ginearálta mar chéatadán den ghlanluach leabhar. Mar gheall go bhfuil a n-infheistíocht chaipitil á haisíoc ag BT thar shaolré an chonartha trí mhuirear dímheasa, go héifeachtach, tá a dtoradh iarbhir ar a n-infheistíocht chaipitil go mór níos airde ná an ráta toraidh faoi ráthaíocht 6.63% a leagtar amach sa chomhaontú lamháltais.
- 8.37** Thug an Roinn chun solais go luaitear san Acht, agus an táille uasta láimhseála glaonna á deimhniú, "beidh Aird [ag ComReg] ar an ngá d'oibreoir an ECAS íoc as costais réasúnta ar dócha a d'fhabhraigh siad tríd an tseirbhís a oibriú agus, go háirithe, chun ráta toraidh faoi ráthaíocht a aisghabháil ar an ECAS a sholáthar."¹ Dá thoradh sin, measann an Roinn go dteastaíonn sé lena chinntiú gur ráta toraidh faoi ráthaíocht atá ar an mbonn atá le luach saothair a thabhairt d'oibreoir an ECAS.

¹ Alt 58D (3), an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007.

Ranníocaíocht i dtreo an Chiste Teagmhais

- 8.38** Faoi théarmaí an chomhaontaithe leis an Roinn, tá ar BT €250,000 a íoc sa bhliain isteach i gciste teagmhais. Coimeádann agus bainistíonn an Roinn an ciste, agus tá na cistí imfhálaithe lena n-úsáid don ECAS amháin. Is é príomhchuspóir an chiste, faoi mar a leagtar amach sa chomhaontú lamháltais chun íoc as aon tearc-aisghabháil ag an gconraitheoir ag deireadh thréimhse an chonartha. Luaigh an Roinn go bhféadfaí an ciste a úsáid, chomh maith, sna cásanna a leanas
- chun dul i ngleic le héilimh speisialta a d'fhéadfadh teacht chun solais agus ar gá dul i ngleic leo láithreach ar chúiseanna slándála nó oibríochtúla
 - feabhsúcháin ar an ECAS a chistiú faoi chúinsí áirithe teoranta
 - íoc as cearta sealadacha má theastaíonn siad
 - costais aistrithe a bhainistiú d'oibreoir nua ag deireadh an chomhaontaithe lamháltais.
- 8.39** Go dtí seo, aistarraingíodh €250,000 ón gcuntas. Úsáideadh seo chun bunú seirbhís éigeandála SMS a chistiú. Áirítear an íocaíocht bhliantúil leis an gciste teagmhais sna costais a d'fhabhraigh BT as cuspóirí socraithe táille.

Costas Aisíocaíochta Caipitil

- 8.40** Bhí an táille thosaigh láimhseála glaonna €2.23 an glao bunaithe ar 4.8 milliún glao éigeandála measta sa bhliain (400,000 sa mhí). Ar a shon sin, mar gheall go raibh méideanna na nglaoanna a fuarthas ní ab ísle ná dhá thrian den leibhéal sin sa tréimhse thosaigh d'oibriú (a fhad le Feabhra 2011), níor leor na fáлтаis chun íoc as costais mheasta BT chun an tseirbhís a sholáthar. Ceadaíodh BT, ar an ábhar sin, chun an costas a aisghabháil trí choigeartú ar an táille i dtréimhsí ina dhiaidh sin.
- 8.41** Mar gheall nár aisghabh BT na costais mheasúnaithe sa tréimhse thosaigh, bhí orthu tearc-aisghabháil na gcostas siúd a mhaoiniú. Cúitítear BT dó seo trí aisíocaíocht 'costas caipitil' atá bunaithe ar an gcostas measta úis a eascraíonn ó na socruithe féinmhaoinithe. Caitear leis an aisíocaíocht mar chostas réasúnta agus déantar é a fhairsingiú thar an tsaolré den chonradh atá fanta.
- 8.42** Ní dhearna BT ró-aisghabháil costas in aon bhliain ar bith go dtí seo. Dá dtarlódh seo, áfach, d'asbhainfí na costais a ró-aisghabhadh i ríomh na táille láimhseála glaonna sa tréimhse ina dhiaidh sin. D'aisíocfadh BT ró-aisghabháil costas ag deireadh thréimhse an chonartha isteach sa chiste teagmhais. Ar an gcuma chéanna, d'aisíocfadh an Roinn tearc-aisghabháil costas ag BT ag deireadh thréimhse an chonartha le BT ón gciste teagmhais. Is é an cuspóir, faoi dheireadh thréimhse an chonartha, go n-aisghabhfar gach costas réasúnta a d'fhabhraigh BT.

Athbhreithnithe Bliantúla ar Chostais

- 8.43** Agus sinn ag tabhairt faoi gach athbhreithniú bliantúil, athbhreithníonn ComReg costais BT lena dheimhniú céard atá réasúnta agus, dá réir sin, féadtar iad a fhorchúiteamh tríd an táille láimhseála glaonna. Cuimsíonn an t-athbhreithniú costais iarbhrí a fabhraíodh go dtí seo agus costais thuartha amach anseo.
- 8.44** Díríonn gach athbhreithniú ar ghné ar leith den ECAS. Dhírigh na hathbhreithnithe go dtí seo ar an méid a leanas

- athbhreithniú 2010 – an caiteachas caipitiúil a d'fhabhraigh BT leis an ECAS a sholáthar
- athbhreithniú 2011 – costais oibriúcháin
- athbhreithniú 2012 – costais oibriúcháin agus an tsamhail chun acmhainní a chur ar fáil
- athbhreithniú 2013 – measúnú ginearálta ar na coigiltí costais agus méideanna na nglanna roimhe seo.

Tá sé beartaithe go ndíreoidh athbhreithniú 2014 ar an modheolaíocht a d'úsáid BT chun na sonraí feidhmíochta a chur i dtoll a chéile agus a ríomh a seoladh isteach sna tuarascálacha míosúla feidhmíochta.

8.45 Leagtar amach achoimre ar na ceithre athbhreithniú idir 2010 agus 2013 i bhFíor 8.5.

Fíor 8.5 Achoimre ar na hathbhreithnithe ar tugadh fúthu ar an táille láimhseála glaonna

Tréimhse oibriúcháin (Dáta an athbhreithnithe)	Rudaí a aimsíodh	Toradh: gluaiseacht sa táille láimhseála glaonna
Idir Feabhra 2011 agus Feabhra 2012 (Nollaig 2010)	▪ Bhí na costais bhunaithe réasúnta ▪ Bhí méid na nglanna ní ab ísle ná mar a tuaradh	↑
Idir Feabhra 2012 agus Feabhra 2013 (Samhain 2011)	▪ Bhí na costais ní ab ísle ná a tuaradh ▪ Bhí méid na nglanna ní ab ísle ná mar a tuaradh ▪ Níor ceadaíodh roinnt caiteachais ▪ Bhí an ráta san uair chun glao a chur ar oibreoir ró-ard	↔ D'fhan sé ag €3.35
Idir Feabhra 2013 agus Feabhra 2014 (Deireadh Fómhair 2012)	▪ Costais ar an leibhéal tuartha ▪ Bhí méid na nglanna ní ab airde ná mar a tuaradh	↓ Idir 12.5% agus €2.93
Idir Feabhra 2014 agus Feabhra 2015 (Deireadh Fómhair 2013)	▪ Bhí na costais ní ab ísle ná a tuaradh ▪ Bhí méid na nglanna ní ab ísle ná mar a tuaradh	↑ Idir 5% agus €3.08

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

8.46 Is iad príomhthorthaí na gceithre athbhreithniú a rinneadh go dtí seo

- deimhníodh go raibh na costais bhunaithe, den chuid ba mhó, réasúnta agus ceadaíodh iad mar chaiteachas incheadaithe
- rinneadh athbhreithniú ar an ráta san uair a d'íoc BT i dtosach báire le hoibreoir an ionaid ghlaonna i Samhain 2011 agus measadh nach raibh sé réasúnta. laghdaigh ComReg an ráta san uair faoi 19%, agus cuireadh seo i bhfeidhm go cúlghabhálach ó Mheitheamh 2011 ar aghaidh

- bhí roinnt costas ní ab ísle ná mar a síleadh mar gheall go raibh méideanna na nglanna a tuaradh ní ab ísle. Thug an Roinn faoi deara, de réir mar a tháinig laghdú ar mhéideanna na nglanna, laghdaíodh an líon uaireanta a theastaigh ó oibreoirí an ECAS oibriú in BT chomh maith
- dícheadaíodh roinnt costas a sheol BT isteach.

8.47 Ar an iomlán, tá cobhsú tagtha ar chostais ó 2012 i leith ar thart ar 20% ní ab ísle ná na costais a tuaradh don chéad bhliain den chonradh. Déanann seo tionchar an laghdaithe de bhreis ar 40% a tháinig ar mhéideanna na nglanna a sheach-chur, go páirteach, agus d'eascair glanmhéadú thart ar 38% ar an táille láimhseála glaonna as seo don tréimhse 2014-2015 nuair a cuireadh i gcomparáid é leis an táille ag tús an chonartha.

Agóid Dhlíthiúil

- 8.48** Glacadh cás dlí i leith ComReg in 2011 ag soláthróir líonra maidir leis an gcéad athbhreithniú ar chostais. Chuir an soláthróir líonra i gcoinne an bhealaigh a rinne ComReg an cinneadh ar an táille láimhseála glaonna agus na heaspa próiseas achomhairc maidir leis an táille nua. Aistarraingíodh imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i Lúnasa 2011. D'fhabhraigh ComReg costais dlí beagán de bhreis ar €310,000 (glan) i dtaca leis an gcás seo.
- 8.49** Ó rinneadh an tsocraíocht, thug ComReg faoi phróiseas foirmiúil comhairliúcháin mar chuid de na hathbhreithnithe bliantúla ar an táille láimhseála glaonna. Agus amhlaidh á dhéanamh, eisíonn ComReg comhairliúchán agus dréachtpháipéar cinntiúcháin ina lorgaítear tuairimí na bpáirtithe ar spéis leo ar líon príomhphrionsabal a bhaineann leis na hionchuir a theastaíonn lena chinntiú go bhfuil an táille uasta láimhseála glaonna a cheadaítear réasúnta. Déanann ComReg agus na comhairligh a chonraítear chun cabhrú leis an athbhreithniú bliantúil sula bhfoilsítear an cinntiúchán deiridh ina leagtar amach an táille a bheidh i gceist do na 12 mhí ina dhiaidh sin.

Monatóireacht ar Fheidhmíocht na Seirbhíse

- 8.50** Gach mí, réitíonn BT tuarascáil lena n-áirítear sonraí ar líon príomhlimistéar, agus is é feidhmíocht BT i leith roinnt paraiméadair sheirbhíse ceann amháin díobh seo. Sonraíodh na paraiméadair sa chomhaontú lamháltais a shínigh an bheirt pháirtithe i bhFeabhra 2009, agus is féidir é a leasú má theastaíonn, le linn shaolré an chonartha. Más gá seo a dhéanamh, ní mór do BT iarratas a sheoladh chuig an Roinn, agus ní mór don Roinn, ar a uain sin, an t-iarratas a fhaomhadh sula gcuirtear chun cinn é. Leagtar amach i bhFíor 8.6 na paraiméadair agus an leibhéal feidhmíochta a bhfuiltear ag súil leis.
- 8.51** Seolann BT na tuarascálacha míosúla chuig an Roinn agus ComReg lena n-athbhreithniú. Anuas air sin, cuireann BT na tuarascálacha i láthair ag cruinnithe ráithiúla an Ghrúpa Seirbhísí Éigeandála agus an fhórait thionscail. Déanann gach tuarascáil mhíosúil an fheidhmíocht a chur i láthair don mhí reatha agus don dá mhí roimhe sin. Déanann an Roinn agus ComReg athbhreithniú ar na tuarascálacha chun aon chásanna a shainaithint ina bhfuil laghdú ag teacht ar an bhfeidhmíocht chun na paraiméadair sheirbhíse a bhaint amach nó go bhfuil siad lasmuigh de na spriocanna sonraithe. Pléitear aon teip ar na paraiméadair riachtanacha a bhaint amach leis na hoibreoirí agus téitear i mbun gníomh ceartaithe.

- 8.52** Luaigh an Roinn, cé nach dtugtar faoi athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht, faoi mar a shíltear ag an am a síníodh an comhaontú le BT, soláthraíonn an tuairisciú míosúil (agus an tuairisciú gach uair an chloig, nuair a shaináithnítear saincheistean) meicníocht níos éifeachtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís.¹

Fíor 8.6 Paraiméadair a úsáideadh chun feidhmíocht a thomhas

Paraiméadar	Minicíocht tomhais	Leibhéal feidhmíochta agus an tréimhse thomhais
Fáil ar an ECAS	Gach mí	Ar a laghad 99.999% Bliain amháin
Meánluas na freagartha	Gach uair agus gach lá	1.3 soicind, ar a mhéid Lá amháin
Céatadán na nglanna a freagraíodh in 5 shoicind	Gach uair agus gach lá	Ar a laghad 97.5% Lá amháin
Innéacs inrochtaineachta ^a	Gach ceathrú uaire agus gach lá	Ar a laghad 85% Lá amháin
Gearáin chustaiméirí nó seirbhís éigeandála	Gach mí	Dhá cheann sa mhí nó gearán amháin in aghaidh gach 200,000 glao, ar a mhéid
Deimhniú caighdeán	Gach bliain	Cigireacht bhliantúil ar dheimhniú
An meánam láimhseála glao	Gach uair agus gach lá	36 soicind, ar a mhéid Lá amháin
An meánam ródaithe glao	Gach uair agus gach lá	15 shoicind, ar a mhéid, le haghaidh 90% de na glaonna ródaithe Lá amháin
An meánráta tréigean glao	Gach uair agus gach lá	12%, ar a mhéid Lá amháin
Cruinneas láimhseála glao ^b	Gach mí (Roghnaíonn gach ionad oibreoirí 50 glao go randamach sa mhí)	Ar a laghad 99% Gach mí

- Nótaí:
- a Déanann an paraiméadar seo an céatadán de cheathrúna uaire inar freagraíodh 85% de na glaonna laistigh de chúig shoicind, agus neamhaird a thabhairt do ghlaonna a tréigeadh laistigh de chúig shoicind.
 - b Déanann an paraiméadar seo cáilíocht fheidhmíocht oibreoir na nglanna a thomhas nuair a bhíonn glaonna á láimhseáil aige/aici. Déanann BT monatóireacht ar shampla de ghlaonna taifeadta gach mí lena chinntiú go bhfuil oibreoirí ag cloí le prionsabail agus nósanna imeachta oiliúna.

- 8.53** Luaigh ComReg go bhfuil an t-athbhreithniú míosúil a dhéanann siad ar na tuarascálacha feidhmíochta nasctha leis an athbhreithniú bliantúil ar an táille láimhseála glaonna mar gheall go n-úsáidtear na paraiméadair chun faisnéis a sholáthar don tsamhail acmhainní ar a ndearna ComReg breithniú mar chuid den athbhreithniú bliantúil. Anuas air sin, breithníonn an t-athbhreithniú bliantúil ar an táille láimhseála glaonna ar fheidhmíocht BT mar gheall go n-áirítear leis cuairteanna ar na trí ionad glaonna agus an dá ionad sonraí. Chomh maith leis sin, thug ComReg cuairt ar ionad monatóireachta BT i mBéal Feirste mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar an táille láimhseála glaonna. Is é cuspóir na gcuairteanna seo a chinntiú go bhfuil bonneagar BT maith a dhóthain agus ag oibriú de réir mar is gá.

¹ Féadfaidh BT tuarascálacha ar oibriú na seirbhíse a sholáthar ina dtugtar miondealú in aghaidh na huair ar fheidhmíocht lena chur ar chumas ionadaí na Roinne athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse fad atá saincheist oibríochtúil ar bun.

- 8.54** Díríonn na hathbheithnithe míosúla ag ComReg ar chásanna aonuaire nó ócáideacha, nuair nach gcomhlíonann an fheidhmíocht na leibhéil feidhmíochta a shonraítear sa chomhaontú lamháltais.
- 8.55** Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh athbheithniú ar shampla de na tuarascálacha feidhmíochta a sheol BT ar aghaidh. Chuimsigh na tuarascálacha seo an tréimhse idir Eanáir 2013 agus Aibreán 2014. I gcaitheamh na tréimhse sin, thug na tuarascálacha le fios gur chomhlíon BT na caighdeáin feidhmíochta go comhsheasmhach.
- 8.56** D'fhiafraigh mé den Roinn conas a bhailíochtaíonn siad na torthaí sna tuarascálacha feidhmíochta a chruthaíonn BT. Luaigh an Roinn go bhfuil rochtain acu ag gach tráth ar na sonraí nua a chruthaigh córas ríomhaire BT agus gur sheiceáil agus go ndearna siad grinnfhiosrúchán go rialta ar cháilíocht agus ar rangú na nglanna. Thug an Roinn faoi na cigireachtaí seo gan fógra a thabhairt roimh ré agus níor shainaithin siad, ag tráth ar bith, aon neamh-chomhsheasmhacht sna tuarascálacha feidhmíochta a chruthaigh BT. Ar a bharr sin, thug an Roinn chun suntais, mar chuid d'athbheithniú bliantúil ComReg ar an táille láimhseála glanna a bheidh ar bun níos déanaí i mbliana, fostófar comhairleach neamhspleách chun athbheithniú agus tástáil fhoirmiúil a dhéanamh ar an modheolaíocht trína gcuireann BT a dtuarascálacha feidhmíochta i dtoll a chéile agus trína ríomhann siad iad.

Conclúidí agus Moltaí

- 8.57** Tá an tseirbhís freagartha glanna éigeandála cistithe go hiomlán ag cuideachtaí a oibríonn na líonraí gutháin óna ndéanann na glanna éigeandála. Gearrtar táille láimhseála ar na cuideachtaí do gach glao a dhéanann siad. Rialaíonn ComReg an táille, bunaithe ar an gcostas ionchasach atá ar an tseirbhís a sholáthar agus ar mhéideanna na nglanna éigeandála a bhfuiltear ag súil leo. Cuireann leasaithe bliantúla ar an táille láimhseála glanna san áireamh aon tearc-aisghabháil nó aon ró-aisghabháil costas ag oibreoir na seirbhíse i dtréimhsí roimhe seo.
- 8.58** Tá an táille láimhseála glanna le haghaidh 2014/2015 thart ar 38% níos airde ná an táille nuair a tosaíodh an Conradh in 2010. I gcaitheamh na tréimhse idir 2010 agus 2014, bhí an leibhéal glanna a fuarthas i bhfad ní ab ísle ná mar a rabhtas ag súil leis nuair a cuireadh an tseirbhís chun tairisceana. D'eascair méadú géar as seo ar an táille láimhseála glanna le haghaidh 2011/2012. Tháinig laghdú ar roinnt costas mar gheall ar mhéideanna ní ab ísle de ghlaonna a bheith á láimhseáil agus rinne na hathbheithnithe bliantúla roinnt costais eile a leasú nó a dhícheadú.
- 8.59** Leag an comhaontú lamháltais idir BT agus an Roinn amach conas ar cheart maoirsiú a dhéanamh ar an tseirbhís freagartha glanna. Is éard a bhí sa struchtúr a beartaíodh ná bord tionscadail agus coiste idirchaidrimh. Níl aon téarmaí tagartha ag an mbord tionscadail – ina ionad sin, tagraítear d'fheidhmeanna an bhoird ag míreanna éagsúla ceann amháin de na sceidil leis an gcomhaontú lamháltais. Níl miontuairiscí foirmiúla chruinnithe ráithiúla an ghrúpa curtha i dtaifead. Níor bunaíodh coiste idirchaidrimh, chun cumarsáid a éascú ar gach saincheist idir an Roinn agus BT, faoi mar a beartaíodh faoin gcomhaontú lamháltais. Ar a shon sin, cuireadh struchtúir eile i bhfeidhm chun cumarsáid idir an Roinn agus BT a éascú.

Moladh 8.1

Ba cheart téarmaí comhdhlúite tagartha don Ghrúpa Seirbhísí Éigeandála a chur i bhfeidhm. Sa mhullach air sin, d'fhoilligh a chinntiú go gcoimeádtar cuntais leordhóthanacha de mhaoirsiú na Roinne ar oibriú na seirbhíse freagartha glaonna éigeandála, ba cheart don Roinn a chinntiú go gcoimeádtar cuntais fhoirmiúla de chruinnithe an Ghrúpa.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Tugann an Roinn chun suntais, cé gur chinntigh na struchtúir atá i bhfeidhm cheana féin go soláthraítear cáilíocht riachtanach na seirbhíse agus gur sholáthair siad socruithe daingne tuairiscithe, tá comhaontú á dhéanamh acu faoi láthair ar théarmaí foirmiúla tagartha don bhord tionscadail. Chomh maith leis sin, glactar miontuairiscí ar gach cruinniú den bhord tionscadail amach anseo.

Athbhreithnithe Feidhmíochta

- 8.60** Tuairiscíonn BT gach mí ar a bhfeidhmíocht i leith na gcaighdeán seachadta seirbhíse a shonraítear sa chomhaontú lamháltais. Déanann ComReg agus an Roinn athbhreithniú ar na tuarascálacha agus sa chás go dteipeann ar an bhfeidhmíocht an caighdeán sonraithe a bhaint amach agus tugtar iad seo chun solais agus téitear i ngleic leo le BT. Ina theannta sin, cuirtear na tuarascálacha i láthair ag cruinnithe ráithiúla an Ghrúpa Seirbhísí Éigeandála agus an fhórait thionscail. Ar an iomlán, tá na caighdeáin feidhmíochta á mbaint amach.
- 8.61** Cé go leagtar amach é sa chomhaontú lamháltais, ní raibh aon athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht ag BT ar bun. Ar a shon sin, tá sé beartaithe ag ComReg comhairleach neamhspleách a fhostú chun athbhreithniú agus tástáil fhoirmiúil a dhéanamh ar an modheolaíocht trína gcuireann BT a dtuarascálacha feidhmíochta i dtoll a chéile agus trína ríomhann siad iad. Cruthóidh an t-athbhreithniú seo cuid d'athbhreithniú bliantúil ComReg ar an táille láimhseála glaonna agus táthar ag súil leis go dtarlóidh seo faoi dheireadh 2014.

Moladh 8.2

Cé go ligeann na hathbhreithnithe míosúla ar fheidhmíocht a bhfuiltear ag tabhairt fúthu faoi láthair don Roinn agus do BT freagairt do shaincheistanna de réir mar a thagann siad chun solais, ligfeadh athbhreithniú agus tuarascáil fhoirmiúil bhliantúil forléargas a thabhairt ar fheidhmíocht thar thréimhse a sholáthar don phobal agus do pháirtithe ar spéis leo. Ba cheart don Roinn machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú bliantúil a fhoilsiú ar fheidhmíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht don bhliain, na saincheistanna a dtagtar orthu (más ann dóibh) agus conas a chuathas i ngleic leis na saincheistanna siúd.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Tá socruithe á gcur i bhfeidhm ag an Roinn chun tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an ECAS. Tá an ECAS ag feidhmiú de réir ardchaighdeán comhsheasmhach agus tá gach ceann de na leibhéil feidhmíochta á sárú acu a leagadh amach sa chomhaontú lamháltais. Is é an meánluas freagartha ar ghlaiteoir ar an ECAS 0.6 soicind, agus tá seo ar cheann de na cinn is tapúla san Eoraip agus cuirtear glaonna ar aghaidh chuig an tseirbhís chuí éigeandála laistigh de 6.35 soicind ar an meán le sonraí na héigeandála agus láthair an ghlaiteora.

Rátaí Toraidh

- 8.62** Mar chuid den chomórtas tairisceana chun soláthróir seirbhíse a roghnú don ECAS, shonraigh an Roinn bunráta toraidh (4.2%) a bhainfeadh le hinfheistíocht incháilithe an oibreora. Tugadh cuireadh do na forthairgeoirí a thabhairt le fios cén t-imeall a chuirfí leis chun an ráta deiridh toraidh faoi ráthaíocht a bhaint amach a bheadh i gceist d'fhad an chonartha. D'úsáid an Roinn ráta seachtain amháin Euribor amhail an 3 Meán Fómhair 2007 mar an mbunráta a ordaíodh i gcáipéisí na tairisceana. Níor síníodh an conradh idir an tAire agus oibreoir an ECAS go dtí 14 mhí tar éis an spriocdháta chun tairiscintí a fháil. Mar thoradh air sin, d'eascródh sochar breise don chonraitheoir as aon laghduithe ar rátaí úis an mhargaidh. Má tháinig méadú mór ar rátaí úis an mhargaidh, ní raibh dualgas ar an gconraitheoir chun an conradh a iontráil.
- 8.63** Níor iarradh ar aon chomhairle airgeadais ón nGníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) maidir le socrú an bhunráta toraidh sa tairiscint. Ar cheann de phríomhfheidhmeanna an NDFA tá comhairle a chur ar údarais an stáit ar mhaoiniú optamach tionscadail infheistíochta poiblí. Tá dualgas ar chomhlachtaí stáit dul i gcomhairle leis an NDFA le haghaidh tionscadal ag a bhfuil infheistíocht chaipitiúil de bheis ar €30 milliún agus féadtar amhlaidh a dhéanamh, más mian leo, le haghaidh tionscadail níos lú.
- 8.64** Ríomhtar an ráta toraidh faoi ráthaíocht, a shonraítear sa chomhaontú lamháltais amhail bheith 6.6%, gach bliain ar oll-luach leabhar infheistíocht an chonraitheora do thréimhse iomlán an chonartha. Mar gheall go bhfuil a n-infheistíocht á forchúiteamh ag BT trí mhuirear dímheasa bliantúil, go héifeachtach, tá an toradh iarbhir ar an gcaipiteal a infheistítear go mór níos airde agus tagann méadú air thar shaolré an chonartha.

Moladh 8.3

Ba cheart don Roinn machnamh a dhéanamh ar dhul i gcomhairle leis an NDFA ar aon tionscadail amach anseo, den mhéid céanna agus ina bhfuil struchtúir chomhionanna chasta i gceist, lena chinntiú go ndéantar comhaontú ar na téarmaí is oiriúnaí, lena n-áirítear comhairle ar cibé acu an cuí nó nach cuí bunráta toraidh a shonrú.

Freagairt an Oifigigh Chuntasáochta

Comhaontaithe. Comhlíonann an Roinn gach rialacháin agus treoirlíne maidir le hinfheistíochtaí caipitil. Ar a shon sin, mar gheall gurbh ionann gné chaipitil bhunú an ECAS agus €11 milliún, atá go mór faoi bhun na teorann €20 milliún, agus nach raibh aon ionstraim airgeadais i gceist, níor measadh gur ghá dul i gcomhairle leis an NDFA.

9 Caiteachas Dhánlann Náisiúnta na hÉireann a mhíniú

- 9.1** Deonaíonn (vótálann) Dáil Éireann airgead do gach seirbhís soláthair gach bliain de bhun tograí a eascraíonn ón bpróiseas meastachán. Tugann an tAcht Leithreasa éifeacht reachtúil do na meastacháin le haghaidh gach seirbhís soláthair a vótáil an Dáil don bhliain sin. Sonraítear san Acht an glanmhéid de chaiteachas údaraithe ar gach seirbhís, mar aon leis an méid d'fháltais roinne is féidir a chur i bhfeidhm mar leithreasáí i gcabhair de chuid gach vóta.
- 9.2** Príomhghné den phróiseas airgeadais phoiblí is ea an leithreasú bliantúil ag an Dáil ar airgead de réir na teorann caiteachais a socraíodh agus an t-airgead sin a chur i gcuntas leis an Dáil. Mar phrionsabal ginearálta, déantar cuntasaíocht an rialtais ar ollbhonn agus taispeántar gach caiteachas agus fáltas ar bhonn leithleach. Ní féidir fáltas a ghlanluacháil i leith caiteachais, agus ní féidir fáltas bharrachais a úsáid gan faomhadh na Dála a fháil chun caiteachais breise a chuimsiú.¹
- 9.3** Mar an Oifigeach Cuntasaíochta, tá Dánlann Náisiúnta na hÉireann freagrach as a gcuntas leithreasa a réiteach faoin Acht Ranna Státchiste agus Iniúchta, 1986, agus as riaradh na Dánlainne. Faoina reachtaíocht bhunaithe, tá bord rialtóirí agus caomhnóirí ag an Dánlann atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí. Áirítear leis seo maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht chistí na Dánlainne. Anuas air sin, déanann an Stiúrthóir tuairisciú don Bhord.
- 9.4** Deonaíodh an ghlansuim €7,677,000 don Dánlann do thuarastail agus costais na Dánlainne, deontais i gcabhair le haghaidh 2013 san áireamh, mar aon le suim €253,000 atá le húsáid mar leithreasáí i gcabhair, agus a mbaineann nach mór an méid go léir de (€252,000) le hasbhaintí pinseanbhainteacha ó thuarastail foirne.
- 9.5** Tá rochtain ag an Dánlann ar fhoinsí eile de chistiú (neamhvótáilte) ó ghníomhaíochtaí ar nós siopaí miondíola agus bialanna, tabhartais agus bronnadh sochar, tiomsú airgid, taispeántais agus urraíocht. Le trí bliana anuas, b'ionann an cistiú seo agus 17%, ar an meán, den ghlandeontas bliantúil státchiste agus ní chuirtear i gcuntas é i gcuntas leithreasa na Dánlainne.
- 9.6** Cistítear forais eile náisiúnta chultúir, ar nós Ard-Mhúsaem na hÉireann agus na Leabharlainne Náisiúnta trí dheontas bliantúil ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Sna cásanna siúd, is ionann na hacmhainní féin ó dhíolacháin, imeachtaí corparáideacha, urraíochtaí, etc. agus faoi bhun 5% de na deontais Státchiste faoi seach.
- 9.7** Anuas ar an gcuntas airgeadbhunaithe bliantúil leithreasa, réitíonn an Dánlann ráitis fabhráithe airgeadais atá in ainm is cuntas cuimsitheach a thabhairt ar a n-ioncam agus a gcaiteachas agus ar a staid ghnóthaí go léir.² Deimhníodh na ráitis fabhráithe airgeadais ba dhéanaí don bhliain airgeadais 2011 an 12 Meán Fómhair 2014. D'eascair an mhoill ar dheimhniú as athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm i bhformáid an chuntais le haghaidh 2011 chun ailíniú a dhéanamh leis an gcleachtas cuntasaíochta le haghaidh eagraíochtaí comhchosúla.

1 Tugtar breac-chuntas in Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (mír C2) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an nós imeachta atá le leanúint nuair a sháraíonn sealbhóirí Vóta an leibhéal caiteachais a leagadh amach do bhliain, agus eascraíonn 'vóta barrachais' mar thoraidh air sin.

2 Réitítear na ráitis bhliantúla airgeadais faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

- 9.8** Le blianta beaga anuas, d'úsáid an Dánlann a gcistiú féin acmhainní, le faomhadh an Bhoird, ar mhaithe le roinnt costais oibriúcháin a ghearradh ar gnách go gcisteofaí iad ón gcuntas leithreasa. Is í tuairim an Bhoird go leagtar an fhreagracht ar an Rialtas chun cistí leordhóthanacha a sholáthar chun seirbhísí poiblí na Dánlainne a choimeád, agus go n-áirítear costais oibriúcháin leis seo. Ar a shon sin, ní dhearna an Dánlann comhaontú drogallach ar a gcistí féin a úsáid chun an t-easnamh reatha atá i gcostais oibriúcháin a líonadh.
- 9.9** Nuair a tugadh faoi thástáil iniúchta maidir le cuntas leithreasa 2012, tugadh faoi deara gur gearradh roinnt caiteachas oibriúcháin ar a n-acmhainní féin san áit ar gearradh caiteachas ar na gníomhaíochtaí céanna an bhliain roimhe sin ar an Vóta. Nuair a rinneadh seo a fhiosrú leis an Dánlann, mhínigh siad, mar gheall gur laghdaíodh faoi 40% deontas an Státchiste ó 2008 i leith, ba ghá roinnt costais oibriúcháin a chistiú (€156,500 in 2012) ó chúlchistí na Dánlainne, faoi réir údarás an Bhoird. Luaigh siad gurb é an beartas a cuireadh i bhfeidhm ná beartas chun gach costas oibriúcháin a ghearradh ar an Vóta, faoi réir chistiú an Státchiste atá ar fáil.
- 9.10** I gcomhthéacs iniúchadh an chuntais leithreasa le haghaidh 2013, sholáthair an Dánlann sonraí ar chaiteachas €298,000 a gearradh ar a n-acmhainní féin le haghaidh roinnt costais oibriúcháin ar gnách go ngearrfaí iad ar an Vóta (féach Fíor 9.1).

Fíor 9.1 Caiteachas a maoiníodh ó acmhainní féin na Dánlainne, 2013

	Gearrtha ar a n-acmhainní féin	An t-iomlán le haghaidh a mhacasamhail de ghníomhaíochtaí a gearradh ar an Státchiste
	€000	€000
Tuarastail	143	4,836
Costais slándála agus theagmhasacha (turaís léachta agus iompar pictiúr san áireamh)	71	597
Táillí agus costais an bhoird	26	–
Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	15	230
Costais áitribh	38	803
Caomhnú	5	39
Iomlán	298	6,505

Foinse: Dánlann Náisiúnta na hÉireann

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

- 9.11** Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta, faoina reachtaíocht bhunaithe, go bhfuil freagracht agus údarás aonair ag an mBord chun a n-acmhainní féin a bhainistiú de réir mar a mheasann siad is cuí, ar mhaithe le leas na Dánlainne. Luaigh sé go raibh an t-ádh ar an Dánlann foinse eile de chistí a bheith acu, agus, in éagmais na gcistí leordhóthanacha ón Státchiste ina Vóta bliantúil, is féidir iad a úsáid chun caighdeán a seirbhíse a choimeád agus chun leas agus cuspóirí na Dánlainne a chur chun cinn. Luaigh sé, chomh maith, go bhfuil an caiteachas seo, mar gheall ar a chineál, faoi lánrogha agus go gcistíonn an Státchiste croíchostais, ar nós na foirne buaine, fónas, agus costais slándála. Cuimsíonn ráitis airgeadais na Dánlainne, ar a ndéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, gach gníomhaíocht, anuas ar an gcuntas bliantúil leithreasa agus léiríonn na ráitis airgeadais seo costais ó gach foinse.

Conclúidí

- 9.12** Déanann an cás ina bhfuil rochtain ag an Dánlann ar a n-acmhainní féin agus a gcuireann siad a n-acmhainní féin i bhfeidhm lasmuigh den phróiseas bliantúil meastachán, cuspóir um rialú teorainn chaite an phróisis bhliantúil mheastachán agus an ollphrionsabail chuntasaíochta a theastaíonn faoi nósanna imeachta airgeadais phoiblí. Ina theannta sin, tá dualgas ar an Dánlann dhá shraith de ráitis airgeadais a chur i dtoll a chéile, ar dhá bhonn éagsúla cuntasaíochta.

Moladh 9.1

Ba cheart don Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, breithniú a dhéanamh ar gach acmhainn den Dánlann a chur san áireamh laistigh den phróiseas leithreasaí. Féadtar cistí coiscthe ó acmhainní neamhStátchiste (ar nós tiomsú airgid) a chur i gcuntas laistigh de na rialacha reatha um chuntasaíocht leithreasa. Mar mhalairt air sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar chaitheamh leis an Dánlann, ar nós forais chultúir náisiúnta eile, mar fhotheideal deontais laistigh den mheastachán don Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, leis an tuairisciú cuí agus tráthúil airgeadais ar bhonn cuimsitheach.

Freagairt an Stiúrthóra

Ní chomhaontaítear. Bheadh sé an-díobhálach gach ceann de chúlchistí na Dánlainne a chur san áireamh atá laistigh den phróiseas meastachán/leithreasa. Chiallódh sé go dteastódh gach ioncam neamhchoiscthe nár caitheadh a fuair an Dánlann, lena n-áireofaí tabhartais, bronnadh sochair agus tiomnachtaí, a thabhairt suas don Státchiste, gach bliain. Bhainfeadh seo láithreach agus go mór den chumas atá ar an Dánlann chun cistí a thiomsú agus chun toil deontóirí/pátrún a mhúscailt chun cistí a thabhairt ar mhaithe leis an Dánlann agus sochaí na hÉireann. Tríd an athrú sin a dhéanamh nuair a thug an Dánlann an tiomantas, le tacaíocht ón Rialtas, d'acmhainní suntasacha a chaitheamh chun a ngníomhaíochtaí tiomsaithe airgid a fhairsingiú, bhainfí go mór d'iarrachtaí tiomsaithe airgid na Dánlainne.

Smaoineamh atá sa mholadh eile chun Vóta na Dánlainne a aistriú ina dheontas ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a dhiúltaigh an Bord nuair a cuireadh in iúl nár bhain mórán fiúntais leis roinnt blianta ó shin, go príomha mar gheall go mbaineann sé de neamhspleáchas braite na Dánlainne ó rialtas lárnach, agus a chruthaíonn níos mó deacrachtaí do thiomsú airgid. Ní raibh deis ag an mBord reatha chun machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí féideartha substainteacha den mholadh seo agus theastódh breis ama chun bheith in ann freagairt chuimsitheach a sholáthar.

Freagairt Ard-Rúnaí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Comhaontaithe. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart cistiú an Státchiste a sholáthar, amach anseo, trí fhotheideal den Vóta Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Cuirfear deireadh le hoibriú Vóta na Dánlainne Náisiúnta an 31 Nollaig 2014 agus soláthrófar ráiteas comhaontaithe ina leagtar amach fáiltais agus íocaíochtaí ionchasacha don bhliain amach romhainn sa Mheastachán Leasaithe le haghaidh 2015 a réitigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

10 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

- 10.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú gur úsáideadh an caiteachas a fhabhraíonn siad do na cuspóirí ar cuireadh an t-airgead ar fáil dóibh ag Dáil Éireann, agus go gcloíonn a n-idirbheartaíochtaí leis na húdaráis faoina n-airbheartaíonn siad gur tugadh fúthu. Meastar go bhfuil idirbheartaíochtaí airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá choinníoll seo.
- 10.2** Is ionann íocaíochtaí de bhreis ar an teidlíocht faoi théarmaí scéimeanna leasa agus 'neamhrialta'. Féadfaidh na híocaíochtaí sin eascairt mar gheall ar an méid a leanas
- calaois an éilitheora – sa chás go gcuireann an t-éilitheoir faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn ar fáil chun sochair a fháil, nó go dteipeann air/uirthi, d'aon turas, an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a tháinig ar chúinsí
 - earráid an éilitheora – a thagann chun solais nuair a sholáthair an t-éilitheoir faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn, nó nuair a theip air/uirthi athrú ábhartha a thabhairt le fios ar chúinsí (ar nós méadú ar mhaoin nó athrú ar riocht sláinte), ach nuair nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann thar ceann an éilitheora
 - earráid roinne nó riaracháin – sa chás go n-íoctar sochair go mícheart mar gheall ar easpa gnímh, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.
- 10.3** Thagair mé i mo dheimhnithe iniúchta ar Chuntas Leithreasa 2013 le haghaidh Vóta 37 agus Cuntas 2013 an Chiste Árachais Shóisialta do leibhéal neamhrialtachta íocaíochtaí na scéime, a mheasaim atá ábhartha i gcomhthéacs gach cuntais.

Suirbhéanna ar Chalaois agus Earráid

- 10.4** Tugann an Roinn faoi shuirbhéanna calaoise agus earráide ar scéimeanna leasa shóisialaigh. Is éard a bhíonn i gceist leis na suirbhéanna ná sampla randamach d'éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil an t-éilitheoir i dteideal íocaíocht a fháil agus má tá, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tsuim cheart á híoc. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn chun rioscaí scéime a shainaithint agus an gá le haon athruithe ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm.
- 10.5** Leag an Roinn a gclár suirbhéanna ar chalaois agus earráid amach a bhfuil siad le tabhairt fúthu sna chéad chúig bliana amach rompu ina Straitéis Chomhlíonta agus Frithchalaoise 2014-2018 a foilsíodh in Aibreán 2014. Beartaítear anois chun tabhairt faoi dhá shuirbhé a bhí sceidealaithe le haghaidh 2013 in 2014 – sochar breoiteachta agus an pinsean easláinte.

Meastacháin ar an Leibhéal Calaoise agus Earráide

- 10.6** Mar gheall go bhfuil suirbhéanna calaoise agus earráide dírithe ar chásanna a roghnaítear go randamach atá á n-íoc, soláthraíonn torthaí an tsuirbhé bonn chun an bunleibhéal íocaíochtaí a mheas atá os cionn na teidlíochta – cibé acu mar gheall ar chalaois nó earráide – le haghaidh gach scéim ar a ndéantar suirbhé.
- 10.7** Leagtar amach i bhFíor 10.1 meastacháin ar an scála calaoise agus earráide le haghaidh scéimeanna sa chás gur tugadh faoi shuirbhéanna.

Fíor 10.1 An Leibhéal measta calaoise agus earráide i scéimeanna ar a ndearnadh suirbhé

Cuntas agus scéim	Bliain an tsuirbhé ^a	Leibhéal measta de chalaois agus earráid		Costas na scéime 2013
		Scéim ^b	Roinn ^c	€m
Scéimeanna vóta				
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	2005	3.3%	n/b	262
Pinsean Stáit (neamhranníochach)	2007	1.9%	n/b	952
Liúntas Cuardaitheora Poist	2012	4.6%	3.1%	3,109
Liúntas Míchumais	2010	18.4%	4.1%	1,141
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2011	7.1%	2.7%	978
Sochar Linbh	2012	0.5%	0.5%	1,900
Forlíonadh Cíosa	2013	6.0%	5.0%	373
Scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh				
Sochar Breoiteachta	2006	0.4%	n/b	649
Pinsean Stáit (ranníochach/aistriú)	2008	1.1%	n/b	4,121
Sochar Cuardaitheora Poist	2011	2.5%	1.6%	560
Pinsean Ranníochach Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	2013	0.8%	0.7%	1,350

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a An bhonnbhliain do shuirbhé na scéime is déanaí. Tugadh faoi bhreis agus suirbhé amháin le haghaidh roinnt scéimeanna.
b Áirítear leis cásanna ina ndearnadh achomharc rathúil ina dhiaidh sin.
c Glanchoilteanas leis an gcóras leasa agus cásanna san áireamh ina dtagann éilimh/íocaíochtaí spleácha ar scéimeanna eile in ionad éilimh dhícheadaithe scéime nó sa chás go n-éiríonn le hachomhairc. Ní dhéanann tuarascálacha an tsuirbhé imdhealú ar an dá chatagóir seo.

10.8 Cistítear scéimeanna leasa tríd an Vóta le haghaidh Coimirce Shóisialach agus an Ciste Árachais Shóisialta (SIF). Cúnamh sóisialta a bhíonn i gceist le scéimeanna atá cistithe ag vóta, agus is minic a bhunaítear iad ar thástálacha maoine. Árachas sóisialta, den chuid is mó, a bhíonn i gceist le scéimeanna SIF sa mhéid go mbraitheann teidlíocht ar leibhéal ranníocaíochtaí ÁSPC an éilitheora.

Scéimeanna atá Cistithe ag Vóta

10.9 Tá athrúchán fairsing ar an leibhéal calaoise agus earráide a aimsíonn suirbhéanna ar scéimeanna atá cistithe ag Vóta. Seachas ó shochar linbh, arb íocaíocht uilíoch é (i.e. ní dhéantar tástáil mhaoine air), idir 1.9% de chaiteachas na scéime i gcás an phinsin neamhranníocaigh Stáit agus 18.4% do scéim an liúntais mhíchumais atá na meastacháin. Áiríonn suirbhéanna a rinneadh i mblianta ní ba dhéanaí coigeartú ar an meastachán chun cásanna a ndearnadh achomharc rathúil orthu nó a deimhníodh a bhí neamh-incháilithe don scéim ach a bhí i dteideal íocaíocht a fháil faoi scéim eile, cibé acu mar an éilitheoir nó mar chleithiúnaí. I gcás scéim an liúntais mhíchumais, laghdaíonn an coigeartú seo an meastachán do ghlanráta calaoise agus earráide 4.1%.

10.10 Is ionann scéimeanna an Vóta ar a ndearnadh suirbhé agus €8.7 billiún de chaiteachas 2013. Ní fios méid na calaoise agus na hearráide i scéimeanna nach ndearnadh suirbhé orthu riamh agus arb ionann iad agus €2.6 milliún de chaiteachas.

Scéimeanna atá Cistithe ag an SIF

- 10.11** Tá athrúchán, chomh maith, ar an leibhéal calaoise agus earráide sna ceithre scéim den SIF ar a ndearnadh suirbhéanna. Idir 0.4% le haghaidh sochar breoiteachta agus 2.5% le haghaidh sochar cuardaitheora poist atá na meastacháin. B'ionann agus 56% an pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) agus scéimeanna sochar cuardaitheora poist de chaiteachas €8.4 billiún scéim an SIF in 2013. Tá leibhéil mheasta de chalaois agus d'earráid ag na scéimeanna seo atá os cionn 1% den chaiteachas.

Na Torthaí is Déanaí ar Shuirbhéanna

- 10.12** Chríochnaigh an Roinn suirbhéanna calaoise agus earráide ar thrí scéim le bliain anuas – liúntas cuardaitheora poist, forlíonadh cíosa agus pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh. Leagtar amach anailís ar thorthaí na suirbhéanna sin i bhFíor 10.2.

Fíor 10.2 Leibhéal measta de chalaois agus earráid - na torthaí is déanaí ar shuirbhéanna

	Céatadán íocaíochtaí na scéime, de réir luacha		
	Ráta calaoise agus earráide na scéime	Éilimh athbhunaithe nó aistrithe	Glanráta calaoise agus earráide
Liúntas Cuardaitheora Poist			
Mar gheall ar chalaois	1.5%	0.1%	1.4%
Mar gheall ar earráid	3.1%	1.4%	1.7%
Iomlán	4.6%	1.5%	3.1%
Forlíonadh Cíosa			
Mar gheall ar chalaois	3.2%	0.3%	2.9%
Mar gheall ar earráid	2.8%	0.7%	2.1%
Iomlán	6.0%	1.0%	5.0%
Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh			
Mar gheall ar chalaois	0.3%	0.1%	0.2%
Mar gheall ar earráid	0.5%	—	0.5%
Iomlán	0.8%	0.1%	0.7%

Foinse: Tuarascálacha Calaoise agus Earráide, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Meitheamh/Iúil 2014

Liúntas Cuardaitheora Poist

- 10.13** Íocaíocht atá i liúntas cuardaitheora poist do dhaoine dífhostaithe idir aois 18 agus 66. Chun cáiliú, ní mór dóibh tástáil mhaoine a shásamh agus
- ní mór gnáthchónaí bheith orthu sa Stát
 - ní mór dóibh bheith in ann oibriú, agus
 - bheith ar fáil le haghaidh oibre agus fíor-iarrachtaí a bheith á ndéanamh acu chun obair a lorg.

- 10.14** Ag deireadh 2013, bhí liúntas cuardaitheora poist á fháil ag 295,000 duine. B'ionann an caiteachas in 2013 agus beagán de bhreis ar €3.1 billiún.
- 10.15** Roghnaíodh sampla randamach 1,000 cás a bhí á n-íoc i Meán Fómhair 2012 le hathbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid den suirbhé ar chalaois agus earráid. Ar deireadh, chruthaigh 987 cás an bonn a bhí faoin suirbhé, mar gheall nár tugadh athbhreithnithe chun críche go tráthúil in 13 chás chun iad a chuimsiú i dtorthaí an tsuirbhé. Ghlac sé 21 mí, ar an iomlán, chun an suirbhé a chríochnú.
- 10.16** B'ionann agus 4.6% den chaiteachas an méid calaoise nó earráide a sainaithníodh ag an suirbhé. Shainaithin an suirbhé deiridh ar an liúntas cuardaitheora poist in 2009 ráta calaoise agus earráide 3.1%.
- 10.17** Nuair a chuirtear san áireamh na cásanna a rinneadh a achomharc go rathúil nó a aistríodh chuig scéimeanna eile leasa shóisialaigh, is é 3.1% an glanráta calaoise agus earráide sa suirbhé is déanaí. Rinneadh seo a thomhas 12 mhí i ndiaidh gur cuireadh tús leis an suirbhé.
- 10.18** Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, mheas an Roinn gurbh ionann an glanmhéid calaoise agus earráide seachtainiúil faoin scéim liúntas cuardaitheora poist agus €2.68 milliún.¹
- 10.19** As na 987 cás a áiríodh le torthaí an tsuirbhé
- measadh nár theastaigh aon athrú ar a n-íocaíocht as 85% díobh ar a ndearnadh measúnú
 - sainaithníodh earráidí custaiméara in 119 cás
 - sainaithníodh earráidí roinne i naoi gcás
 - bhíothas in amhras ar chalaois in 21 cás.
- 10.20** Is éard a bhí i gceist leis na cásanna de chalaois amhrasta
- gur theip ar an té an cháipéisíocht a iarradh a sholáthar
 - sháraigh an mhaoín na teorainneacha a sainaithníodh
 - ní raibh fáil ar an éilitheoir chun oibriú (mar shampla, bhí cónaí air/uirthi thar lear)
 - deimhníodh nach raibh an t-éilitheoir i dteideal íocaíocht chleithiúnaí aosaithe a fháil.
- 10.21** Shainaithin an suirbhé éilitheoirí ócáideacha (i.e. iad siúd a d'aimsigh obair ar feadh lá nó dhó as a chéile) mar cheann de na grúpaí ní ab airde riosca. Meastar gurbh ionann an leibhéal calaoise agus earráide don daonra éilitheoirí ócáideacha agus thart ar 6.8%. Mhol an suirbhé
- an 'tionscadal scanta' a thabhairt isteach níos tapúla d'éilitheoirí ócáideacha ina bhfíordheimhniú a bhfostóir obair an éilitheora sula ndeimhnítear an íocaíocht
 - teagmháil ghníomhach leantach a dhéanamh le héilitheoirí sa chás nach soláthraíonn siad sonraí fostóra le haghaidh scanta.
- 10.22** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go bhfuil scanadh i bhfeidhm anois le haghaidh 65% de gach éilitheoir ócáideach agus go bhfuil a thabhairt isteach a fhad leis an éileamh iomlán ócáideach á chur chun cinn go gníomhach.

¹ Thug an suirbhé réimse eatramh muiníne 95% faoi deara idir €1.9 milliún agus €3.4 milliún.

Forlíonadh Cíos

- 10.23** Tá forlíonadh cíos mar chuid den scéim liúntais leasa fhorlíontaigh agus tá fáil ag daoine air atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos nach féidir leo íoc as costas a gcóiríochta óna n-acmhainní féin. Ní mór go mbeadh an chóiríocht ar cíos oiriúnach do riachtanais an éilitheora, ba cheart go mbeadh an íocaíocht chíos faoi bhun na teorann uasta cíos a shocraigh an Roinn agus ní mór don éilitheoir tástáil mhaoine a shásamh.
- 10.24** B'ionann an caiteachas ar fhorlíonadh cíos in 2013 agus €373 milliún agus ag deireadh 2013, bhí 80,000 faighteoir ann.
- 10.25** Roghnaíodh sampla randamach 1,000 cás a bhí á n-íoc i Márta 2013 le hathbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid den suirbhé ar chalaois agus earráid. Ghlac sé 16 mhí chun an suirbhé a chríochnú.
- 10.26** Fágadh éilimh ag a raibh dátaí tosaigh in 2013 amach ón suirbhé mar gheall gur measadh go ndearnadh measúnú orthu siúd le déanaí. Chinn an Roinn, i dturas an ama, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta samplála, nach bhfágfar cásanna a bronnadh le déanaí ó shuirbhéanna amach anseo.
- 10.27** B'ionann agus 6% den chaiteachas an t-ollráta calaoise agus earráide a sainaithníodh ag an suirbhé. Nuair a chuirtear san áireamh na cásanna a rinneadh a achomharc go rathúil nó a aistríodh chuig scéimeanna eile leasa shóisialaigh, is é 5% an glanráta calaoise agus earráide. Is é 5.8% an meastachán ar an íocaíocht iomarca le haghaidh scéim shochar tithíochta na RA, atá cosúil le forlíonadh cíos.¹ Sa mhullach air sin, shainaithin tuarascáil na RA tearcóíocaíochtaí le héilitheoirí arbh ionann iad agus 1.6% den teidlíocht a bhí le hÍoc.
- 10.28** Mheas an Roinn gurbh ionann an glanmhéid calaoise agus earráide seachtainiúil faoin scéim forlíonta cíos agus nach mór €390,000.²
- 10.29** As na 1,000 cás a áiríodh sa suirbhé
- deimhníodh go raibh 84% díobh in ord
 - sainaithníodh earráidí custaiméara in 55 cás
 - sainaithníodh earráidí roinne i 67 cás
 - sainaithníodh 38 cás de chalaois amhrasta.
- 10.30** D'eascair tromlach na gcásanna de chalaois amhrasta mar gheall ar an méid a leanas
- theip ar an éilitheoir freagairt ar an suirbhé agus ar an deireadh a cuireadh leis an éileamh ina dhiaidh sin
 - shainaithin an t-athbhreithniú gur aistrigh an t-éilitheoir áit chónaithe
 - sainaithníodh maoin nár nochtadh roimhe seo.
- 10.31** Shainaithin anailís na Roinne ar thorthaí an tsuirbhé dhá thoisc a d'imir an tionchar ba mhó ar an dóchúlacht nach gcomhlíonfadh cás coinníollacha na scéime.
- rannóg na Roinne a dhéileáil leis an gcás - ba iad na rannóga ag a raibh an céatadán ab airde de chásanna calaoise agus earráide Baile Átha Cliath Láir (32%) agus Lár Tíre Thuaidh (25%) agus ba é an meánráta i measc gach rannóige 16%.

1 Calaois agus Earráid sa Chóras Sochair: Réamh-Mheastacháin **2013/14**, an Roinn um Obair agus Pinsin, Bealtaine 2014.

2 Thug an suirbhé réimse eatramh muiníne 95% faoi deara idir €289,000 agus €491,000.

- an té lena ndearnadh an íocaíocht - bhí ráta calaoise agus earráide 18% i gceist leis na cásanna a íocadh go díreach leis an gcliant, agus bhí ráta 10% i gceist leo siúd a íocadh le duine ainmnithe (an tiarna talún, de ghnáth).

10.32 Mhol an suirbhé

- cé gurbh íseal luach na n-earráidí roinne, ba cheart tús áite a thabhairt do dhul i ngleic le hearráidí i ríomh an fhorlúonta cíosa. Ina leith sin, eisíodh soiléiriú ar ríomhanna an fhorlúonta cíosa cheana féin agus táthar ag súil leis go dtabharfar treoir ar shaincheisteanna sonracha isteach roimh dheireadh 2014
- ba cheart go leanfaí le hiarrachtaí a dhéanamh a chinntiú go bhfuil custaiméirí ar an eolas ar choinníollacha na scéime agus ar a ndualgas chun aon athrú ar chúinsí a thabhairt le fios
- ba cheart go leagfaí béim, i bhfoirmeacha a eisítear do chustaiméirí, ar na himpleachtaí a bhaineann le faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar
- ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar lámhleabhar um dhea-chleachtas leasa shóisialaigh chun torthaí an tsuirbhé agus cleachtais reatha athbhreithnithe a léiriú, agus ba cheart torthaí an tsuirbhé a ionchorprú i dtionscnaimh oiliúna.

Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

- 10.33** Íocaíocht sheachtainiúil is ea pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh a dhéantar le fear céile, bean chéile nó le páirtnéir sibhialta duine mhairbh. Tá sé bunaithe ar thaifead árachais shóisialta (ÁSPC) ceachtar éilitheoir nó a gcéile nó páirtnéir sibhialta sular bhásaigh siad. D'fhonn cáiliú, ní mór nach bhfuil duine ag comhchónaí le duine eile.
- 10.34** D'fhéadfadh liúntais a bheith iníoctha ar chónaí leat féin, do bhreosla agus sa chás go bhfuil an t-éilitheoir os cionn 80 bliain d'aois. Baineann coinníollacha breise incháilitheachta leis na méaduithe seo nach mór a shásamh.
- 10.35** Ag deireadh 2013, bhí 117,000 faighteoir ann agus b'ionann an caiteachas iomlán in 2013 agus €1.3 billiún.
- 10.36** Roghnaíodh sampla randamach 1,000 cás a bhí á n-íoc i Lúnasa 2013 le hathbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid den suirbhé ar chalaois agus earráid. Bunaítear torthaí an tsuirbhé ar 947 cás, mar gheall nár tugadh athbhreithnithe chun críche go tráthúil in 39 cás chun iad a chuimsiú i dtorthaí an tsuirbhé agus bhí na daoine a bhí i gceist in 14 cás tar éis bás a fháil. Cuireadh an suirbhé i gcrích beagán faoi bhun bliain amháin.
- 10.37** Rinne cigirí leasa shóisialaigh athbhreithniú ar éilimh chónaitheoirí Éireannacha, agus iarradh ar éilitheoirí a raibh cónaí orthu lasmuigh den Stát chun deimhniú a chomhlánú ina ndeimhnítear go bhfuil siad fós incháilithe faoin scéim.
- 10.38** B'ionann agus 0.8% den chaiteachas an t-ollráta calaoise agus earráide a sainaithníodh. Nuair a chuirtear san áireamh na cásanna a rinneadh a achomharc go rathúil nó a aistríodh chuig scéimeanna eile leasa shóisialaigh, is é 0.7% an glanráta.

- 10.39** Mheas an Roinn gurbh ionann an t-ollmhéid calaoise agus earráide sa scéim agus nach mór €190,000 sa tseachtain.¹
- 10.40** As na 947 cás a áiríodh le torthaí an tsuirbhé
- deimhníodh go raibh 92% díobh in ord
 - sainaitníodh earráidí custaiméara in 37 cás
 - sainaitníodh earráidí roinne in 36 cás
 - sainaitníodh ceithre chás de chalaois amhrasta.
- 10.41** D'eascair na ceithre chás de chalaois amhrasta mar gheall ar chomhchónaí, athphósadh, nó neamhnochtdadh maoine maidir le teidlíocht do liúntas breosla.
- 10.42** Bhain tromlach na gcásanna earráide le híocaíocht ceann amháin nó níos mó de na liúntais bhreise. Thug an suirbhé faoi deara gur eascair tromlach na gcásanna seo mar gheall ar athrú ar shocruithe cónaithe an éilitheora (cibé acu trí bhogadh isteach chuig teach altranais nó athrú ar chomhdhéanamh teaghlaigh) as ar eascair caillteanas teidlíochta don liúntas.
- 10.43** Shainaithin an suirbhé na grúpaí ní ab airde riosca mar éilitheoirí ar an liúntas breosla agus éilitheoirí neamhchónaithe.

Rangú Cásanna

- 10.44** Is é an cuspóir nuair a bhíonn cásanna sampláilte á n-athbhreithniú, a dheimhniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-éilitheoir i dteideal íocaíocht a fháil, nó cibé acu, mar gheall ar chalaois nó earráid, nach bhfuil aon teidlíocht ann nó go bhfuil an ráta íocaíochta mícheart. Teastaíonn uaidh seo go dtástáiltear cásanna go hiomlán i leith gach sárú féideartha ar rialacháin agus is gnách gur cheart go ndéanfaí gach gnáthsheiceáil agus tástáil ar theidlíocht a chur i bhfeidhm athuair mar gheall air seo. Rangaítear gach cás, ansin, mar 'athrú ar bith', 'calaois', 'earráid éilitheora' nó 'earráid roinne'.
- 10.45** I ngach ceann de na trí shuirbhé a rinneadh le déanaí, caitheadh le líon cásanna amhail 'athrú ar bith' cé nár tugadh faoi athbhreithnithe.
- Bhí na héilitheoirí tar éis an scéim a fhágáil nó bhog siad chuig scéimeanna nó cláir eile tar éis dháta na samplála. Bhí 194 de na cásanna sin ann i scéim liúntas cuardaitheora poist, bhí 74 sa scéim forlíonta cíosa agus trí chás sa scéim phinsin ranníocaigh bhaintrí/bhaintreach fir/pháirtnéara shibhialta mharthanaigh. Dá bhfágfaí na cásanna seo amach ó thorthaí an tsuirbhé, nó dá gcuirfí cásanna eile a roghnófaí go randamach ina n-ionad, d'fhéadfadh go mbeadh torthaí na suirbhéanna ar an liúntas cuardaitheora poist agus an forlíonadh cíosa i bhfad ní b'éagsúla.
 - Ní raibh éilitheoirí ar fáil le hiad a chur faoi agallamh nó theip orthu freagra a thabhairt ar bhealach eile. Ní dhearnadh athbhreithniú ar cheithre chás déag den scéim phinsin ranníocaigh bhaintrí/bhaintreach fir/pháirtnéara shibhialta mharthanaigh ar na cúiseanna siúd.² Tá an caitheamh leis na cásanna seo amhail 'athrú ar bith' neamh-chomhsheasmhach leis an gcaitheamh le cásanna nach bhfuil athbhreithnithe críochnaithe go tráthúil lena gcur san áireamh i dtorthaí an tsuirbhé agus a fhágtar amach ó thorthaí an tsuirbhé.

¹ Thug an suirbhé réimse eatramh muiníne 95% faoi deara idir €102,000 agus €277,000.

² Cuireadh an íocaíocht ar fionraí i dtosach báire sna cásanna seo ach cuireadh ar bun arís í, ina dhiaidh sin, do sheisear daoine a rinne teagmháil de shaghas éigin leis an Roinn.

10.46 Ina theannta sin, b'ann do 128 cás ina ndearnadh athruithe ar theidlíocht i scéim an fhorlíonta cíosa a bhí dlite, mar shampla, ar an athbhreithniú ar na huasteorainneacha cíosa nó athrúcháin ar mhaoín a shainaithint, nár caitheadh leo mar chalaois nó earráid. D'fhéadfadh tearcmheastachán eascairt as seo ar an ráta calaoise agus earráide. Thug an Roinn faoi deara ina suirbhé, áfach

- níl sé indéanta i dtaobh cúrsaí riaracháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach éileamh ar fhorlíonadh cíosa láithreach tar éis go ndéantar athbhreithniú ar theorainneacha cíosa ach go ndéantar athbhreithniú orthu seo ar aon dul le hamfhrámaí roinne
- gné inghlactha iad athrúcháin ar mhaoín laistigh de riaradh na scéime agus déantar bainistíocht orthu trí athbhreithniú agus monatóireacht rialta.

Cé gur eascair athruithe ar theidlíocht as na cásanna seo, chaith an Roinn leo mar 'ghnáthghluaiseacht' laistigh den scéim, agus ní rangaítear iad mar chalaois nó earráid.

10.47 Tugann tuarascálacha an tsuirbhé le fios go ndéanfar scrúdú ar aistriú go híocaíochtaí eile leasa shóisialaigh, i suirbhéanna amach anseo, i dtaobh teidlíochta ag dáta samplála an tsuirbhé. I dtaobh na gceithre chás déag den scéim phinsin ranníocaigh bhaintrí/bhaintreach fir/pháirtnéara shibhialta mharthanaigh nach ndearnadh athbhreithniú orthu, thug tuarascáil an tsuirbhé faoi deara, mar gheall gur scéim fhadtéarmach ranníocach atá sa scéim, go bhféadfadh duine a bheith as baile nuair a dhéanann an Roinn an teagmháil tosaigh leo agus, ar an ábhar sin, ní thugann seo le fios go bhfuil calaois nó earráid i gceist. Luaigh siad gurb é an toradh is mó is dóchúla i dtaobh na gcásanna seo ná 'athrú ar bith' ar an teidlíocht.

Cumhdach Suirbhé na Scéimeanna

10.48 Thosaigh an Roinn ag tabhairt faoi shuirbhéanna calaoise agus earráide in 2003. Taispeánann Fíor 10.3 dáta an tsuirbhé is déanaí agus an chéad suirbhé eile atá sceidealaithe le haghaidh scéimeanna ina bhfuil breis agus €100 milliún de chaiteachas. Rinneadh suirbhé ar na scéimeanna ba mhó (iad siúd a sháraíonn €1 billiún) ag tráth éigin agus rinneadh suirbhé breis agus uair amháin ar chuid díobh.¹ Faoi dheireadh 2015, beidh suirbhé déanta ar gach scéim a sháraíonn €500 milliún chomh maith. I gcás na scéimeanna siúd, áfach, sa chás gur sceidealáíodh suirbhé nua, bíonn an t-eatramh ama chuig an gcéad suirbhé sceidealaithe eile sách fada, idir seacht agus deich mbliana.

10.49 Ní raibh ach dhá scéim de na deich scéim sa chatagóir idir €100 milliún agus €500 milliún faoi réir suirbhé ar chalaois agus earráid. Tá pleananna ann chun suirbhé a dhéanamh ar an bpacáiste sochair teaghlaigh, forlíonadh ioncam teaghlaigh, an liúntas um fhilleadh ar an obair agus íocaíochtaí bunúsacha liúntais leasa fhorlíontaigh idir 2015 agus 2017.

¹ Mar shampla, rinneadh suirbhé ar liúntas cuardaitheora poist in 2003, 2009 agus 2012, rinneadh suirbhé ar liúntas míchumais in 2005 agus 2010, agus rinneadh suirbhé ar íocaíocht teaghlach aontuismitheora in 2003, 2007 agus 2011.

Fíor 10.3 Cumhdach suirbhéanna ar chalaois agus earráid

Scéim	Caiteachas 2013 €m	An bhliain deiridh suirbhé	An chéad suirbhé sceidealai the eile
Caiteachas os cionn €1 billiún			
▪ Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú)	4,121	2008	2016
▪ Liúntas Cuardaitheora Poist	3,109	2012	–
▪ Sochar Linbh	1,900	2012	–
▪ Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	1,350	2013	–
▪ Liúntas Míchumais	1,141	2010	2018
Caiteachas idir €500 milliún agus €1 billiún			
▪ Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	978	2011	2018
▪ Pinsean Stáit (neamhranníocach)	952	2007	2017
▪ Pinsean Easláinte	708	–	2014
▪ Sochar Breoiteachta	649	2006	2014
▪ Sochar Cuardaitheora Poist	560	2011	–
▪ Liúntas Cúramóra	555	–	2015
Caiteachas idir €100 milliún agus €500 milliún			
▪ Forlíonadh Cíosa	373	2013	–
▪ Sochar Máithreachais	293	–	–
▪ Pacáiste Sochair Teaghlaigh (Vóta agus an SIF)	290	–	2015
▪ Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	262	2005	2015
▪ Liúntas Breosla (Vóta agus an SIF)	228	–	–
▪ An Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas	187	–	–
▪ Deontas Cúram Faoisimh	120	–	–
▪ An Liúntas um Fhilleadh ar an Obair	120	–	2017
▪ Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach	108	–	2016
▪ Liúntas Cúram Baile	104	–	–

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Conclúidí agus Moltaí

- 10.50** Tá dualgas ar an Roinn chun córais a chur i bhfeidhm chun calaois a chosc agus a bhrath agus a chinntiú go bhfuil íocaíocht le héilitheoirí i gceart, bunaithe ar chritéir ábhartha na scéime reatha. Uirlis áisiúil iad suirbhéanna ar chalaois agus earráid chun cinntiú a sholáthar agus chun straitéisí a fhorbairt chun calaois a dhíspreagadh agus a bhrath. Soláthraíonn torthaí ar shuirbhéanna calaoise agus earráide an cinntiú go bhfuil ardleibhéal d'íocaíochtaí comhlíontacha ann agus go bhfuil an chuid is mó d'fhaighteoirí leasa shóisialaigh á n-íoc leis na suimeanna cearta. Tá leibhéal ábhartha d'íocaíocht ann, áfach, os cionn na teidlíochta in go leor scéimeanna.

- 10.51** Thug an Roinn faoi shuirbhé amháin, ar a laghad, ar chalaois agus earráid ar gach ceann dá scéimeanna móra agus beidh suirbhé déanta ar gach scéim ina bhfuil caiteachas de bhreis ar €500 milliún (in 2013) faoi dheireadh 2015. Cé go ndearnadh suirbhé breis agus uair amháin ar chuid de na scéimeanna ní ba mhó agus ní ba rioscúla ó tugadh suirbhéanna calaoise agus earráide isteach in 2003, ábhar buartha é an fad beartaithe ama idir suirbhéanna, go háirithe i measc na scéimeanna níos rioscúla. Idir seacht agus deich mbliana atá seo. Níl suirbhé déanta ach ar bheagán scéimeanna sa chatagóir idir €100 milliún agus €500 milliún.

Moladh 10.1

Ba cheart don Roinn a chinntiú go ndéantar suirbhé níos minice ar na scéimeanna níos rioscúla nó córas athbhreithnithe leanúnaigh a thabhairt isteach, faoi mar a moladh roimhe seo.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Tá ar a laghad dhá shuirbhé sceidealaithe gach bliain i gclár suirbhé na Roinne. Rinneadh suirbhé ní ba mhinice ar roinnt scéimeanna, ina bhfuil an riosca i leith calaoise agus earráide níos mó, ar nós liúntas cuardaitheora poist, liúntas míchumais agus íocaíocht teaghlach aontuismitheora, níos minice ná mar a rinneadh mórscéimeanna, áit a bhfuil an riosca i leith calaoise agus earráide íseal.

Creideann an Roinn gurb í saincheist ríthábhachtach a bhfuil machnamh le déanamh uirthi i dtaca le húsáid suirbhéanna leanúnacha ná an leibhéal acmhainní a theastaíonn. Coimeádfar an cheist faoi athbhreithniú agus déanfar breithniú ar chur i bhfeidhm de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní.

- 10.52** Ar leibhéal teicniúil, d'fheabhsaigh an Roinn a bpróiseas suirbhé ionas go mbíonn na torthaí níos iontaofa. Tá cinneadh na Roinne gan cásanna a bronnadh le déanaí ó shuirbhéanna amach anseo oiriúnach, go háirithe mar gheall go bhféadfadh go mbeadh earráidí roinne sna cásanna siúd nár braitheadh. Nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ar na cásanna siúd, b'fhéidir nach dteastódh an réimse iomlán de sheiceálacha teidlíochta nó iarratais ar éilitheoirí ar cháipéisí má tá fianaise shásúil ar fáil cheana féin ó sheiceáil a críochnaíodh le déanaí ag an gcéim bhronnta.

- 10.53** Tá scóip ann, áfach, chun breis feabhais a chur ar an bpróiseas suirbhé.

- I measc na dtrí shuirbhé a críochnaíodh le déanaí, tá líon cásanna nár tugadh faoi athbhreithnithe ar theidlíocht ach gur caitheadh leo, dá ainneoin sin, mar 'athrú ar bith' ar mhaithe leis an suirbhé.
- Sainaitníonn an suirbhé ar fhorlíonadh cíosa líon cásanna nár athraíodh suim na teidlíochta ach gur caitheadh leo mar 'athrú ar bith', mar shampla, sa chás nár chuir an Roinn teorainneacha leasaithe cíosa nó sa chás nár tháinig athrú ar mhaoin an éilitheora. Rangáíonn an Roinn na cásanna siúd mar 'ghnáthghluaiseacht scéime', ach b'fhearr go gcaithfí leo mar chásanna calaoise no earráide.

Moladh 10.2

Níor cheart cásanna a áireamh i dtorthaí an tsuirbhé má tá athbhreithniú déanta ar theidlíocht. Sa chás go n-eascraíonn eisiámh líon mór cásanna as seo, féadtar róshampláil a úsáid chun cásanna ionaid a sholáthar.

Ba cheart caitheamh le gach cás a dheimhnítear a bhfuil teidlíocht acu atá éagsúil ón tsuim a íocadh mar chásanna de chalaois, earráid éilitheora nó earráid roinne.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Ní chomhaontaítear. Beidh i gcónaí moill ama ann nach féidir a sheachaint idir roghnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna, agus ní féidir é a sheachaint go mbeidh 'gnáthghluaiseacht' ann i gcuid de na cásanna seo. Is gá cineál dinimiciúil na coda is mó de scéimeanna leasa shóisialaigh a chur san áireamh nuair a bhíonn torthaí an tsuirbhé á mbaint amach. Ní hamhlaidh an cás é go bhfuil calaois nó earráid i gceist le gach éilimh as a n-eascraíonn athrú ar theidlíocht. Meastar gur cuí, mar shampla, sa chás go n-aimsíonn duine obair go dlisteanach tar éis dháta na samplála, chun caitheamh leis an gcás amhail bheith in ord agus cuid den ghluaiseacht dhlísteanaigh ar an scéim. Tá an Roinn faoin tuairim gur cásanna ísealriosca iad siúd, nuair a chuirtear cúinsí iarbhir na gcásanna san áireamh.

Tá cúiseanna loighiciúla ann faoi cén fáth nach féidir athruithe ar chritéir theidlíochta, ar nós maoine, a chur i bhfeidhm láithreach bonn. I gcás an tsuirbhé ar fhorlíonadh cíosa, sainathnódh athruithe nár measadh gurbh ionann iad agus calaois nó earráid mar gheall ar chúinsí sonracha na scéime sin. Scéim atá sa scéim forlíonadh cíosa ina bhfuil gluaiseacht shuntasach mar thoradh ar athruithe ar chúinsí na gcustaiméirí, comhaontuithe éagtha léasa, athrú ar úinéireacht ar mhaoin, méadú ar chíosa margaidh agus aistrithe chuig roghanna tithíochta sóisialta. Cláraíodh os cionn 45,000 éileamh nua ar fhorlíonadh cíosa agus dúnadh beagán de bhreis ar 56,000 éileamh i rith 2013 i ndáil le meánualach éilimh os cionn 80,000 éileamh.

Tá impleachtaí ar acmhainní ag róshampláil a n-eascróidh breis muilleanna aisti chun an tsuirbhé a thabhairt chun críche. Déanfaidh an Roinn breis breithniú air seo, áfach.

11 Rialú Liúntais Leasa Fhorlíontacha

- 11.1** Tá liúntais leasa fhorlíontacha in ainm is cúnamh a sholáthar dóibh siúd nach bhfuil dóthain maoin acu chun freastal ar a riachtanais nó ar riachtanais a gcleithiúnaithe. D'fhéadfadh íocaíocht sheachtainiúil tacaíocht ioncaim, forlíonta seachtainiúla nó míosúla íocaíochta chun soláthar a dhéanamh do riachtanais shonracha leanúnach, agus/nó íocaíocht shingil aonuaire chun freastal ar riachtanas sonrach a bheith i gceist leis na liúntais. Déantar gach ceann de na híocaíochtaí faoin scéim a riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) ar an mbunús nach féidir leis an duine íoc as a n-acmhainní féin nó ó fhoinsí eile atá ar fáil. Déantar cur síos ar na príomhchatagóirí tacaíochta atá ar fáil i bhFíor 11.1.
- 11.2** Chun cáiliú don liúntas leasa forlíontach, ní mór go bhfuil cónaí ar an iarratasóir sa Stát, ní mór go sásaíonn siad an tástáil 'ghnáthchónaithe' agus tástáil mhaoine, agus ní mór go ndearna siad iarratas cheana féin ar aon sochar nó liúntas eile a d'fhéadfaidís bheith i dteideal a fháil. Sa chás go bhfuil an duine in ann oibriú, ní mór gur chláraigh siad le ceann d'oifigí seirbhísí fostaíochta na Roinne. Ar a bharr sin, chun cáiliú d'aon cheann de na forlíonta chun freastal ar riachtanais shonracha, ní mór don iarratasóir aon choinníoll cáilitheach a chomhlíonadh agus a léiriú gurb ann don riachtanas agus nach bhfuil siad in ann freastal ar an riachtanas uile sin nó cuid de.

Fíor 11.1 Catagóirí d'íocaíochtaí liúntais leasa fhorlíontaigh

Liúntas bunúsach leasa forlíontach	Íocaíocht sheachtainiúil leo siúd a rinne iarratas ar scéim leasa shóisialaigh eile ach atá ag fanacht le cinneadh, nó daoine nach gcáilíonn faoi aon scéim eile. Tá sé in ainm is ioncam íosta seachtainiúil a sholáthar d'fhaighteoirí.
Forlíonadh Cíosa	Cúnamh le costais chíosa iad siúd a chónaíonn i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.
Forlíonadh ús morgáiste ^a	Íocaíocht chun cabhrú le cion úis aisíocaíochtaí morgáiste úinéir tí.
Riachtanais eisceachtúla	Íocaíocht chun íoc as costas neamh-athfhillteach, mar shampla, earraí riachtanacha teaghlaigh a cheannach nó íoc as costais sochraide.
Riachtanais phráinneacha	Íocaíocht le duine nach gcáileofaí de ghnáth iad do liúntas leasa forlíontach ach go bhfuil riachtanas práinneach acu, ar nós an ghá chun earraí riachtanacha a cheannach i ndiaidh tuile nó tine.
Forlíonadh aiste bia ^b	Íocaíocht i dtreo costas roinnt aistí sonraithe bia a rinneadh a ordú i dtaobh cúrsaí leighis.
Forlíonadh téimh	Cúnamh le riachtanais eisceachtúla téimh a eascraíonn ó dhrochshláinte nó marthain.
Liúntas éadaí agus coisbhirt chun filleadh ar scoil	Cúnamh i dtreo costas éidí agus coisbhirt do leanaí a fhreastalaíonn ar an scoil.
Forlíonta eile	Déanann an scéim soláthar ginearálta d'fhorlíonadh a íoc i gcás ina meastar go dteastaíonn sé.

Nótaí: a Cuireadh deireadh leis an scéim forlíonadh ús morgáiste d'iarratasóirí nua ó Eanáir 2014 ar aghaidh.

b Cuireadh deireadh leis an bhforlíonadh aiste bia le haghaidh iarratasóirí nua ó Fheabhra 2014 ar aghaidh.

- 11.3** Riarann seirbhís leasa pobail na Roinne an scéim, go príomha, a oibríonn in oifigí áitiúla na Roinne agus in ionaid áitiúla sláinte. Is í an eisceacht an liúntas éadaí agus coisbhir chun filleadh ar scoil, a riartar mar scéim neamhreachtúil ar leith agus a íoctar go lárnach.
- 11.4** A fhad le Deireadh Fómhair 2011, riar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an scéim liúntais leasa fhorlíontaigh thar ceann na Roinne.¹ Ó ghlac an Roinn leis an bhfreagracht as an scéim, dúnadh breis agus 420 oifig bheag leasa pobail agus rinneadh iad a chomhdhlúthú isteach in ionaid níos mó.


Neamhrialtachtaí Íocaíochta

- 11.5** In 2012, sainithníodh dhá chás de neamhrialtachtaí féideartha in íocaíochtaí leasa fhorlíontaigh ina raibh baint ag fostaithe na roinne. Ba é an caillteanas iomlán €1.2 milliún agus measadh go raibh caillteanas de bhreis ar €1 milliún i gceist i gceann amháin de na cásanna. Thuairiscigh an Roinn na ceisteanna chuig an nGarda Síochána agus tá imscrúduithe ar bun.
- 11.6** Scrúdaíodh na rialuithe ar an scéim liúntais leasa fhorlíontaigh mar chuid den iniúchadh ar Vóta Coimirce Sóisialaí 2013. Rinne an t-iniúchadh scrúdú ar riaradh na scéime agus na rialuithe a bhí a n-oibriú in oifigí seirbhíse leasa pobail in dhá láthair - Cluain Dolcáin agus Leitir Ceanainn. I sampla de na cásanna i ngach láthair, thástáil an t-iniúchadh na rialuithe glactha, rinneadh cigireacht ar an gcáipéisíocht tacaíochta a bhí ar fáil chun bunús a thabhairt leis an éileamh agus an ráta íocaíochta, agus rinneadh scrúdú ar an leibhéal athbhreithnithe ar éilimh a bhí á n-íoc. Rinneadh scrúdú sa dá oifig, chomh maith, ar rialuithe eile, lena n-áirítear an méid a rabhthas ag tabhairt faoi iniúchadh bainistíochta ar shamplaí randamacha ar chásanna. Athbhreithníodh na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe mar aon le torthaí iniúchtaí agus cigireachtaí roinne.
- 11.7** Mar gheall go bhfuil na cásanna de neamhrialtachtaí amhrasta inmheánacha faoi réir imscrúdú an Gharda Síochána, ní áirítear sonraí faoi na cásanna siúd sa tuarascáil seo. Ní bhaineann siad le hoibríochtaí i gCluain Dolcáin nó Leitir Ceanainn.

Treochtaí Caiteachais na Scéime

- 11.8** B'ionann an caiteachas ar leas forlíontach agus €611 milliún in 2013. Caitheadh breis agus 90% den chaiteachas ar liúntas bunúsach leasa forlíontach, forlíonadh cíosa, forlíonadh ús morgáiste agus íocaíochtaí eisceachtúla/riachtanas práinneach. Tá laghdú 37% tagtha ar chaiteachas na scéime i gcaitheamh na gcúig bliana a fhad le 2013 (féach Fíor 11.2)

¹ Faoi socrú sin, gearradh íocaíochtaí na scéime ar Vóta na Roinne. Rinneadh íocaíocht le FSS i dtreo a gcostais riaracháin.


Fíor 11.1 Caiteachas na scéime liúntais leasa fhorlíontaigh, 2009-2013


Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Áirítear le 'eile' forlíonadh aiste bia agus forlíonadh téimh.

b Tá caiteachas an liúntais bhunúsach leasa fhorlíontaigh glan tar éis aon suimeanna a forchúitíodh a chur san áireamh ó scéimeanna eile - má tá an liúntas á íoc le héilithéoir atá ar feitheamh cinnidh ar éileamh faoi scéim eile agus má fhaomhtar an scéim sin ina dhiaidh sin, forchúitítear an liúntas leasa forlíontach a íocadh ón scéim eile. Ba í an tsuim iomlán a forchúitíodh in 2013 €134 milliún (€115 milliún in 2012).

11.9 Íocaíochtaí leanúnacha iad liúntas bunúsach leasa forlíontach, forlíonadh cíosa agus forlíonadh ús morgáiste a dhéantar le faighteoirí a fhad agus a gcoimeádtar an teidlíocht dóibh. Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon daoine atá ag éileamh i ngach ceann de na catagóirí seo go mór le cúig bliana anuas (féach Fíor 11.3).

Fíor 11.3 Líon na bhfaighteoirí d'íocaíochtaí leanúnacha liúntais leasa fhorlíontaigh, 2009-2013


Foinse: Tuarascáil Bhliantúil Staitistiúil 2013 na Roinne Coimirce Sóisialaí


Modhanna Íocaíochta

11.10 Féadtar íocaíochtaí liúntais leasa fhorlíontaigh a dhéanamh trí cheann amháin de na modhanna a leanas

- ríomhaistriú airgid (EFT) – íoctar an tsuim atá le híoc go díreach le cuntas bainc
- ríomhaistriú faisnéise (EIT) – cuireann an Roinn An Post ar an eolas faoi na sonraí íocaíochta agus faigheann an t-éilitheoir an íocaíocht ag oifig an phoist tar éis dóibh a gcárta seirbhísí poiblí (nó a gcárta seirbhísí leasa shóisialaigh) a sholáthar
- seic – cibé acu seic an chórais a chlóítear go lárnach bunaithe ar na sonraí a iontráladh ar an gcóras agus a chuirtear sa phost chuig an éilitheoir, nó seic de láimh a scríobh an t-oifigeach a fhaomhann an t-éileamh. Ceanglaíonn nósanna imeachta na Roinne go n-eisítear a laghad íocaíochtaí seiceanna de láimh agus is féidir agus nár cheart iad a úsáid nuair a bhíonn cás práinneach i gceist agus ina dteastaíonn íocaíocht láithreach.

11.11 In 2013, rinneadh beagán faoi bhun 4.6 milliún íocaíocht do na chéad cheithre chatagóir de liúntas leasa forlíontach. Taispeántar i bhFíor 11.4 an méid íocaíochtaí a rinneadh de réir modh íocaíochta faoi gach ceann de na catagóirí sin i bhFíor 11.4.

Fíor 11.4 Modh íocaíochta de réir catagóire, 2013



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

11.12 Ar an iomlán, rinneadh íocaíocht amháin as gach cúig in 2013 trí sheic. Rinneadh breis agus an tríú cuid d'íocaíochtaí forlíonadh ús morgáiste trí sheic, agus rinneadh íocaíocht amháin as gach sé íocaíocht forlíonadh cíosa trí sheic chomh maith. I gcás riachtanais eisceachtúla agus phráinneacha, rinneadh 85% de na híocaíochtaí trí sheiceanna de láimh nó seiceanna córasghinte. Mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí seo, is gnáiche go dteastaíonn go n-úsáidtear seiceanna le hiad a dhéanamh, mar shampla, sa chás go dteastaíonn íocaíocht láithreach. Íocaíochtaí aonuaire le faighteoirí iad íocaíochtaí riachtanas eisceachtúil agus práinneach. Níl teorainn ar an líon uaireanta is féidir le duine íocaíocht riachtanas eisceachtúil nó práinneach a éileamh agus a fháil.

11.13 Tá íocaíochtaí seic á scrúdú ag an Roinn faoi láthair, ag féachaint le hiad a aistriú, sa mhéid is féidir, chuig íocaíochtaí EFT.

- 11.14** Tá an tsuim is féidir a íoc le seic de láimh teoranta do €500 in aghaidh an tseic. As na 1.1 milliún seic a eisíodh in 2013, ba sheiceanna de láimh iad 7% iad ar a raibh luach iomlán €14.7 milliún. B'ionann agus thart ar €180 meánluach na seiceanna de láimh a eisíodh.

Bainistíocht Riosca na Scéime

- 11.15** Is éagsúil cineál na rioscaí a bhaineann le gach scéim leasa agus ar an ábhar sin, is gá beartas rialaithe na Roinne le haghaidh scéim leasa a dhearadh chun rioscaí ar leith na scéime a chur san áireamh. I gcás na scéime liúntais leasa fhorlíontaigh, tá roinnt fachtóirí ann a imríonn tionchar ar an bpróifíl riosca.

- Tá roinnt catagóirí éagsúla íocaíochta ann.
- Tá roinnt íocaíochtaí ar bun agus tá roinnt díobh ina n-íocaíochtaí aonuaire.
- I roinnt cásanna, teastaíonn íocaíocht ar an láthair.
- Tá próifílí éagsúla éilitheora ag gach catagóir d'íocaíocht.
- Tá roinnt modhanna éagsúla íocaíochta ann.

Ciallaíonn seo nach amhlaidh go mbíonn na rioscaí mar an gcéanna le haghaidh gach catagóir íocaíochta laistigh den scéim.

Tarlú Calaoise agus Earráide

- 11.16** Tugann an Roinn faoi shuirbhéanna calaoise agus earráide ar scéimeanna aonair ina n-athbhreithnítear sampla d'éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil na héilitheoirí i dteideal na híocaíochtaí a fháil agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc. Cabhraíonn na suirbhéanna seo leis an Roinn leis na rioscaí a dheimhniú a bhaineann leis an scéim ag féachaint d'fheabhas a chur ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm acu (má theastaíonn sé). Chomh maith leis sin, soláthraíonn torthaí suirbhéanna calaoise agus earráide an deis don Roinn chun meastachán tréimhsiúil a dhéanamh ar an mbunleibhéal íocaíochtaí atá os cionn teidlíochta i scéim.

- 11.17** Suirbhé ar an bhforlíonadh cíosa a bhí sa suirbhé calaoise agus earráide ba dhéanaí a rinneadh ar aon chatagóir de liúntas leasa forlíontach. D'aimsigh an suirbhé, ar tuairiscíodh a thorthaí in Iúil 2014, íocaíochtaí os cionn na teidlíochta arbh ionann iad agus 6% den chaiteachas iomlán – 3.2% ag eascairt ó chalaois agus 2.8% ó earráid.¹ B'ionann an caiteachas ar an bhforlíonadh cíosa in 2013 agus €373 milliún. Is é 5.8% an meastachán ar an íocaíocht iomarca le haghaidh scéim shochar tithíochta na RA, atá cosúil le forlíonadh cíosa.² Sa mhullach air sin, shainaithin tuarascáil na RA tearcíocaíochtaí le héilitheoirí arbh ionann iad agus 1.6% den teidlíocht a bhí le híoc.

- 11.18** Tá scéim thacaíochta ioncaim na RA cosúil leis an liúntas bunúsach leasa forlíontach. Déanann sí soláthar do roinnt catagóirí d'éilitheoirí nach bhfuil aon ioncam acu nó a bhfuil ioncam íseal acu. Is é an meastachán ar an leibhéal d'íocaíochtaí iomarcacha ar an scéim sin 4% agus tuairiscítear gurb é an leibhéal tearcíocaíochtaí 1%.²

Measúnú Riosca

- 11.19** I gcás scéim leasa ar bith, teastaíonn bearta rialaithe a chuireann san áireamh measúnuithe rialta ar na rioscaí a bhaineann leis an scéim. Ba cheart torthaí chlár na n-athbhreithnithe ar éilimh, torthaí na suirbhéanna calaoise agus earráide agus breithniú

1 Cuireann Caibidil 10 breis sonraí ar fáil ar thorthaí an tsuirbhé ar chalaois agus earráid an liúntais leasa fhorlíontaigh.

2 Calaois agus Earráid sa Chóras Sochair: Réamh-Mheastacháin 2013/2014, an Roinn um Obair agus Pinsin, Bealtaine 2014.

leanúnach ar na rioscaí comhshaoil a bhaineann leis an scéim, faisnéis a sholáthar do na measúnuithe siúd.

- 11.20** Chríochnaigh FSS an measúnú riosca ba dhéanaí ar an liúntas leasa forlíontach in 2008. In 2012, luaigh an Roinn go raibh na cáipéisí measúnaithe riosca á nuashonrú acu le haghaidh gach limistéar, lena n-áirítear an liúntas leasa forlíontach.

Monatóireacht agus Imscrúdú Riosca

- 11.21** Déantar próisis bhainistíochta riosca na Roinne a chomhtháthú lena bpleanáil gnó. Tá ar bhainisteoir rioscaí a shainaithint atá roimh a limistéir, lena n-áirítear rioscaí oibríochtúla agus airgeadais agus iad seo a bhainistiú mar chuid den phróiseas bainistíochta gnó. Áirítear leis seo ceanglas chun tuairisciú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca, lena n-áirítear príomhbhearta rialaithe inmheánaigh, ar bhonn ráithiúil.
- 11.22** In Eanáir 2013, tar éis gur sainaithníodh dhá cheann de na cásanna de neamhrialtachtaí féideartha inmheánacha, d'eisigh an Roinn ciorclán do gach bainisteoir inar leagadh amach na híosriachtanais rialaithe inmheánaigh le haghaidh liúntais leasa fhorlíontacha. In 2013, chomh maith, chuir Aonad Tacaíochta Rialaithe Inmheánaigh (ICSU) na Roinne tús le monatóireacht níos déine ar chomhlíonadh na bpríomhrialuithe bainistíochta ar leibhéal áitiúil. Shann an Roinn cúigear foirne breise don ICSU in 2013, agus mhéadaigh sin an líon foirne go dtí 15.
- 11.23** Luaigh an Roinn gur tharla an dá chás neamhrialtachta sa rannóg chéanna agus, mar thoradh air sin, bunaíodh aonad tiomnaithe iniúchta bainistíochta sa limistéar.
- 11.24** Tá an t-aonad freagrach as tabhairt faoi na seiceálacha bainistíochta le haghaidh gach limistéar seirbhíse leasa pobail laistigh den rannóg. Sannadh cúigear ardoifigeach feidhmiúcháin don aonad, a thug faoi scrúdú ar bhreis agus 3,400 comhad go dtí seo nár shainaithin aon saincheisteanna suntasacha rialaithe.
- 11.25** Thug Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne faoi dhá iniúchadh ar limistéir liúntas leasa forlíontach ó meabhraíodh do bhainisteoirí áitiúla na ceanglais rialaithe inmheánaigh in Eanáir 2013. Chríochnaigh an ICSU cigireachtaí ar chúig limistéar idir Nollaig 2013 agus Márta 2014.

Beartas Rialaithe

- 11.26** Baineann roinnt gnéithe leis an mbeartas reatha rialaithe le haghaidh an liúntais leasa fhorlíontaigh, lena n-áirítear
- rialaithe glactha – tugtar faoi sheiceálacha ar iarratais lena chinntiú nach soláthraítear an cúnamh ach dóibh siúd a chomhlíonann na critéir cháilitheacha agus go n-íoctar an tsuim cheart
 - athbhreithniú ar éilimh atá á n-íoc – athbhreithniú rialta ar éilimh atá á n-íoc (roghnaítear roinnt éileamh le hathbhreithniú a dhéanamh orthu sa chás go sainaithnítear athruithe ar chúinsí mar thoradh ar shonraí a sholáthair aonáin eile na hearnála poiblí)
 - rialaithe bainistíochta – seiceálacha ar shamplaí randamacha d'éilimh agus monatóireacht rialta ar thuairiscí íocaíochta mar aon le hathbhreithnithe iniúchta inmheánaigh agus cigireachtaí monatóireachta rialaithe

- rialaithe airgid – rialaithe ar fháltais a thagann chun solais go príomha ó ró-íocaíochtaí a aisghabháil.

Rialaithe Glactha

- 11.27** Tá ar na héilitheoirí ar an liúntas leasa forlíontach foirm iarratais a chomhlánú, a shíniú agus an dáta a bhreacadh uirthi, agus an cháipéisíocht ábhartha a sholáthar chun tacú lena n-éileamh. Is éagsúil atá an fhianaise a theastaíonn chun tacú le héileamh de réir na catagóire íocaíochta, ach áirítear léi fianaise i leith aitheantais, cruthúnas seolta agus fianaise i leith maoinne. Seiceáiltear an t-iarratas agus an cháipéisíocht tacaíochta, agus lorgaítear breis fianaise sa chás go dteastaíonn sí. Déantar cinneadh, ina dhiaidh sin, ar cibé acu chun an t-éileamh a bhronnadh nó gan é a bhronnadh, agus ríomhtar an tsuim atá le híoc. Tá ar an oifigeach a dhéanann an cinneadh tuarascáil chinnidh a réiteach agus a shíniú. Rinneadh cur i bhfeidhm na rialuithe seo le haghaidh éileamh a íocadh nó a cuireadh chun íocaíochta in 2013 i measc sampla de chásanna sa dá oifig ar tugadh cuairt orthu.
- 11.28** Tugtar achoimre ar na saincheisteanna a tugadh chun solais ó scrúdú a rinneadh ar 57 cás in oifig Chluain Dolcáin agus Leitir Ceanainn i bhFíor 11.5.

Fíor 11.5 Torthaí an athbhreithnithe ar rialuithe glactha i measc sampla de chásanna

	Líon na gcásanna	
	Cluain Dolcáin	Leitir Ceanainn
Líon na gcásanna a scrúdaíodh	57	50
Líon na saincheisteanna a sainaitníodh	12 (21%)	14 (28%)
Saincheisteanna a sainaitníodh^a		
Ní raibh an fhoirm/na foirmeacha cuí iarratais i gcomhad ^b	5 (9%)	–
Ní raibh an fhoirm iarratais comhlánaithe	22 (39%)	3 (6%)
Ní raibh an phríomhcháipéisíocht tacaíochta i gcomhad	25 (44%)	29 (58%)
Ní raibh an tuarascáil chinnidh i gcomhad	20 (35%)	14 (28%)
Earráidí íocaíochta ^c	5 (9%)	3 (6%)

Foinse: Anailís ar thorthaí an scrúdaithe ar shampla de chásanna ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Shainaithin an scrúdú breis agus saincheist amháin le roinnt cásanna.

b Teastaíonn breis agus iarratas amháin le haghaidh roinnt catagóirí d'íocaíocht.

c Áirítear leis seo ceithre chás nár cheart go bhfuair an t-éilitheoir an íocaíocht agus ceithre chás inar íocadh an tsuim mhícheart.

- 11.29** Ní raibh na foirmeacha cuí iarratais i gcomhad nó níor comhlánadh go hiomlán iad i nach mór leath na gcásanna a scrúdaíodh in oifig Chluain Dolcáin. Ní raibh cáipéisíocht tacaíochta, lena n-áirítear cruthúnas aitheantais, cruthúnas seolta agus sainorduithe EFT le sonrú i líon mór cásanna sa dá oifig. Ní raibh tuarascáil chinnidh i gcomhad ag an tríú cuid de na cásanna. In ocht gcás, ina raibh earráid roinne i gceist go príomha, bhí na híocaíochtaí a rinneadh mícheart, lena n-áirítear dhá chás ina ndearnadh an íocaíocht faoi dhó.
- 11.30** D'fhreagair an bhainistíocht áitiúil sa dá oifig do thorthaí an iniúchta a chuirtear i láthair thuas.

- Luaigh bainistíocht áitiúil Chluain Dolcáin gur mheabhraigh siad don fhoireann an tábhacht a bhaineann le cáipéisíocht atá comhlánaithe i gceart chun tacú le gach íocaíocht. Eisíodh meabhrúcháin agus cóipeanna de na ciorcláin ábhartha roinne agus na treoirlínte dea-chleachtais don fhoireann, chomh maith. Tá gach cás a athbhreithnítear mar chuid den iniúchadh á scrúdú lena chinntiú go bhfuil an cháipéisíocht ábhartha i gcomhad agus go bhfuiltear ag leanúint na nósanna imeachta. I dtaobh na gcásanna ar leith a sainaitníodh, cuireadh íocaíocht amháin ar fionraí, athríomhadh trí cinn agus measúnaíodh ró-íocaíocht amháin i gcás eile.
- Luaigh bainistíocht áitiúil Leitir Ceanainn go bhfiosróidh siad sonraí na gcásanna seo agus, sa chás gur cuí, go gcomhlánfaidh siad na páipéir. I dtaobh deich gcás, sa chás nach raibh sainorduithe EFT i gcomhad, sholáthair an t-éilitheoir na sonraí ar a bhfoirm iarratais agus níor measadh gur theastaigh sé iarratas a dhéanamh ar shainordú. In 26 cás, sa chás nach raibh cruthúnas aitheantais i gcomhad, ba é an cleachtas, nuair a bhí an scéim á riaradh ag FSS, gan fianaise i leith aitheantais a chur i gcomhad sa chás nach raibh t-oifigeach leasa pobail feasach ar an éilitheoir. Tá fianaise i leith cásanna ar nós iad seo á nuashonrú ar bhonn leanúnach.

11.31 Sainaitníodh a mhacasamhail de shaincheistean na seacht scrúdú faoinar thug an tAonad Iniúchta Inmheánaigh agus an ICSU le déanaí. Áiríodh leis na scrúduithe siúd athbhreithniú ar 227 cás ar an iomlán agus tugtar achoimre ar na torthaí i bhFíor 11.6.

Fíor 11.6 Athbhreithniú ar chásanna ag Iniúchadh Inmheánach agus an ICSU

Saincheist	Líon na gcásanna inar sainaitníodh saincheist
Ní raibh na foirmeacha cuí iarratais i gcomhad	30 (13%)
Ní raibh aon aitheantas grianghraif i gcomhad	119 (52%)
Ní raibh aon ráitis bhainc i gcomhad	92 (40%)
Bhí cáipéisíocht neamhdhóthanach tacaíochta i gcomhad	86 (38%)
Bhí an ráta nó modh íocaíochta mícheart, nó níorbh fhéidir iad a dheimhniú bunaithe ar an gcáipéisíocht	50 (22%)

Foinse: An Roinn Coimisce Sóisialaí, Scrúduithe Iniúchta Inmheánaigh Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2013, agus Cigireachtaí an Aonaid Tacaíochta Rialaithe Inmheánaigh, ó Shamhain 2013 go Márta 2014.

11.32 Thug an Roinn le fios gur ghlac an bhainistíocht i ngach ceann de na hoifigí a ndearna an tAonad Iniúchta Inmheánaigh cigireacht orthu agus ghlac an ICSU le moltaí na scrúduithe agus ghlac siad bearta lena chinntiú go dtabharfar faoin gcáipéisíocht, athbhreithniú agus seiceáil ábhartha uile amach anseo, lena n-áirítear oiliúint bhreise a sholáthar, de réir mar is gá. Thug an Roinn faoi deara go mbainfidh tabhairt isteach an chárta seirbhísí poiblí an gá chun aitheantas grianghraif a choimeád ar chomhaid chustaiméirí.

Athbhreithniú ar Éilimh atá á n-íoc

11.33 Rialú rithábachtach iad athbhreithnithe rialta ar theidlíocht chun monatóireacht agus maoirsiú a dhéanamh ar aon íocaíocht a dhéanann an Roinn. Íocaíochtaí 'aonuaire' iad roinnt catagóirí de liúntais leasa fhorlíontacha agus ní theastaíonn athbhreithniú tréimhsiúil dá bharr. Tá athbhreithnithe forordaithe ag íocaíochtaí leanúnacha, ar nós

an liúntais bhunúsaigh leasa fhorlíontaigh, forlíonadh cíosa agus forlíonadh ús morgáiste, a leagtar amach i dtreoirínte na roinne (féach Fíor 11.7).

Fíor 11.7 Minicíocht na n-athbhreithnithe ar éilimh atá á n-íoc

Catagóir Íocaíochta	Straitéis Athbhreithnithe
Liúntas bunúsach leasa forlíontach	Athbhreithniú seachtainiúil.
Forlíonadh cíosa	Cuairt a thabhairt ar an mbaile uair sa bhliain, sa chás gur gá ^a , agus athbhreithniú airgeadais a dhéanamh ar a laghad faoi dhó sa bhliain.
Forlíonadh ús morgáiste	Cuairt a thabhairt ar an mbaile uair sa bhliain, sa chás gur gá ^a , agus athbhreithniú airgeadais a dhéanamh ar a laghad faoi dhó sa bhliain.
Forlíonta eile	Bunaítear minicíocht an athbhreithnithe ar mheasúnú ar na hathruithe dóchúlacha.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí, Lámhleabhar um Dhea-Chleachtas an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh, 2013.

Nóta: a I measc na dtosca a bhreithnítear nuair a bhíonn an cinneadh á dhéanamh an dteastaíonn nó nach dteastaíonn athbhreithniú tá an dóchúlacht go dtiocfaidh athrú ar chúinsí, measúnú a dhéanamh ar cé chomh fada a mhairfidh an gá leis an íocaíocht agus na hathruithe reachtúla a imreoidh tionchar ar rátaí íocaíochta.

11.34 Cruthaíonn córas próiseála na Roinne don scéim tuarascálacha laethúla 'rabhaidh' maidir le cásanna an liúntais bhunúsaigh leasa fhorlíontaigh atá le hathbhreithniú. Liostálann na tuarascálacha cásanna a bhfuil an liúntas á fháil acu atá ar feitheamh cinnidh ar éileamh ar íocaíocht leasa eile. Seiceáiltear na tuarascálacha lena chinntiú nach ndearnadh cinneadh go fóill. Liostálann na tuarascálacha cásanna eile atá sceidealaithe le haghaidh athbhreithniú. In oifig Leitir Ceanainn, marcáiltear cásanna amhail bheith athbhreithnithe ar an tuarascáil 'rabhaidh'. I gCluain Dolcáin, ní choimeádtar na tuarascálacha, mar sin, ní féidir a dheimhniú an ndearnadh athbhreithniú ar chásanna.

11.35 Leagtar amach an méid faoinar tugadh athbhreithnithe do na 44 cás forlíonadh cíosa agus forlíonadh ús morgáiste a scrúdaíodh i bhFíor 11.8.

Fíor 11.8 Saincheisteanna a sainithníodh le hathbhreithnithe ar shampla de chásanna forlíonadh cíosa agus forlíonadh ús morgáiste

	Líon na gcásanna	
	Cluain Dolcáin	Leitir Ceanainn
Líon na gcásanna a scrúdaíodh	19	25
Torthaí		
Fianaise ar bith gur tugadh cuairt ar an mbaile	6	7
Fianaise ar bith gur tugadh cuairt ar an mbaile le déanaí	3	18
Fianaise gur tugadh faoi chuairt ar an mbaile le déanaí	10	—

Foinse: Anailís ar thorthaí an scrúdaithe ar shampla de chásanna ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

11.36 Dheimhnigh scrúduithe Iniúchta Inmheánaigh agus an ICSU nach raibh aon fhianaise ann gur tugadh faoi na hathbhreithnithe riachtanacha i measc 42 (18%) de na 227 cás a ndearnadh cigireacht orthu.

- 11.37** Thug an Roinn le fios go dtugtar faoi chuairteanna ar an mbaile agus aird ar an leibhéal riosca a bhaineann le cásanna aonair agus nach mbeadh úsáid éifeachtúil á baint as acmhainní chun tabhairt faoi chuairteanna ar an mbaile maidir le gach éilitheoir ar fhorlíonadh cíosa agus ús morgáiste ar bhonn bliantúil.

Rialuithe Bainistíochta

- 11.38** Athbhreithniú rialta ar thuarascálacha íocaíochta agus seiceáil rialta samplaí randamacha d'éilimh (iniúchtaí bainistíochta) atá sna príomhrialuithe bainistíochta. Baineann ríthábhacht leis na rialuithe sin le haghaidh íocaíochtaí aonuaire nó éilimh ghearmharthanacha sa chás nach bhfuil athbhreithniú tréimhsiúil ar theidlíocht indéanta i gcónaí.

Rialuithe Íocaíochta

- 11.39** I measc na rialuithe bainistíochta ar íocaíochtaí leasa fhorlíontaigh tá
- ceadú ag bainisteoir ceantair i leith seiceanna córasghinte le haghaidh breis agus €2,000 sula ndéantar an íocaíocht
 - athbhreithniú seachtainiúil ar gach íocaíocht os cionn €2,000 a eisíodh trí EFT
 - scrúdú ráithiúil ar úsáid leabhar seiceanna.
- 11.40** I Leitir Ceanainn agus Cluain Dolcáin araon, dheimhnigh an t-iniúchadh nach raibh scrúdú á dhéanamh ar leabhair seiceanna de láimh. Dheimhnigh an t-iniúchadh, chomh maith, i gCluain Dolcáin, nach rabhthas ag tabhairt faoi athbhreithniú ar thuarascálacha íocaíochta. Luaigh bainisteoir ceantair Leitir Ceanainn go dtugtar faoi sheiceáil ar thuarascálacha seachtainiúla ach nach gcoimeádtar fianaise ina leith seo.
- 11.41** I gceithre as seacht limistéar a scrúdaigh Iniúchadh Inmheánach agus an ICSU, ní rabhthas ag tabhairt faoin athbhreithniú ar íocaíochtaí EFT faoi mar is gá. Anuas air sin, tugadh easnaimh maidir le híocaíochtaí de láimh a sheiceáil faoi deara i gceithre limistéar chomh maith.

Íocaíochtaí Ainmnithe

- 11.42** Forálann an reachtaíocht liúntais leasa fhorlíontaigh d'íocaíocht go díreach le soláthróirí thar ceann éilitheoirí maidir le, mar shampla, deisiúcháin ar fhearais nó íocaíocht cíosa le tiarna talún. Sna cásanna siúd, tá ar an éilitheoir foirm íocaíochtaí ainmnithe a chomhlánú a údaraíonn an Roinn chun an soláthróir a íoc.
- 11.43** I gCluain Dolcáin, tugadh faoi deara gur dhírigh foireann na Roinne éilimh ar sholáthróir singil le haghaidh deisiúcháin agus cothabháil fearais. Ní dhearnadh monatóireacht ar an leibhéal íocaíochtaí leis an soláthróir, áfach. Luaigh an bhainistíocht áitiúil go ndéanfar athbhreithniú ar úsáid soláthróra shingil.
- 11.44** Sna seacht limistéar a d'athbhreithnigh Iniúchadh Inmheánach agus an ICSU, tugadh an teip faoi deara ar fhoirmeacha údaraithe a úsáid le haghaidh íocaíochtaí ainmnithe. Deimhníodh go raibh líon mór d'íocaíochtaí riachtanas eisceachtúil ag láthair amháin le híocaithe ainmnithe gan cuótaí ná fáлтаis le haghaidh na n-oibreacha faoinar tugadh. Dheimhnigh Iniúchadh Inmheánach, chomh maith, gur atreoraigh limistéar amháin custaiméirí chuig soláthróir ar leith.

Iniúchtaí Bainistíochta

- 11.45** Is é beartas na Roinne go roghnaítear sampla de 5% d'idirbheartaíochtaí don mhí roimhe agus 1% d'idirbheartaíochtaí na dtrí mhí roimhe sin go randamach gach mí, le seiceáil lena chinntiú go bhfuil an íocaíocht in ord. Tá ar oifigigh a thugann faoi na seiceálacha a shásamh dóibh féin
- go gcloítear le gach nós imeachta, treoirlíne agus an reachtaíocht go léir
 - go gcomhlánaíonn agus síníonn an t-éilitheoir agus an t-oifigeach roinne gach foirm, faoi mar is ceart
 - gur cuireadh an ráta agus an modh ceart íocaíochta i bhfeidhm
 - go bhfuil an seoladh i gceart
 - i gcás íocaíochtaí seiceanna de láimh, go gcomhfhreagraíonn an íocaíocht d'fhaisnéis ar an gcomhad agus don leabhar seiceanna, agus gur ghá an íocaíocht a dhéanamh trí sheic de láimh
 - ní raibh aon choimhlintí dealraitheacha leasa ann, mar shampla, cibé acu an raibh nó nach raibh baint ag comhaltaí foirne a bhfuil aithne acu ar an éilitheoir nó atá mar ghaolta nó dlúthchairde leis an éilitheoir leis an éileamh a phróiseáil.
- 11.46** Ba cheart don bhainisteoir áitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar an seicliosta is gá a chomhlánú le haghaidh gach cáis. Áirítear cásanna a roghnaíodh ach nár críochnaíodh na seiceálacha orthu laistigh de cheithre mhí le tuarascáil a chuirtear faoi bhráid an bhainisteora ceantair, bainisteoir rannóige agus an ICSU. Leagtar amach achoimre de réir réigiúin ar chásanna nach ndearnadh seiceálacha ar feadh breis agus ceithre mhí amhail Nollaig 2013 i bhFíor 11.9.
- 11.47** Ar an iomlán, amhail Nollaig 2013, ní raibh ach beagán de bhreis ar 5,000 cás ann a roghnaíodh lena seiceáil ach nár críochnaíodh na seiceálacha ceithre mhí tar éis iad a roghnú. Cé go bhfuil beagán de bhreis ar 300 láthair ann nach ndearnadh seiceálacha iontu ar feadh breis agus ceithre mhí, tá sé láthair ann ina bhfuil breis agus 100 cás ann gan seiceáil. Thug an Roinn chun suntais go mbaineann an fhaisnéis ar sheiceálacha nach bhfuil déanta le tráth ar leith ama agus go bhfuil riaradh na scéime á chlaochlú go mór faoi láthair.

Fíor 11.9 Iniúchtaí bainistíochta ar liúntas leasa forlíontach nach ndearnadh ar feadh breis agus ceithre mhí, amhail Nollaig 2013^a

Réigiún	Líon na láithreacha leasa pobail	Cásanna a roghnaíodh le haghaidh iniúchta ach nach ndearnadh seiceáil orthu	An meánlíon in aghaidh na láithreach	An líon is airde gan seiceáil ag láthair
Corcaigh Láir	41	93	2	17
An tOirthuaisceart	22	782	36	82
An tIarthar	54	424	8	115
An tIarthuaisceart	35	94	3	43
Lár Tíre Thuaidh	33	391	12	74
Laighin Láir	39	222	6	57
An tIardheisceart	38	15	—	8
An tIarthar Láir	40	133	3	39
Lár Tíre Theas	35	194	6	46
An tOirdheisceart	21	59	3	25
Baile Átha Cliath Theas	46	182	4	80
Baile Átha Cliath Thuaidh	54	367	7	222
Baile Átha Cliath Láir	94	2,068	22	412
Gach réigiún	552	5,024	9	412

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Ní áirítear leis seo cásanna maidir leis an liúntas éadaí agus coisbhirt chun filleadh ar scoil (2,633) agus aonaid chíosa i Laighin Láir (698) agus Baile Átha Cliath Thuaidh (981).

11.48 Tugadh cuairt ar oifig Chluain Dolcáin i Lúnasa 2013, ag tráth nach raibh na hiniúchtaí bainistíochta críochnaithe go fóill le haghaidh Aibreán 2013. I dtaobh na gcásanna siúd inar cuireadh iniúchtaí i dtaifead amhail bheith críochnaithe, níor thug oifigeach den ghrád cuí faoi na seiceálacha agus níor críochnaíodh an seicliosta riachtanach.

11.49 Mar fhreagairt do thorthaí an iniúchta, thug an bhainistíocht áitiúil i gCluain Dolcáin le fios gur cuireadh an mhoill ar thabhairt faoi na hiniúchtaí bainistíochta chun feabhas a chur ar thuiscint an bhainisteora ceantair ar phróiseáil éileamh ar leas forlíontach agus cé nár bhain an t-oifigeach tacaíochta cléireachais a raibh an seicliosta á chomhlánú aige, den ghrád cuí, sheiceáil an bainisteoir ceantair gach éileamh ina dhiaidh sin agus ghlan sé iad ar an gcóras. Luaigh siad go gcomhlíonann na seicliostaí agus na seiceálacha uile na nósanna imeachta.

11.50 I Leitir Ceanainn, bhí iniúchtaí bainistíochta cothrom le dáta i nDeireadh Fómhair 2013. Ní raibh aon fhianaise i leith an ghnímh a rinneadh, áfach, ag seacht gcinn as na 32 cás a athbhreithníodh le linn an iniúchta ónar theastaigh gníomh athleantach. Anuas air sin, sheiceáil oifigeach 12 cheann de na 32 cás a phróiseáil an cás sin, ag tráth éigin. Luaigh an bhainistíocht áitiúil nach leagann na gníomhartha ag oifigeach i ndiaidh an chinnidh thosaigh, ar nós athdheimhniú fócaíochta leanúnaí, aon chosc ar an oifigeach sin ó thabhairt faoin tseiceáil. Ina dtuairim, is í an toisc ríthábhachtach nach dtugann oifigigh faoi sheiceálacha ar aon éileamh inar údaraigh siad an fócaíocht tosaigh.

11.51 Dheimhnigh scrúduithe Iniúchta Inmheánaigh agus an ICSU ar sheacht limistéar liúntais leasa fhorlíontaigh

- i gceithre limistéar, ní raibh an bainisteoir limistéir ag tabhairt faoin tseiceáil riachtanach ar na hiniúchtaí bainistíochta a críochnaíodh
- i limistéar amháin, ní raibh an cháipéisíocht maidir le seiceálacha i gcomhad
- ní raibh seicliostaí á gcoimeád i limistéar amháin.

Rialú Aisghabhálacha Airgid

11.52 Eascraíonn airgead a fuarthas in oifigí roinne go príomha ó aisghabhálacha a dhéanann an Roinn ar ró-íocaíochtaí a rinneadh roimhe seo. Ceanglaíonn beartas na Roinne¹

- go n-eisítear fáltas oifigiúla do gach aisghabháil airgid agus taispeántar fógra i leith an bheartais seo go soiléir do mhuintir an phobail
- coimeádtar leabhar airgid chun airgead ar láimh a chur i dtaifead
- réitítear suimeanna a chuirtear i dtaisce ar ráitis bhainc gach ráithe
- déantar taiscí rialta agus ní sháraíonn suimeanna airgid agus seiceanna ar láimh €1,000.

11.53 San oifig seirbhíse leasa pobail i gCluain Dolcáin, ní raibh aon leabhar airgid ná leabhar fáltas ann ag tráth an iniúchta (Lúnasa 2013). Luaigh an fhoireann áitiúil nach bhfuarthas aon aisghabhálacha sa bhliain sin go dtí an tráth sin ama. Luaigh an bhainistíocht áitiúil, idir an dá linn, gur eisíodh leabhair fáltas agus gur leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le fáltas a eisiúint.

11.54 San oifig seirbhíse leasa pobail i Leitir Ceanainn, coimeádtar leabhar airgid agus eisítear fáltas nuair a bhíonn airgead á aisghabháil. Ní raibh aon fhianaise ann, áfach, i leith athbhreithniú bainistíochta ar an leabhar airgid. Shainaithin scrúdú ar na leabhair fáltas agus na leabhair airgid fáltas a eisíodh nach cuireadh i dtaifead sa leabhar airgid. Sainaithníodh dhá chás nár cuireadh airgead i dtaifead a fuarthas maidir le ró-íocaíochtaí ar an gcóras bainistíochta fiachas ró-íocaíochta (ODM). Thug an bhainistíocht áitiúil le fos go raibh seo mar gheall ar mhaoirsiú agus go gcuirfí tús le hathbhreithnithe ar an leabhar airgid anois. Ina theannta sin, meabhraíodh don fhoireann na nósanna imeachta chun fáltas airgid a chur i dtaifead ar an gcóras ODM.

11.55 Dheimhnigh na hathbhreithnithe a rinne Iniúchadh Inmheánach agus an ICSU nár coimeádadh leabhar airgid agus nár taispeánadh fógra a thug an beartas le fios chun fáltas a eisiúint i gcúig as seacht limistéar. I gcás amháin, ní raibh leabhair fáltas á n-úsáid agus i gcás eile, d'eisigh an t-oifigeach fáltas lámhscríofa maidir le hairgead a fuarthas agus d'eisigh an bainisteoir ceantair fáltas oifigiúil ag tráth ní ba dhéanaí. Ní raibh nósanna imeachta ag na limistéir seo chun airgead a láimhseáil. I gcás amháin, bhí breis agus €1,000 ar láimh.

11.56 D'eisigh an Roinn ciorclán nua ar aisghabhálacha airgid don fhoireann in Iúil 2014. Leagtar amach sa chiorclán na treoirlínte agus na nósanna imeachta nach mór a leanúint agus áirítear leis cáipéisíocht nua agus tuairisceáin nach mór don fhoireann a úsáid anois.

¹ Is iad na riachtanais íosta rialaithe inmheánaigh na nósanna imeachta seo a leag an Roinn amach i gclóclán a scaipeadh ar gach bainisteoir in Eanáir 2013.

Conclúidí agus Moltaí

- 11.57** Tá an scéim liúntais leasa fhorlíontaigh neamhghnách sa mhéid go bhfuil roinnt catagóirí éagsúla d'íocaíocht inti, agus go ngabhann a rioscaí agus a bpróifílí éagsúla éilítheora le gach ceann díobh. Méadaítear an riosca mar gheall, i roinnt cásanna, gurb íocaíocht aonuaire a bhíonn i gceist agus tharlódh go dteastódh an íocaíocht láithreach bonn. Cruthaíonn seo gá le modhanna éagsúla íocaíochta. Críochnaíodh an measúnú foirmiúil deireanach ar an scéim in 2008, ag tráth inar riar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an scéim.
- 11.58** Léiríonn dhá chás de neamhrialtachtaí féideartha inmheánacha le caillteanais shuntasacha mheasta an riosca a bhaineann leis an scéim. I measc fhreagairt na Roinne do na cásanna siúd, bhí athlua don fhoireann ar na riachtanais íosta rialaithe inmheánaigh agus monatóireacht lárnach a thabhairt isteach ar an méid a dhéanann oifigí áitiúla iniúchtaí bainistíochta a chríochnú. Sannadh foireann bhreise d'Aonad Tacaíochta Rialaithe Inmheánaigh na Roinne (ICSU) in 2013, agus bunaíodh aonad tiomnaithe iniúchta bainistíochta sa rannóg inar thit na neamhrialtachtaí féideartha amach.
- 11.59** Léiríonn an tuarascáil seo na torthaí ar obair iniúchta agus obair an ICSU agus Iniúchta Inmheánaigh a rinneadh roinnt míonna i ndiaidh na bhfeabhsúchán siúd ar rialú. Tugann na torthaí le fios go raibh saincheistanna suntasacha ann le hoibriú na bpríomhrialuithe maidir leis an scéim. Ina measc seo tá riaráiste fairsing i gcríochnú iniúchtaí bainistíochta agus teip ar thabhairt faoi athbhreithnithe ar íocaíochtaí – rialuithe lena mbaineann tábhacht ar leith chun cosc a chur ar chalaois inmheánach agus an chalaois sin a bhrath. Is gá don Roinn dul i ngleic leis na saincheistanna seo, chomh maith, mar cheist phráinne.
- 11.60** I roinnt cásanna, déanann an Roinn íocaíochtaí go díreach le soláthróirí thar ceann éilítheoirí. Dheimhnigh iniúchtaí agus cigireachtaí Roinne nach bhfuarthas údarú an éilítheora le haghaidh na gcásanna uile sin. Chomh maith leis sin, tugadh cleachtas faoi deara ina n-úsáidtear soláthróirí singil le haghaidh earraí nó seirbhísí ar leith. Cé go bhféadfadh go mbainfeadh buntáistí le soláthróirí singil a úsáid faoi chúinsí áirithe, tá rioscaí ann nach mbainfí an luach ab fhearr amach sa chás nach leantar na nósanna imeachta cearta soláthair, agus go ndéantar soláthróirí áirithe a roghnú go fabhrach.

Moladh 11.1

Ba cheart don Roinn tabhairt faoi mheasúnú cothrom le dáta chun gach ceann de na rioscaí a shainaithint a bhaineann leis an scéim liúntais leasa fhorlíontaigh. Ba cheart go leagfadh an cháipéisíocht sin amach go soiléir na rioscaí éagsúla a thagann chun solais ar gach catagóir íocaíochta. Chabhródh suirbhéanna rialta ar chalaois agus earráid ar ghnéithe éagsúla na scéime le rioscaí a shainaithint agus an leibhéal íocaíochtaí iomarcacha a rianú le himeacht ama.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Tabharfaidh an Roinn faoi mheasúnú riosca ar liúntas leasa forlíontach a luaithis is féidir. Críochnaíodh suirbhé ar chalaíoch agus earráid le déanaí ar an scéim forlíonadh cíosa. Chabhraigh seo leis an Roinn chun na príomhlimistéir riosca a shainaithint agus leag sé béim ar shaincheistean na rialaithe ar gá dul i ngleic leo in oibriú na scéime amach anseo. Tá suirbhé breise ar chalaíoch agus earráid ar liúntas leasa forlíontach sceidealaithe le bheith déanta in 2016. In 2014, tar éis imscrúdú a dhéanamh ar na cásanna de neamhrialtachtaí féideartha, cuireadh rialuithe treisithe i bhfeidhm, lena n-áirítear eisiúint uathoibríoch duillín comhairle d'éilítheoirí tar éis fócaíocht de lámh a fháil. Sa mhullach air sin, coimeádtar gach seic córais a eisítear ar lá ar leith d'éilítheoir ina bhfuil luach níos airde ná €2,000 ar na híocaíochtaí go léir, ar feitheamh faofa ar leibhéal an phríomhoifigigh chúnta sa rannóg chuí.

Moladh 11.2

Ba cheart don Roinn a dheimhniú cén fáth nach n-oibríonn na rialuithe reatha ag gach tráth, agus breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun na rialuithe siúd a bhunú in obair laethúil gach oifig áitiúil. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar sheimineáir agus plé áitiúil a dhéanamh maidir le conas a chuirfear i bhfeidhm na rialuithe a leagtar amach ar leibhéal praiticiúil.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Ó aistríodh an tseirbhís leasa pobail chuig an Roinn in 2011, tharla athstruchtúrú agus athchumrú suntasach na seirbhíse. Theastaigh athoiliúint agus cleachtadh uaidh seo i measc na foirne ar réimse fairsing dualgas a raibh tionchar acu ar oibriú rialuithe inmheánacha. Tugann an Roinn anois tús áite do mhonatóireacht agus do chur i bhfeidhm na rialuithe riachtanacha. Léireofar seo sna spriocanna sonracha a chur san áireamh ar bhonn leanúnach mar chuid den phróiseas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta agus sna cruinnithe míosúla bainistíochta rannóige ar a bhfuil beirt rúnaithe cunta ina gcathaoirleach.

Chomh maith leis sin, cinntíonn an t-aonad forbartha foirne go gcuirtear an oiliúint chuí ar an bhfoireann uile agus go dtreiseoidh modúil nua oiliúna atá á ndearadh faoi láthair an díriú ar rialú agus iniúchadh. Chuir an ICSU tús le clár cur i láthair a sholáthraíonn oiliúint um fheasacht ar rialú ar fáil don fhoireann seirbhís leasa pobail (rinneadh sé chur i láthair go dtí seo i mbliana). Nuashonraítear an lámhleabhar um dhea-chleachtas ar bhonn leanúnach agus scaiptear gach athrú ar scéimeanna agus cleachtais ar an bhfoireann. Cuirfidh treoirlínte athbhreithnithe maidir le fáiltas airgid agus córas nua bainistíochta fiachais feabhas ar rialuithe chomh maith.

Moladh 11.3

Ba cheart don Roinn leanúint agus monatóireacht a dhéanamh ar an méid atá na hiniúchtaí forordaithe bainistíochta á gcríochnú. Ba cheart d'iniúchtaí inmheánacha agus cigireachtaí an ICSU díriú ar na láithreacha siúd ina bhfuil an riaráiste is mó d'iniúchtaí i dtéarmaí iomlána agus céatadáin araon. Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar dhoimhneacht na n-athbhreithnithe faoina dtugtar, chomh maith.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Déanann an ICSU monatóireacht ar oibriú iniúchtaí bainistíochta agus sa chás go bhfuil fianaise ann nach bhfuiltear ag tabhairt faoi na seiceálacha ar bhealach tráthúil, cuirtear an bainisteoir rannóige ar an eolas faoi. Ar a bharr sin, chuir an ICSU tús le clár náisiúnta cigireachta. Úsáidtear neamhchloí leis an gceanglas chun iniúchadh bainistíochta a dhéanamh mar chuid den anailís riosca chun clár cigireachta an ICSU a dheimhniú. Comhoibríonn an ICSU agus Iniúchadh Inmheánach ar bhonn leanúnach leis an gcumhdach is fairsinge is féidir a chinntiú. Soláthraíonn an t-aonad forbartha foirne oiliúint ar iniúchadh bainistíochta.

Moladh 11.4

Ba cheart don Roinn a gcóras bainistíochta riosca a leasú chun soláthar a dhéanamh do dheimhniú i measc na mbainisteoirí go bhfuil na príomhrialuithe á n-oibriú ina limistéar.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Teastaíonn seo mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca agus pleanála gnó na Roinne. Tá ar gach limistéar gnó tuairiscíú ráithiúil a dhéanamh ar bhainistíocht riosca, lena n-áirítear measúnú ar na leibhéil reatha de rialú atá i bhfeidhm. Áirítear leis seo nuashonrú ar an bplean gníomhaíochta chun an riosca a mhaolú agus athmheasúnú ar an rangú riosca. Chun na próisis seo a threisiú níos mó, meabhrófar do bhainisteoirí rannóige faoin ngá a dheimhniú go bhfuil na príomhrialuithe á n-oibriú i leith an leibhéil riachtanaigh. Sa mhullach air sin, earra seasta a bheidh ann seo le haghaidh cruinnithe míosúla idir bainisteoirí réigiúnacha, bainisteoirí rannóige agus bainisteoirí limistéir.

Moladh 11.5

Ba cheart don Roinn monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal íocaíochtaí a rinneadh le soláthróirí agus a chinntiú go leantar na nósanna imeachta cuí soláthair.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe. Úsáidtear an fhoirm seo íocaíochta, go ginearálta, nuair a dhéantar an freastal is fearr ar riachtanais an chustaiméara lena chinntiú go n-úsáidtear an t-airgead don chuspóir a bheartaítear. Idir an custaiméir agus an soláthróir atá an caidreamh ceannaigh nó conarthach. Athbhreithneoidh an Roinn a mbeartas maidir le híocaíochtaí le soláthróirí le feabhas a chur ar nósanna imeachta rialaithe agus soláthair. Píosanta suntasacha oibre a bheidh ann seo agus tabharfar faoi i líon céimeanna ag tosú i bhfómhair 2014.

12 Cúnamh Feirme

- 12.1** Tugadh isteach Cúnamh Feirme in 1999 mar scéim tacaíochta ioncain d'fheirmeoirí ar ioncam íseal. Tá an scéim á riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn). Faigheann daoine atá incháilithe maidir le Cúnamh Feirme íocaíocht sheachtainiúil ach braitheann an méid a fhaigheann siad ar a n-acmhainn agus ar uimhir a gcleithiúnaithe. Is féidir le duine a bheith incháilithe má tá ioncam aige ó fhostaíocht eile. Caitheadh €99 milliún ar an scéim in 2013, agus ba laghdú é sin ar an €108 milliún a caitheadh in 2012.
- 12.2** D'fhonn a bheith incháilithe do Chúnamh Feirme, ní mór d'iarratasóir
- a bheith idir 18 agus 66 bliana d'aois
 - a bheith i mbun feirmeoireachta
 - tástáil acmhainne a shásamh.
- 12.3** Meastar go bhfuil iarratasóirí ag gabháil d'fheirmeoireacht má úsáideann siad talamh feirme ar leo í nó atá á léasú acu chun críocha feirmeoireachta.¹ Níl aon tairseach leagtha síos ó thaobh scála na gníomhaíochta feirmeoireachta a ba cheart a dhéanamh le bheith incháilithe. Déantar measúnú ar acmhainní ó gach foinse i gcomhréir le rialacha sonracha na scéime nuair atá acmhainn iomlán sheachtainiúil á ríomh.
- 12.4** Is féidir le daoine atá ag fáil Cúnamh Feirme a bheith i dteideal sochair thánaisteacha a fháil chomh maith mar aon le rochtain ar chlár ghníomhachaithe, oideachais agus forbartha.
- 12.5** Ba é €188 in aghaidh na seachtaine an ráta caighdeánach pearsanta a íocadh mar Chúnamh Feirme in 2013. Méadaítear an íocaíocht más rud é go bhfuil daoine fásta agus/nó leanaí mar chleithiúnaithe ag an éilitheoir.² Is é an méid is infíochta i ngach cás ná barrachas an ráta pearsanta, móide aon bhreiseanna do chleithiúnaithe, thar acmhainn seachtainiúla measúnaithe an duine. Más rud é gur mó na hacmhainní sin ná an ráta pearsanta móide aon bhreisithe, níl an té sin incháilithe.
- 12.6** Ní mór d'éilitheoirí dearbhú a dhéanamh gach bliain maidir le hincháilitheacht leanúnach agus maidir le haon athruithe ar a ndálaí nó ar a n-acmhainn. Tá sé d'oibleagáid freisin ar fhaighteoirí fógra a thabhairt don Roinn faoi aon athruithe a d'fheadfadh tionchar a bheith acu ar a n-incháilíocht i gcomhair na scéime de réir mar a tharlaíonn siad.
- 12.7** Scrúdaíodh an scéim mar chuid den iniúchadh a rinneadh ar Vóta na Coimirce Sóisialaí in 2013. Rinneadh scrúdú le linn an athbhreithnithe ar na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le héilimh a chuirtear ar aghaidh lena n-íoc, ar an doiciméadú tacaíochta a chomhdaítear faoi éilimh agus ar an leibhéal athbhreithnithe atá á dhéanamh ar theidlíocht i leith na scéime. Tugadh cuairteanna ar oifigí na Roinne i mBéal an Átha, Bealach Conglais, Leitir Ceanainn, an Muileann gCearr agus Port Láirge, agus scrúdaíodh sampla de chásanna i ngach ionad díobh.

¹ Ciallaíonn feirmeoireacht saothrú talún chun toradh a bhaint aisti.

² Is é €124.80 an ráta seachtainiúil i leith cleithiúnaí fásta agus €29.80 an ráta i gcás gach linbh chleithiúnaigh.

Cuspóirí na Scéime


- 12.8** Is í príomhaidhm na Scéime um Chúnamh Feirme tacaíocht ioncain a chur ar fáil d'fheirmeoirí atá ar ioncam íseal. Ní gá do na héilitheoirí a bheith ar fáil chun oibre le bheith incháilithe le haghaidh íocaíochtaí.

- 12.9** Thug an Roinn le fios go bhfuil an scéim dírithe i dtreo cabhrú leo siúd atá i mbun feirmeoireachta fanacht ag gabháil di le linn tréimhsí nuair a bhíonn an brabús íseal agus cabhrú chun pobail tuaithe a choinneáil inmharthanach. Tá sé d'aidhm ag an tacaíocht chomhsheasmhach ioncain a chuirtear ar fáil agus ag an mbealach tairbhiúil a gcaitear le caipitil sa tástáil acmhainne i leith Cúnaimh Feirme cabhrú le feirmeoirí infheistíocht a dhéanamh ina gcuid feirmeacha cé go bhféadfadh an brabús a bhíonn acu athrú ó bhliain go bliain. Caitear go tairbhiúil freisin le híocaíochtaí faoi scéimeanna mar an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath, chun faighteoirí a spreagadh páirt a ghlacadh sna scéimeanna sin.
- 12.10** Tá an scéim Cúnamh Feirme ar cheann de roinnt beart atá dírithe ar thacaíocht ioncain a sholáthar d'feirmeoirí agus inmharthanacht na bpobal tuaithe a chinntiú. Tá bearta eile faoi shainchúram na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- 12.11** Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an ngrúpa idir-rannach a bunaíodh chun na moltaí a rinneadh i dtuarascáil an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíochta na Limistéir Thuaithe a scrúdú agus a chur i bhfeidhm.¹

Próifíl na nÉilitheoirí

- 12.12** Tháinig méadú ar líon na ndaoine atá ag fáil Cúnaimh Feirme ó thart ar 9,000 in 2009 go buaicphointe 11,300 in 2011. Tá na huimhreacha tar éis titim ó shin go 10,300 in 2013 (féach Fíor 12.1). Ba é toradh na n-athruithe a tugadh isteach i mbuiséid na mblianta 2012 agus 2013 gur méadaíodh líon na n-acmhainní inmheasúnaithe agus gur cuireadh deireadh leis an gcaoi a ndéantaí neamhaird d'ioncain leanaí nuair a bhíodh acmhainní á ríomh. Is dócha gur chuir siad sin leis an laghdú a tháinig ar líon na bhfaighteoirí.

Fíor 12.1 Caiteachas agus faighteoirí Cúnaimh Feirme, 2009 – 2013




Foinse: Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil 2013 de chuid na Roinne Coimisce Sóisialaí

- 12.13** Cé gur tháinig laghdú de thart ar 9% ar líon na bhfaighteoirí ó bhuaic na bliana 2011, tá i bhfad níos mó gluaiseachta le sonrú gach bliain i líon na n-éilitheoirí a thagann isteach sa scéim agus a fhágann í. Bhí beagán os cionn 20% de na héilitheoirí a bhí ag fáil íocaíochtaí ag deireadh na bliana 2013 tar éis páirt a ghlacadh sa scéim i rith an 12 mhí roimhe sin nó tar éis páirt a ghlacadh inti athuair.

¹ An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA), Díús a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann, Aibreán 2014.

- 12.14** Ba é €181.12 an mheáníocaíocht in aghaidh na seachtaine in 2013 (€188.23 in 2012). Ag deireadh 2013, bhí beagán os cionn 1,000 éilitheoir ag fáil íocaíochtaí iomlána gan laghdú ar bith a bheith déanta orthu de bharr na n-acmhainní a bhí acu a ndearnadh measúnú orthu. In 2013, tugadh íocaíochtaí breise d'fhaighteoirí i leith 4,600 cleithiúnaí aosaithe agus i leith beagán os cionn 8,700 leanbh cleithiúnach. Dá bhrí sin tugadh tacaíocht do níos mó ná 23,000 duine san iomlán tríd an scéim in 2013.
- 12.15** Bhí íocaíochtaí á bhfáil ar feadh níos lú ná cúig bliana ag beagán os cionn leath de na héilitheoirí i Meitheamh 2014. Bhí íocaíochtaí á bhfáil ar feadh deich mbliana nó níos faide ag breis is trian acu (féach Fíor 12.2).

Fíor 12.2 Fad na n-éileamh ar Chúnamh Feirme amhail Meitheamh 2014




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

- 12.16** Tá thart ar 140,000 feirm sa Stát.¹ Íoctar Cúnamh Feirme i gcás thart ar 7% de na feirmeacha go léir. Taispeántar líon na bhfaighteoirí in 2013 mar chéatadán de líon na bhfeirmeacha i ngach contae i Fíor 12.3. Tá an céatadán níos airde ná an meán náisiúnta in ocht gcontae.
- 12.17** Tá an líon faighteoirí is airde le fáil i gceithre chontae (Dún na nGall, Gaillimh, Maigh Eo agus Corcaigh) agus is iontu siúd a bhí beagnach 50% de na faighteoirí in 2013.
- 12.18** Tá formhór (62%) na bhfaighteoirí Cúnaimh Feirme idir 50 agus 66 bliana d'aois (féach Fíor 12.4). Bhí an ceathrú cuid de na faighteoirí os cionn 60 bliain d'aois in 2013.


¹ Áireamh Talmhaíochta 2010, An Phríomh-Oifig Staidrimh.

Fíor 12.3 Céatadán na bhfeirmeacha in aghaidh an chontae a bhí ag fáil Cúnaimh Feirme in 2013



Foinse: Áireamh Talmhaíochta 2010 agus Tuarascáil Bhliantúil Staitistiúil 2013 de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí

Fíor 12.4 Faighteoirí Cúnaimh Feirme in 2013, de réir aoise



Foinse: Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil 2013 de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí

Rialuithe maidir le Glacadh le Daoine agus Doiciméadú Tacaíochta

12.19 Nuair a bhíonn éilitheoir ag cur isteach ar Chúnamh Feirme, ní mór dó foirm iarratais a chomhlánú, a shíniú agus a dháthú. Déantar an dáta a stampáil ar an bhfoirm nuair a fhaightear í chun dáta tosaigh an éilimh a léiriú. Ba cheart na doiciméid tacaíochta riachtanacha a bheith in éineacht leis an bhfoirm lena n-áirítear cruthúnas aitheantais, cruthúnas faoi sheoladh agus fianaise faoi acmhainní. Seoltar iarratais ar aghaidh ansin chuig Cigire Leasa Shóisialaigh lena n-imscrúdú, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainn iomlán an éilitheora. Nuair a fhaightear tuarascáil an

imscrúdaithe sin, déanann oifigeach breithiúnachta cinneadh ar cheart glacadh leis an éileamh nó diúltú dó.

- 12.20** Rinneadh athbhreithniú ar chúig chomhad is fiche sna hionaid go léir ar tugadh cuairt orthu agus rinneadh scrúdú ar na rialuithe maidir le glacadh le daoine. Bhí íocaíochtaí á ndéanamh ar feadh cúig bliana nó níos mó i gcás 57 den 125 éileamh ar Chúnamh Feirme (46%) a ndearnadh athbhreithniú orthu, agus bhí 18 acu ag éileamh cúnaimh ar feadh 14 bliana nó níos mó. Tá achoimre ar na torthaí i Fíor 12.5.

Foirmeacha iarratais

- 12.21** Bhí cásanna i ngach oifig nach raibh foirmeacha iarratais maidir le Cúnamh Feirme sna comhaid acu agus bhí an scéal amhlaidh in 22 cheann de na cásanna samplacha. Díobh sin, bhí 14 chás a raibh íocaíochtaí á ndéanamh ina leith ar feadh breis is cúig bliana. Thug an lucht bainistíochta le fios i roinnt oifigí áitiúla go bhféadfaí éilimh a dhéanamh ar dtús ar Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus gur comhlánaíodh foirm iarratais don liúntas sin. D'fhéadfaí éileamh ar Chúnamh Feirme a dhéanamh den iarratas nuair a rinneadh athbhreithniú air. Thug an lucht bainistíochta áitiúil le fios i ngach ceantar go bhfuil aghaidh á thabhairt acu ar na cásanna a aithníodh agus go bhfuil na foirmeacha riachtanacha á bhfáil. Tá treoir tugtha don fhoireann nach mór foirm Chúnaimh Feirme a chomhlánú i ngach cás sula ndéantar an t-éileamh a phróiseáil agus a fhaomhadh le haghaidh íocaíochta.

Fíor 12.5 Torthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar shampla de na rialúcháin maidir le glacadh le daoine

Fadhb	Líon na gcásanna inar aithníodh fadhb ^a					Iomlán
	Bealach Conglais	Leitir Ceanainn	Béal an Átha	An Muileann gCearr	Port Láirge	
Gan foirm iarratais a bheith coinnithe i gcomhad	6	1	6	4	5	22
Foirm iarratais neamhiomlán	2	–	–	2	–	4
Gan an dáta a bheith stampáilte ar an bhfoirm ^b	20	–	2	22	2	46
Gan aon ghrianghraf coinnithe i gcomhad mar chruthúnas céannachta	4	11	3	–	14	32
Gan cruthúnas faoi sheoladh coinnithe i gcomhad	3	2	4	–	2	11

Foinse: Scrúdú ar shampla de chásanna a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Aithníodh níos mó ná fadhb amháin i gcásanna áirithe.

b Tá an dáta ar a bhfuarthas an iarratas riachtanach chun dáta tosaithe an éilimh a aithint.

- 12.22** Ní raibh an dáta stampáilte ar na foirmeacha iarratais in 80% de na cásanna a scrúdaíodh i mBealach Conglais ná in 88% de na cásanna sa Mhuileann gCearr, agus bhí íocaíochtaí á ndéanamh maidir leis an chuid is mó de na cásanna sin ar feadh níos lú ná cúig bliana. Bhí cásanna sa dhá ionad freisin ina raibh na foirmeacha iarratais a bhí coinnithe i gcomhaid neamhiomlán. Thug an lucht bainistíochta áitiúil sa dhá oifig le fios gur tugadh le fios do na baill foirne gur gá an dáta a stampáil ar gach iarratas, agus a chinntiú go raibh na foirmeacha comhlánaithe go hiomlán.

Fianaise faoi Fhéiniúlacht agus faoi Sheoladh

- 12.23** Maidir leis na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu sa Mhuileann gCearr a bhí fianaise ghrianghrafadóireachta agus cruthúnas faoi sheoladh ar fáil i ngach cás. Bhí cuid de na doiciméid sin ar iarraidh i líon mór cásanna sna ceithre ionad eile. Bhí níos mó fianaise ar fáil faoi chur i bhfeidhm an rialúcháin sin maidir le cásanna ina raibh íocaíochtaí a ndéanamh ar feadh níos lú ná cúig bliana, ach aithníodh an fhadhb i mbreis is an ceathrú cuid de na cásanna sin. Thug an lucht bainistíochta áitiúil i Leitir Ceanainn agus i bPort Láirge le fios go ndéanann cigire leasa shóisialaigh na cásanna go léir a iniúchadh agus go gcaithfidh an té sin a thabhairt le fios ina chuid tuarascálacha go bhfuil sé sásta maidir le céannacht agus áit chónaithe an iarratasóra.

Fianaise faoi Acmhainní

- 12.24** Tugann an cigire leasa shóisialaigh cuairt ar gach éilitheoir agus scríobhann sé tuairisc faoin scrúdú a rinne sé nuair a bhíonn an chuairt sin déanta aige agus bíonn cur síos ar acmhainn an éilitheora mar chuid di. Leagtar amach sa tuairisc na sonraí go léir maidir le hioncam chomh maith le coigilteas agus maoin. Úsáidtear na sonraí sin mar bhunús don mheasúnú acmhainne a dhéanann oifigeach breithiúnachta san oifig áitiúil. Ní i gcónaí a choinnítear fianaise i gcomhaid faoi chúrsaí acmhainne, mar shampla chóipeanna de chuntais feirme agus de ráitis bhainc. I ngach cás a scrúdaíodh, áfach, bhí tuairisc chigire leasa shóisialaigh maidir le hacmhainní coinnithe i gcomhaid.

Athbhreithnithe

- 12.25** Eisítear foirmeacha dearbhaithe bliantúla chuig gach éilitheoir ar Chúnamh Feirme a chuireann de cheangal orthu a dhearbhu go bhfuil siad i dteideal i gcónaí íocaíochtaí a fháil agus aon athruithe ar a n-acmhainní nó ar dhálaí a dteaghlaigh a chur in iúl. Ní gá d'éilitheoirí doiciméadacht a chur ar fáil mar thaca lena ndearbhuithe. Nuair a fhaightear an dearbhú agus mura bhfuil sé dearbhaithe gur tharla aon athrú, deimhnítear go bhfuil an t-éilitheoir i dteideal íocaíochtaí a fháil ar feadh bliana eile. Déantar athbhreithniú ar an scéal más rud é go ndearbhaítear gur tharla athrú.
- 12.26** Ba cheart an dearbhú comhlánaithe a choimeád ar chomhad gach éilitheora. Scrúdaíodh na cásanna samplacha i ngach ionad le linn an iniúchta le fáil amach an raibh dearbhú coinnithe i gcomhad do 2013 nó nach raibh. Tá achoimre ar na torthaí le fáil i Fíor 12.6.


Fíor 12.6 Torthaí an athbhreithnithe ar chomhlíonadh dearbhuithe bliantúla do 2013

	Bealach Conglais	Leitir Ceanainn	Béal an Átha	An Muileann gCearr	Port Láirge	Iomlán
Dearbhú coinnithe i gcomhad	14	24	10	24	24	96
Gan dearbhú coinnithe i gcomhad	6	–	15	–	–	21
Éileamh nach raibh á íoc ar feadh bliana	5	–	–	1	1	7
An comhad ag cigire	–	1	–	–	–	1
Iomlán	25	25	25	25	25	125

Foinse: Scrúdú ar shampla de chásanna a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 12.27** Ní rabhthas ag cloí go hiomlán leis na riachtanais maidir le dearbhú bliantúil ach i dtrí cinn de na cúig ionad. Ní raibh aon dearbhú á choinneáil i gcomhad i 15 cinn de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu i mBéal an Átha. Thug an lucht bainistíochta áitiúil le fios ó shin go bhfuarthas dearbhú i ndiaidh an iniúchta i naoi gcinn de na cásanna sin, agus go bhfuil siad á gcoinneáil i gcomhaid anois. Dúirt an lucht bainistíochta áitiúil i mBéal an Átha go gcoinneofar gach dearbhú bliantúil i gcomhad feasta. Ní raibh aon dearbhú coinnithe i gcomhad i gcás sé cinn den 25 chás i mBealach Conglais.
- 12.28** I gcás amháin a scrúdaíodh i mBéal an Átha, tugadh faoi deara gur dhearbhaigh an t-éilitheoir go raibh beirt leanbh aige ach leanadh ar aghaidh déanamh íocaíochtaí i gcomhair linbh amháin. Rinne an lucht bainistíochta áitiúil athbhreithniú ó shin ar an gcás agus tá sé curtha in iúl acu go méadófar an íocaíocht a thabharfar don éilitheoir.
- 12.29** Mura soláthraíonn an t-éilitheoir faisnéis sa dearbhú bliantúil a thugann le fios go mbeadh údar le hathbhreithniú, leantar ar aghaidh ag íoc an éilimh ar feadh bliana eile gan aon athbhreithniú a dhéanamh. Ní aon athbhreithniú tréimhsiúil acmhainne leagtha amach i dtreoirínte na Roinne. Dá bhrí sin, is féidir le héilitheoir leanúint ar aghaidh ag fáil íocaíochtaí ar feadh na mblianta gan athbhreithniú mionsonraithe a bheith déanta ar a acmhainn agus ar a dhálaí.
- 12.30** I gcás amháin a scrúdaíodh i mBéal an Átha, bronnadh Cúnamh Feirme ar éilitheoir i mí na Nollag 2003. Ní dhearnadh athbhreithniú ar acmhainn an té sin go Feabhra 2013 nuair a chuir na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis ar fáil don Roinn. Aithníodh san athbhreithniú sin go raibh acmhainn ag an té sin de bheis ar an teidlíocht ar feadh na sé bliana roimhe sin. Cuireadh deireadh leis an íocaíocht agus nuair a rinneadh measúnú fuarthas amach go raibh ró-íocaíocht de €56,000 déanta. D'aisíoc an t-éilitheoir méid iomlán na ró-íocaíochta in aon íocaíocht amháin.
- 12.31** Sa bhliain 2013, fuarthas amach go raibh 377 ró-íocaíocht á ndéanamh sa scéim Cúnaimh Feirme ar b'fhiú €2.9 milliún san iomlán iad, sa chaoi go raibh ró-íocaíocht de €7,575 á déanamh ar an meán.¹ B'ionann na cúig ró-íocaíocht ba mhó a ndearnadh measúnú orthu sa bhliain agus 20% de na ró-íocaíochtaí iomlána a aithníodh.
- 12.32** Nuair a scrúdaíodh na 125 chás fuarthas amach cathain a ndearnadh an t-athbhreithniú iomlán dheireanach ar gach cás díobh. Tá na torthaí leagtha amach i Figiúr 12.7.

Figiúr 12.7 An méid ama ó rinneadh an t-athbhreithniú iomlán deireanach ar shampla de chásanna




¹ Bhain na ró-íocaíochtaí sin le 363 éilitheoir de chuid na scéime.

- 12.33** I gcás breis agus an tríú cuid de na cásanna a scrúdaíodh ní raibh aon athbhreithniú déanta, seachas an dearbhú bliantúil, ar feadh breis agus trí bliana. Bhí íocaíochtaí á ndéanamh i seacht gcás (6%) ar feadh breis agus ocht mbliana gan aon athbhreithniú iomlán. Thug an lucht bainistíochta áitiúil i ngach ceantar le fios go bhfuiltear ag scrúdú na gcásanna a aithníodh le linn an iniúchta nach ndearnadh athbhreithniú orthu ar feadh roinnt blianta agus go gcuirfear ar aghaidh iad lena n-athbhreithniú nuair is iomchuí.
- 12.34** Maidir leis an sampla de chásanna a scrúdaíodh, léirigh an fhaisnéis ar na comhaid sin i gcásanna áirithe gur cheart smaoineamh ar athbhreithniú iomlán a dhéanamh. Mar shampla
- i gcás amháin thug an t-éilitheoir le fios go raibh méid scaireanna aige nó aici ach níor luadh cibé luach a bhí ag na scaireanna sin sa mheasúnú acmhainne. Tugadh le fios ina dhiaidh sin sa chás céanna gur tháinig laghdú ar líon na n-ainmhithe ar an bhfeirm sa chaoi go bhféadfadh sé tarlú gur tharla méadú ioncaim de thoradh iad a dhíol ach níor cuireadh aon athbhreithniú acmhainne i gcrích. Thug an lucht bainistíochta áitiúil le fios go mbeadh an comhad á sheoladh chuig cigire chun athbhreithniú práinneach a dhéanamh air.
 - i gcás eile, bhí ioncam ag an bhfaighteoir ón bhfeirm agus ó shiopa. Fuarthas amach i measúnú a rinneadh ar na cuntais do na blianta 2010 agus 2011 go raibh acmhainn ar b'fhiú €3,000 í ag an té sin. Mar sin féin, ní cosúil go raibh asbhaintí ar b'fhiú €49,000 iad a nochtadh sna cuntais curtha san áireamh sa mheasúnú acmhainne.

Athruithe ar leibhéil Ioncaim Feirme

- 12.35** Tá na hathruithe ar mheánleibhéil ioncaim feirme a tharla idir 2010 agus 2013, i gcás chineálacha éagsúla feirme, leagtha amach i

- 12.36** Fíor 12.8. Tríd is tríd, tháinig méadú 10% ar an meán ar ioncam feirme ó 2010 i leith. Mar sin féin, is féidir an luaineacht i leibhéil ioncaim feirme a fheiceáil san athrú ó bhliain go bliain agus idir cineálacha éagsúla feirmeacha.
- 12.37** D'iarr an oifig i bPort Láirge ar fhaighteoirí in 2011 sonraí faoin gcineál feirmeoireachta a bhí ar siúl acu a sholáthar. Bhí sé i gceist an t-eolas a úsáid chun feabhas a chur ar an bpróiseas athbhreithnithe agus le cabhrú i gcásanna próifílithe. Mar sin féin, ní dhearnadh aon athbhreithniú ná aon bheart eile i bhfianaise na faisnéise a fuarthas. Ní raibh mionsonraí faoin gcineál feirmeoireachta bailithe sna hoifigí eile ar tugadh cuairt orthu.

Fíor 12.8 Meánioncam feirme de réir cineál feirme, 2010 – 2013

Foinse: Suirbhéanna Feirme Náisiúnta, Teagasc, 2012 agus 2013

Conclúidí agus Moltaí

- 12.38** Scéim réasúnta nua é Cúnamh Feirme a tugadh isteach in 1999. Is iad na cuspóirí atá leis ná tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoirí ar ioncam íseal le cur ar a gcumas leanúint ar aghaidh ag feirmeoireacht agus le cabhrú chun pobail tuaithe a choinneáil inmharthanach. Caitheadh €525 milliún san iomlán ar an scéim sna cúig bliana go dtí 2013. Tugadh cúnamh do bhreis is 10,000 feirmeoir tríd an scéin ar chostas €99 milliún in 2013. Cuimsíonn siad sin agus thart ar 7% de na feirmeacha sa Stát. Ba iad na contaetha cois teorainn, agus i réigiúin an iarthair agus an iardheiscirt a raibh an leibhéal ab airde d'fhaighteoirí Cúnaimh Feirme iontu.
- 12.39** Ar bhunús na hoibre iniúchta a rinneadh i roinnt oifigí áitiúla a bhfuil Cúnamh Feirme á riar acu is léir go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí bunúsacha doiciméadaithe mar fhoirmeacha iarratais comhlánaithe agus fianaise chéannachta agus chónaitheachta a choinneáil i gcomhaid.
- 12.40** Is léir ón obair iniúchta go bhféadfaí feabhas a chur ar an straitéis maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil íocaíochtaí á ndéanamh. Cé go bhfuil ar éilitheoirí dearbhú bliantúil a sholáthar, ní iarrtar orthu aon fhianaise a sholáthar mar thacaíocht leis an dearbhú sin. Ba léir ón iniúchadh gur féidir leanúint ar aghaidh ag déanamh na n-íocaíochtaí ar feadh blianta fada gan athbhreithniú grinn a dhéanamh le féachaint an féidir gur tháinig athruithe ar acmhainn nó ar dhálaí na bhfaighteoirí. Is mó an seans go dtarlódh athruithe den sórt sin i scéim mar Chúnamh Feirme ina bhfuil a lán de na faighteoirí sa scéim ar feadh na mblianta. Ní bhaintear leas as faisnéis staitistiúil faoi athruithe ar ioncam feirme chun cásanna a aithint chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Moladh 12.1

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrailuithe agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar fad a riarann Cúnamh Feirme ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le cloí leis na rialuithe i ngach cás.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Eiseofar treoracha nuashonraithe do gach ball foirne maidir leis na príomhrialuithe a gcaithfear a chur i bhfeidhm.

Moladh 12.2

Ba cheart don Roinn measúnú a dhéanamh ar chur chuige an athbhreithnithe maidir le cásanna Cúnaimh Feirme. Ba cheart di smaoineamh ar phróiseas a thabhairt isteach taobh amuigh den dearbhú bliantúil, a dhíreodh ar chásanna a mheastar gur mó an seans go bhfuil athrú tagtha ar a ndálaí. Ba cheart faisnéis faoi athruithe ar ioncam feirme a úsáid le cabhrú chun cásanna a aithint lena n-athbhreithniú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Scrúdóidh an Roinn a beartas maidir le rialú agus athbhreithniú feidhmiú na Scéime um Chúnamh Feirme. Déanfar an scrúdú sna míonna amach romhainn chun go mbeidh sé curtha i gcrích faoi dheireadh chéad ráithe na bliana 2015. D'ainneoin an toradh, beidh sé d'aidhm ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna Cúnaimh Feirme ar a laghad gach trí bliana, ach na hacmhainní riachtanacha imscrúdaithe a bheith ar fáil. Déanfar fiosrú freisin ar shaincheisteanna maidir leis an gcineál athbhreithnithe atá le déanamh i ngach cás. Déanfaidh an Roinn suirbhé ar an scéim Cúnamh Feirme mar chuid dá suirbhé ar chalaois agus ar earráid in 2015.

Moladh 12.3

Ba cheart don Roinn smaoineamh ar dhoiciméid mar ráitis bhainc agus cuntais feirme a lorg don dearbhú bliantúil.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaím leat. Déanfaidh an Roinn scrúdú ar oibriú an phróisis maidir le dearbhuithe bliantúla a fháil agus an cineál faisnéise breise a d'fhéadfaí a sholáthar go tairbheach leis na dearbhuithe sa chaoi go bhfeabhsófaí bainistiú agus rialú na scéime ar bhealach leanúnach. Beidh sé seo ina chuid den scrúdú a dhéanfar ar an mbeartas maidir le rialú agus athbhreithniú Cúnaimh Feirme.

Moladh 12.4

Ba cheart don Roinn measúnú a dhéanamh le féachaint a mhéid atá an scéim Cúnaimh Feirme ag baint amach a chuid cuspóirí i dtaca le cúnamh a thabhairt d'éilítitheoirí leanúint ar aghaidh le feirmeoireacht agus cabhrú chun pobail tuaithe a choinneáil inmharthanach.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Ní aontaím leis an moladh. Níl sé ar chumas na Roinne tabhairt faoi athbhreithniú den sórt sin mar d'ardódh sé saincheisteanna atá níos leithne ná na téarmaí tagartha atá aici agus bheadh impleachtaí ó thaobh beartais aige don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ní mór aon athbhreithniú Cúnamh Feirme a mheas i gcomhthéacs an bheartais seo. Is féidir tagairt a dhéanamh do ról Cúnamh Feirme i gcomhthéacs an ghrúpa idir-rannaigh a bunaíodh chun moltaí thuarascáil an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíochta na Limistéir Thuaithe a chur i bhfeidhm.

13 Maoiniú Pinsin Sheirbhís Fhuilaistriúcháin na hÉireann

- 13.1** Bunaíodh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann¹ (SFAÉ) in 1965. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Sláinte. Áirítear ar a cuid feidhmeanna
- seirbhís fuilaistriúcháin a riar lena n-áirítear próiseáil nó soláthar díorthaigh fola nó táirgí eile fola, agus tástálacha maidir le grúpaí fola agus eile a dhéanamh ar shamplaí fola a fhaigheann SFAÉ
 - fuil agus táirgí fola a chur ar fáil
 - trealamh nó imoibrithe a chur ar fáil atá oiriúnach le húsáid i ndáil leis an tseirbhís.
- 13.2** Leathnaíodh feidhmeanna SFAÉ ar roinnt ócáidí chun go n-áireofaí orthu
- tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar thuairiscí ar iarmhairtí gan choinne nó neamh-inmhianaithe atá ag aistriú fola nó ag comhpháirteanna fola a chuir SFAÉ ar fáil
 - tiúcháin fachtóra téachta nach bhfuil fuil nó táirgí fola iontu a chur ar fáil, mar aon le gníomhairí íocshláinte bitheolaíocha eile a úsáidtear chun neamhoird téachta agus neamhoird ó bhroinn agus neamhoird faighte eile a chóireáil
 - seirbhís baincúireachta súl a riar.
- 13.3** Leagadh de dhualgas uirthi freisin tacú le taighde agus taighde a eagrú agus a sholáthar agus oiliúint agus teagasc a sholáthar do dhaoine maidir le rudaí a bhaineann le fuilaistriú agus ullmhú táirgí fola.
- 13.4** Nuair a achtaíodh an tAcht um Thiúcháin Fachtóra Téachta agus Táirgí Bitheolaíocha Eile 2012, aistríodh freagracht as fáil agus as soláthar táirgí fola um chóireáil haemaifilia ó SFAÉ chuig Bord Ospidéal San Séamas le héifeacht ón 30 Aibreán 2012.²


Feidhmíocht Airgeadais ó 2009

- 13.5** Tá ceart reachtúil ag SFAÉ táillí a ghearradh i leith na seirbhísí a chuireann sí ar fáil. Is é an tAire Sláinte a shocraíonn na táillí éagsúla a ghearrtar i leith na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Tagann ioncam athfhillteach SFAÉ ó tháillí maidir le soláthar agus tástáil fuil agus táirgí fola. Ní fhaigheann sí aon mhaoiniú ón Stát cibé trí dheontas bliantúil nó trí leithreasú, ach is féidir maoiniú Stáit a chur ar fáil do chaiteachas mór caipitil.
- 13.6** Léirítear i Fíor 13.1 an ghluaiseacht in ioncam SFAÉ ó 2009, nuair a thuill sí thart ar €118 milliún mar ioncam. Faoi 2013, bhí a hioncam tar éis titim go dtí thart ar €66 mhilliún rud a léiríonn aistriú na bhfreagrachtaí chuig Ospidéal Naomh Séamas, agus athruithe a bhí tagtha ar an éileamh ar tháirgí áirithe agus laghduithe praghas.

¹ Ar a dtugtaí an Bord Seirbhíse Fuilaistriúcháin roimhe seo.

² Tá foráil san Acht i gcás Ospidéal Naomh Séamas go bhfaigheadh sé is go gcuirfeadh sé ar fáil tiúcháin fachtóra téachta agus táirgí íocshláinte bitheolaíocha eile, lena n-áirítear ullmhóidí próitéine athchuingreacha chun críche neamhoird téachta a chóireáil mar aon le neamhoird ó bhroinn nó neamhoird faighte eile arb iad leibhéil laghdaithe maidir le plasmaphróitéin, nó foirmeacha mhífheidhmiúla de phlasmaphróitéin a dtréithe.

Fíor 13.1 Ioncam SFAÉ, 2009 – 2013




Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla SFAÉ

13.7 Go dtí 2011 bhíodh na costais dhíreacha a tabhaíodh ag soláthar tiúcháin fachtóra téachta san áireamh sa táille mar aon le marcáil suas chun na costais riaracháin a bhí tabhaithe ag SFAÉ i soláthar na seirbhíse a chur san áireamh. Thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) deontais aonuaire do SFAÉ in áit córais na marcála suas a bhíodh á ghearradh aici maidir le tiúcháin fachtóra téachta. D'foc an FSS deontas €3 mhilliún do SFAÉ in 2011 agus deontas €1.5 milliún in 2012. Níor tugadh aon deontais bhreise ina dhiaidh sin, rud a léiríonn an chaoi ar aistríodh na freagrachtaí chuig Ospidéal Naomh Séamas.

13.8 Tá Cúlchistí carnacha SFAÉ don tréimhse ó 2009 go 2013 leagtha amach i Fíor 13.2. Bíonn tionchar ag na nithe seo a leanas ar na cúlchistí

- bharrachas nó easnamh oibríochta SFAÉ
- tionchar na n-athruithe achtúireacha ar dhliteanas pinsin SFAÉ.

Fíor 13.2 Barrachas/easnamh carntha SFAÉ, 2009 – 2013



Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla SFAÉ

Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

- 13.9** Bhí foráil san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Acht FEMPI) go ndéanfaí asbhaint maidir le pinsean de réir rátaí sonraithe as luach saothair seirbhíseach poiblí le héifeacht ó 1 Márta 2009.
- 13.10** D'fhoráil an tAcht go raibh an asbhaint le déanamh ag fostóirí áirithe san earnáil phoiblí agus go n-íocfaí na méideanna a d'asbhainfí leis an Státchiste nó go ndéanfaí iad a dhiúscairt ar mhaithe leis an Státchiste de réir orduithe an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is éard a tharlaíonn i ndáiríre ná go bhfuil ar na fostóirí go léir san earnáil phoiblí na suimeanna a asbhaintear ó thuarastail na bhfostaithe a sheoladh ar aghaidh chuig an roinn sin atá i gceannas orthu, nó na hasbhaintí a choinneáil agus glacadh le hasbhaint chomhfhreagrach i méid a ndéontas.
- 13.11** San áireamh sna meastacháin maidir le glanchaiteachas vótáilte don Roinn Sláinte (an Roinn) don tréimhse 2009 – 2013 bhí leithreasaí i gcabhair an vóta i bhfoirm íocaíochta i leith na n-asbhaintí a bhain le pinsin ó roinnt comhlachtaí Stáit faoina coimirce, lena n-áirítear SFAÉ.
- 13.12** Chuir SFAÉ tús leis an asbhaint ó luach saothair na foirne le héifeacht ó 1 Márta 2009 i gcomhréir leis an reachtaíocht.¹ D'iarr an Roinn go n-íocfaí léi i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta na méideanna a d'asbhainfí. D'ainneoin treoir na Roinne, níor íocadh aon suim fós leis an Roinn.
- 13.13** Níl SFAÉ cosúil le comhlachtaí sláinte eile a fhaigheann an chuid is mó dá maoiniú i bhfoirm deontas ón Roinn Sláinte nó ó FSS. Is ó dhíol táirgí folá a fhaigheann SFAÉ an chuid is mó dá mhaoiniú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Roinn an asbhaint a bhaineann le pinsin a bhailiú trí laghdú a dhéanamh ar an deontas bliantúil a leithdháiltear.
- 13.14** Tá achoimre le fáil i Fíor 13.3 ar na méideanna a asbhaineadh ó SFAÉ i ngach ceann de na blianta ó 2009 go 2013. Léiríonn clár comhardaithe SFAÉ creidiúnaí €8.7 milliún ag deireadh 2013 ó thaobh asbhaintí ó phinsin.

Fíor 13.3 Asbhaintí a bhaineann le Pinsin i seilbh SFAÉ, 2009-2013

	Méid asbhainte sa bhliain €000	Carnach €000
2009	1,680	1,680
2010	1,850	3,530
2011	1,740	5,270
2012	1,759	7029
2013	1,672	8701

Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla SFAÉ

¹ Chuir an Roinn in iúl do SFAÉ ar dtús nach raibh feidhm ag Acht FEMPI lena baill foirne ach d'aisiompáigh sí an treoir sin ina dhiaidh sin. Cuireadh tús le hasbhaintí i mí Aibreáin 2009 agus iad siardhátaithe go dtí 1 Márta 2009.

- 13.15** Tá idirbheartaíocht ar siúl ó 2009 i leith idir an Roinn agus SFAÉ ag cruinnithe agus trí litreacha a mhalartú. Áitíonn SFAÉ gur mian léi cloí leis na riachtanais reachtúla, ach go bhfuil oibleagáidí uirthi chomh maith na socruithe conarthacha atá déanta aici leis an bhfoireann a chomhlíonadh maidir le maoiniú a sholáthar chun go mbeidh sochair aoisliúntais ag an bhfoireann nuair a théann siad ar scor.
- 13.16** D'áitigh an Roinn gur cheart méid carnach na hasbhainte a bhaineann le pinsean a íoc leis an Státchiste i gcomhréir leis an reachtaíocht FEMPI.

Scéim Pinsean agus Easnamh Gaolmhar

- 13.17** Tá Feidhmíonn SFAÉ scéim pinsean sochair shainithe dá fostaithe. Scéim ranníocach is ea í. Coinnítear sócmhainní na scéime go leithleach ó SFAÉ in iontaobhas atá á riar ag iontaobhaithe na bhfostóirí agus na bhfostaithe, faoi théarmaí ghníomhas an iontaobhais pinsin.
- 13.18** Léirítear na muirir a bhaineann le pinsean i ráitis airgeadais SFAÉ agus an t-easnamh ag deireadh gach bliana ó 2009 i Fíor 13.4.

Fíor 13.4 Muirir phinsin, sócmhainní agus dliteanais SFAÉ 2009 – 2013

Muirir phinsin

	Méid a gearradh ar I & C	(Gnóthachan) nó caillteanas achtúireach	Iomlán
	€000	€000	€000
2009	4,471	(577)	3,894
2010	4714	523	5,237
2011	4,743	12,217	16,960
2012	5,820	12,504	18,324
2013	6,746	(8245)	(1,499)

Sócmhainní agus dliteanais pinsin

	Luach cóir shócmhainní an phlean	Luach reatha na ndliteanas fabhráithe	Easnamh an chiste pinsin
	€000	€000	€000
2009	58,379	(84,842)	(26,463)
2010	72,571	(96,494)	(23,923)
2011	74,212	(109,944)	(35,732)
2012	85,699	(134,394)	(48,695)
2013	96,137	(138,290)	(42,153)

Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla SFAÉ

- 13.19** Is le ranníocaíochtaí SFAÉ (an fostóir) agus baill na scéime (na fostaithe) a mhaoinítear sochair na scéime pinsin. Faoi ghníomhas iontaobhais agus rialacha na scéime pinsin
- tá ranníocaíochtaí na bhfostaithe socraithe ag rátaí idir 5% agus 6.5% dá dtuarastal ag brath ar chatagóir bhallraíocht an fhostaí
 - déanann achtúire neamhspleách luacháil achtúireach ar an scéim gach trí bliana de réir Acht na bPinsean agus is i ndiaidh na luachála sin a shocraítear leibhéal ranníocaíochtaí an fhostóra.
- 13.20** Cosúil le go leor scéimeanna sochar sainithe eile a mhaoinítear is scéim 'iarmhéid an chostais' í scéim SFAÉ, rud a chiallaíonn cé go mbíonn ráta seasta ann maidir le ranníocaíochtaí na bhfostaithe, téann ranníocaíocht SFAÉ suas nó síos de réir mar is gá lena áirithiú go bhfuil maoiniú ar fáil le freastal ar na dliteanais nuair a bhíonn siad dlite.

- 13.21** Rinneadh athbhreithniú achtúireach i mí Eanáir 2009, ar an scéim phinsin amhail an 1 Bealtaine 2008 agus aithníodh gur ghá ranníocaíochtaí a mhéadú d'fhonn déileáil leis an easnamh pinsin a bhí ann ag an am sin agus le costas seirbhíse sa todhchaí. Ag an am sin, bhí SFAÉ ag cur 14% de thuarastal inphinsin leis an scéim pinsin. Mhol an t-achtúire go ndéanadh SFAÉ ranníocaíocht bhreise de 5.5% de chostais tuarastail d'fhonn an t-easnamh sa Chiste laghdú.
- 13.22** Bhí SFAÉ i mbun idirbheartaíochta le fostaithe in 2009 faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais ag iarraidh ranníocaíochtaí na bhfostaithe a mhéadú chun maoiniú a sholáthar don easnamh. Bhí tionchar ag na hasbhaintí maidir le pinsin a tugadh isteach faoin Acht FEMPI in 2009 ar cibé seans a bhí ann go dtiocfaí ar chomhaontú.
- 13.23** Bhí rún ag SFAÉ in 2009 íocaíocht bhreise de €1.5 milliún a dhéanamh le freastal ar na ranníocaíochtaí méadaithe do 2009. Mar sin féin, in 2010, thug an Roinn Sláinte le fios go raibh údar imní uirthi faoi SFAÉ a bheith ag íoc airgid isteach ina ciste pinsin ó bharrachas carntha oibriúcháin a bhí ginte aici gan tagairt a dhéanamh don Roinn. D'iarr an Roinn nach ndéanfaí aon chinntí maidir le húsáid cistí barrachais ná faoi airgid a íoc leis an gciste pinsin a bhí ann go dtí go ndéanfaí tuilleadh plé faoi na cúrsaí sin ar leibhéal oifigiúil.
- 13.24** I mí Aibreáin 2011, d'fhaomh Bord SFAÉ go n-íocfadh SFAÉ €4.5 milliún chun an t-easnamh maoinithe fabhráithe do na blianta 2009 – 2011 a chlúdach. B'ionann an ranníocaíocht bhreise agus 5.5% de chostais tuarastail inphinsin
- 13.25** Rinne SFAÉ tuilleadh ranníocaíochtaí breise ar b'fhiú thart ar €4.8 milliún iad leis an scéim phinsin idir 2012 agus Aibreán 2014. B'ionann na ranníocaíochtaí breise agus 5.8% de chostais tuarastail inphinsin.¹
- 13.26** In 2011, gheall an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfeadh sí €1 ar fáil mar mhaoiniú (lena mhaoiniú ó fháltais ó asbhaintí pinsin agus/nó barrachas SFAÉ) ina aghaidh gach €1 a chuirfeadh comhaltaí/iontaobhaithe na scéime ar fáil d'fhonn cabhrú chun saincheisteanna maidir le sócmhainneacht scéim phinsin SFAÉ a réiteach. Thug an Roinn le fios go bhféadfaí ranníocaíocht na bhfostaithe a dhéanamh mar seo a leanas
- ranníocaíocht na bhfostaithe a mhéadú
 - na sochair iníoctha a laghdú, lena n-áirítear glacadh le samhail maidir le 'sochair chomhtháite'
 - teaghlaim den dá mhodh thuas.
- 13.27** Iarradh ar SFAÉ togra mionsonraithe a sheoladh isteach a bheadh sé d'aidhm aige a chinntiú go bhfanadh an scéim sócmhainneach agus inmharthana sa bhfadtéarma. Bhí sé i gceist sa mholadh sin go ndéanadh na hiontaobhaithe athbhreithniú ar théarmaí na scéime agus/nó go ndéanadh siad ath-idirbheartaíocht fúthu.

¹ Méadaíodh an ranníocaíocht bhreise go 5.8% de chostais tuarastail de thoradh na luachála achtúirí amhail an 1 Bealtaine 2011.

Conclúid

- 13.28** Bunaithe ar chur i bhfeidhm an Achta FEMPI, tá dualgas ar an Roinn a éileamh go seolfáí ar aghaidh chuici an méid iomlán a asbhaineann SFAÉ maidir le pinsin. Ar an mbonn sin, tá an t-iarmhéid de €8.7 milliún amhail an 31 Nollaig 2013 iníoctha leis an Roinn.
- 13.29** Tá roinnt nithe faoi dhíospóid idir an Roinn agus SFAÉ. Dá thoradh sin, níl fáltais leithghabhálacha i gcabhair atá buiséadaithe i gcuntais na Roinne maidir le hasbhaintí a bhaineann le pinsin ó SFAÉ gach bliain á bhfáil. Ina theannta sin, tá creidiúnaí á thaifead i ráitis airgeadais SFAÉ maidir le hasbhaintí a bhaineann le pinsin agus tá siad sin ag méadú gach bliain toisc nach bhfuil na méideanna a asbhaintear ó thuarastail na foirne íoctha leis an Roinn.
- 13.30** Tá an t-easaontas idir an Roinn agus SFAÉ maidir le hasbhaintí a bhaineann le pinsin ar siúl ó cuireadh tús leis na hasbhaintí in 2009. Má tá an cheist le réiteach ní mór do SFAÉ, an Roinn agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bheith páirteach sa socrú. Ní léir go gcabhróidh na próisis atá in úsáid ag na gníomhaireachtaí atá i gceist na saincheisteanna atá faoi dhíospóid a réiteach sa ghearrthéarma.

14 Soláthar a Dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- 14.1** Bhí caiteachas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) beagán faoi bhun €14 Bhilliún in 2013. Bhain thart faoi €1.6 billiún (11%) den chaiteachas sin le soláthar earraí agus seirbhísí go díreach san FSS.¹ Déantar earraí agus seirbhísí a sholáthar le haghaidh líon mór aonad mar ospidéal, oifigí sláinte áitiúla agus tithe altranaís atá scaipthe anseo is ansiúd ar fud na tíre.
- 14.2** I mí na Samhna 2010 rinne an FSS athbhreithniú ar a shamhail soláthair. Bhí an tsamhail athbhreithnithe dírithe ar na próisis a úsáidtear chun earraí agus seirbhísí a sholáthar a leasú d'fhonn coigilteas a bhaint amach maidir le costais. Leag an FSS sprioc síos in 2013 maidir le coigilts €43 mhilliún a bhaint amach trí nósanna imeachta feabhsaithe soláthair.
- 14.3** Chuaigh Stiúrthóireacht Soláthair an FSS i mbun gnó in 2010 freisin. Cé go n-oibríonn an Stiúrthóireacht ar bhealach láraithe, tá an fhoireann soláthair scaipthe ar fud na tíre ina lán áiteanna. Aithníonn an FSS i gcás gníomhaíochtaí áirithe go gcaithfidh siad daoine a bheith acu in áiteanna éagsúla le freastal ar riachtanais na gcustaiméirí. Mar sin féin, aithníonn sé chomh maith go bhfuil roinnt cuid den soláthar á éileamh go háitiúil de bharr patrún agus tosca stairiúla agus go maolaíonn nádúr scaipthe na foirne soláthair a gcumas an tseirbhís atá á cur ar fáil a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach.
- 14.4** Tá coibhéis 572 bhall foirne lánaimseartha agus buiséad riaracháin de €31 mhilliún ag an Stiúrthóireacht Soláthair, atá anois ina chuid de Rannán Seirbhísí Gnó Sláinte an FSS. Tá trí aonad ag an Stiúrthóireacht
- aonad bainistíochta catagóirí agus punainne atá freagracht as earraí a fhoinsiú, as lárú tairiscintí agus as forbairt conarthaí (coibhéis 69 bpost lánaimseartha)
 - aonad lóistíochta agus bainistíochta fardal a eagraíonn glacadh agus seachadadh na n-earraí ordaithe (coibhéis 495 phost lánaimseartha)
 - aonad bainistíochta gnó a thugann tacaíocht don aonad bainistíochta catagóirí agus punainne maidir le straitéis a fhorbairt agus tuairiscí a sholáthar dul lucht bainistíochta (coibhéis 8 bpost lánaimseartha).
- 14.5** Measann an FSS gur dhámh a rannóg soláthair láraithe 206 chonradh in 2013, ar b'fhiú thart faoi €509 milliún iad.
- 14.6** Rinneadh iniúchadh i dtuarascáil a foilsíodh in 2011 ar fheidhmiú na nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú soláthair le linn na gcéimeanna tosaigh.² Thug an fhianaise ón obair iniúchta ar a raibh an tuarascáil bunaithe le fios
- go bhféadfaí leas níos mó a bhaint as creataí náisiúnta agus a chinntiú go mbainfeadh na ceannaitheoirí leas as na creataí atá ann cheana féin
 - nach mór conarthaí a fheabhsú, agus go ndéanfaí soláthar ar bhunús chonarthaí atá bailí, seachas leanúint ar aghaidh le conarthaí atá ann cheana nó sínta a chur le ceannach ó chonarthaí atá imithe in éag.

1 Ní áirítear leis seo drugaí a íoctar astu faoin Seirbhís Aisíocaíochta do Chúram Príomhúil.


2 Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2010, Caibidil 42 Soláthar i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

14.7 Tá tuairisc sa chaibidil seo ar thorthaí athbhreithnithe a rinneadh

- ar an méid a raibh na rialacha maidir le soláthar á gcomhlíonadh in 2013 bunaithe ar scrúdú a rinneadh ar shamplaí de na ceannacháin i dtrí ospidéal agus i dtrí oifig shláinte áitiúla
- ar chomhlíonadh na gceanglas i gCiorclán 40/2002¹
- ag féachaint an raibh méadú tagtha ar úsáid na gcreat-chomhaontuithe
- an méid ar baineadh amach an coigilteas a bhí beartaithe trí chóras soláthair níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm.

Comhlíonadh Rialacha Soláthair**14.8** Tá soláthar earraí agus seirbhísí an FSS faoi réir rialacha agus dlíthe sholáthar na tíre seo agus an AE agus bheartas soláthair an FSS. Braitheann na príomhnósanna imeachta maidir le soláthar ar leibhéal an chaiteachais a bhfuiltear ag súil leis. Is iad na príomhriachtanais ²

- bíonn trí luachan ar a laghad riachtanach sa chás go bhfuil an caiteachas os cionn €5,000 ach níos lú ná €25,000
- ní mór an conradh a fhógairt ar láithreán gréasáin na r-thairiscintí má bhíonn caiteachas idir €25,000 agus €200,000 i gceist i gcomhair soláthairtí agus seirbhísí, agus idir €25,000 agus €5 mhiliún i gcás conarthaí maidir le hoibreacha
- i gcás ina bhfuil an caiteachas a bhfuiltear ag súil leis os cionn na dtairseach maidir le fógra a dhéanamh ar ghréasán na r-thairiscintí, bíonn feidhm ag treoracha soláthair an AE, lena n-áirítear an conradh a fhógairt in Iris Oifigiúil an AE.

14.9 Scrúdaíodh comhlíonadh rialacha soláthair mar chuid den iniúchadh a rinneadh ar ráitis airgeadais an FSS in 2013. Scrúdaíodh sampla de 100 íocaíochta a rinneadh le soláthraithe i sé ionad - trí ospidéal agus trí oifig shláinte áitiúil. Ba é €2.21 milliún luach iomlán an 100 ceannachán a scrúdaíodh. Tá na torthaí leagtha amach i Fíor 14.1.**Fíor 14.1 Céatadán na soláthairtí samplacha a chomhlíon na rialacha soláthair, 2013**

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

1 Ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 40/2002 Treoirínte maidir le Soláthar Poiblí - athbhreithniú ar na nósanna imeachta reatha maidir le conarthaí áirithe in earnáil an rialtais láir a fhormheas.

2 Rialacháin Náisiúnta Airgeadais an FSS, NFR-01, Leagan 4, 2013.

- 14.10** Fuarthas amach nuair a scrúdaíodh an 100 ceannacháin nár leanadh an próiseas soláthair cuí i gcás 36 acu (i.e. 36%). Ba é €1.03 milliún an méid a caitheadh orthu, méid ab ionann agus 47% de luach na míreanna go léir a ceannaíodh.
- 14.11** Fuarthas amach sna cásanna nár comhlíonadh na nósanna imeachta maidir le soláthar go raibh an chuid ba mhó de na socruithe i bhfeidhm ar feadh achair fhada ama, agus go ndeachaigh caidreamh soláthair amháin siar chomh fada le 1991. Cé go mb'fhéidir gur cuireadh tús le cuid acu tar éis próiseas soláthair a leanúint, bhí na conarthaí a rinneadh ina dhiaidh sin imithe in éag le fada agus leanadh ar aghaidh ag cur na socruithe céanna i bhfeidhm bliain i ndiaidh bliana.

Tuairisciú faoi Sholáthar Neamhiomaíoch

- 14.12** Éilítear i gCiorclán 40/2002 go gcaithfidh gach roinn tuarascáil bhliantúil a chríochnú, arna shíniú ag Oifigeach Cuntasaíochta, faoi gach conradh a dámhadh os cionn €25,000 (gan CBL a chur san áireamh) gan próiseas iomaíoch a chur i gcrích. Ní mór an tuarascáil a chur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi 31 Márta den bhliain i ndiaidh na bliana sin ar scríobhadh an tuarascáil fúithi.
- 14.13** Leathnaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe raon feidhme ciorcláin 40/2002 in 2009 le go gclúdódh sé an FSS freisin. Tá an dáta ar cuireadh isteach na tuarascálacha bliantúla chomh maith le sonraí na suimeanna a nochtadh idir 2009 agus 2013 leagtha amach i Fíor 14.2.

Fíor 14.2 Soláthar neamhiomaíoch a thuairiscigh an FSS

Bliain na Tuairiscithe	An dáta ar cuireadh isteach í	Líon na gconarthaí a tuairiscíodh	Luach na soláthairtí €m
2009	Bealtaine 2010	22	4.1
2010	Aibreán 2011	50	4.0
2011	Iúil 2012	62	7.9
2012	Iúil 2013	32	3.3
2013	Iúil 2014	116	17.8

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- 14.14** Níl córas uathoibríoch ag an FSS chun clár de na conarthaí a bronnadh gan próiseas iomaíoch a choimeád ar bun. Ina ionad sin, braitheann sé ar na réimsí ar leith chun a leithéid de neamhchomhlíonadh a aithint agus a thuairisciú. Admhaíonn an FSS nach raibh sé in ann tuarascáil bhliantúil de bhun ciorcláin 40/2002 a chur ar fáil faoin dáta a bhí leagtha síos, agus de thoradh an phróisis féinmheasúnaithe a rinneadh de láimh, nárbh fhéidir leis a dheimhniú gur luadh na cásanna go léir maidir le soláthar neamhiomaíoch a bha cheart a nochtadh.
- 14.15** Den 36 chás de sholáthar neamhiomaíoch a aithníodh san iniúchadh, ba cheart 31 acu a bheith san áireamh sa tuarascáil a chuir an FSS ar fáil in 2013 de bhun chiorcláin 40/2002. Mar sin féin, ba léir ó athbhreithniú a rinneadh ar an tuarascáil nach raibh ach trí cinn den 31 soláthar san áireamh sa tuarascáil. Sna háiteanna sin san eagraíocht a ndearnadh athbhreithniú orthu, ba léir go raibh ráta tearcthuairiscithe de 83% de réir luacha le sonrú iontu.

- 14.16** Éilíonn an FSS go ndéanadh bainisteoirí fianú maidir le comhlíonadh nósanna imeachta soláthair. Mar chuid dá phróiseas um dhearbhu rialúcháin, tá ar gach bainisteoir san FSS ráiteas tréimhsiúil maidir le dearbhu rialúcháin a shíniú chun fianú a dhéanamh (i measc rudaí eile) go bhfuiltear ag comhlíonadh nósanna imeachta soláthair.
- 14.17** Tá sé ráite ag an FSS i gcás 2013 gur chríochnaigh 92% de na bainisteoirí ráiteas um dhearbhu rialúcháin. Ní raibh sé ar chumas an FSS a rá cén céatadán de na bainisteoirí a thuairiscigh comhlíonadh (nó neamh-chomhlíonadh) na nósanna imeachta soláthair ina réimsí freagrachta féin.
- 14.18** I bhfianaise toradh an iniúchta ina bhfuarthas ráta neamhchomhlíonta 47% (de réir luacha) maidir leis na nósanna imeachta soláthair sna láithreacha ar tugadh cuairt orthu, is féidir a rá faoin bpróiseas atá ag an FSS chun ráiteas a sholáthar faoi dhearbhu rialúcháin nach bhfuil ag éirí leis béim a leagadh ar an leibhéal bunúsach atá san FSS maidir le soláthar nach gcomhlíonann na rialúcháin.
- 14.19** Thug an FSS le fios go bhfuil feabhas ag teacht ar an bpróiseas um dhearbhu rialúcháin ach nach bhfuil sé lánéifeachtach fós. Rinne an FSS athbhreithniú foirmiúil ar an gcóras rialúcháin inmheánaigh in 2013 agus rinneadh roinnt moltaí chun an creat rialaithe a fheabhsú lena n-áirítear an próiseas dearbhaithe rialúcháin agus déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí sin. Ina theannta sin, thug an FSS le fios go bhfuil sé beartaithe bainistiú na laigí maidir le rialúcháin a aithníodh - mar sholáthar neamhchomhlíontach – a neadú sna próisis bhainistíochta feidhmíochta mhíosúla.

Creataí Soláthair

- 14.20** Faoi rialacha soláthair an AE, is féidir creat-chomhaontuithe a chur ar bun mar bhealach chun soláthar éifeachtach ó thaobh costais de a éascú. I gcreat-chomhaontú bíonn an struchtúr praghsála aontaithe ach ní bhíonn an méid atá le ceannach ná am an cheannaigh leagtha síos. Tá dhá chineál creatsocrúithe san earnáil phoiblí
- déantar praghsanna a chinneadh trí 'iomaíocht bheag' idir soláthraithe faofa atá ar phainéal creataí de réir mar a bhíonn riachtanais ann, nó
 - bíonn an praghas agus na téarmaí leagtha amach sa chreat-chomhaontú le linn tréimhe an tsocráithe.
- 14.21** Táthar ag súil go mbainfear coigilteas suntasach amach trí leas a bhaint as creat-chomhaontuithe. Ba cheart go dtiocfadh laghdú ar na costais maidir le soláthar a bhíonn ag ceannaitheoirí agus ag soláthraithe féideartha nuair a laghdófar an t-ualach riaracháin a bhaineann le tairiscintí a dhéanamh arís agus arís eile agus go minic. Ina theannta sin, is féidir praghsanna a laghdú trí cheannach ar an mórchóir, trí aistriú ó phraghsáil áitiúil agus réigiúnach go praghsáil náisiúnta, agus trí bhreis iomaíochta.
- 14.22** Ní bhíonn creat-chomhaontuithe éifeachtach ach amháin i gcásanna má fhorbraítear iad i réimsí ina dtabhaítear caiteachas suntasach agus inar féidir coigilteas suntasach a bhaint amach, agus ní mór do dhaoine a bhíonn ag plé le soláthar leas as creat-chomhaontuithe a mhéid agus is féidir chun tairbhe a bhaint astu. D'fhéadfaí na deiseanna chun coigiltis a bhaint amach a bheith laghdaithe sa mhéid is nach bhfuil na nósanna imeachta maidir le soláthar á gcomhlíonadh faoi láthair.

Creataí Soláthair curtha i bhFeidhm

- 14.23** Amhail Iúil 2014, bhí 83 creat-chomhaontuithe curtha i bhfeidhm ag an FSS, rud a léiríonn méadú de 31 i gcomparáid le Mí Iúil 2011. Bhain na creat-chomhaontuithe atá i bhfeidhm leis an FSS leis na catagóirí atá leagtha amach i Fíor 14.3.

Fíor 14.3 Creataí de réir catagóirí ceannaigh

	Iúil 2011	Iúil 2014
Ábhair chógaisíochta agus leighis	4	18
Seirbhísí gairmiúla agus soláthairtí oifige	14	29
Seirbhísí Óstán	9	16
Trealamh, saotharlanna agus ábhair dhiagnóiseacha	25	20
Iomlán	52	83

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- 14.24** Tá an FSS ag baint úsáide as creat-chomhaontuithe chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Reáchtálann sé comórtais bheaga de réir mar is gá chun conarthaí a dhámhadh. Mheas an FSS gur reáchtáladh 97 gcomórtas beaga sa tréimhse 39 mhí idir Bealtaine 2008 agus Iúil 2011 le haghaidh conarthaí ar b'fhiú €217 milliún iad. Bhí sé sin méadaithe go 92 chomórtas bheaga in 2013 nuair a dámhadh conarthaí arb fhiú €306 mhilliún iad san iomlán i gcaitheamh na bliana sin.
- 14.25** Ní mór do gach réimse laistigh den FSS, lena n-áirítear ospidéal ghéarmhíochaine agus oifigí sláinte áitiúla, leas a bhaint as na creat-chomhaontuithe atá curtha i bhfeidhm.
- 14.26** Rinneadh scrúdú le linn iniúchta le féachaint a mhéid a raibh earraí agus seirbhísí á soláthar trí leas a bhaint as creat-chomhaontuithe. Sna hospidéal agus sna hoifigí sláinte áitiúla ar tugadh cuairt orthu ní raibh creat-chomhaontuithe in úsáid ach i sé cinn den 100 cás a scrúdaíodh. Ba chosúil go raibh easpa ginearálta feasachta ann faoi chreat-chomhaontuithe.
- 14.27** Maoinítear ospidéal dheonacha trí dheontas ón FSS (bíodh is nach bhfuil siad san áireamh san €1.6 billiún a chaitheann an FSS go díreach ar chúrsaí soláthair) agus caitheann siad mórchuid airgid ar earraí agus ar sheirbhísí.
- 14.28** Cé go spreagtar na hospidéal dheonacha chun leas a bhaint as creat-chomhaontuithe an FSS níl sé d'oibleagáid orthu é sin a dhéanamh. Táthar ag súil go n-athrófar é seo amach anseo de réir mar a leanfar ar aghaidh leis an idirphlé idir an FSS agus an earnáil dheonach chun cur chuige maidir le soláthar sláinte ar fud na hearnála a fhorbairt.
- 14.29** Thug an FSS le fios go mbíonn foráil sna creat-chomhaontuithe náisiúnta go léir faoi gach gníomhaireacht a mhaoinítear. Bhain ospidéal dheonacha leas as conarthaí agus as creataí a d'fhorbair an FSS, chomh maith le tairbhe a bhaint as socruithe den chineál céanna a d'fhorbair an Grúpa Ospidéal um Sholáthar Sláinte – is cur chuige comhoibriúch é sin a d'fhorbair roinnt de na hospidéal dheonacha.

14.30 Úsáideann an FSS láithreán gréasáin na r-thairiscintí chun torthaí a phróisis tairisceana agus a chreat-chomhaontuithe a fhoilsiú. Ina theannta sin, baineann sé úsáid as r-phoist agus as litreacha chuig bainisteoirí sinsearach chun sonraí a chur in iúl dóibh faoi chreat-chomhaontuithe agus tá sceideal conarthaí agus creat-chomhaontuithe ar fáil ar shuíomh gréasáin soláthair an FSS. Mar sin féin, admhaíonn an FSS gur gá cumarsáid a fheabhsú maidir le tairiscintí agus na sonraí a bhaineann le creat-chomhaontuithe a mhíniú níos fearr don bhfoireann soláthair áitiúil. Tá comhaontú déanta ag an FSS maidir le

- prótacal nua chun faisnéis faoi chonarthaí a chur ar fáil agus chun an fhaisnéis sin a uaslódáil ar chórais airgeadais éagsúla an FSS
- tá sé cur chun cinn na hoibre chun córais nua TF a fhorbairt (córas maidir le 'praghas agus foinsiú') a chuirfidh ar chumas gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha araon eolas faoi chonarthaí a fháil.

Coigilteas

14.31 Tá spriocanna leagtha síos ag an FSS chun coigilteas a bhaint amach trí sholáthar níos iomaíche. Déanann sé feidhmíocht a thomhas gach bliain ó thaobh baint amach an choigiltis sin. I Fíor 14.4 tá an sprioc agus an coigilteas iarbhair measta idir 2010 agus 2013 leagtha amach.

Fíor 14.4 Coigilteas sprice agus coigilteas iarbhair an FSS, 2010 – 2013

Bliain	Coigilteas sprice	Coigiltis iarbhair	An difríocht eatarthu
	€m	€m	€m
2010	62	59	(3)
2011	98	74	(24)
2012	50	50	–
2013	43	46	3

Foinse: Pleananna seirbhíse an FSS, tuarascálacha feidhmíochta agus tuarascálacha bliantúla.

14.32 Thug an FSS le fios, cé go leagann sé síos spriocanna choigiltis atá le baint amach trí sholáthar níos éifeachtaí, déantar na figiúirí maidir le coigilteas 'iarbhair' a thomhas ar bhonn na laghduithe a baineadh amach sna praghsanna bunaithe ar leibhéil gnáthúsáide. Ní i gcónaí a bhíonn laghduithe ar leibhéil chaiteachais an FSS de bharr coigiltis den sórt sin toisc go bhféadfadh na praghsanna a bheith níos ísle ach go mbeadh níos mó á gceannach. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar shampla, mar gheall ar bhrúnna déimeagrafaíochta a mhéadódh an t-éileamh ar sheirbhísí.

14.33 Ina theannta sin, thug an FSS le fios nuair a bhíonn coigilteas á thuairisciú go ndéantar comparáid idir an praghas sna conarthaí athbhreithnithe a cuireadh i gcrích agus na 'seanphraghsanna' sna conarthaí roimhe sin. Ní chuirtear san áireamh athruithe ginearálta ar phraghsanna a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe sa mhargadh ó cuireadh an conradh deiridh i gcrích. Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí tuairisc níos lú a thabhairt ar an leibhéal coigiltis atá á bhaint amach.

- 14.34** Thug an FSS le fios freisin go bhfuil a chumas teoranta maidir le tuilleadh coigiltis a bhaint amach trí sholáthar níos éifeachtaí i gcásanna ina bhfuil ceangaltais chonarthaacha déanta aige a leanfaidh ar aghaidh ar feadh roinnt blianta. Cuireann siad sin teorainn lena chumas sa ghearrthéarma coigilt a dhéanamh chun airgead a chur ar fáil nó a bhuiséad a laghdú.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

- 14.35** Thug an FSS le fios go gcuireann an Stiúrthóireacht láraithe Soláthair deiseanna ar fáil chun éascú a dhéanamh chun éifeachtúlacht a uasmhéadú agus luach breise a bhaint amach. Téann an Stiúrthóireacht i dteagmháil le sealbhóirí buiséad chun pleananna soláthair a fhorbairt. Leanfar ar aghaidh leis an bpróiseas sin agus leagfar béim níos mó ar an luach is féidir bhaint amach trí chloí leis na rialacha soláthair. Thug an FSS le fios go bhfuil srianta áirithe air de bharr leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil sa bhfeidhm sholáthair le tacú leis an éileamh ar sheirbhísí. Mar sin féin, féachann sé le leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun an deis is mó is féidir a chruthú chun coigilteas dhéanamh.
- 14.36** Tuigeann an FSS go mbeidh air dul i mbun próisis láimhe chun cloí leis na riachtanais tuairiscithe atá imlitir 40/2002 go dtí go mbeidh córas náisiúnta amháin airgeadais agus soláthair curtha i bhfeidhm. Is de nádúr na bpróiseas láimhe sin nach bhféadfaidh siad an leibhéal céanna cinnteachta a sholáthar is a chuirfeadh córas singil náisiúnta amháin.
- 14.37** Thug an FSS le fios freisin má dhiúltaíonn baill foirne go comhsheasmhach nó d'aon ghnó an ceanglas a chomhlíonadh maidir le dearbhú féinmheasúnaithe a dhéanamh chun an tuarascáil 40/2002 a chríochnú go ndéileálfar leo faoi nósanna imeachta smachta an FSS.
- 14.38** Thug sé le fios go bhfuil gné lárnach den leasú reatha atá á dhéanamh ar sholáthar poiblí bunaithe ar an gcoincheap go mbeadh 'guth amháin i gcomhair cúrsaí soláthair' i bhfeidhm ar fud gach roinn agus gníomhaireacht Rialtais. Beidh a fheidhm sholáthair féin ag an bpunann sláinte agus bainfidh sí leis an gcóras sláinte ar fad, idir reachtúil agus dheonach. Tá an FSS ag obair faoi láthair chun 'guth amháin' a chruthú le haghaidh soláthair sláinte. Maidir le gach caiteachas a thabhoídís soláthraithe seirbhíse deonacha agus reachtúla amach anseo maidir le cúrsaí sláinte déanfar é a chur i gcrích faoi chur chuige amháin. Déanfaidh an FSS a dhícheall an leas is mó is féidir a bhaint as conarthaí agus as creataí a bheidh forbartha don chóras sláinte ar fad.
- 14.39** Cuirfear soláthairtí ar fáil do chatagóirí nach catagóirí sláinte iad, mar shampla, bainistiú saoráidí, seirbhísí gairmiúla, srl. trí Oifig Soláthair an Rialtais.

Conclúidí agus Moltaí

- 14.40** D'fhéadfadh an FSS coigilt shuntasach a dhéanamh trí leas a bhaint as próisis um sholáthar iomaíoch. Tá sé ag leanúint ar aghaidh ag forbairt na feidhme soláthair atá aige. Mar sin féin, nuair a scrúdaíodh samplaí de na híocaíochtaí a bhí déanta i sé áit maidir le caiteachas na bliana 2013 aithníodh nach rabhthas ag cloí go mór leis na rialacha soláthair ar chor ar bith. Is cosúil nach bhfuil próiseas dearbhaithe rialúcháin an FSS ag tarraingt airde ar an méid soláthair atá ar siúl san FSS nach gcomhlíonann na rialacha.

- 14.41** Ní raibh sé ar chumas an FSS tuarascáil bhliantúil a chur isteach a bheadh iomlán, cruinn agus tráthúil faoi na conarthaí os cionn €25,000 a bronnadh gan próiseas iomaíoch.

Moladh 14.1

Ba cheart don FSS próisis fhoirmiúla a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma chun seiceáil leanúnach a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha soláthair agus a chinntiú go ndéanfar nochtadh cuimsitheach ar sholáthar neamhiomaíoch i gcás conarthaí os cionn €25,000 sa tuarascáil bhliantúil a bhfuil sé de dhualgas ar an Oifigeach Cuntasaíochta a chur i dtoll a chéile de bhun chiorclán 40/2002. Ba cheart go mbeadh sé san áireamh sna nósanna imeachta sin go ndéanfaí scrúdú ar na nósanna imeachta um sholáthar a úsáideadh i gcás samplaí de na híocaíochtaí ar fud roinnt áiteanna.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leat go hiomlán. Tá sé i gceist ag an FSS oiliúint bhreise a chur ar fáil don fhoireann maidir leis na ceanglais chun soláthar neamhiomaíoch a thuairisciú. Tá rún aige go mbeidh tuairisciú cruinn faoi sholáthar neamhiomaíoch ina dhlúthchuid dá phróiseas leanúnach um dhearbhu feidhmíochta agus go n-áireofar leis tuairisc a sheoladh gach ráithe chuig an ngrúpa ráthaíochta. Chomh maith leis sin, tá rún aige cur le próiseas ráthaíochta na rialúchán trí athbhreithniú a dhéanamh ar an rannóg soláthair agus treoir bhreise a thabhairt do bhainisteoirí faoin obair is gá dóibh a dhéanamh chun tuairisc a sholáthar faoi chomhlíonadh rialacha soláthair. Tá an FSS ag fiosrú freisin an chaoi a d'fhéadfaí leas a bhaint as stóráil sonraí a chuirfeadh ar a chumas faisnéis a chomhordú maidir le conarthaí agus caiteachas agus soláthar neamhiomaíoch a aithint go lárnach seachas a bheith ag brath ar bhainisteoirí aonair chun neamhchomhlíonadh den sórt sin a thuairisciú.

- 14.42** Tá méadú tagtha ar líon na gcreat-chomhaontuithe atá i bhfeidhm ó 52 i Mí Iúil 2011 go 83. Mar sin féin ní mór na comhaontuithe atá i bhfeidhm a úsáid i ngach cás a oireann siad dó má tá siad le bheith éifeachtúil. Fuarthas amach le linn an scrúdaithe gur chosúil nach raibh a fhios ag daoine sna sé áite ar tugadh cuairt orthu faoi creat-chomhaontuithe a bheith ann ar chor ar bith.

Moladh 14.2

Ní mór an scéal a chur in iúl níos fearr do na daoine atá freagrach as earraí agus seirbhísí a sholáthar go bhfuil creat-chomhaontuithe ann chun go mbainfear leas níos leithne astu.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leat go hiomlán. Úsáideadh roinnt cur chuige san am atá thart lena chur in iúl do na húsáideoirí deiridh go bhfuil creat-chomhaontuithe ann. Mar sin féin, glacann an FSS leis go bhfuil easnamh faisnéise ann. Tá roinnt rudaí curtha i gcrích nó á mbeartú chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh seo. Orthu siúd tá comhaontú a rinneadh faoi phrótacal i Nollaig 2013 maidir le huaslódáil faisnéise faoi chonarthaí ar chórais éagsúla airgeadais an FSS agus go mbeidh sceideal conarthaí agus creat-chomhaontuithe a chothabháil ar shuíomh gréasáin soláthair an FSS ó lár 2014 ar aghaidh. Tá córas nua TF á fhorbairt ag an FSS a mbeidh gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha in ann faisnéis faoi chonarthaí a rochtain air. Táthar ag súil go mbeidh an córas nua i bhfeidhm ag tús 2015.

15 Cáin Mhaoine Áitiúil

- 15.1 Sá áireamh i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) bhí tiomantas go dtabharfaí cáin mhaoine isteach in 2012. Is mar mhuirear teaghlaigh a tugadh isteach an cháin trína bhfuil muirear bliantúil €100 iníoctha ag úinéirí na maoine cónaithe iomchuí. Ba iad na húdaráis áitiúla a bhí freagrach as an muirear a bhailiú.
- 15.2 Beart eatramhach ab ea an muirear teaghlaigh agus, de thoradh na tuarascála a chuir an grúpa idir-rannach ar fáil faoi cháin mhaoine áitiúil a cheapadh (dearadh chánach maoine áitiúil, 'tuarascáil Thornhill'), tugadh isteach cáin mhaoine áitiúil (LPT) ar mhaoín chónaithe mar cháin fhéinmheasúnaithe ar an 1ú lá d'Iúil 2013.^{1,2} Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn an cháin. Bhí foráil san Acht freisin do bhunú agus do chothabháil chlár maoine cónaithe.
- 15.3 Tá cáin mhaoine áitiúil (LPT) iníoctha gach bliain ag na daoine go léir faoi dhliteanas i leith na cánach ar leo, nó a shealbhaíonn léas fadtéarmach, ar mhaoín chónaithe iomchuí (.i. maoín nach bhfuil díolmhaithe) sa Stát ar dháta dliteanais na bliana sin.³ I gcás 2013, ba é an 1ú lá de Bhealtaine, 2013 an dáta dliteanais. Bhí feidhm ag muirear leathbhliana in 2013, agus feidhm ag muirear iomlán bliana ó 2014 ar aghaidh. Ar an 1ú lá d'Iúil 2013, athraíodh aon mhuirear teaghlaigh a bhí fós gan íoc go muirear LPT €200, agus ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as a bhailiú.⁴
- 15.4 Íoctar fáлтаis ón gcáin mhaoine go díreach leis an Státciste. Ó 2014 ar aghaidh, éilítear ar an Aire Airgeadais suim a íoc leis an gCiste Rialtais Áitiúil atá cothrom le fáлтаis LPT (lena n-áirítear aon ús) a íocadh leis an bPhríomhchiste i rith na bliana.
- 15.5 Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014, bhí €628 milliún glan de LPT bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (féach Fíor 15.1Error! Reference source not found.).

1 An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012.

2 Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar mhaoín chónaithe aon fhoirgneamh nó déanamhas atá á úsáid mar, nó atá oiriúnach lena úsáid mar theaghais agus foláíonn sé aon seid, cró, gharáiste, foirgneamh nó déanamhas eile agus aon chlós, gairdín nó talamh eile a bhaineann leis nó a mbaintear úsáid as go hiondúil leis an bhfoirgneamh sin ach amháin nach gcuirfear san áireamh achar aon chlós, gairdín nó talamh eile más níos mó ná acra an t-achar sin.

3 Leagtar amach in Iarscríbhinn A na daoine atá faoi dhliteanas i leith na cánach (daoine faoi dhliteanas).

4 Alt 156 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012.

Fíor 15.1 Fáлтаis ó cháin mhaoine áitiúil go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2014^{a, b, c}

	Dlitéanas cánach na bliana 2013	Dlitéanas cánach na bliana 2014	Iomlán
	€m	€m	€m
An bhliain a bailíodh			
2013	242	76	318
2014	19	291	310
Iomlán a bailíodh faoi dheireadh Mhí an Mheithimh 2014	261	367	628

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Tá fáлтаis glan ar aisíocaíochtaí.

b San áireamh sna méideanna a bailíodh tá thart ar €25 milliún i leith an mhuirir teaghlaigh – €2 milliún in 2013 agus €23 milliún in 2014.

c Bhí thart ar €34,000 i ndáil le 2015 bailithe ag deireadh mhí an Mheithimh 2014.

- 15.6 Nuair a tugadh isteach LPT chuir sí brú suntasach ar acmhainní na gCoimisinéirí Ioncaim. Ar an obair a rinneadh chun éascú a dhéanamh ar thabhairt isteach na cánach bhí ullmhú an chreata reachtaigh agus pleanáil, dearadh agus a chur i bhfeidhm na gcóras agus na bpróiseas chun clár maoine a fhorbairt agus córais TF a fhorbairt chun éascú a dhéanamh ar bhailiú agus riar na cánach.

- 15.7** Díríodh ar na hábhair seo a leanas sa scrúdú a rinneadh ar chur i bhfeidhm na cánach maoine áitiúil
- ar bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim clár cuimsitheach maoine
 - leordhóthanacht na meastachán ar luachanna maoine agus ar an teacht isteach cánach a rabhthas ag súil leis
 - a mhéid a raibh cáiníocóirí comhlíontach ag íoc cánach na bliana 2013 agus
 - bearta a bhí déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim chun méideanna a bhailiú a bhí dlite i leith an mhuirir teaghlaigh is a bhí fós gan íoc.

Iomláine an Chláir Maoine

- 15.8** Maoin chónaithe is ea an bonn cánach maidir le LPT agus is ar an úinéir atá an dliteanas í a íoc. Cé go raibh sonraí ar mhaoine cónaithe ina seilbh ag roinnt ranna agus oifigí Rialtais, ní raibh aon bhunachar sonraí iomlán ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi na maoine cónaithe agus faoina n-úinéirí. Bhain na Coimisinéirí Ioncaim leas as roinnt foinsí seachtracha sonraí.¹ Ba é an bunachar sonraí ab ábhartha don tasc seo an bunachar sonraí a d'úsáid an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) le haghaidh an mhuirir teaghlaigh.

1 Ar na foinsí bhí an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, soláthraithe fónais áirithe agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

2 Bíonn seoltaí neamh-uathúla i gceist uaireanta nuair a bhíonn roinnt tithe lonnaithe sa bhaile fearainn céanna. D'fhéadfadh an t-ainm céanna a bheith ar úinéirí maoine cónaithe éagsúla.

3 Bhí líon teoranta díolúintí agus tarscaoiltí ar fáil maidir leis an muirear teaghlaigh, lena n-áirítear úinéirí maoine cónaithe a bhí i dteideal forlíonadh úis morgáiste a fháil agus úinéirí maoine cónaithe in eastáit tithíochta forordaithe áirithe nach raibh críochnaithe.


4 Ba iad An Post agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann i gcomhpháirt le chéile a bhunaigh an tseirbhís Logeolaire. Seirbhís í sin a chuireann bunachar sonraí de pointí gheochódaithe ar fáil faoi gach foirgneamh i bPoblacht na hÉireann.

5 Tá an bunachar sonraí maoine á choinneáil ar chóras clárúcháin coiteann na gCoimisinéirí Ioncaim (CAR) atá ina clár cánach náisiúnta, agus ina gcoinnítear sonraí daoine agus aonán inchánach.

- 15.9** Chuir an GBRÁ an muirear teaghlaigh i bhfeidhm mar sheirbhís chomhroinnte d'earnáil an údaráis áitiúil. Bhí bunachar sonraí tiomsaithe acu a raibh 1.1 milliún maoin chónaithe ann agus thug siad do na Coimisinéirí Ioncaim é. Ó ba rud é gur cruthaíodh an bunachar sonraí sin go sonrach chun críche an mhuirir teaghlaigh, bhí saincheistean ann maidir le cé chomh húsáideach is a bheadh sé i bhforbairt an chláir maoine
- san áireamh i mbunachar sonraí GBRÁ bhí ainmneacha na ndaoine a d'íoc an muirear teaghlaigh, cé go bhféadfadh sé tarlú nárbh iad sin úinéirí na maoine. Dá bhrí sin níl aon nasc idir cuid de na maoine cónaithe ar an mbunachar sonraí agus a n-úinéirí. Fadhb faoi leith ab ea é sin go háirithe i gcás seoltaí neamh-uathúla²
 - ní raibh ar úinéirí maoine cónaithe a bhí díolmhaithe ón muirear teaghlaigh clárú, agus dá thoradh sin ní raibh na maoine cónaithe sin agus a n-úinéirí sa bhunachar sonraí.³
- 15.10** Fuair na Coimisinéirí Ioncaim bunachar sonraí freisin ó Logeolaire ina raibh seoltaí 2.15 milliún maoin ar bhain 1.8 milliún daoibh le maoine cónaithe.⁴ Ní raibh ainmneacha úinéirí na maoine san áireamh sa bhunachar sonraí, áfach.
- 15.11** Bhain na Coimisinéirí Ioncaim leas freisin as sonraí óna gcuid foinsí inmheánacha féin lena n-áirítear na córais leictreonacha atá acu maidir le dleacht stampála agus faoiseamh cánach a thabhairt ag an bhfoinse ar ús morgáiste. I ndeireadh na dála cuireadh clár maoine tosaigh i dtoll a chéile in 2013 ina raibh 1.85 milliún maoin chónaithe. Tá 0.24 milliún maoin bhreise curtha ar an gclár agus baineadh 0.14 milliún de ó shin i leith, sa chaoi go raibh 1.95 milliún maoin chónaithe ar an gclár ag deireadh mhí an Mheithimh 2014.⁵

- 15.12** Chomh maith leis na sonraí atá ar fáil ó bhunachair shonraí na gcomhlachtaí poiblí agus óna gcórais TF féin, bhí faisnéis staidrimh ag na Coimisinéirí loncaim ó dhaonáireamh na bliana 2011 ina bhfuarthas go raibh 1.99 milliún teaghais bhuan nó aonad tithíochta sa Stát. Ní raibh aon fhaisnéis mhionsonraithe faoi na maoine sin ar fáil do na Coimisinéirí loncaim mar gheall ar shrianta reachtúla maidir le húsáid sonraí daonáireamh. Dá bhrí sin, níl na Coimisinéirí loncaim in ann a fháil amach cad chuige a bhfuil thart ar 40,000 níos lú maoine cónaithe ina mbunachar sonraí ná an líon a léiríodh i ndaonáireamh na bliana 2011. Tá roinnt difríochtaí sa sainmhíniú a thugtar ar aonad tithíochta, mar shampla, d'fhéadfaí roinnt árasáin i dteach a áireamh mar aonaid tithíochta chun críocha an daonáirimh ach d'fhéadfadh an teach féin a bheith luaite mar aonad amháin ó thaobh LPT. Bhí gluaiseachtaí sa stoc tithíochta freisin a d'fhéadfadh cuid den neamhréiteach a mhíniú.
- 15.13** Mura n-íoctar LPT cuirtear é sin, mar aon le hús agus pionóis de mhuirear ar an mhaoín cónaithe is ní bhíonn aon teorainn ama ann maidir lena bhailiú. Tá sé d'oibleagáid reachtúil sonraí a chomhlánú agus a sheoladh chuig na Coimisinéirí loncaim trí thuairisceán dleacht stampála faoi aon díol nó aistriú a dhéantar ar mhaoín, lena n-áirítear léasanna fadtéarmacha, cibé acu ar neamhthuilleamaí nó ar shlí eile. Dá bhrí sin, in aon chás nach bhfuil na Coimisinéirí loncaim in ann na maoine cónaithe go léir a aithint faoi láthair, beidh LPT ar mhaoín anaithnid iníoctha mar chuid de na nósanna imeachta maidir le himréiteach LPT a bhaineann le tíolacadh, nuair a dhíolfar nó nuair a aistreofar an mhaoín amach anseo.
- 15.14** Ag deireadh mhí an Mheithimh 2014, rinneadh catagóirí ar úinéireacht na maoine cláraithe mar a léirítear i Fíor 15.2 **Error! Reference source not found.**

Fíor 15.2 Clár maoine na gCoimisinéirí loncaim ag deireadh mhí an Mheithimh 2014^a



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

Nóta: a Taifeadadh 149,300 maoín faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe sa chlár. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhféadfadh an figiúr iarbhir a bheith níos ísle ná sin óir tá mionchoigeartú á dhéanamh ar an gclár i gcónaí.

- 15.15** Tá maoine áirithe díolmhaithe ó LPT. D'fhoillíodh a éileamh, bhí ar dhuine faoi dhliteanas tuairisceán a chomhlánú do 2013 agus a insint cén chatagóir dhíolúine a bhain leis an mhaoín. Éilíodh an díolúine le haghaidh thart ar 42,000 maoín i dtuairisceán in 2013. Thug na Coimisinéirí loncaim díolúine i gcás 10,000 maoín eile de thoradh faisnéise a bhí acu ina gcuid taifead. Tá liosta de na catagóirí éagsúla díolúine mar aon leis an líon i ngach catagóir acu le fáil in Iarscríbhinn B.

- 15.16** Tá clár maoine na gCoimisinéirí loncaim á choinneáil cothrom le dáta ar bhonn leanúnach de réir mar a bhíonn faisnéis bhreise ar fáil. Amhail Meitheamh 2014, measadh go raibh 46,400 mír ann a rabhthas ag obair orthu nó ag fanacht le dul ag obair orthu. Rinneadh anailís le linn an scrúdaithe ar thaifid ar an gclár maoine agus ar athruithe a rinneadh ar an gclár féin.

Níor Aithníodh Aon Úinéir

- 15.17** Ba cheart go mbeadh úinéir faoi dhliteanas taifeadta maidir le gach maoin chónaithe ar an gclár maoine. Amhail Meitheamh 2014, ní raibh aon úinéir taifeadta i gcás 3.5% de na maoin (68,000 maoin) sa chlár maoine. Nuair a rinneadh athbhreithniú orthu siúd fuarthas amach nach raibh aon úinéir taifeadta i gcás thart ar 4,000 maoin ar an gclár maoine in 2014 cé gur taifeadadh in 2013 gur le húinéirí faoi dhliteanas iad na maoin sin. Má taifeadadh úinéir i gceart in 2013, ba cheart an t-úinéir sin, nó úinéir nua má díoladh an mhaoin, a bheith taifeadta in 2014.
- 15.18** Nuair a seoladh clár LPT i Márta 2013 dúirt na Coimisinéirí loncaim go raibh thart ar 60,000 maoin ann nach bhféadfaí úinéirí a lua leo. Rinneadh réamhobair chun úinéirí a aithint i gcás fo-thacar de na cásanna sin ach laghdaíodh an tosaíocht a bhí tugtha don obair óir bhí sé ag tógáil mórchuid ama. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go
- mba léir i ndiaidh bhulc-eisiúint tuairisceán na bliana 2013 go raibh líon suntasach tionóntaí aitheanta go mícheart mar úinéirí na maoin. Tharla sé sin toisc go mb'fhéidir gur íoc na tionóntaí an muirear teaghlaigh thar ceann na dtiarnaí talún nó go raibh na tionóntaí nasctha ar shlí éigin eile leis na maoin i dtaifid na gCoimisinéirí loncaim. Níorbh fhéidir an tiarna talún a aithint ag an am i gcásanna áirithe agus baineadh an nasc a bhí leis an tionónta
 - ó mhí Dheireadh Fómhair 2013 i leith tá córas uathoibríoch nuashonraithe ar fáil idir córas ríomh-stampála na gCoimisinéirí loncaim agus clár LPT. B'éigean idirbhearta maoin a choigeartú de láimh roimh an dáta sin agus d'fhéadfadh sé nár nascadh líon beag cásanna leis na húinéirí nua
 - tá athbhreithniú ar roinnt cásanna curtha i gcrích ag Brainse LPT agus is léir gur cheart cuid bheag de na maoin a bhaint den chlár toisc gur maoin dublachta iad.
- 15.19** Rinneadh scrúdú ar leithligh ina ndearnadh comparáid idir uimhreacha aitheantais na maoin nach raibh aon úinéir luaite leo in 2013 agus córais bhailithe cánach na gCoimisinéirí loncaim ag deireadh na bliana 2013. Léirigh sé sin go raibh íocaíochtaí LPT de thart faoi €470,000 san iomlán faighte i gcás thart ar 2,700 de na maoin sin in 2013. Is cosúil, mar sin, nach raibh ainmneacha úinéirí na maoin sin curtha isteach, nó gur tógadh amach iad go mícheart ag am éigin. D'fhéadfadh na Coimisinéirí loncaim dul i mbun bearta neamhriachtanacha chun comhlíonadh a chinntiú de bharr taifid míchearta a bheith ar an gclár.
- 15.20** Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhfuil líon na maoin a raibh an cháin íoctha go hiomlán nó go páirteach ina leith, ach nach raibh úinéirí faoi dhliteanas taifeadta ina leith in 2013 laghdaithe go 1,660 cás agus go ndéanfar na cásanna sin a athbhreithniú go hiomlán in am trátha d'fhonn aon saincheisteanna faoi úinéireacht a bhaineann leo a réiteach.

Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

- 15.21** Tá maoin cónaithe in eastáit áirithe tithíochta nach bhfuil críochnaithe díolmhaithe ón LPT faoin Acht. Ní mór eastát a bheith sainithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le bheith incháilithe. Cuireadh sceideal de na heastáit sainithe ar fáil don fhoireann scrúdaithe.

- 15.22** Éilíodh díolúintí le haghaidh beagán faoi 5,000 maoin toisc iad a bheith in eastáit neamhchríochnaithe. Nuair a rinneadh athbhreithniú ar shampla randamach de 50 de na díolúintí sin fuarthas amach nach raibh 40% de na maoine sin a raibh éileamh ar dhíolúintí déanta fúthu in eastát sainithe. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhfuil tús curtha acu chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin trína gclár comhlíonta agus i gcásanna ina bhfuil éileamh mícheart déanta go gcuirfidh siad bearta i gcrích chun LPT dlite a bhailiú. Chuir na Coimisinéirí loncaim in iúl chomh maith go ndearnadh athrú suntasach (i rialacháin) maidir le sainiú eastát neamhchríochnaithe idir tabhairt isteach an mhuirir teaghlaigh agus tabhairt isteach LPT agus gur furasta a thuiscint go gcuirfeadh sé sin mearbhall ar cháinócóirí.

Maoine a Baineadh den Chlár

- 15.23** Toisc go bhfuil clár maoine na gCoimisinéirí loncaim á thabhairt cothrom le dáta go leanúnach de réir mar a bhíonn faisnéis bhreise ar fáil, cuirtear maoine air agus baintear maoine eile de gach lá. Mar shampla bhí 137,300 maoin bainte den chlár faoi Mheitheamh 2014 toisc go mba iontrálacha dúblacha iad.
- 15.24** Nuair a rinneadh athbhreithniú ar na maoine a baineadh de fuarthas amach go bhfuarthas íocaíochtaí LPT in 2013 ar b'fhiú €378,000 iad i leith 3,300 de na maoine sin.¹ Is cosúil gur trí earráid a baineadh na maoine sin den chlár. Dúirt na Coimisinéirí loncaim gurb é an fáth is cosúla leis an gcaoi go bhfuarthas íocaíochtaí maidir le maoine a bhí bainte den chlár ná go ndearna siad bulc-ghlanadh den chlár de mhaoine a ceapadh go mba mhaoine dúblacha iad nó go mba íocaíochtaí déanacha iad a fuarthas tar éis roinnt maoine a bheith scriosta den chlár.
- 15.25** Maidir le sampla randamach de 50 cás a baineadh den liosta, rinneadh athbhreithniú ar na comhaid le fáil amach cén fáth ar baineadh den chlár iad. Fuarthas san athbhreithniú
- gur de dhearmad a glanadh 10 gcinn acu (20%): bhí trí cinn de na maoine sin díolmhaithe, athraíodh úinéireacht na maoine i gceithre chás, agus sna trí chás eile eisíodh an fógra maidir le LPT chuig an tionónta seachas úinéir na maoine
 - den 80% de na maoine eile a baineadh i gceart den chlár, iontrálacha dúbailte ar an gclár ab ea 37 acu, dearbhaíodh nach bhféadfaí cónaí in dhá cheann acu, agus fógraíodh nach raibh maoin amháin ann a thuilleadh.

Meastachán ar Luachanna Maoine

¹ Áirítear leis seo aisíocaíochtaí €25,000 maidir le 187 maoin.

² Is éard is Luach an mhargaidh ann ná an praghas a chomhaontófaí idir díoltóir agus ceannaitheoir agus idirbheart á dhéanamh acu ar neamhthuilleamaí. Is é an dáta luachála an dáta sin a ndéanfar luach inmhuirir maoine cónaithe a bhunú air.

³ I gcás gach tréimhse 3-bliana i ndiaidh a chéile i ndiaidh 2016, is é an dáta luachála an 1ú lá de Shamhain na bliana sin roimh chéad bhliain na tréimhse 3 bliana – mar shampla, is é 1 Samhain, 2016 an dáta luachála do na blianta 2017-2019.

- 15.26** Is ar an luach margaidh na maoine cónaithe ar an dáta luachála atá méid LPT atá iníoctha bunaithe.² Tá réimse tréithe ag baint le maoine cónaithe a bhfuil tionchar acu ar a luach mar shampla aois na maoine, an cineál maoine atá inti agus an áit ina bhfuil sí suite, taitneamhachtaí áitiúla, achar urláir, líon agus cineál na seomraí, áiseanna páirceála, gairdíní agus tailte agus an bhail atá ar an áitreabh féin.
- 15.27** Is cáin fhéinmheasúnaithe é LPT agus, dá bhrí sin, is iad úinéirí na maoine atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar phraghas margaidh reatha na maoine ar an dáta luachála. Éilítear de thoradh an Achta ar dhaoine faoi dhliteanas measúnú a dhéanamh ar luach a maoine gach trí bliana. I gcás na mblianta 2013-2016, is é an 1ú lá de Bhealtaine 2013 an dáta luachála.³

Treoir Ghinearálta na gCoimisinéirí Ioncaim

- 15.28** Ba dheacair an obair a bhí le déanamh ag úinéirí is iad ag iarraidh a maoine a luacháil, go háirithe ó ba bheag a bhí á dhíol ná á cheannach sa mhargadh sna blianta roimh an dáta luachála. D'fhorbair na Coimisinéirí Ioncaim treoir bunaithe ar an idirlíon le cabhrú le húinéirí luach a maoine a mheas.¹ D'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim samhail eacnamaíoch agus iad ag forbairt teorach chun an gaol idir tréithe maoine agus luachanna maoine a mheas agus shann siad ualú do gach saintréith díobh.² I gcruthú agus i dtástáil na samhla, d'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim 34,400 luacháil óna gcóras ríomh-stampála agus 1,000 luacháil a rinneadh don GNBS faoi mhaoine a cuireadh ar fáil mar chomhthaobhachtaí le haghaidh iasachtaí a fuair siad. Chomh maith leis sin, rinneadh conradh le cuideachta ghairmiúil luachála chun 1,300 luacháil a dhéanamh in áiteanna a shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim.
- 15.29** Tá an treoir luachála ar fáil ar líne. Leagtar amach inti meánluach margaidh (amhail 1 Bealtaine 2013) na mbandaí luachála faoi leith maidir le cineálacha éagsúla maoine i gceantar ar leith (toghroinn) agus tá banda tascach luachála ar fáil inti do mhaoine éagsúla ar bhunús chur síos leathan ar a gcineál agus ar a n-aois (mar shampla, teach leathscoite a tógadh roimh bhliain an 2000).³
- 15.30** Níor mhol na Coimisinéirí Ioncaim luachanna le haghaidh maoine faoi leith. Deirtear sa treoir cé go rabhthas ag súil go gcabhródh sí i bhformhór na gcásanna, go n-éilítear ar úinéirí maoine trí bhíthin an chórais féinmheasúnaithe luach margaidh a gcuid maoine féin a mheas go macánta. Má tá maoin níos lú nó níos mó ná an meán sa cheantar ina bhfuil sí, má tá drochbhail uirthi, nó má tá gnéithe eisceachtúla nó uathúla ag baint léi tá sé de cheangal ar an úinéir é sin a chur san áireamh agus iad ag measúnú bhanda luachála na maoine.

Meastacháin Aonair

- 15.31** D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim foirmeacha tuairisceán aonair d'úinéirí maoine in 2013 mar aon le meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhanda luachála 1.57 milliún maoin.
- 15.32** Mar fhreagra ar cheist faoin mbonn a úsáideadh le haghaidh an bhanda luachála a cuireadh in iúl maidir le gach maoin ar leith, thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios go
- bhfuil taifead sa Logeolaire maidir le suíomh, seoladh agus cineál gach maoine atá luaite ann agus an úsáid a bhaintear aisti. Ríomhadh meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar leibhéal na maoine aonair trí mheánluacháil ó threoir na gCoimisinéirí Ioncaim a chur i bhfeidhm ar gach maoin sa Logeolaire
 - tá roinnt maoine ar chlár na gCoimisinéirí Ioncaim nach bhfuil ar Logeolaire (nó nach bhfuil nasctha leis), agus mar sin ní raibh faisnéis faoina suíomh, úsáid agus cineál ar fáil fúthu. Sna cásanna sin, cuireadh an meánbhanda luachála (ó threoir na gCoimisinéirí Ioncaim) don limistéar ábhartha i bhfeidhm chun meastachán a dhéanamh.
- 15.33** Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014, bhí 1.76 milliún luacháil maoine comhdaithe agus taifeadta ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear líon suntasach cásanna nár eisigh na Coimisinéirí Ioncaim luachálacha measta ina leith.⁴ Nuair a bhí daoine ag ceapadh a dtuairisceán, rinne na húinéirí 1.03 milliún maoin a luacháil ar luachanna níos airde nó níos ísle ná meastacháin na gCoimisinéirí Ioncaim – b'ionann é sin agus 66% de na maoine ar eisíodh meastacháin na gCoimisinéirí Ioncaim ina leith. Tríd is tríd, bhí na luachanna a dearbhaíodh níos ísle ná na meastacháin a bhí déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Fíor 15.3


1 Cuireadh leagan ar fáil freisin dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar an idirlíon.

2 Úsáidtear saintréithe lena n-áirítear aois na maoine, a cineál agus a suíomh, mar aon le conláistí áitiúla i samhail luachála maoine cónaithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

3 Taispeántar na bandaí luachála in larscríbhinn C.

4 Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios go bhfuil tuairisceán faighte acu faoi 30,000 maoin bhreise atá faoi úinéireacht údarás áitiúil ach nár taifeadadh iad sin go fóill.

Fíor 15.3 Cáin mhaoine áitiúil – bandaí luachála dearbhaithe i gcomparáid le bandaí measta na Coimisinéirí loncaim, 2013



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim


Nóta: a San áireamh mar chásanna a luacháladh ar aon dul le meastacháin na gCoimisinéirí loncaim tá luachálacha a rinneadh nuair nár eisigh na Coimisinéirí loncaim aon mheastachán.

15.34 Léirítear in Iarscríbhinn C céatadán na maoine a dearbhaíodh i ngach banda. I measc gnéithe na luachálacha a seoladh isteach agus a cuireadh i gcomparáid le luach táscach na gCoimisinéirí loncaim bhí

- an chaoi a raibh beagán faoi bhun 24% de na maoine curtha sa bhanda ab ísle (€0 go €100,000). Mheas na Coimisinéirí loncaim go mbeadh 15% de na maoine sa bhanda sin
- measadh i gcás beagán faoi bhun 3,600 maoine gurb é €1 milliún nó níos mó a luach. Tá sé sin 21% níos mó ná líon na maoine sa bhanda sin ar eisigh na Coimisinéirí loncaim meastachán faoi.

15.35 Léirítear i Fíor 15.4 **Error! Reference source not found.** an dliteanas a dearbhaíodh in 2013 maidir le gach banda.

Fíor 15.4 Dlíteanas a dhearbhaíodh i gcomhair cánach maoine áitiúla de réir banda luachála, 2013^a



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Bunaithe ar 1.76 milliún tuairisceán a chomhdaíodh agus a thaifeadadh.

- 15.36** D'fhonn measúnú a dhéanamh ar réasúntacht na luachálacha maoine a dhearbhaíodh, rinne na Coimisinéirí Ioncaim mapáil ar na sonraí ó na tuairisceáin agus tá 75,100 maoine aitheanta inar sheol na húinéirí ar ais luachanna dá gcuid maoine a bhí níos ísle ná an meánbhanda a seoladh ar ais i gcás maoine in aice láimhe. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé beartaithe acu athbhreithniú a dhéanamh ar chuid de na maoine sin bunaithe ar rátáil riosca, ag baint úsáide as teicneolaíochtaí mapála, le fáil amach an bhfuil an dealramh ar an luacháil a cuireadh ar fáil go bhfuil sí réasúnta. Sa chás nach cosúil go bhfuil an luacháil réasúnta, beidh ar an duine atá faoi dhliteanas fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil faoi luacháil a maoine.

Sonraí faoi Shaintréithe Maoine

- 15.37** Níor iarradh ar úinéirí maoine nuair a bhí siad a soláthar a dtuairisceán aon fhaisnéis a sholáthar faoi shaintréithe a maoine, m.sh. an cineál maoine (árasán, teach scoite, teach sraithe, srl.), achar urláir, achar an tsuímh, líon na seomraí cé gur faisnéis í sin a d'fhéadfadh na húinéirí mórchuid de a chur ar fáil gan cúnamh gairmiúil a fháil. Dá gcuirfí faisnéis chruinn den chineál sin ar fáil d'fhéadfadh sé cabhrú chun cumas na gCoimisinéirí Ioncaim a fheabhsú go mór ó thaobh anailís a dhéanamh ar luach dearbhaithe na maoine agus bailíochtú a dhéanamh ar réasúntacht na dtuairisceán.
- 15.38** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh breithniú dáiríre ar an rogha maidir lena iarraidh ar úinéirí maoine faisnéis a sholáthar faoi shaintréithe a maoine lena n-áirítear achar urláir agus líon na seomraí. Mar sin féin, diúltaíodh dó go príomha toisc nach raibh luach beacht iarbhair margaidh le haghaidh gach maoine ag teastáil agus gur éirigh sé soiléir go bhféadfaí samhail a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid le tacú le hullmhú mheastachán na gCoimisinéirí Ioncaim agus go bhféadfaí idirghabhálacha comhlíontachta a fhorbairt gan eolas mionsonraithe faoi achar urláir gach maoine.

- 15.39** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nuair a bhí LPT á dhearadh go rabhthas ag díriú ar a chinntiú go mbeadh an próiseas chomh héasca agus ab fhéidir ag úinéirí maoine. Faoi mar atá i gcás gach cánach tuigeanann na Coimisinéirí loncaim an t-ualach riaracháin a leagann sé ar cháiníocóirí agus tá sé d'aidhm acu gan ach an fhaisnéis is atá riachtanach a bhailiú. Bhí an tuairisceán LPT1 gearr agus simplí spreag sé sin cáiníocóirí a bheith rannpháirteach. Is leor córas na mbandaí luachála le déileáil leis an chuid is mó athruithe, agus bhí an baol ann go spreagfadh sé daoine le gan a bheith comhlíontach dá gcuirfí iallach ar gach úinéir maoine leagan fada mionsonraithe a chomhlánú chun clár comhlíonta na gCoimisinéirí loncaim a fheabhsú go mór mór nuair a bhí roghanna eile ar fáil. Fiú amháin dá gcuirfí na sonraí ab fhearr ar fáil ní fhéadfaí a bheith ag súil go ndéanfaí luach gach maoine in Éirinn a thuar go cruinn trí leas a bhaint as samhail ar bith. Ó ba rud é go rabhthas ag feidhmiú na samhla luachála ar bhunús na faisnéise a bhí ar fáil, laghdaíodh an riachtanas sonraí breise a éileamh i dtuairisceáin toisc nach raibh sé soiléir cén tairbhe bhreise a gheofaí i gcomparáid leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
- 15.40** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nárbh aon eolaíocht chruinn a bheadh ann dá ndéanfaí an mhaoine go léir a luacháil ó cheann ceann tíre. Níl achar urláir ná líon na seomraí chomh hiontaofa nó chomh simplí mar mhodh luachála agus a d'fhéadfaí a mheas. D'fhéadfadh siad go leor fadhbanna sainmhínte a tharraingt anuas agus ní chuirfí san áireamh leo achar ináitrithe ná deisríocht na maoine. Leagadh amach i dtuarascáil Thornhill na cúiseanna nár cheart cur chuige a mholadh ina n-úsáidfí achar urláir agus/nó líon na seomraí codlata mar bhonn measúnaithe chun LPT a ríomh.

Toradh Ionchais

- 15.41** Chun meastachán a dhéanamh ar an teacht isteach a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis ón gcáin mhaoine, ghlac an Roinn Airgeadais leis go mbeadh thart ar 16% den LPT gan íoc gach bliain mar gheall ar maoine a bheith díolmhaithe nó toisc go gcuirfeadh úinéirí siar íoc na cánach. Ar bhunús na toimhdean sin, mheas an Roinn go bhfaighfí thart ar €250 milliún ón cháin in 2013 (agus €500 milliún i mbliain iomlán).¹ In éagmais díolúintí nó iarchur measadh go mbeadh an cháin a bheadh dlite in 2013 beagán faoi bhun €300 milliún.
- 15.42** Dúirt Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais gur meascán de trí chur chuige a bhí sa mhodheolaíocht a d'úsáid an Roinn chun toradh na cánach bunaithe ar bhandaí luachanna maoine a mheas. Úsáideadh sonraí ó dtuarascáil Thornhill sa chéad chur chuige; bhí an dara ceann bunaithe ar shonraí ó chlár praghas maoine a d'fhoilsigh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine; agus bhí an tríú cur chuige bunaithe ar shamhail sochair chánach na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, SWITCH. Dúirt sé freisin, ó ba rud é nach raibh aon chlár de na maoine faoi dhliteanas ná aon chlár d'úinéirí na maoine sin ar fáil, nach raibh aon dul as ach glacadh le boinn tuisceana áirithe chun meastachán a dhéanamh ar an leibhéal dóchúil a bheadh ann maidir le díolúintí agus iarchur.
- 15.43** Dúirt sé gur úsáid ag an Roinn tuarascáil Thornhill chun teacht ar mheastachán nach n-íocfaí thart ar 16% den LPT gach bliain de bharr iarchurtha agus díolúintí. Thug sé le fios freisin go raibh difríochtaí éagsúla le sonrú idir forálacha reachtaíochta LPT maidir le hiarchur agus díolúintí agus moltaí tuarascála Thornhill agus nach bhféadfaí tionchar na bhforálacha maidir le díolúine agus iarchur a chinneadh go cruinn go dtí go mbeadh próiseas na dtuairisceán curtha i gcrích. Maidir le díolúintí, d'fhéadfadh sé tarlú nár chumhdaigh roinnt úinéirí maoine tuairisceán LPT chun díolúine a éileamh, de thoradh mí thuisceana go raibh siad i dteideal ceann a bheith acu go huathoibríoch.

¹ Ar ráta caighdeánach 0.18% agus ar ráta 0.25% don chuid den mhaoine a luacháladh os cionn €1 milliún.

- 15.44** Amhail Meitheamh 2014, bhí díolúintí ó LPT deonaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith 52,000 maoin – thart ar 2.7% de líon iomlán na maoine ar an gclár. Mheas na Coimisinéirí Ioncaim gurbh fhiú €6 mhilliún an cháin nár bailíodh dá bharr sin. Measadh gur cuireadh siar bhailiú €4 mhilliún de bharr socruithe a rinneadh le cáiníocóirí an íocaíochta a chur siar. B'ionann comhluach na ndíolúintí agus na n-íocaíochtaí a cuireadh ar athló agus 3.7% de thoradh féideartha LPT in 2013.

Bailiú LPT

- 15.45** Ní mór do dhuine faoi dhliteanas i leith LPT tuairisceán a chomhdú agus an cháin atá dlite a íoc. Ní mór d'úinéirí maoine a bhfuil díolúine acu nó atá ag cur siar íocaíocht na cánach tuairisceán a thabhairt. Bhí tuairisceán na bliana 2013 dlite ar an 7ú lá de Bhealtaine 2013 agus iad siúd don bhliain 2014 dlite faoin 7ú lá de Shamhain, 2013.
- 15.46** Léiríonn córais na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh tuairisceán faighte faoi 1.76 milliún maoine roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Tugadh 149,300 tuairisceán i ndáil le maoine faoi úinéireacht ag údaráis áitiúla nó ag comhlachtaí tithíochta ceadaithe.¹ Nuair a chuirtear san áireamh na maoine a mheastar a bheith díolmhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus maoine a bhfuil asbhaint éigeantach curtha i bhfeidhm ag an bhfoinse maidir leo, ba é 93% an ráta comhlíonta (amhail mí an Mheithimh 2014) do 2013. D'fhéadfadh an ráta comhlíonta ardú de réir mar a chuirfear bearta forfheidhmiúcháin bhreise i bhfeidhm.
- 15.47** Níl aon fhoráil reachtaíochta ann maidir le díolúine de bharr éagumas íocaíochta a dhéanamh. Mar sin féin, is féidir le daoine ar ioncam íseal iarchur iomlán nó páirteach (50%) na cánach a iarraidh.² Ina theannta sin, féadfaidh ionadaithe pearsanta duine éagtha faoi dhliteanas, duine a bhfuil socrú dócmhainneachta déanta aige nó aici nó duine atá ag fulaingt cruatan airgeadais iarratas a dhéanamh chun an íocaíocht a chur siar. Gearrtar ús bliantúil ar ráta 4% ar íocaíochtaí a chuirtear siar.
- 15.48** Cuirtear an tsuim iarchurtha agus an t-ús fabhráithe de cheangal mar mhuirear ar mhaoín, agus ní mór iad a íoc sula ndéantar an mhaoín a dhíol nó a aistriú. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2014, bhí beagán os cionn 25,000 maoin a raibh íocaíochtaí iomlána nó páirteacha maidir le LPT do 2013 curtha siar ina leith.


1 Ní raibh 30,000 de na tuairisceáin sin taifeadta fós ar chóras na gCoimisinéirí Ioncaim.

2 Is é ioncam €15,000 i gcás duine shingil nó baintrí fir agus €25,000 i gcás lánúine an tairseach ioncaim chomhláin maidir le hiarchur. Féadfar na tairseacha sin a ardú trí 80% de na híocaíochtaí comhlána ar ús morgáiste a bhfuiltear ag súil leo don bhliain a chur leo. Ba é €25,000 an tairseach ó thaobh ioncaim chomhláin d'iarchur páirteach do dhuine singil nó do bhaintreach fir nó €35,000 do lánúin agus féadfar na tairseacha sin a ardú trí 80% de na híocaíochtaí comhlána ar ús morgáiste a bhfuiltear ag súil leo don bhliain a chur leo.

Íoc Cánach Maoine Áitiúla

- 15.49** Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014 bhí €259 milliún bailithe ó thaobh LPT na bliana 2013.¹ Nuair a chuirtear díolúintí san áireamh, léiríonn an figiúr sin ráta measta comhlíonta 97.4% ó thaobh íocaíochta de ar an dáta sin.
- 15.50** Tá sé de rogha ag cáiníocóirí íocaíocht LPT amháin a dhéanamh nó íocaíochtaí a dhéanamh de réir a chéile. Maidir leis na daoine a rinne socrú in 2013 chun an íocaíocht a dhéanamh de réir a chéile trí asbhaint ag an bhfoinse ó thuilleamh, ó phinsin nó ó íocaíochtaí áirithe Stát nó trí dhochar díreach, leanadh ar aghaidh leis an socrú sin in 2014.² Mhol na Coimisinéirí Ioncaim do cháiníocóirí a d'íoc a gcuid cánach in 2013 le cnapshuim modh íocaíochta a roghnú maidir le LPT na bliana 2014 agus gealladh a thabhairt faoin 7ú lá de Shamhain 2013 go leanfaidís an modh sin dá mbeadh tuairisceán páipéir a chomhdú acu agus faoin 29ú lá de Shamhain 2013 dá mbeadh siad ag comhdú tuairisceán go leictreonach. I gcás 2014, céad bhliain iomlán na cánach
- d'fhéadfadh siad siúd a roghnaigh íocaíochtaí céimnithe a dhéanamh an íocaíocht a shíneadh thar an mbliain iomlán
 - maidir leo siúd a roghnaigh an íocaíocht iomlán a dhéanamh trí údarás dochair aonair baineadh an íocaíocht as a gcuntas bainc ar an 21ú lá de Mhárta, 2014
 - maidir le húinéirí maoine a d'íoc go hiomlán ar aon bhealach eile bhí siad faoi dhliteanas an cháin a íoc faoin 1ú lá d'Eanáir 2014.
- 15.51** Tá liostaí i Fíor 15.5 **Error! Reference source not found.** de na roghanna íocaíochta agus de chéatadán na bhfáltais a bailíodh i gcás gach rogha díobh in 2013 agus in 2014, faoi mar a bhí amhail Meitheamh 2014.

Fíor 15.5 Cáin mhaoine áitiúil - roghanna íocaíochta agus fáltais chánach, amhail Meitheamh 2014



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a Is éard is soláthraithe seirbhíse ann ná eintitis tríú páirtí (An Post, Payzone, Omnivend agus PayPoint) a dhéanann éascú ar LPT a íoc faoi chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim.
 - b Áirítear le 'Eile' airgead tirim, baincéireacht ar líne, leas a bhaint as córais ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim agus fritháirimh ó chánacha eile.

¹ Bhí €261 mhilliún bailithe san iomlán agus bhain €2 mhilliún de le riaráistí maidir le muirear teaghlaigh.

² Murar thug an cáiníocóir fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoi bhealach íocaíochta eile.

Asbhaint ag an bhFoinse - Fostóirí

- 15.52** Ceann de na roghanna íocaíochta céimnithe dá bhforáiltear sa reachtaíocht is ea asbhaint a dhéanamh ag an bhfoinse ó thuarastal nó ó phinsean ceirde duine. Má roghnaíonn duine faoi dhliteanas an modh íocaíochta sin, eisíonn na Coimisinéirí loncaim treoracha don fhostóir nó do sholáthraí an phinsin LPT a bhailiú agus cuntas a thabhairt ann. Más rud é nach leanann an fostóir an treoir sin, bíonn an fostóir sin faoi dhliteanas maidir leis an méid atá dlite lena n-áirítear ús.¹ Déanann an fostóir íocaíochtaí leis na Coimisinéirí loncaim gach mí. Ní shanntar na híocaíochtaí ar an mhaoín faoi leith, áfach, go dtí go gcuireann an fostóir ar aghaidh a thuairisceán P35L ag deireadh na bliana, ina bhfuil sonraí faoi na hasbhaintí faoi leith.²
- 15.53** Ba léir ó chórais na gCoimisinéirí loncaim gur íoc 78,000 daoine faoi dhliteanas (idir dheonach agus éigeantach) a gcáin LPT i leith 84,000 maoín in 2013 trí asbhaintí óna dtuarastail nó óna bpinsin. Ba é €14.2 milliún an méid a bhí dlite maidir le LPT. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go raibh €13.9 milliún íochta ag fostóirí (98%) faoi lúil 2014, agus go bhfuil an t-iarmhéid á bhailiú trí mheascán d'asbhaintí ag an bhfoinse in 2014 nó trí íocaíocht a dhéanann úinéir na maoine ar bhealach eile.
- 15.54** Dúirt na Coimisinéirí loncaim gur cuireadh tús i mí Aibreáin 2014 le hathbheithníú ar shonraí dheireadh na bliana 2013 agus go ndearnadh teagmháil le roinnt fostóirí maidir le mainneachtain a bhí déanta acu gníomhú de réir na treorach a tugadh dóibh LPT a asbhaint ag an bhfoinse. Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhfuil cúiseanna éagsúla tagtha chun cinn go dtí seo, lena n-áirítear go ndearna fostóirí dearmad ar an oibleagáid a bhí orthu treoracha na gCoimisinéirí loncaim a leanúint, fostaithe a bheith tar éis a gcuid fostaíochta a fhágáil agus neamhláithreachas fadtéarmach. Thug na Coimisinéirí loncaim le fios gur rud nua é ag fostóirí LPT a asbhaint ag an bhfoinse agus go bhféadfaí a bheith ag súil go dtarlódh roinnt earráidí agus go mbeadh roinnt easnamh i gceist. Aithníodh faoi Mheitheamh 2014 go raibh 3,546 fhostóir ann a d'fhéadfadh a bheith neamh-chomhlíontach. Rinneadh teagmháil leo go léir agus tá obair leantach ar siúl maidir le freagraí na bhfostóirí agus na bhfostaithe mar is cuí.

Asbhaint ag an bhFoinse – Íocaíochtaí Leasa

- 15.55** Roghnaigh 14,400 duine faoi dhliteanas cáin na bliana 2013 a íoc trí asbhaintí ó íocaíochtaí a dhéanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) leo. Tháinig méadú thart ar 75% ar líon na ndaoine faoi dhliteanas atá ag roghnú íocaíocht a dhéanamh i leith cháin na bliana 2014 trí asbhaint ó íocaíocht RCS.
- 15.56** I 4% de na cásanna níorbh fhéidir na hiarratais a phróiseáil maidir le hasbhaintí ó thaobh cháin na bliana 2013. Dúirt na Coimisinéirí loncaim gurbh iad na príomhchúiseanna a bhí leis seo ná nach raibh an cineál scéime a bhí ainmnithe ag an gcáiníocóir incháilithe maidir le hasbhaint LPT nó toisc dá ndéanfaí an asbhaint go mbeadh an íocaíocht sheachtainiúil ón RCS faoi bhun €186 in aghaidh na seachtaine, suim atá leagtha síos mar íosteorainn reachtúil ó thaobh íocaíochtaí den sórt sin. Déanann na Coimisinéirí loncaim teagmháil le húinéirí maoine i gcásanna den sórt sin d'fhonn socruithe malartacha íocaíochta a dhéanamh leo, ach ní choinníonn siad taifead ar ar líon iomlán na gcásanna den sórt sin.
- 15.57** Dúirt na Coimisinéirí loncaim go bhfuil thart ar 12,000 seiceáil déanta acu go dtí seo ar shaincheisteanna a bhaineann le hasbhaint LPT ó íocaíochtaí leasa. Tugadh aghaidh sna hidirghabhálacha sin ar shaincheisteanna neamh-íocaíochta a d'eascair ón gcaoi ar roghnaigh úinéirí maoine scéimeanna nach raibh incháilithe maidir le hasbhaint LPT, ar soláthraíodh uimhreacha seirbhíse poiblí pearsanta a bhí neamhbhailí, de bharr easnamh sna híocaíochtaí agus neamh-íocaíocht a d'eascair ón teorainn maidir le hasbhaint.

1 Nó soláthraí pinsin.

2 Is éard atá i bhFoirm P35L liosta ar a ndéanann fostóir tuairisceán bliantúil faoi cháin ioncaim agus sonraí ÁSPC i leith gach fostaí.

Asbhaint ag an bhFoinse – Talmhaíocht

15.58 Bailíodh LPT ó 1,800 duine faoi dhliteanas a roghnaigh go n-asbhainfí a gcuid LPT don bhliain 2013 ó íocaíocht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhí roinnt deacrachtaí ag na Coimisinéirí Ioncaim asbhaintí LPT a bhí déanta ó íocaíochtaí na Roinne sin a chur i leith na tréimhse nó na maoine cirte i gcásanna ina raibh níos mó ná treoir íocaíochta amháin déanta i leith maoine aonair (m.sh. treoracha íocaíochta a rinneadh in 2013 maidir le LPT in 2013 agus in 2014 araon), nó inar tugadh treoir íocaíochta amháin maidir le maoine éagsúla. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil siad ag obair faoi láthair ar a chórais chun airgead a fhaightear, a chur i leith na dtréimhsí agus na maoine cearta.

Gníomhaíocht Ghéilliúntais ó Thaobh LPT

15.59 Sna cásanna sin ina dteipeann ar úinéirí maoine tuairisceán a chomhdú, bíonn an LPT measta sin dlite atá curtha in iúl ag na Coimisinéirí Ioncaim d'úinéir na maoine. Tá roinnt bealaí ann chun LPT atá gan íoc a bhailiú, lena n-áirítear asbhaint éigeantach ó ioncam fostaíochta nó ó phinsean ceirde an duine sin nó ó íocaíochtaí áirithe Stáit. Féadfar dliteanais gan íoc a chur ar aghaidh freisin chuig an Sirriam nó chuig atunae lena mbailiú nó féadfar ordú astaithe a dhéanamh fúthu.

15.60 Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim faoin tréimhse go Meitheamh 2014

- gur eisigh siad os cionn 250,000 litreacha comhlíonta d'úinéirí maoine ar theip orthu tuairisceán a chomhdú nó íocaíocht a dhéanamh
- gur chuir siad asbhaint éigeantach ag an bhfoinse i bhfeidhm i gcás 40,000 maoine nach raibh LPT na bliana 2013 íoctha ina leith, i gcás 46,000 maoine nach raibh LPT na bliana 2014 íoctha ina leith, agus i gcás 61,000 maoine nach raibh an muirear teaghlaigh íoctha ina leith.

15.61 Chomh maith leis sin chuir na Coimisinéirí Ioncaim formhuirir arbh fhiú €2.4 milliún iad i bhfeidhm i leith 12,253 cás. Cuireadh na formhuirir sin i bhfeidhm ar cháinióicírí a bhfuil sé de cheangal orthu tuairisceáin ioncaim nó cánach corparáide a chomhdú, ach ar theip orthu tuairisceán maidir le LPT a chomhdú i leith maoine cónaithe ar leo féin iad. Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios maidir le gníomhaíocht chomhlíonta i gcás daoine féinfhostaithe gur dhiúltaigh siad do bheagnach 10,000 iarratas a rinne daoine féinfhostaithe ar imréiteach cánach toisc nach raibh a ndliteanais LPT íoctha acu.

Is féidir ús agus pionóis a chur i bhfeidhm i gcásanna tearcíocaíochta LPT agus i gcásanna nuair a íoctar déanach í. Thug na Coimisinéirí Ioncaim deis do cháinióicírí go dtí an 31 Márta 2014 a dtuairisceáin LPT a cheartú, gan ús ná pionóis a thabhu. Bhí ar úinéir na maoine a dheimhniú conas a d'íocfaí aon cháin bhreise, agus déanamh de réir an tsocraithe íocaíochta sin d'fhonn leanúint ar aghaidh ag seachaint úis agus pionós. Bhí a gcuid bandaí luachála maoine ceartaithe ag os cionn 3,900 duine faoi dhliteanas faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. (féach

15.62 Fíor 15.6). San áireamh orthu siúd bhí cásanna inar cheartaigh úinéirí a luacháil roimh dhiúscairt maoiné.

Fíor 15.6 Féincheartú bandaí luachála maoine

Líon na mbandaí a méadaíodh	Líon na maoine	Cion na maoine a féin-cheartaíodh trína n-ardú ^a
1	2,270	58.2%
2	831	21.3%
3	413	10.6%
4	199	5.1%
5 nó níos mó	187	4.8%
Iomlán	3,900	100.0%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Níor thug na Coimisinéirí Ioncaim sonraí faoi dhaoine a rinne féin-cheartú ar a luacháil trína hísliú.

Riaráistí an Mhuirir Teaghlaigh

- 15.63** Tugadh isteach an muirear teaghlaigh mar bheart eatramhach chun cáin mhaoine a bhailiú. Gearradh í de mhuirear ar úinéirí maoine cónaithe ar an dáta dliteanais, an 1ú lá d'Eanáir 2012. Bhí an cháin ar ráta comhréidh €100 in aghaidh na maoine incháinithe agus bhí sí dlite ar an 31 Márta 2012. Méadaíodh í go dtí €130 ina dhiaidh sin. Athraíodh aon mhuirear teaghlaigh a bhí fós gan íoc go muirear LPT €200 ar an 1 Iúil 2013 agus ghlac na Coimisinéirí Ioncaim an fhreagracht chucu maidir lena bhailiú.
- 15.64** Faoi Mheitheamh 2014, tar éis cleachtadh meaitseála sonraí a dhéanamh idir a gclár maoine féin agus an bunachar sonraí a bhí curtha ar fáil ag an GBRÁ, d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim thart ar 474,000 maoine ar bhunachar sonraí an LPT nach raibh an muirear teaghlaigh íoctha ná tarscaoilte ina leith agus nach raibh díolúine tugtha fúthu. Dá mbeadh gach ceann de na maoine sin faoi dhliteanas i leith an mhuirir teaghlaigh bheadh dliteanas €94.8 milliún i gceist. Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios go measann siad go laghdófar an dliteanas go dtí faoi bhun €95 mhilliún toisc go dtabharfaidh cuid de na húinéirí maoine ar seoladh litreacha comhlíonta chucu le fios go bhfuil tarscaoiltí nó díolúintí acu nó gur íocadh an muirear cheana féin.
- 15.65** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar gach neamhchomhlíonadh atá déanta maidir leis an muirear teaghlaigh agus gur eisigh siad 426,000 litir faoi riaráiste an mhuirir teaghlaigh faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014 i gcás an 474,000 maoine a aithníodh. Tugadh comhairle d'úinéirí maoine sna litreacha sin socruithe a dhéanamh chun riaráistí €200 a íoc nó a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim go raibh siad íoctha cheana féin, nó go raibh siad díolmhaithe nó go raibh siad i dteideal tarscaoileadh a fháil.
- 15.66** Ag deireadh mhí an Mheithimh 2014, bhí €25 mhilliún bailithe i muirir theaghlaigh a bhí gan íoc go dtí sin. Bhain thart faoi €17 milliún den mhéid sin le 106,000 maoine agus fuarthas é i ndiaidh na litreacha comhlíonta a bheith eisithe i mí Aibreáin 2014. Páirtíocaíochtaí de na méideanna a bhí gan íoc ab ea cuid de na híocaíochtaí. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur bhain siad leas as an rogha maidir le hasbhaint éigeantach chun riaráistí a bhailiú i 61,000 cás.

Riar LPT

- 15.67** Le linn an iniúchta ar chuntas na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain 2013, fuarthas amach nach raibh siad in ann fáiltais LPT na bliana 2013 a réiteach go hiomlán le taifid bhunúsacha na gcáiníocóirí. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur eascair an deacracht ba mhó maidir le roinnt fáiltais LPT a chur i leith taifead cáiníocóirí ón chaoi a ndearna úinéirí ilmaoine (lena n-áirítear údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe) a dtuairisceáin LPT a chomhdú ag baint úsáide as liostaí de na maoiné a bhí acu, mar nach bhféadfadh siad leas a bhaint as an gcóras comhdaithe ar líne mar gheall ar mhéid a bpunanna maoiné. Bhí sé riachtanach roinnt mhaith teagmhála a dhéanamh leis na cáiníocóirí sin chun na maoiné ar na sceidil a réiteach leo siúd ar an gclár maoiné LPT. D'fhonn an fhadhb a réiteach go hiomlán, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil córas TF á fhorbairt chun modh éifeachtúil a sholáthar chun éascú a dhéanamh ar réiteach na n-íocaíochtaí le punanna maoiné mórsála úinéirí ilmaoine agus go mbeidh sé curtha i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2014. Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios gur nós imeachta inmheánach cuntasáíochta atá i gceist agus nach gcuireann sé isteach ar a gcumas a chinntiú go bhfuil daoine faoi dhliteanas a bhfuil punanna móra maoiné acu géilliúil. Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios freisin gur feabhsaíodh an córas ar líne chun comhdú ar líne a éascú do gach roinn Rialtais agus do go leor de na comhlachtaí tithíochta ceadaithe ó 2015 ar aghaidh.
- 15.68** Rinneadh foráil maidir le €25.9 milliún i meastachán na bliana 2013 na gCoimisinéirí Ioncaim do chur i bhfeidhm LPT in 2013 agus rinneadh foráil den chineál céanna don bhliain 2014.
- 15.69** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go raibh roinnt forbairtí TF riachtanach le go mbeadh rath an tionscadail LPT lena n-áirítear feidhm luachála ar líne, leas a bhaint as próiseáil muirear teaghlaigh chun riaráistí a bhailiú agus míreanna oibre inmheánacha a uathobriú le cabhrú le déileáil le méid na hoibre. Thug siad le fios freisin gur cuireadh próiseas foirmiúil formheasa tionscadal TF i bhfeidhm ar na hathruithe go léir a bhí le tabhairt isteach maidir leis an gclár - agus go raibh roinnt mhaith athruithe molta nár ceadaíodh le linn an phróisis sin.
- 15.70** Mar fhreagra ar cheist faoi thionscadail eile TF na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí curtha siar mar gheall ar na hacmhainní agus tosaíocht a do LPT, dúirt siad nach ndeachaigh roinnt tionscadal TF chun cinn mar a bhíodhas ag súil leis in 2013. Orthu sin bhí tionscadail a bhain leis an scéim lacáiste díosal, cáin charbóin, imréiteach cánach agus cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla.

Conclúidí agus Moltaí

- 15.71** D'oibrigh na Coimisinéirí Ioncaim go han-éifeachtach in achar gearr ag tiomsú an chláir maoiné cónaithe a bhí ag teastáil mar bhunsraith do LPT. Tá clár cuimsitheach d'úinéireacht agus de mhaoín chónaithe cruthaithe. Tá an clár maoiné á athrú i gcónaí de réir mar a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis bhreise.
- 15.72** Aithníodh roinnt réimsí le linn an scrúdaithe ar b'fhiú do na Coimisinéirí Ioncaim iad a chíoradh agus iad ag forbairt a gcuid próiseas maidir le cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an mbunachar sonraí. Fuaireamar amach i gcás roinnt maoiné inar tugadh le fios sa chlár nár aithníodh aon úinéir gur léirigh córais bailithe cánach na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh LPT íoctha cheana féin i leith na maoiné sin. Fuarthas amach le linn an scrúdaithe freisin go raibh an chuma ar an scéal gur trí earráid a rinneadh roinnt athruithe ar an gclár.

Moladh 15.1

D'fhonn a áirithiú go bhfuil an clár maoine cothrom le dáta agus go bhfuil faisnéis á thaifeadadh go cruinn nuair a bhíonn obair chothabhála leanúnach á dhéanamh, ba cheart do na Coimisinéirí loncaim athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na rialuithe maidir le hionchur agus nuashonrú faisnéise. Rialachán amháin a ba cheart a mheas is ea an clár a chur i gcomparáid go rialta le córais eile na gCoimisinéirí loncaim.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím le cuid den mholadh sin. Leagadh an bhéim i rith na céad bhliana de chur i bhfeidhm LPT ar chlár maoine a bhunú agus an clár a bheachtú de bhun líon mór faisnéise a fuarthas ó úinéirí maoine. Athraíodh go leor taifead maoine dá bharr sin. Beidh sé riachtanach coigeartuithe breise a dhéanamh ar an gclár le haghaidh thionscadal an mhuirir teaghlaigh.

Tá córais agus próisis á n-athrú agus á bhforbairt i gcónaí chun cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an gclár. Nuair a bheidh an córas curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí loncaim agus nuair a bheidh na córais LPT forbartha go hiomlán, beidh sé indéanta acmhainn a leithdháileadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na maoine sin go léir nach bhfuil daoine faoi dhliteanas luaite leo fós. Áireofar san athbhreithniú sin scrúdú a dhéanamh ar aon taifid a baineadh den chlár trí bhotún.

Ní fiú comparáid a dhéanamh idir clár LPT agus clár chánach eile de chuid na gCoimisinéirí loncaim ach amháin sna cásanna sin ina n-úsáideann cáiníocóirí a gcuid seoltaí a maoine le haghaidh comhfhreagrais agus ina bhfuil na seoltaí sin cothrom le dáta. Ní gá don chuid is mó cáiníocóirí ÍMAT comhfhreagras rialta a bheith acu leis na Coimisinéirí loncaim agus is beag cúis atá ag comhadaitheoirí ar líne a gcuid seoltaí comhfhreagrais a thabhairt cothrom le dáta. Ar na cúiseanna sin, d'fhéadfadh a gcuid taifead gan a bheith cothrom le dáta.

- 15.73** Níor iarradh ar úinéirí maoine nuair a bhí a dtuairisceán á gceapadh acu aon fhaisnéis a sholáthar faoi shaintréithe a gcuid maoine a mbeadh baint acu le luach na maoine sin m.sh. aois na maoine, líon na seomraí nó an cineál cóiríochta atá ann. Cuireann go leor úinéirí (agus áititheoirí) maoine faisnéis den chineál sin ar fáil cheana féin agus iad ag líonadh amach foirm an daonáirimh gach cúig bliana. Cé nach bhfuil LPT bunaithe ar thréithe ar leith (Mar shampla níl LPT bunaithe ar achar urláir na maoine), ach dá mba rud é go raibh an fhaisnéis sin ag na Coimisinéirí loncaim chabhródh sí leo anailís agus bailíochtú a dhéanamh ar na luachálacha a sholáthraíonn úinéirí maoine. Go háirithe, d'fhéadfadh na Coimisinéirí loncaim a aithint cibé an bhfuil tréithe ag baint le maoine áirithe sa chaoi nach bhfuil siad cosúil le maoine eile sa chomharsanacht.

Moladh 15.2

Éirítear ar úinéirí maoine meastachán a dhéanamh ar luach a gcuid maoine gach trí bliana chun críocha LPT. Ba cheart go ndéanadh na Coimisinéirí loncaim breithniú ag féachaint ar cheart dóibh a éileamh go gcuirfí faisnéis maidir le saintréithe bunúsacha na maoine san áireamh sna tuairisceáin.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Ní aontaím leis an moladh. Rinne na Coimisinéirí loncaim machnamh dáiríre nuair a bhí LPT á dhearadh maidir le sonraí a bhailiú faoi na maoine éagsúla agus beartaíodh gan é sin a éileamh ar chúiseanna éagsúla.

Chomh maith leis sin, tá próiseas forbartha ag na Coimisinéirí loncaim chun measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh luachála agus ní léir go gcabhródh sé go mór leo sa phróiseas sin dá mbeadh breis faisnéise acu faoi na maoine.

Tá na Coimisinéirí loncaim ag smaoineamh i gcónaí ar roghanna éagsúla chun feabhas a chur ar an tsamhail luachála trí fhaisnéis bhreise a bhailiú nó a ghabháil ó fhoinsí éagsúla sa chaoi nach leagfaí ualach chomh trom ar úinéirí maoine. Rogha amháin is ea faisnéis a lorg ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), a fhaigheann faisnéis mhionsonraithe faoi shaintréithe maoine tríd an bpróiseas deimhniúcháin um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER).

- 15.74** D'eisigh na Coimisinéirí loncaim meastacháin luachála faoi leith d'úinéirí maoine a aithníodh i gcás 1.57 milliún maoine, ach is ar úinéirí na maoine iad féin bhí an dualgas measúnú a dhéanamh ar luach na maoine. Sna cásanna sin inar eisíodh luachálacha measta chucu rinne na húinéirí athluacháil ar dhá mhaoin as trí. Tríd is tríd, bhí na luachanna a dearbhaíodh níos ísle ná an meastachán a rinne na Coimisinéirí loncaim. Tá dúshlán le sárú ag na Coimisinéirí loncaim ag féachaint an luachanna réasúnta iad na luachanna coibhneasta a dearbhaíodh maidir le suíomh faoi leith.

Moladh 15.3

D'fhoill aghaidh a thabhairt ar an mbaol go bhféadfadh úinéirí maoine luachanna a sholáthar ina dtuairisceán atá níos ísle ná an luach margaidh a maoine, ba cheart do na Coimisinéirí loncaim a mheas conas ar féidir leo teicneolaíochtaí cothrom le dáta a úsáid, lena n-áirítear uirlisí mapála, chun luachálacha a chur i gcomparáid le praghsanna iarbhair maidir le díolacháin maoine agus leas a bhaint as sonraí maicreacnamaíocha eile atá ar fáil acu. Ba cheart go ndéanadh na Coimisinéirí loncaim measúnú freisin ar athbhreithnithe doimhne a chur i gcrích ar an láthair ar bhonn samplach i limistéir ainmnithe, d'fhoill na luachálacha a sheol úinéirí maoine isteach a bhailíochtú.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leat go hiomlán. Mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhí sa mhargadh maoine ar 1 Bealtaine 2013 is dócha gur mó an seans go mbeadh athbhreithnithe ar an láthair iomchuí i gcás maoine aonuaire.

Bainfidh na Coimisinéirí loncaim leas as réimse uirlisí agus foinsí sonraí chun cabhrú leo meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh luachála. Áireofar leo sin

- measúnacht macra-eacnamaíoch a dhéanamh ar luachálacha a seoladh ar ais i bhfianaise fhoinsí faisnéise tríú páirtí chun leibhéil fhoriomlána na luachálacha a bhailíochtú
- rannpháirtíocht le saineolaithe sa réimse sin (mar an Oifig Luachála) lena chinntiú go bhfuil an cleachtas is fearr sa réimse ar eolas
- leas a bhaint as anailís atá á tiomáint chun cinn ag faisnéis agus ag córais gheografacha ar luachálacha a seoladh ar ais bunaithe ar shonraí atá geo-chódaithe ag leibhéal na maoine aonair agus iad bailithe le chéile de réir ceantair (comharsanacht, limistéar beag, údarás áitiúil srl.)
- tuairisceán maoine a chur i gcomparáid le tuairisceáin na maoine is gaire di agus le meánluach na maoine sa chomharsanacht ag baint úsáide as uirlis tuairiscithe atá forbartha ag Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Lóistíochta na gCoimisinéirí loncaim i gcomhairle lena mBrainse Taighde Eacnamaíochta a aithníonn maoine go héasca ina bhfuil luacháil na maoine difriúil ó mheánluach na comharsanachta (féadfar mioncheartú a dhéanamh ar an uirlis seo chun nach n-aithneofar ach na luachanna is faide ón mheán).

- 15.75** Ní raibh aon dul as ach go mbeadh toradh measta na Roinne Airgeadais maidir le toradh €250 milliún a fháil don bhliain 2013 bunaithe ar bhoinn tuisceana áirithe. Thángthas ar an meastachán tar éis glacadh leis nach n-íocfaí thart ar 16% den LPT gach bliain mar gheall ar dhíolúintí agus iarchurtha. Mar sin féin, tá luach na cánach a tarscaoileadh i gcás maoine atá díolmhaithe agus an méid iarchurtha á éileoidh (a bhí díreach faoi bhun 4% le chéile) i bhfad níos ísle ná mar a glacadh leis. I ndeireadh na dála bhí toradh na bliana 2013, (€259 milliún), beagnach 4% níos airde ná meastachán na Roinne.
- 15.76** Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014, ba é 97% an ráta comhlíonta íocaíochta don bhliain 2013, figiúr a bhí an-ard. San áireamh sna bearta ar ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leo in 2013 maidir comhlíonadh na cánach bhí asbhaint éigeantach ag an bhfoinse a chuireadh i bhfeidhm i gcás 40,000 maoine agus litreacha comhlíonta a eisiúint chucu siúd ar theip orthu íocaíocht a dhéanamh nó tuairisceán a chomhdú.
- 15.77** Tá na Coimisinéirí Ioncaim gníomhach ag iarraidh méideanna a fháil atá dlite fós i leith an mhuirir teaghlaigh. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2014, bhí €25 milliún de na riaráistí sin bailithe, agus fuarthas €17 milliún den mhéid sin i ndiaidh litreacha a bheith eisithe i mí Aibreáin 2014 faoi riaráistí an mhuirir teaghlaigh.
- 15.78** Nuair a rinneadh an scéal a scrúdú fuarthas amach ó shampla de 50 díolúine a éilíodh mar gheall ar thithe a bheith in eastáit tithíochta ainmnithe nach raibh críochnaithe, nár thacaigh an fhianaise a bhí ar fáil leis an éileamh i gcás 40% acu.

Moladh 15.4

Ba cheart go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú ar bhailíocht na díolúintí a éilíodh faoi chatagóir na n-eastát tithíochta nach bhfuil críochnaithe. Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim measúnú a dhéanamh freisin le fáil amach cén t-athbhreithniú breise a ba cheart a dhéanamh ar dhíolúintí eile a éilíodh.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leat go hiomlán. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag cur próisis i bhfeidhm cheana féin ag seiceáil éileamh ar dhíolúintí agus leanfaidh siad ar aghaidh á dhéanamh sin i gcás na ndíolúintí éagsúla ar bhonn riosca de réir mar is iomchuí maidir le cáin fhéinmheasúnaithe. Tá sé de dhualgas ar úinéirí na maoine a ndlíteanas i leith LPT, nó a ndíolúine maidir leis a dhearbhu. Forálann an tAcht um LPT do chur i bhfeidhm pionós i gcás dearbhuithe bréagacha. Tá foireann thiomnaithe maidir le díolúine agus iarchur curtha ar bun i mBrainse LPT na gCoimisinéirí Ioncaim chun críche measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh ar dhíolúine. Tá 22,700 athbhreithniú déanta san iomlán go dtí seo ar éilimh ar dhíolúintí. Meastar go mbaineann thart ar 14% de na hathbhreithnithe le catagóir na n-eastát tithíochta nach bhfuil críochnaithe.

Tá obair ar siúl ar athbhreithniú na ndíolúintí agus tá tionscadal na muirear teaghlaigh tar éis iniúchadh bheise a tharraingt ar chatagóir na n-eastát tithíochta nach bhfuil críochnaithe. Is léir freisin gur féidir mearbhall a bheith ar úinéirí maoine maidir leis an díolúine seo i gcás ina bhfuil maoine in aice láimhe díolmhaithe, agus go raibh cuid acu díolmhaithe ó thaobh an mhuirir teaghlaigh ach nach bhfuil siad díolmhaithe maidir le LPT. Dá thoradh sin tá teagmháil déanta le roinnt údarás áitiúil chun dearbhú agus soiléiriú a dhéanamh ar mhéid iomlán na n-eastát tithíochta nach bhfuil críochnaithe laistigh dá limistéir feidhme. Tá an fhoireann díolúine ag díriú faoi láthair ar líon beag eastát mór i gcás ina bhfuil an teorainn idir maoine díolmhaithe agus maoine neamhdíolmhaithe doiléir.

Iarscríbhinn A Daoine atá faoi dhliteanas maidir le Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá na daoine seo a leanas faoi dhliteanas LPT de réir an Achta

- úinéirí maoine cónaithe in Éirinn, beag beann ar cibé an bhfuil cónaí orthu in Éirinn nó nach bhfuil,
- údaráis áitiúil nó eagraíochtaí tithíochta sóisialta a bhfuil tithíocht sóisialta acu féin agus a chuireann ar fáil í,
- sealbhóirí saol-leasanna i maoine cónaithe,
- daoine a bhfuil ceart fadtéarmach cónaithe acu (ar feadh saoil nó ar feadh 20 bliain nó níos mó) a thugann de cheart dóibh aon duine eile a eisiámh ón maoín,
- léasaithe a bhfuil léasanna fadtéarmacha i gcomhair thréimhse 20 bliain nó níos mó acu ar mhaoín chónaithe,
- tiarnaí talún nuair atá an mhaoín ligthe ar cíós acu faoi léas gearrthéarmach (ar feadh níos lú ná 20 bliain),
- ionadaithe pearsanta úinéara éagtha (m.sh. seiceadóir nó riarthóir eastáit),
- iontaobhaithe, i gcás ina bhfuil maoín á sealbhú in iontaobhas agus
- i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na catagóirí eile de dhaoine faoi dhliteanas, an duine a áitíonn an mhaoín ar bhonn saor ó chíos agus gan dúshlán a bheith tugtha don áitiú sin.

Iarscríbhinn B Díolúintí LPT (2013)

Catagóir dhíolúine	Líon na maoine^a
	000
Maoine tógtha ag tógálaí/forbróir agus faoi úinéireacht an té sin agus atá fós gan díol	13.3
Maoine cónaithe ar le carthanas nó comhlacht poiblí iad	7.3
Maoine in eastáit sonraithe tithíochta nach bhfuil críochnaithe	4.9
Maoine a bhí áitithe roimhe seo mar aon áit chónaithe nó mar phríomháiit chónaithe, ach ar scaradh leo ar feadh 12 mhí nó níos mó mar gheall ar éigliocht fhadtéarmach mheabhrach nó choirp	4.8
Maoine a ceannaíodh idir 01/01/2013 agus 31/12/2013	2.9
Maoine nua agus maoine nach raibh in úsáid roimhe sin a ceannaíodh ó thógálaí/fhorbróir idir 01/01/2013 agus 31/10/2016	2.6
Maoine atá go hiomlán faoi réir rátaí tráchtála	2.0
Maoine cónaithe a ceannaíodh, a tógadh nó a cuireadh in oiriúint chun go mbeadh siad oiriúnach lena n-áitithe ag duine atá éagumasaithe go hiomlán agus go buan	1.7
Maoine cónaithe a bhfuil sé deimhnithe fúthu go bhfuil damáiste suntasach piríte déanta dóibh	1.2
Tithe altranais cláraithe	0.7
Tithe Soghluaiste, feithiclí nó soithí	0.4
Maoine a bhíonn in úsáid ag comhlachtaí carthanachta i dtaca le gníomhaíochtaí caitheamh aimsire	0.2
Maoine Taidhleoireachta ^b	0.0
Maoine díolmhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ^c	10.0
Iomlán	52.0

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios go bhfuil siad ag déanamh athbhreithnithe ar na catagóirí díolúine a sannadh do mhaoine ar a chórais agus go dtí go mbeidh an obair sin críochnaithe nach mbeifear in ann a rá cad iad na huimhreacha atá i ngach catagóir díobh.
 - b Éilíodh díolúintí maidir le níos lú ná 50 maoine taidhleoireachta.
 - c Níl anailís déanta go fóill ag na Coimisinéirí Ioncaim ar na díolúintí sin de réir catagóire.

Iarscríbhinn C Dáileadh maoine de réir bandaí luachála^a

	Banda Luachála LPT	Maoine
	€	%
1	0 – 100,000	23.8%
2	100,001 – 150,000	28.8%
3	150,001 – 200,000	22.7%
4	200,001 – 250,000	10.3%
5	250,001 – 300,000	5.0%
6	300,001 – 350,000	2.8%
7	350,001 – 400,000	1.8%
8	400,001 – 450,000	1.2%
9	450,001 – 500,000	1.2%
10	500,001 – 550,000	0.6%
11	550,001 – 600,000	0.4%
12	600,001 – 650,000	0.3%
13	650,001 – 700,000	0.2%
14	700,001 – 750,000	0.2%
15	750,001 – 800,000	0.1%
16	800,001 – 850,000	0.1%
17	850,001 – 900,000	0.1%
18	900,001 – 950,000	0.1%
19	950,001 – 1,000,000	0.1%
20	Luach níos mó ná €1m	0.2%
	Iomlán	100.00%

Foinse Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Bunaithe ar 1.76 milliún mhaoin.

16 Cánachas ar Ioncam Cíos

- 16.1** Chun críocha cánach, is éard is ioncam cíos ann ná glanioncam úinéirí maoine a eascraíonn ó áitiú nó úsáid na maoine ag daoine eile.¹ Ar na foinsí ónar féidir ioncam cíos a fháil áirítear
- maoin chónaithe, tráchtála nó talmhaíochta a ligean nó a ligean ar cíos (in Éirinn nó in áit eile)
 - éasúintí²
 - deonú ceadanna agus cearta seilge agus
 - íocaíochtaí árachais a fuarthas mar chúiteamh i leith neamhioc cíos.
- 16.2** Bíonn ioncam a thuilleann daoine aonair de bharr maoine cónaithe nó tráchtála a ligean ar cíos in Éirinn nó thar lear inchánach faoi cháin ioncaim féinmheasúnaithe, cé go bhfuil ioncam cíos tuillte ag cuideachtaí inmheasúnaithe le haghaidh cáin chorparáide.
- 16.3** Tá an tuarascáil seo dírithe ar ioncam cíos a thuilleann daoine aonair. Tugtar forléargas inti ar an gcánachas ioncaim cíos a fhaigheann daoine aonair agus, go háirithe, tugtar léirmheas inti
- ar éifeachtacht na gcóras atá i bhfeidhm chun úinéirí maoine ar cíos a aithint agus chun comhlíonadh cáiníocóirí a bhainistiú
 - ar an dul chun cinn atá déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cur i bhfeidhm mholtaí tuarascáil 2006 maidir le comhroinnt sonraí agus taifid a mheaitseáil le foinsí faisnéise tríú páirtí³
 - ar an obair chomhlíonta atá déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le gníomhaíocht maidir le ligean ar cíos sa scáthgheilleagar.

Ioncam ó Chíos a Dearbhaíodh


- 16.4** Dhearbhaigh cáiníocóirí aonair ollioncam €4.4 billiún ó chíosanna do na Coimisinéirí Ioncaim i leith na bliana cánach 2012⁴
- ar bhain €4.0 bhilliún de le cíosanna ó mhaoine in Éirinn (cíosanna baile), agus
 - ar bhain €0.4 billiún de le cíosanna ó mhaoine in áiteanna eile (cíosanna coigríche).
- 16.5** Tharla laghdú 12% idir 2009 (€4.6 billiún) agus 2012 (€4.0 bhilliún) ar an méid comhlán d'ioncam cíos intíre a dhearbhaigh cáiníocóirí. Tháinig laghdú 7% le linn na tréimhse céanna ar ioncam comhlán a dearbhaíodh ó mhaoine coigríche (féach Fíor 16.1 **Error! Reference source not found.**).

¹ Is éard is glanioncam ó chíos ann ná ollioncam cíos glan ar costais cheadaithe.

² Is éard is éasúint ann ná ceart chun maoine daoine eile a úsáid.

³ Alt 3.10, Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2006.

⁴ Is í 2012 an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil fúithi. Tá tuairisceáin do 2013 dlite ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2014.

Fíor 16.1 Innéacs ioncaim ó chíos a dearbhaíodh, 2009 – 2012

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 16.6** Tá úinéirí maoine ar cíós i dteideal asbhaintí agus faoisimh a éileamh ó chíosanna comhlána ó thaobh na gcostas éagsúil a bhaineann lena maoine ar cíós.

Costais Inasbhainte


- 16.7** Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim trí phríomhriail i bhfeidhm nuair a bhíonn cearta duine á meas acu maidir le costais a éileamh chun dliteanas cánach ioncaim cíosa a laghdú. Is iad na rialacha sin
- gur thabhaigh an tiarna talún na costais
 - nach costais chaipitil iad
 - ní mór an caiteachas a thabht de ghnáth le linn na tréimhse ina bhfuil an tiarna talún i dteideal ioncam cíosa a fháil.
- 16.8** Seo roinnt samplaí de na costais a d'fhéadfaí a éileamh, deisiúcháin, árachas, costais fógraíochta nó chothabhála na maoine, táillí cuntasáíochta i ndáil le hullmhú na gcuntas cíosa agus táillí bainistíochta.
- 16.9** Is féidir asbhaint a fháil freisin ar ús morgáiste ar iasachtaí a úsáideadh chun maoín chónaithe ar cíós a cheannach, a fheabhsú nó a dheisiú. Ní mór na riachtanais chláirúcháin atá san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 a chomhlíonadh le bheith i dteideal asbhaint a fháil maidir le hús morgáiste.

Liúntais Chaipitiúla agus Caillteanais.

- 16.10** Is féidir le tiarnaí talún liúntais caithimh agus cuimilte a fháil i leith caiteachais chaipitiúil arna thabhtú ag tiarna talún chun maoin ar cíos a fhearastú. Is é 12.5% in aghaidh na bliana ar feadh ocht mbliana ráta an liúntais caithimh agus cuimilte.
- 16.11** I gcásanna inar thabhaigh an cáinócóir caillteanas i ndiaidh costais agus liúntais chaipitiúla a bheith asbhainte ó ioncam comhlán cíos, féadfar na liúntais chaipitiúla nár úsáideadh agus caillteanais eile a thabhairt ar aghaidh lena bhfritháireamh in aghaidh na cánach ar ioncam cíos a sna blianta atá le teacht.¹

Ioncam Inchánach ó Chíos

- 16.12** Is é an toradh a bhí ag asbhaintí maidir le caillteanais, costais agus liúntais chaipitiúla sa tréimhse ó 2009 go 2012 ná ioncam cíos inchánach a laghdú go dtí idir 23% (2009) agus 29% (2012) den oll-ioncam cíos intíre (féach Fíor 16.2 **Error! Reference source not found.**).

Fíor 16.2 Ioncam cíos incháinithe baile, 2009 – 2012

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Baineann a figiúirí a thaispeántar le costais inasbhainte agus le liúntais chaipitiúla a úsáideadh gach bliain.


- 16.13** D'ainneoin an laghdú 12% (€564 milliún) a tháinig ar ioncam comhlán cíos baile, tháinig méadú 12% ar an ioncam cánach atá inmhuirir ó thaobh cánach ó €1.06 billiún go €1.19 billiún idir 2009 agus 2012. Bhí cúpla cúis leis sin – tháinig laghdú 16% (€411 mhilliún) ar chostais inasbhainte agus ag an am céanna tháinig laghdú 26% (€194 mhilliún) agus 33% (€87 mhilliún) faoi seach ar liúntais chaipitil agus ar chaillteanais a úsáideadh i gcoinne ioncaim cíos.

- 16.14** Tharla an t-athrú ba mhó i gcostais inasbhainte maidir le hús incheadaithe a thit 21% ó beagnach €1.8 billiún go díreach os cionn €1.4 billiún agus tharla laghdú 81% ar fhaoiseamh faoi alt 23 go €21 mhilliún.² Taispeántar i **Error! Reference source not found.** na hathruithe a tháinig ar chostais inasbhainte a éilíodh gach bliain.

1 Na Coimisinéirí Ioncaim, IT 70, **Treoir maidir le hioncam ó Chíos.**

2 Is éard is Faoiseamh Alt 23 ná faoiseamh cánach a bhfuil feidhm aige le maoin chónaithe ar cíos i gceantair dhreasachta chánach.

Fíor 16.3 Costais inasbhainte á éilíodh 2009 – 2012



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim


16.15 Tugadh liúntais shuntasacha caipitiúla agus caillteanais shuntasacha nár úsáideadh ar aghaidh ag deireadh 2012

- ba é €1.96 billiún luach na liúntas caipitiúil nár úsáideadh – is ionann é sin agus beagnach ceithre oiread méid na liúntas caipitiúil a úsáideadh in 2012
- ba é €1.89 billiún luach na gcaillteanas nár úsáideadh, figiúr a bhí deich n-uaire níos mó ná luach na gcaillteanas a úsáideadh in 2012.

16.16 Bíonn an t-ús a íochtar maidir le maoin ar cíos a cheannach, a fheabhsú nó a dheisiú inasbhainte chun críocha cánach ioncaim cíosa, faoi réir coinníollacha áirithe, mar shampla comhlíonadh cheanglais chlárúcháin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha maidir le gach tionóntacht a bhí san áitreabh sa tréimhse a bhfuil an liúntas úis á éileamh ina leith. De thoradh cinneadh a rinneadh sa bhuiséad cuireadh srian 75% i bhfeidhm i mí Aibreáin 2009 ar an asbhaint atá incheadaithe i leith úis ó thaobh ioncaim cíosa. Toisc an srianadh sin a bheith tugtha isteach agus toisc na rátaí úis a bheith ag ísliú thit an méid úis incheadaithe ó €3 bhilliún in 2008 go dtí €1.8 bhilliún in 2009, agus ansin go €1.4 bhilliún in 2012.

Ioncam ó Chíos Thar Lear

16.17 Tháinig méadú 32% idir 2009 agus 2012 ar líon na maoin ar cíos thar lear a dearbhaíodh do na Coimisinéirí Ioncaim ach tháinig laghdú 7% go díreach os cionn €0.4 bhilliún ar an méid ioncaim cíosa comhlán a dearbhaíodh i leith maoin thar lear i rith na tréimhse céanna (féach Fíor 16.4 **Error! Reference source not found.**).

Fíor 16.4 Ioncam ó chíos thar lear agus líon na maoine thar lear, 2009 – 2012

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

16.18 Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach féidir a rá go cinnte cad iad na fáthanna a bhí leis an méadú mór a tháinig ar líon na maoine ar cíos thar lear a tuairiscíodh do na Coimisinéirí Ioncaim idir 2009 agus 2010 ach measann siad gur dócha gur tharla sé de bharr meascán díobh seo a leanas: níos mó maoine thar lear a bheith ceannaithe sna blianta roimhe sin; níos mó maoine a bheith á ligean ar cíos a bhíodh mar thithe saoire teaghlaigh roimhe sin; níos mó daoine a bheith ar an eolas go raibh údaráis chánach ag malartú faisnéise eatarthu féin; agus gníomhaíochtaí comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le sócmhainní easchósta.

16.19 Mar fhreagra ar cheist faoi cén fáth nár mhéadaigh ollioncam cíosa ar chóimhéid leis an méadú a dearbhaíodh i líon na maoine ar cíos thar lear, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurbh iad an dá chúis ba dhóchúla ná gur thit an teacht isteach ó mhaoine ar cíos mar gheall ar an staid fhoriomlán eacnamaíoch agus i gcás cuid de na maoine nua a ceannaíodh lena ligean ar cíos gur ceannaíodh iad i margaí nach bhfuil chomh tarraingteach, agus go bhfuil cíosanna níos ísle á bhfáil orthu ar an meán.

Cánachas ar Ioncam Cíos a thar Lear

16.20 Tá ioncam cíosa atá tuillte ag cónaitheoir in Éirinn ó mhaoín atá suite lasmuigh den Stát inchánach sa Stát seo d'ainneoin a d'fhéadfaí cáin a ghearradh freisin ar an ioncam cíosa sin sa tír ina bhfuil an mhaoín. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil an duine ina shainchónaí in Éirinn níl cáin dlite ach amháin ar mhéid comhlán an ioncaim cíosa a sheoltar ar ais chuig an Stát.

16.21 Cinntítear trí chomhaontuithe faoi chánachas dubailte nach bhfuil ar cháiniócoir cáin ioncaim a íoc faoi dhó ar an ioncam céanna. Má íoctar cáin thar lear ar ioncam cíosa coigríche tugann na Coimisinéirí Ioncaim creidmheas i leith na cánach sin má ghearrtar cáin ar an ioncam sin sa Stát seo freisin. B'fhiú thart ar €20 milliún na creidmheasanna sin gach bliain ó 2010 i leith (féach Fíor 16.5 **Error! Reference source not found.**).

Fíor 16.5 Creidmheasanna a éilíodh faoi chomhaontuithe maidir le cánachas dúbailte, 2010 – 2012


An Bhliain Chánach	Creidiúintí á éilíodh € milliún
2010	21
2011	20
2012	18

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- 16.22** Níl sé de dhualgas ar thíortha eile a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim faoi mhaoine a cheannaíonn cónaitheoirí Éireannacha. Is le linn iniúchta ghinearálta cánach a aithnítear úinéirí neamhchomhlíontacha maoine coigríche de ghnáth.

Tuairisceáin a Sheolann Gníomhairí agus Tionóntaí chuig na Coimisinéirí Ioncaim

- 16.23** Tá sé de dhualgas ar thiarnaí talún a fhaigheann ioncam ó mhaoín atá suite sa Stát tuairisceán cánach a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain, beag beann ar an áit ina bhfuil cónaí orthu. Braitheann na roghanna comhdaithe ar an áit ina bhfuil cónaí ar an tiarna talún (nó a bhfuil cónaí air nó uirthi chun críocha cánach). Leagtar amach i na roghanna comhdaithe atá ann do thiarnaí talún cónaitheacha agus neamhchónaitheacha maidir le hioncam cíosa.

Fíor 16.6 Roghanna comhdaithe ag tiarnaí talún

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Gníomhairí Ligin

16.24 Is éard is gníomhaire ligin ann ná duine nó cuideachta a oibríonn ar bhonn gairmiúil ag déanamh socrúithe chun maoin a ligean amach thar ceann tiarna talún. Éilítear ar ghníomhairí ligin agus ar bhainisteoirí maoine tuairisceán a sheoladh isteach ina sonraítear ainm an áitribh ar cíos, ainm, seoladh agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) úinéir na maoine agus cíos comhlán bliantúil na maoine.

16.25 Ní mór don ghníomhaire tuairisceán a chomhlánú cibé an bhfaigheann an gníomhaire cíos thar ceann an tiarna talún nó má íocann an tionónta cíos go díreach leis an tiarna talún. Ní dhéantar tuairisceáin a mheaitseáil go córasach le taifid cháiníocóirí na gCoimisinéirí Ioncaim toisc nach ngabhtar an fhaisnéis atá orthu go leictreonach. Tuairisceáin láimhe is ea iad agus coinnítear an fhaisnéis atá orthu ar leibhéal áitiúil. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go ndéantar seiceálacha ar leibhéal an cheantair lena chinntiú go bhfuil an tiarna talún a nochtar faisnéis faoi nó fúithi ar thuairisceán an ghníomhaire ligin ag dearbhú an ioncaim cíos a chuí.

- 16.26** Dúirt na Coimisinéirí loncaim nach bhfuil siad in ann sonraí a sholáthar faoi líon agus luach na dtuairisceán a chomhdaíonn gníomhairí ligin toisc nach ngabhtar an fhaisnéis atá orthu go leictreonach.

Tiarnaí Talún Neamhchónaitheacha

- 16.27** Tá ioncam cíosa ó mhaoin Éireannach faoi réir cánach ioncaim in Éirinn, is cuma cá bhfuil cónaí ar an duine faoi dhliteanas. Má dhéanann tionónta íocaíocht cíosa go díreach le tiarna talún a bhfuil cónaí air lasmuigh d'Éirinn, nó má dhéanann sé íocaíocht leictreonach chuig cuntas bainc (in Éirinn nó thar lear) atá ag tiarna talún nach bhfuil cónaí air nó uirthi in Éirinn, tá sé de dhualgas ar an tionónta 20% a asbhaint mar cháin ioncaim ón gcíos comhlán atá iníoctha agus an méid sin a íoc leis na Coimisinéirí loncaim. Má theipeann ar an tionónta cáin ioncaim a asbhaint d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi dhliteanas i leith aon chuid den cháin a ba cheart a bheith asbhainte.
- 16.28** Tá sé de dhualgas ar an tionónta chomh maith foirm (R185) a chomhlánú nuair atá an cíos á híoc a léiríonn an méid cánach a asbhaineadh ón íocaíocht le tiarna talún neamhchónaitheach. Ba cheart an fhoirm a sheoladh ar aghaidh nó a thabhairt don tiarna talún, ar féidir leis nó léi éileamh a dhéanamh ar chreidmheas ó na Coimisinéirí loncaim maidir leis an méid cánach a íocadh.
- 16.29** Tá líon na dtiarnaí talún neamhchónaitheacha óna bhfuil cáin coinnithe siar íseal, ach tá sé ag méadú le blianta beaga anuas. Tháinig méadú 127% idir 2009 (225) agus 2012 (510) ar líon na dtiarnaí talún a sheol isteach tuairisceáin R185. D'éiligh tiarnaí talún díreach faoi bhun €1 mhilliún i gcreidmheasanna in 2012 i leith cánacha a coimeádadh siar ó chíosa a d'íoc tionóntaí agus ba mhéadú 83% é sin i gcomparáid le 2009 (féachFíor 16.7).
- 16.30** Mar fhreagra ar cheist iniúchóireachta a cuireadh orthu dúirt na Coimisinéirí loncaim gurb í an chúis a bhí le líon íseal na gcásanna ná nár thuig go leor de na tionóntaí a bhí ag tiarnaí talún neamhchónaitheacha go raibh a dtiarnaí talún ag cur fúthu thar lear, nó nach raibh a fhios acu go raibh sé d'oibleagáid orthu cáin a asbhaint ag an bhfoinse ón gcíos a bhí a híoc acu le tiarnaí talún den sórt sin.

Fíor 16.7 Creidmheasanna a d'éiligh tiarnaí talún neamhchónaitheacha i leith na cánach a choimeád a gcuid tionóntaí siar, 2009 – 2012

An Bhliain Chánach	Creidiúintí á éilíodh €000
2009	502
2010	538
2011	717
2012	919

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

Gníomhairí Bailiúcháin

- 16.31** Níl aon oibleagáid ar thionónta cáin a asbhaint ó íocaíochtaí cíos a má tá gníomhaire a chónaíonn in Éirinn ceaptha ag tiarna talún neamhchónaitheach. Íocann an tionónta an cíos comhlán leis an ngníomhaire bailiúcháin a bhfuil sé de cheangail air cuntas a thabhairt sa cháin atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim.¹
- 16.32** Tugtar uimhir PSP nua do ghníomhaire bailiúcháin cíos a tiarna talún neamhchónaitheach i gcóras na gCoimisinéirí Ioncaim. Cé go ndéantar an measúnú maidir le cáin ioncaim in ainm an ghníomhaire bailiúcháin Éireannaigh is é an cháin a chuirtear de mhuipear an méid is inchurtha i leith an tiarna talún neamhchónaitheach amhail is dá mbeadh measúnú á dhéanamh air nó uirthi ina c(h)heart féin.
- 16.33** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur chumhdaigh gníomhairí bailiúcháin tuairisceáin thar ceann díreach os cionn 2,400 tiarna talún neamhchónaitheacha i rith na bliana measúnaithe 2012. B'fhiú beagán os cionn €22 milliún an cíos comhlán san iomlán gan liúntais chaipitiúla a chur san áireamh.

Faisnéis ó Thríú Páirtithe a Úsáid

- 16.34** Tarraingíodh anuas ábhair imní i dtuarascáil roimhe seo maidir le meaitseáil a dhéanamh ar thaifid a chuir ranna agus gníomhaireachtaí eile ar fáil. Tugadh le fios sa tuarascáil
- nárbh fhéidir ach 40% de na taifid maidir le forlíonadh cíos a do 2006 a mheaitseáil go rathúil le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim faoi ioncam cíos a dearbháíodh
 - go raibh na sonraí na bliana 2006 neamhiomlán ó thaobh íocaíochtaí a rinneadh maidir le cóiríocht ar cíos agus go raibh siad i bhformáid nach bhféadfaí iad a mheaitseáil le taifid na gcáiníocóirí i gcórais na gCoimisinéirí Ioncaim.
- 16.35** De bhun na tuarascála sin, scrúdaigh an Coiste um Chuntais Phoiblí (PAC) an scéal agus sa bhliain 2008 thug siad le fios go raibh sé riachtanach go mbeadh cumarsáid níos fearr idir gníomhaireachtaí Stáit, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfadh úinéirí maoine ar cíos a gcuid dualgas níos fearr.² Ina dhiaidh sin, d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim ar an Aire Airgeadais go mbeadh rochtain acu ar liosta na dtionóntachtaí cláraithe a bhí ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha agus tugadh an cead sin dóibh.
- 16.36** Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis ó cheithre phríomhfhoinsí chun na dtiarnaí talún sin a aithint a d'fhéadfadh gan a bheith ag dearbhú gach ioncam cíos a atá acu.
- An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha – Feidhmíonn an Bord córas náisiúnta um chlárú tionóntachtaí. Ceanglaítear ar thiarnaí talún na sonraí go léir maidir lena gcuid tionóntachtaí a chlárú leis an mBord laistigh de mhí ón am a gcuirtear tús leo.
 - An Roinn Coimirce Sóisialaí – sonraí i leith íocaíochtaí maidir le forlíonadh cíos.
 - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil – mionsonraí faoi na híocaíochtaí faoin scéim cóiríochta ar cíos (SCC).
 - An Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir le faisnéis faoin dleacht ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphríomha. (Ba 2013 an bhliain dheireanach ina raibh an táille sin i bhfeidhm.)


¹ Is éard is gníomhaire bailiúcháin ann ná duine a bhfuil cónaí air nó uirthi in Éirinn nó cuideachta atá lonnaithe in Éirinn, mar shampla ball teaghlaigh nó gníomhaire ligin gairmiúil, atá ceaptha ag tiarna talún neamhchónaitheach chun cíos a bhailiú thar a cheann nó thar a ceann. Tá sé de dhualgas ar ghníomhairí bailiúcháin tuairisceán a chomhdú gach bliain leis na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann a dtiarnaí talún neamhchónaitheacha.

² Coiste um Chuntais Phoiblí, *Cáin ar Fháiltais Ioncaim Cíos*, Tuarascáil Eatramhach, Meán Fómhair 2008.

- 16.37** Fuarthas amach sa scrúdú go raibh feabhas suntasach tagtha ar chúrsaí maidir le meaitseáil sonraí idir 2006 agus 2012. Sa bhliain 2012, meaitseáladh idir 88% agus

94% de na taifid a fuarthas ó na ceithre phríomhfhoinsé faisnéise tríú páirtí le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Fíor 16.8).

Fíor 16.8 Faisnéis ó fhoinsí tríú páirtí a meaitseáladh, 2012



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Ba é €48.5 milliún luach na dtaifead maidir le forlíonadh cíosa nár meaitseáladh in 2012.

b Ba é €10 milliún luach íocaíochtaí na scéime um chóiríocht ar cíós nár meaitseáladh in 2012 (1,401 de 13,582).

16.38 Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis a fhaigheann siad a mheaitseáil le faisnéis faoi cháiníocóirí atá acu cheana féin, bunaithe ar réimsí uathúla, mar thagairtí cánach nó uimhreacha PSP. Níl córas foirmiúil i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim chun déileáil le taifid nár meaitseáladh. Mar sin féin, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh acu le déileáil le taifid nár meaitseáladh. Orthu siúd tá

- Déantar sonraí ón bpróiseas bulcmheaitseála a chur isteach i gclár Éirim Ghnó Chomhtháite (IBI) na gCoimisinéirí Ioncaim agus bíonn siad ar fáil chun go ndéanfaidh oifigigh comhlíonta na gCoimisinéirí a bhfuil rochtain acu ar an gcóras sin cuardach de láimh orthu ar bhonn ainmneacha agus seoltaí. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go meabhraítear do gach oifigeach go rialta faoi na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun sonraí neamhmheaitseáilte a nascadh le taifid oiriúnacha na gCoimisinéirí nuair a bhíonn na naisc chuí aimsithe acu. Baineann an próiseas seo le híocaíochtaí forlíonta cíosa agus leis an scéim um chóiríocht ar cíós.
- Tá clár oibre i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim freisin chun íocaíochtaí forlíonta cíosa nár meaitseáladh fós a mheaitseáil le híocaíochtaí na scéime um chóiríocht ar cíós.

16.39 Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim má tá teipthe orthu sonraí ó thríú páirtithe a mheaitseáil leis na taifid atá acu maidir le cáiníocóir nach gá go gciallódh sé sin gur cás neamhchomhlíontach atá ann. D'fhéadfadh fadhbanna a bheith ann maidir leis na huimhreacha tagartha a cuireadh ar fáil. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim freisin nuair a chuirfear na postchóid i bhfeidhm go gcabhróidh sé go mór leo córas uathoibríoch a fhorbairt um mheaitseáil sonraí.

Iniúchtaí Spriocdhírithe

- 16.40** Díríonn na Coimisinéirí Ioncaim ar earnálacha ar leith den gheilleagar mar chuid de chur chuige spriocdhírithe chun cáiníocóirí neamhchomhlíontacha a aithint agus dul sa tóir orthu.
- 16.41** Cuimsíonn an scáthgheilleagar (ar a dtugtar an geilleagar dubh freisin) gnólachtaí agus daoine aonair a dhéanann iarracht a n-oibleagáidí dlíthiúla a bhaineann le nithe mar chánacha agus dleachtanna a sheachaint.¹ Cuimsíonn sé earnálacha den gheilleagar is dóchúla a bheadh ag déileáil in airgead tirim, lena n-áirítear earnáil na maoine ar cíos. Tarlaíonn sé go minic gur daoine atá sa chóras cánach cheana féin a bhíonn gníomhach sa scáthgheilleagar agus is minic nach ndearbhaíonn siad a n-ioncaim do na Coimisinéirí Ioncaim nó nach ndearbhaíonn siad ina n-iomláine iad.
- 16.42** Dhírigh na Coimisinéirí Ioncaim in 2012 agus in 2013 ar imscrúduithe a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an scáthgheilleagair i roinnt earnálacha. Ghin an 'earnáil cíosa' toradh cánach ar b'fhiú €52 milliún é (20% den toradh iomlán) i gcaitheamh an dá bhliain sin. Ar na cásanna a ghin an toradh sin bhí gach iniúchadh spriocdhírithe a rinneadh i gcásanna ina raibh príomhghnó an cháiníocóra san earnáil maoine ar cíos, cibé acu a roghnaíodh an cás mar chuid den tionscadal spriocdhírithe ar an scáthgheilleagar nó ar shlí eile.
- 16.43** Ar na cásanna a roghnaigh na Coimisinéirí Ioncaim lena n-athbhreithniú bhí cásanna aitheanta agus cásanna féideartha maidir le hioncam cíosa (mar shampla i gcásanna nuair nár dearbhaíodh an t-ioncam cíosa ach gur thug faisnéis ó shonraí tríú páirtí nó faisnéis áitiúil le fios go bhféadfadh foinse ioncaim cíosa a bheith i gceist). Oifigeach roghnaithe cásanna a roghnaíonn cásanna lena n-iniúchadh ar leibhéal na dúiche bunaithe ar anailís faisnéise atá ar fáil ó REAP agus ó fhaisnéis a bailíodh sa cheantar.¹ Tá sonraí na bliana 2012 agus 2013 faoi iniúchtaí spriocdhírithe leagtha amach i Fíor 16.9.

Fíor 16.9 Iniúchtaí san earnáil ioncaim cíosa a raibh toradh orthu agus nach raibh, 2012 agus 2013

	2012		2013	
	Líon	%	Líon	%
Iniúchtaí a raibh toradh orthu ^a	523	71	455	72
Iniúchtaí nach raibh toradh orthu	209	29	174	28
Iomlán	732	100	629	100
An méid a fuarthas				
– iomlán	€27.1 milliún		€25.1 milliún	
– toradh in aghaidh an cháis	€52,000		€55,000	

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Is éard is 'iniúchadh a raibh rath air' iniúchadh inar braitheadh ioncam nár dearbhaíodh nó nár dearbhaíodh é ina iomláine.

Torthaí Iniúchtaí 2012

- 16.44** Rinne oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim 732 iniúchadh spriocdhírithe i gclár na bliana 2012 ar thiarnaí talún agus ar chuideachtaí aonair san earnáil ioncaim cíosa ar fud na sé réigiún. Bhí éagsúlacht le sonrú i líon na gcásanna a ndearnadh iniúchadh orthu ó naoi gcinn i gcás Rannóg na gCásanna Móra go 186 i réigiún an Oirthir agus an

¹ Clár ríomhairithe um próifiliú rioscaí is ea REAP (Clár um Measúnú agus Anailís Rioscaí) atá in úsáid ó 2008. Déanann sé cáiníocóirí a rátáil, i gcomparáid le chéile, ag baint úsáide as córais eile na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith le faisnéis ó thríú páirtithe amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Párlamint na hÉireann agus na gCoimisinéirí Ioncaim.

Oirdheiscirt. Rinneadh idir 160 agus 170 iniúchadh spriocdhírthe sna trí réigiún gheografacha eile.

- 16.45** Bhí éagsúlacht shuntasach le sonrú sna torthaí a fuarthas sna réigiúin gheografacha agus rannóga éagsúla, ó €0.6 milliún i Rannóg na gCásanna Móra go €7.6 milliún i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair. Tá sonraí leagtha amach i Fíor 16.10 **Error! Reference source not found.**

Fíor 16.10 Earnáil ioncaim cíosa, iniúchtaí in 2012

<i>Aonaid Speisialta</i>	Líon na n-iniúchtaí	Toradh € milliún
Rannóg na gCásanna Móra	9	0.6
Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh	39	4.0
<i>Réigiún</i>		
Réigiún an Oirthir agus an Oirdheiscirt	186	5.3
Baile Átha Cliath	167	6.0
Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair	168	7.6
Réigiún an Iardheiscirt	163	3.6
Iomlán	732	27.1

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- 16.46** Bhí toradh dhá uair níos mó sna cásanna spriocdhírthe ná sna cásanna a roghnaíodh i gclár iniúchta randamach na gCoimisinéirí Ioncaim (áit a bhfaightear cáin bhreise ó thart ar aon trian de na cásanna).
- 16.47** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim mar fhreagra ar cheist nach ó ioncam cíosa amháin a tháinig torthaí na n-iniúchtaí. Sanntar cás ar chóras clárúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim chuig earnáil nó chuig cód tionscail amháin (dá ngairtear cód NACE). Léiríonn sé sin an phríomhfhoinsé ioncaim atá infheidhme maidir leis an gceird nó leis an ngairm, fiú nuair a bhíonn an cáiniócoir ag gabháil de cheirdeanna nó de ghníomhaíochtaí éagsúla.¹ Aithnítear saincheisteanna le linn iniúchta de ghnáth ar féidir dliteanas maidir le roinnt foinsí ioncaim a bheith i gceist leo.
- 16.48** Maidir le roghnú cásanna spriocdhírthe in earnáil cíosa an scáthgheilleagair, faightear staitisticí faoi na cóid maidir le hoibriú agus ligean ar cíos eastáit réadaigh atá ar léas nó ar leis an duine féin é agus é sin ar bhonn táille nó conartha.
- 16.49** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go léiríonn torthaí na n-iniúchtaí spriocdhírthe cásanna ina dtugann an cód NACE le tuiscint go mbaineann príomhghníomhaíocht an cháis le hioncam cíosa, ach go raibh méideanna suntasacha a bhain le gníomhaíochtaí eile san áireamh i gcuid de na torthaí iniúcháireachta. Mar mhalairt ar sin, d'fhéadfadh toradh a eascraíonn ón earnáil cíosa a bheith san áireamh in iniúchtaí a aicmítear faoi chóid NACE eile.
- 16.50** Rinneadh scrúdú athbhreithnithe ar 17 comhad a bhí rangaithe mar iniúchtaí san earnáil ioncaim cíosa in 2012 agus fuarthas amach nár eascair ach thart ar 30% de thoradh na n-iniúchtaí ó ghníomhaíochtaí maoine ar cíos.

¹ Is éard atá in aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach, ar a dtugtar NACE, ná córas caighdeánach na hEorpa um aicmiú tionscal.

Conclúidí agus Moltaí

- 16.51** Bíodh is gur tharla laghdú beagán níos mó ná 12% ar ioncam comhlán cíosa baile a dearbhaíodh idir 2009 agus 2012, tháinig méadú thart ar 12% go beagnach €1.2 billiún ar ioncam cíosa inchánach. Thacaigh na srianta a cuireadh ar fhaoiseamh leis an méadú a tháinig ar an gcéatadán den ioncam comhlán intíre ó chíos atá inmhuirir i leith cánach ó 23% in 2009 go díreach os cionn 29% in 2012.
- 16.52** Thug cáiníocóirí ar aghaidh beagnach €4 bhilliún i gcaillteanais agus i liúntais chaipitiúla neamhúsáidte ag deireadh na bliana 2012, atá le fritháireamh fós in aghaidh ioncam ó mhaoín ar cíos amach anseo. Cé go bhféadfadh sé tarlú nach mbeidh roinnt de na cáiníocóirí ag ligean maoine ar cíos a thuilleadh, b'fhéidir nach dtiocfaidh fás ar an méid cánach a gheofar ó earnáil na maoine ar cíos ag teacht leis na méaduithe a tháinig le déanaí ar cíosanna maoine go dtí go n-úsáidfear na méideanna carntha a tugadh ar aghaidh.
- 16.53** Nuair a dhéantar comparáid le scrúdú a rinneadh in 2006 is léir go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis ó fhoinsí tríú páirtí faoi ioncam cíosa cónaithe a mheaitseáil lena dtaifid féin faoi cháiníocóirí. Ag teacht le moladh ón gCoiste um Chuntais Phoiblí, tá méadú tagtha ar na foinsí a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim, mar aon le méadú ar an ráta meaitseála taifead.
- 16.54** Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim an t-eolas tríú páirtí seo mar chuid dá phróiseas measúnaithe riosca. Tugann torthaí a n-íniúchtaí spriocdhírithé ar ioncam cíosa in 2012 agus in 2013 le tuiscint gur spriocdhíróidh na hiniúchtaí go maith, agus go bhfuarthas toradh breise i 70% acu. Níor roghnaíodh gach ceann de na cásanna a iniúchadh mar gheall ar ábhair imní a bheith ann faoi ioncam cíosa – tá siad aicmithe ar an mbonn sin toisc gurbh iad gníomhaíochtaí maoine ar cíos an phríomhfhoinsé ioncaim a taifeadadh i leith an cháiníocóra – agus níor tháinig an toradh go léir ó na gníomhaíochtaí sin. Fuarthas le linn an iniúchta i gcás sampla beag d'iniúchtaí maidir leis an 'earnáil cíosa' gurbh é thart ar 30% an cion den cháin bhreise a fuarthas a d'fhéadfaí a chur i leith gníomhaíochtaí maoine ar cíos.

Moladh 16.1

Le cur ar a gcumas foinsí an toraidh cánach ó iniúchtaí a aithint, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim breithniú a dhéanamh ar é a chur de cheangal ar oifigigh an toradh a thaifeadadh faoi roinnt ceannteideal leathan (m.sh. miondíol, seirbhísí gairmiúla, ioncam cíosa) agus na sonraí sin a sainscagadh. D'fhéadfadh sé sin cabhrú leis na Coimisinéirí Ioncaim leas a bhaint as torthaí na n-íniúchtaí, lena n-áirítear iniúchtaí randamacha, mar bhunsraith dá gcuid idirghabhálacha spriocdhírithé.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leat go hiomlán. Tá pleanáil maidir le Córas Bainistíochta Cásanna na Coimisinéirí Ioncaim (RCM) imithe rófhada chun cinn le go bhféadfaí smaoineamh ar an moladh a eisiúint beo anois ach déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an moladh a mheas in am trátha lena chuimsiú, más féidir, i gcéimeanna níos déanaí den RCM. Mar sin féin, ar na tosca a gcaithfear a chur san áireamh le linn bhreithniú an mholta tá

- soiléireacht agus iontaofacht an chur chuige atá ann faoi láthair atá bunaithe ar chóras chóid uilíoch NACE
- an costas a bhainfeadh le cur i bhfeidhm na n-athruithe riachtanacha sa chóras i gcomparáid leis an luach breise a bheadh le fáil
- raon an-leathan na gcúiseanna a bhí le toradh iniúchta (ní cosúil go mbeadh na ceannteidil leathana ‘gráinneach’ go leor chun na torthaí atá ag teastáil a chur ar fáil)
- na forchostais bhreise a bheadh ag cásoibrithe ag soláthar an leibhéil sonraí a bheadh ag teastáil le cur ar bhealach bríoch le spriocdhíríú feabhsaithe a dhéanamh ar chásanna.

16.55 Soláthraíonn na gníomhairí ligin tuairisceáin de lámh do na Coimisinéirí Ioncaim agus ní dhéantar iad a thaifead go lárnach. Dá bhrí sin ní féidir iad a úsáid mar ionchur sa phróifiliú riosca a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim ar cháinócóirí.

Moladh 16.2

D'fhonn cur ar a gcumas taifid ó ghníomhairí ligin a mheaitseáil go héifeachtach lena dtaifid faoi cháinócóirí, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim machnamh a dhéanamh ar áis a sholáthar chun tuairisceáin ó ghníomhairí ligin a chomhdú go leictreonach trí Chóras Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS).

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaím leat go hiomlán. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim breithniú ar áis a sholáthar chun tuairisceáin ó ghníomhairí ligin a chomhdú go leictreonach trí ROS. Tá an tuairisceán áirithe seo, Foirm 8-3, ar cheann de roinnt tuairisceán tríú páirtí nach mór a chomhdú gach bliain. Is cosúil go mbeadh sé praiticiúil, nuair a bheidh breithniú á dhéanamh ar chur chuige comhdaithe ROS, go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim breithniú ar leas a bhaint as rogha chineálach ROS maidir le comhdú gach tuairisceán éigeantach tríú páirtí. Beidh impleachtaí acmhainne ag baint le scéim den sórt sin do ROS féin agus do na córais ina mbeadh sonraí na dtuairisceán á stóráil. Déanfar cleachtadh scóipe a chur i gcrích chomh luath agus is a bheidh na hacmhainní ar fáil chuige agus ansin beifear in ann an scála ama a chinntiú ina bhféadfaí a leithéid d'fhorbairt dhéanamh.

Mar a tharlaíonn i gcónaí nuair a bhíonn forbairt nua á breithniú, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú freisin ag féachaint an féidir a bpróiseas gnó a chuíchóiri

17 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- 17.1** Éilítear in Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (an tAcht) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an NTMA) cuntais a choimeád de gach airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais, agus iad a chur isteach i gcomhair iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tar éis dó an t-iniúchadh sin a chur i gcrích, ní mór don NTMA na cuntais a chur isteach chuig an Aire, agus ní mór don Aire ansin na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- 17.2** Mar rud ar leithligh, éilíonn an tAcht ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na méideanna a thugann an NTMA sna cuntais gach bliain. Seo í an tuarascáil le haghaidh 2013 faoin alt sin den Acht.


Cuntais an NTMA 2013

- 17.3** Rinneadh iniúchadh ar chuntais an NTMA le haghaidh 2013. Eisíodh mo thuarascálacha maidir leis na hiniúchtaí i mí an Mheithimh 2014. Chuir an tAire cóipeanna de na cuntais, mar aon le mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí, faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 28 Iúil 2014.
- 17.4** Táim sásta go dtugann na cuntais léargas ceart ar idirbhearta an NTMA le haghaidh 2013 agus ar a cuid iarmhéideanna ag deireadh na bliana.
- 17.5** Is mar seo a leanas atá na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu faoi Alt 12 den Acht (arna leasú)
- Fiachas Náisiúnta na hÉireann
 - Cuntas riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
 - Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist
 - Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
 - Cuntas an Chúlchiste Mionchoigiltis.
- 17.6** I gcomhréir le hAlt 12 den Acht (arna leasú), is gá taifead a lua i gcuntais an NTMA de chostais arna dtabhú aige maidir leo seo a leanas
- An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean
 - An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta
 - An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

Feidhmeanna, Róil agus Foirne an NTMA

- 17.7** Is eagraíocht ilghnéitheach í an NTMA agus is iomaí feidhm agus ról atá aici a théann níos faide anois ná feidhm bhunaidh na heagraíochta fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tá achoimre de phríomhfeidhmeanna agus róil an NTMA leagtha amach i Fíor 17.1.

Fíor 17.1 Príomhfeidhmeanna agus Róil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leithligh le haghaidh gach ceann de na comhlachtaí/feidhmeanna sin.

b I gcás maoiniú Stáit agus seirbhísí bainistiú fiach agus bainistíochta cistíochta, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leithligh le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, an Chúlchiste Mionchoigiltis, Chiste Bhanc Taisce an Phoist, Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla agus an Fhiachais Náisiúnta.

Maoiniú, Fiachas agus Bainistiú Cisteáin


- 17.8** Faigheann an NTMA iasachtaí thar ceann an Stáitchiste agus bainistíonn sé fiachas náisiúnta na hÉireann. Ag deireadh 2013, ba ionann é sin agus €173.9 billiún (2012: €137.6 billiún) tar éis airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh.
- 17.9** Tá sonraí maidir le struchtúr an fhiachais náisiúnta áirithe i gcaibidil 2 ina ndéileáiltear leis na treochtaí i bhfiachas an Rialtais.

17.10 Comhlíonann an NTMA roinnt feidhmeanna bainistiú fiach eile agus cisteáin, lena n-áirítear

- oibríochtaí cistíochta don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) agus do Chorpáraid na hÉireann um Réiteach Baint Teo (i leachtú speisialta) (IBRC)
- lárshuibhís cistíochta á soláthar do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla
- sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin agus Ciste Bhanc Taisce an Phoist á mbainistiú
- formhaoirsiú ar an gCúlchiste Mionchoigiltis agus an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.¹

Scéimeanna Ráthaíochta Institiúidí Airgeadais**17.11** Faoi Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe) 2009 déanann an tAire ráthú ar dhlíteanas incháilithe áirithe, lena n-áirítear earlaisí agus urrúis fiachais lena ngabhann suas le cúig bliana aibíochta i bhforais rannpháirteacha. Cheap an tAire Airgeadais an NTMA mar oibreoir na scéime.² Ina theannta sin, rinne an tAire na feidhmeanna seo a leanas a tharmligean chuig an NTMA in 2013³

- fíorú na n-éileamh ar íocaíocht maidir le gníomhas ráthaíochta a rinneadh an 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha a rinne an IBRC
- íocaíocht méideanna dlite faoi ngníomhas ráthaíochta.

17.12 Tá táille iníochta ag gach institiúid rannpháirteach a bhfuil dlíteanas ráthaithe acu. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais freagrach as na táillí a fháigear.**17.13** Ar an 26 Feabhra 2013, d'fhógair an tAire go rabhthas chun deireadh a chur leis an scéim i dtaca le gach dlíteanas nua le héifeacht ó mheán oíche an 28 Márta 2013. Bhí €74.6 milliún cumhdaithe ag an scéim nuair a dúnadh é (féach Fíor 17.2).**Fíor 17.2 Dlíteanas atá cumhdaithe faoi Scéim Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe, 2010 – 2014**

¹ Tuarascáil an iniúchta ar Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla arna n-iniúchadh faoi alt 22 d'Acht Airgeadais, 1950, arna eisiúint an 28 Meitheamh 2014.

² Ionstraim Reachtuil Uimh. 490 de 2009.

³ Ionstraim Reachtuil Uimh. 85 de 2013.

- 17.14** Rinneadh roinnt éileamh faoin scéim tar éis leachtú IBRC i mí Feabhra 2013. Ba ionann iomlán na n-íocaíochtaí éilimh ag 31 Nollaig 2013 agus €998 milliún (€934 milliún le haghaidh bannaí agus €64 milliún le haghaidh éarlaisí). Ba ionann agus €61 milliún na híocaíochtaí maidir le héarlaisí IBRC le haghaidh na chéad sé mhí de 2014.¹
- 17.15** Ag 31 Nollaig 2013, bhí íocaíochtaí arna dtreorú ag díorthaigh arbh fhiú €37.5 milliún ar an iomlán iad déanta freisin ag an NTMA mar thoradh ar leachtú IBRC. Tá gach dliteanas faoi ghníomhas ráthaíochta an IBRC socraithe anois.

Bainistíocht an Chiste Carbóin

- 17.16** Riarann an NTMA ceannach creidmheasanna carbóin a theastaíonn chun oibleagáidí athraithe aeráide na hÉireann a chomhlíonadh tríd an gCiste Carbóin, a bunaíodh leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007. Mar sin féin, tá ceannach creidmheasanna carbóin curtha ar fionraí ó mhí Feabhra 2009 i leith. Ag deireadh 2013, bhí sócmhainní á sealbhú sa Chiste Carbóin arbh fhiú €99 milliún iad le héadail (2012: €99 milliún).
- 17.17** Tugtar cuntas ar leithligh ar an gCiste Carbóin agus níl sé ina chuid de chuntais an NTMA chun críche alt 12 den Acht (arna leasú). Déantar iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007.²

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

- 17.18** Bainistíonn an NTMA éilimh ar chúiteamh de bharr díobháil phearsanta, damáiste maoine agus faillí chliniciúil thar ceann údaráis Stáit áirithe. Nuair a chomhlíonann sé na feidhmeanna sin, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar an NTMA (SCA). Mheas an NTMA go gcosnódh sé €1.2 billiún na héilimh a bhí fós le híoc ag 31 Nollaig 2013 (2012: €1.1 billiún) a shocrú.
- 17.19** Bhí luach díreach faoi bhun €140 milliún (2012: €100 milliún) sna dámhachtainí agus costais éilimh ghaolmhara an SCA in 2013. Bhíothas in ann na costais sin a fhorchúiteamh ó na húdaráis Stáit ábhartha a bhaineann leas as seirbhísí an SCA. Ina theannta sin, thabhaigh an NTMA €11.5 milliún i gcostais riaracháin agus é ag cur a chuid feidhmeanna SCA i gcrích. Tá na costais riaracháin sin áirithe i gcostais riaracháin an NTMA agus cuirtear chun dochair an Lárchiste iad.

NewERA

- 17.20** Bunaíodh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) an chéad lá riamh laistigh den NTMA ar bhonn neamhreachtuil i ndiaidh fógra Rialtais i mí Mheán Fómhair 2011.
- 17.21** Bhain an caiteachas a thabhaigh an NTMA in 2013 maidir le feidhmeanna NewERA go príomha le cur ar fáil agus/nó le soláthar³
- comhairle airgeadais agus thráchtála don Rialtas maidir le diúscairt bheartaithe shócmhainní an Stáit, lena n-áirítear díol ghnó Fuinnimh Bhord Gáis ag Ervia (Bord Gáis Éireann roimhe seo)
 - comhairle maidir le hairgeadas agus rialachas corparáideach i dtaca le rialú agus gnéithe airgeadais agus tráchtála comhlachtaí/sócmhainní Stáit áirithe
 - comhairle i dtaca le gníomhaíochtaí d'fhothinn infheistíocht i mbonneagar eacnamaíoch a éascú.

¹ Cé gurb é an NTMA a phróiseáil na híocaíochtaí, tugtar léiriú orthu sna Cuntais Airgeadais.

² Eisíodh an tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar an gCiste Carbóin an 27 Meitheamh 2014.

³ Ní dhéantar nochtadh ar leithligh ar chostais fheidhmeanna NewERA i gcuntas riaracháin an NTMA.

17.22 Bunófar feidhmeanna NewERA ar bhonn reachtúil leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014.¹ Áireofar leis na feidhmeanna sin soláthar seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála do Aire Rialtais iomchuí i dtaca le comhlacht ainmnithe faoina shainchúram/sainchúram nó i dtaca le haon chomhlachtaí nó sócmhainní sealbhaithe eile.² Coimeádfaidh na hAirí iomchuí a gcuid freagrachtaí reatha agus a scairshealbhú i gcomhlachtaí den sórt sin. Cumhdóidh na seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála (inter alia) na nithe seo a leanas

- cleachtadh ceart a bhaineann le scaireanna arna sealbhú ag Aire iomchuí i gcomhlacht ainmnithe
- rialachas corparáideach
- oibriúchán airgeadais agus tráchtála
- luach aon leasa arna shealbhú a chosaint, a fheabhsú nó a réadú
- straitéis chorparáideach agus pleananna caipitil agus infheistíochta
- éadálacha, diúscairtí, atheagrú agus athstruchtúrú
- ceapachán agus luach saothair an chathaoirligh, comhaltaí, stiúrthóirí nó an phríomhfheidhmeannaigh.

17.23 Féadfaidh NewERA freisin, i gcomhairle leis na hAirí Rialtais, tograí a fhorbairt le haghaidh infheistíochta i bpríomhearnálacha bonneagair eacnamaíocha ar leith d'fhonn tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht.

Foireann le haghaidh Fheidhmeanna an Chórais Baincéireachta

17.24 I mí an Mhárta 2010, tharmligean an tAire feidhmeanna áirithe den chóras baincéireachta don NTMA.³ Bhain an tarmligean, go háirithe, le bainistiú leas an Stáit sna hinstiúidí creidmheasa atá cumhdaithe ag na ráthaíochtaí bainc agus caibidlíocht maidir le tacaíocht chaipitil do na hinstiúidí sin. Rinneadh an tarmligean a aisghairm i mí Lúnasa 2011⁴ agus tá Aonad Baincéireachta an NTMA curtha ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais ó shin i leith.

17.25 Ar threoir ón Aire, leanann an NTMA ag seasamh costais an Aonaid Bhaincéireachta, ina gcuimsítear costais foirne agus costais chomhairleoireachta áirithe. Ní thugtar nochtadh ar leithligh i gcuntas riaracháin an NTMA de leibhéal na gcostas a tabhaíodh nó sa nóta seirbhísí a bhaineann le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais.

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

17.26 Is é an NTMA Bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF). Ceadáítear leis an saindualgas reachtúil atá ag an NPRF don Aire Airgeadais ordú a thabhairt don Choimisiún NPRF chun infheistíochtaí áirithe agus íocaíochtaí áirithe a dhéanamh leis an Státchiste.⁵ Bhí glansócmhainní de €19.9 billiún i seilbh an NPRF ag deireadh 2013. Cuimsíodh sna glansócmhainní €6.8 billiún sa phunann lánroghnach agus €13.1 billiún sa phunann infheistíochtaí ordaithe.⁶

17.27 Thabhaigh an NTMA costais €3.9 milliún ina ról mar Bhainisteoir an Chiste. Nochtar é sin i gcuntas riaracháin an NTMA ach ní fhaigheann an NTMA ar ais é.

1 Achtaithe i mí Iúil 2014. Tiocfaidh an tAcht i bhfeidhm le hOrdú Aireachta an Aire Airgeadais.

2 Faoi láthair, is iad na comhlachtaí ainmnithe Bord Soláthair an Leictreachais, Ervia, Bord na Móna cpt, Coillte Teoranta, Eirgrid cpt, Uisce Éireann agus aon fhochuideachta nó aon chuideachta ina bhfuil leas ag comhlacht ainmnithe den sórt sin.

3 Ionstraim Reachtúil Uimh. 115 de 2010.

4 Ionstraim Reachtúil Uimh. 395 de 2011.

5 An tAcht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000.

6 Eisíodh an tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar an NPRF an 28 Meitheamh 2014.

- 17.28** Foráiltear leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 go mbunófar Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) a iompróidh sócmhainní an NPRF. Cuirfear na cistí i bpunann lánroghnach an NPRF ar fáil le haghaidh infheistíochta ar bhonn tráchtála ar bhealach a bheidh deartha chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht sa Stát.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

- 17.29** Is í an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) an comhairleoir airgeadais reachtúil atá ag údaráis Stáit maidir le gach togra infheistíochta poiblí a bhfuil luach os cionn €20 milliún ag gabháil leo. Tá sé freagrach freisin as soláthar tograí comhpháirtíochta príobháidí/poiblí in earnálacha seachas iompar agus sna húdaráis áitiúla agus as soláthar díreach tograí oideachais áirithe.
- 17.30** Comhlíonann an NDFA a chuid feidhmeanna tríd an NTMA. Ba ionann agus €5.7 milliún na táillí agus na costais a thabhaigh an NDFA i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna airgeadais agus comhairleacha in 2013. Bhíothas in ann na costais sin a fhorchúiteamh ó na húdaráis Stáit ábhartha a bhaineann leas as seirbhísí an NDFA. Thabhaigh an NTMA €7.1 milliún breise i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna eile i dtaca leis an NDFA. Nochtar é sin i gcuntas riaracháin an NTMA ach ní fhaigheann an Ghníomhaireacht ar ais é.¹

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

- 17.31** Shann an NTMA foireann agus sholáthair sí seirbhísí don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) le linn 2013 lenar tabhaíodh costas €40.8 milliún (2012: €36.9 milliún) agus gearradh in athuair ar NAMA é.²
- Tabhaíodh €33.6 milliún (2012: €30.2 milliún) maidir le costais foirne. Cuimsíodh leis sin €31.1 milliún le haghaidh foireann a bhí fostaithe díreach ag an NTMA agus sannta ar NAMA (331 an 31 Nollaig 2013), agus €2.5 milliún maidir le costas cionroinnte fostaithe an NTMA a bhí ag feidhmiú seirbhísí comhroinnte lena n-áirítear TF, acmhainní daonna agus airgeadas.
 - €7.2 milliún maidir le costais eile a thabhaigh an NTMA, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleoireachta.³

¹ Eisíodh an tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar an NDFA an 27 Meitheamh 2014.

² Ba é iomlán chostais riaracháin NAMA ná €124 milliún in 2013 (€119 milliún in 2012).

³ Féach ráitis airgeadais NAMA 2013. Eisíodh an tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar NAMA an 9 Bealtaine 2014.

Leithdháileadh Foirne an NTMA

- 17.32** Leanann líon na foirne san NTMA ag ardú mar thoradh ar fhreagrachtaí breise a bheith tugtha don NTMA. Ag deireadh 2013, bhí 657 duine fostaithe (2012: 500). Tá sannadh na foirne chuig na feidhmeanna éagsúla san NTMA ag deireadh-2012 agus 2013 leagtha amach i Fíor 17.3.

Fíor 17.3 Leithdháileadh foirne an NTMA ag deireadh na Nollag 2012 agus 2013

	2012	2013
Réimsí cláir		
Maoiniú agus bainistiú fiach	14	15
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	69	77
NewERA	12	13
Aonad Baincéireachta ^a	12	14
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	13	15
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	44	52
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	224	331
Seirbhísí tacaíochta		
Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca	74	98
AD agus Seirbhísí Corparáideacha	8	10
Dlí, Rialú agus Comhlíonadh	16	18
Eile	14	14
Iomlán	500	657

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais.


Struchtúr an NTMA

- 17.33** Tuairiscíonn Príomhfheidhmeannach an NTMA go díreach don Aire. Feidhmíonn an NTMA faoi láthair gan bord agus tá Coiste Comhairleach aici chun cabhair agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí a chuireann an NTMA ar aghaidh chuig an gCoiste.
- 17.34** Mar a tugadh le fios níos túisce, tá foráil san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 chun athstruchtúrú a dhéanamh ar fheidhmeanna an NTMA. Beartaíonn sé freisin struchtúr rialachais chorpáraidigh athbhreithnithe a chur i bhfeidhm don NTMA agus Bord nua uileghabhálach a bhunú. Anuas ar a feidhmeanna reatha, beidh an NTMA freagrach go díreach as ISIF agus NewERA, agus as feidhmeanna an NDFA. Leis sin déanfar an Coimisiún NPRF agus Bord an NDFA a dhíscaoileadh. Má táthar chun na seirbhísí a atheagrú beidh gá athstruchtúrú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus ar na cuntais.
- 17.35** Foráiltear san Acht um Chorpáraid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014 go ndéanfar Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann a fhoirmiú a chuirfidh creidmheas ar fáil laistigh den Stát.¹ Sannfaidh an NTMA foireann agus cuirfidh sí seirbhísí áirithe ar fáil do Chorpárid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. Mar sin féin, is aonán dlíthiúil ar leithligh í an chorpárid den NTMA.

¹ Achtaithe agus tosaithe i mí Iúil 2014.

- 17.36** Tá feidhmeanna agus ról athbhreithnithe an NTMA, i ndiaidh na leasuithe sin, tugtha i Fíor 17.4.

Fíor 17.4 Feidhmeanna agus ról athbhreithnithe Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- Nótaí:
- a Ullmhófar ráitis airgeadais ar leithligh le haghaidh gach ceann de na comhlachtaí/feidhmeanna sin.
 - b I gcás maoiniú Stáit agus seirbhísí bainistiú fiach agus bainistíochta stáitchiste, ullmhófar i gcónaí ráitis airgeadais ar leithligh le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, an Chúlchiste Mionchoigiltis, Chiste Bhanc Taisce an Phoist, Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla agus an Fhiachais Náisiúnta.
 - c An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean roimhe seo. Leanfar ag ullmhú ráitis airgeadais don NPRF go dtí go n-aistreofar gach sócmhainn chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.

Conclúid

- 17.37** Tá an NTMA tagtha chun cinn mar eagraíocht chuimsitheach a dhéanann tuairisciú airgeadais chuimsitheach dá réir sin, agus tá difríocht sa leibhéal nochta maidir le costais na seirbhísí agus feidhmeanna éagsúla atá faoi shainchúram an NTMA. I roinnt cásanna, nochtar sna ráitis airgeadais costais iomlána na seirbhísí aonair agus na réimsí feidhmiúla. I gcásanna eile, ní nochtar costais iomlána. Níl sé sin ag teacht leis an ngnás ina bhfuiltear ag díriú níos mó agus níos mó i dtreo cuntasáocht clár-bhunaithe i dtaca le seirbhísí poiblí.
- 17.38** Déanfar atheagrú substaintiúil agus atreorú ar fheidhmeanna le hAcht 2014, agus beidh impleachtaí móra aige sin ar raon agus ar leagan amach na ráiteas airgeadais. Tugann sé sin deis don NTMA deireadh a chur le haimhrialtachtaí agus a tuairisciú airgeadais a shruthlíniú.

Moladh 17.1

I gcomhthéacs athfhormáidiú ráitis airgeadais an NTMA, ba chóir cur chuige leanúnach a ghlacadh maidir le nochtadh na gcostas foriomlán a bhaineann le gach ceann de na príomhsheirbhísí agus na príomhfheidhmeanna a chomhlíonann an NTMA.

Freagairt an Phríomhfheidhmeannaigh

Nochtann an NTMA costais riaracháin de réir a cuid oibleagáidí reachtúla. Éilítear leo sin go ndéanfaí nochtadh ar leithligh i gcás ina bhfuil an NTMA ag gníomhú mar ghníomhaire ag aonán corparáideach ar leithligh. Le hAcht an NTMA (Leasú) 2014 athrófar bunús an chaidrimh gníomhaireachta sin agus cuirfear na feidhmeanna sin díreach faoi bhainistiú an NTMA agus a Bhord nua uileghabhálach. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh mé an moladh faoi bhráid an Bhoird nua.

18 Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

- 18.1** Bunaíodh Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann ar bhonn eatramhach i mí Iúil 2011. I mí Eanáir 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle eatramhach páipéar a bhí coimisiúnaithe aici ó chomhairleoir neamhspleách inar tugadh treoir maidir le dearadh rialacha fioscacha d'Éirinn.¹ Sa mhí chéanna, d'fhoilsigh sí tuarascáil ina ndearnadh trácht ar mholtaí na Roinne Airgeadais maidir le rialacha fioscacha a cheapadh agus comhairle fhioscach chomhairleach neamhspleách buan a bhunú.² Ullmhaíodh an tuarascáil nuair a bhí díospóireacht ar siúl faoi fhorálacha an Bille um Fhreagracht Bhuiséadach.³
- 18.2** Bunaíodh an Chomhairle Fhioscach go foirmiúil mar chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach 2012 (an tAcht) le héifeacht ón 31ú lá de Nollaig 2012. Is é cuspóir foriomlán na Comhairle Fioscaí ná measúnuithe neamhspleácha a sholáthar faoi phleananna agus faoi réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais agus faisnéis a sholáthar mar bhunsraith do dhíospóireacht phoiblí ar chúrsaí eacnamaíochta agus fioscacha.
- 18.3** Tá achoimre ar fheidhmeanna na Comhairle Fioscaí i Fíor 18.1 **Error! Reference source not found.** Tá sé de chúram uirthi
- measúnacht a dhéanamh ar na réamhaisnéisí oifigiúla a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais (an Roinn) san earrach agus sa bhfómhar gach bliain ⁴
 - measúnacht a dhéanamh cibé an dtacaíonn seasamh fioscach an Rialtais le bainistiú stuama eacnamaíoch agus buiséadach i bhfianaise Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an AE ⁵
 - monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh ag féachaint an bhfuil seasamh ginearálta buiséadach an rialtais cothrom nó an bhfuil barrachas i gceist, nó an bhfuil siad ag gluaiseacht ar luas sásúil sa treo sin (an 'riail bhuiséadach' faoi mar atá leagtha amach san Acht), agus measúnacht a dhéanamh le fáil amach an de bharr cúinsí eisceachtúla a tharla aon neamhchomhlíonadh ann
 - fhormhuiniú a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha atá ullmhaithe ag an Roinn, ar a bhfuil an buiséad agus nuashonrú an chláir chobhsaíochta bunaithe.

¹ *Fiscal Rules for Ireland*, Robert Hagemann, 2012.


² *Strengthening Ireland's Fiscal Institutions*, 2012.

³ Ina theannta sin, chuir an Chomhairle eatramhach trí thuarascáil faoi mheasúnacht fhioscach ar fáil sa tréimhse go deireadh mhí na Nollag 2012.

⁴ De réir an Achta, is éard atá sna réamhaisnéisí oifigiúla ná na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais chun críocha pleanála fioscaí.

⁵ Is éard atá sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis ná creat bunaithe ar riail chun chomhordú a dhéanamh ar bheartais fhioscacha náisiúnta san Aontas Eorpach.

Fíor 18.1 Feidhmeanna Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann



Foinse: Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

Foireann

- 18.4** Tá cúigear comhalta, lena n-áirítear an Cathaoirleach ar an gComhairle Fhioscach. Is é an tAire Airgeadais a dhéanann na ceapacháin agus ceithre bliana an téarma oifige de ghnáth.¹ Ní féidir le comhaltaí fónamh ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile. Thacaigh triúr ball foirne lánaimseartha leis an gComhairle linn a céime eatramhaí. Tá cúigear ball foirne aici anois a chuimsíonn ceann na rúnaíochta, triúr eacnamaithe agus riarthóir.

Maoiniú

- 18.5** Sular bunaíodh an Chomhairle ar bhonn reachtúil chuireadh an Roinn deontas ar fáil di mar mhaoiniú. Chuireadh an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) seirbhísí riaracháin agus baincéireachta ar fáil don Chomhairle agus d'fhoilsítí a hioncam agus a caiteachas i dtuarascálacha bliantúla an ESRI.
- 18.6** Forordaíonn an tAcht go bhfuil an Chomhairle Fhioscach le maoiniú ón Lárchiste, faoi réir buaic bhliantúil de €800,000 (a bheith nasctha le cúrsaí boilscithe).
- 18.7** Ba é €481,000 caiteachas iomlán na Comhairle in 2013 agus bhain beagnach leath den mhéid sin le tuarastail foirne. Bhí na daoine sin faighte ar iasacht ó eagraíochtaí eile. Ba é an ghné ba mhó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle ná thart faoi €104,000 a íocadh leis an ESRI maidir le costais chóiríochta agus seirbhísí tacaíochta. Íocadh díreach os cionn €68,000 san iomlán le comhaltaí na Comhairle in 2013 ó thaobh táillí agus speansais.²

¹ Is idir dhá bhliain agus ceithre bliana atá téarmaí oifige bhall tosaigh na Comhairle lena chinntiú nach ag an am céanna a cheapfar daoine ina n-ait amach anseo.

² Áirítear leis an bhfigiúr seo €3,860 mar ÁSPC Fostóirí.


Cuntais na Comhairle Fioscaí

- 18.8** Is é an t-oifigeach atá freagrach as ullmhú agus cur i láthair na ráiteas airgeadais lena n-íniúchadh atá mar Chathaoirleach na Comhairle. Cuirtear de cheangal ar an gComhairle Fhioscach de bhun na nAlt ó 10(1) go dtí 10(3) den sceideal a ghabhann leis an Acht cuntais a choimeád ar fháltais agus ar chaiteachas san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais, agus chun iad a chur isteach lena n-íniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Nuair a bhíonn an t-íniúchadh déanta ní mór don Chomhairle Fhioscach cóip de na cuntais a thabhairt don Aire, agus ní mór dó sin iad os comhair Thithe an Oireachtais.
- 18.9** Éilítear ar leithligh de bhun Alt 10(4) den sceideal leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thugann an Chomhairle Fhioscach chun cuntais gach bliain. Is í seo tuarascáil na bliana 2013 faoin Alt sin.
- 18.10** Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Comhairle Fioscaí do 2013. Eisíodh mo thuarascáil ar an iniúchadh ar an 29ú lá d'Iúil 2014. Tíolacadh na cuntais don Aire a leag cóipeanna díobh os comhair dhá Theach an Oireachtais ar an 11ú lá de Lúnasa 2014.
- 18.11** Táim sásta go léiríonn na cuntais idirbhearta na Comhairle Fioscaí don bhliain 2013 agus na hiarmhéideanna a bhí aici ag deireadh na bliana.

Gníomhaíocht na Comhairle

- 18.12** Léirítear i Fíor 18.2 **Error! Reference source not found.** gnáth-aschur bliantúil na Comhairle, a chuirtear ar fáil mar fhreagra ar aschur na Roinne Airgeadais.

Fíor 18.2 Aschur Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann



Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 18.13** Is féidir leis an gComhairle a tuarascálacha neamhspleácha aonair a chur ar fáil ar théamaí a bhaineann lena sainordú.

Formhuinithe

- 18.14** De réir an Achta faoi mar a ritheadh ar dtús é, dhéanadh an Chomhairle Fhioscach measúnuithe ar réamhaisnéisí maicreacnamaíocha na Roinne ach ní bhíodh sé d'oibleagáid ar an Roinn measúnuithe na Comhairle ar na réamhaisnéisí sin a chur san áireamh.
- 18.15** Cuireadh an fheidhm formhuinithe le sainordú na Comhairle Fioscaí trí leasú ar an Acht a rinneadh i mí Iúil 2013. Léiríú a bhí ansin ar chomhaontú a rinneadh ar leibhéal na hEorpa gur cheart go mbeadh buiséid agus nuashonruithe ar an gclár cobhsaíochta bunaithe ar réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a bheadh curtha ar fáil nó formhuinithe ag comhlacht neamhspleách.¹
- 18.16** Is é an aidhm atá leis an bpróiseas formhuinithe a chinntiú go bhfuil na réamhaisnéisí neamhchlaonta agus chomh cruinn agus is féidir. Tá a modhanna réamhaisnéise féin agus a cumas anailíse féin forbartha ag an gComhairle Fhioscach chun tacar réamh-mheastachán tagarmharcála a sholáthar trínar féidir réamhaisnéisí na Roinne a mheas.
- 18.17** Tá meabhrán tuisceana aontaithe idir an Chomhairle agus an Roinn maidir leis an fheidhm formhuinithe.² Áirítear leis an gcomhaontú sonraí maidir le clúdach na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a formhuiníodh, na ceanglais maidir le faisnéis agus an cur chuige atá le leanúint.
- 18.18** Eisítear gach formhuiniú trí litir fhoirmiúil chuig Ard-Rúnaí na Roinne, tráth nach déanaí ná cúig lá oibre roimh fhoilsiú nuashonrú an chlár cobhsaíochta lena mbaineann nó buiséid. Sa chás go measfaidh an Chomhairle nach bhfuil sé ar a cumas na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha a fhorghuiniú, tá sé de cheangal uirthi litir a sholáthar ina léireofar na cúiseanna nár tugadh an formhuiniú agus é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná cúig lá oibre roimh eisiúint an chlár nuashonraithe cobhsaíochta nó an bhuiséid.
- 18.19** Bhain an chéad fhorghuiniú a rinne an Chomhairle Fhioscach, tar éis leathnú a sainordaithe, leis na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha ar a raibh Buiséad na bliana 2014 bunaithe. D'eisigh Cathaoirleach na Comhairle an litir formhuinithe chuig Ard-Rúnaí na Roinne ar an 4ú lá de Dheireadh Fómhair 2013.
- 18.20** Éilítear ar bhallstáit an AE nuashonruithe cláir chobhsaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Aibreáin gach bliain, lena n-áirítear nuashonrú ar an ionchas eacnamaíoch agus fioscach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Ar an 7ú lá d'Aibreán 2014 d'fhorghuinigh an Chomhairle Fhioscach na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha do na blianta 2014-2018 ar a raibh nuashonrú chlár cobhsaíochta na hÉireann bunaithe.

Tuarascálacha faoi Mheasúnachtaí Fioscacha

- 18.21** Soláthraíonn an Chomhairle tuarascálacha faoi mheasúnachtaí fioscacha i leith réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha na Roinne ar a mbíonn nuashonrú an chlár cobhsaíochta bunaithe (i mí Aibreáin) agus ar a mbíonn an buiséad bunaithe (i mí Dheireadh Fómhair). Éilítear san Acht go seolfar cóipeanna de na tuarascálacha faoi mheasúnachtaí fioscacha a ullmhaíonn an Chomhairle go dtí an tAire Airgeadais agus go bhfoilseofar iad ina dhiaidh sin laistigh de dheich lá.

1 Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 21 Bealtaine 2013.

2 Is féidir an meabhrán tuisceana a íoslódáil ag www.fiscalcouncil.ie agus ag www.finance.gov.ie

- 18.22** Cuireadh sé tuarascálacha faoi mheasúnachtaí ar fail agus foilsíodh iad ar láithreán gréasáin na Comhairle sa tréimhse go Meitheamh 2014. Fuarthas i ngach ceann de na tuarascálacha faoi mheasúnachtaí go raibh réamhaisnéisí maicreacnamaíocha an Rialtais agus na réamh-mheastacháin buiséadacha oiriúnach a bheag nó a mhór agus go raibh a sheasamh fioscach ag tacú le bainistiú stuama eacnamaíoch agus buiséadach. Níl aon tagairt sna tuairiscí d'aon chás nuair nár comhlíonadh riail bhuiséadach.
- 18.23** D'fhoilsigh an Chomhairle an tuarascáil i déanaí faoi mheasúnacht fhioscach i mí an Mheithimh 2014 (féach Fíor 18.3).

Fíor 18.3 Tuarascáil faoi Mheasúnacht Fhioscach, Meitheamh 2014 – príomhthorthaí

- Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le réiteach ghéarchéim fhioscach na hÉireann, cé go bhfuil dúshlán fós le sárú.
- Ba cheart an coigeartú €2 bhilliún atá beartaithe do Bhuiséad na bliana 2015 a chur i bhfeidhm.
- Cé go measann an Chomhairle go bhfuil seasamh fioscach an Rialtais stuama agus go gcloíonn sé leis na rialacha fioscacha, beidh costais ag baint leis an tiomantas chun díriú ar buiséad comhardaithe a sholáthar ó thaobh cúrsaí struchtúracha de faoi 2018.
- Tá creat fioscach na hÉireann neartaithe agus tá gealltanais láidir tugtha ag an Rialtas maidir le seasamh leis an gcreat nua sin.
- Tá sé le tuiscint i bpleananna meántéarmacha maidir le coigeartú fioscach go mbeidh titim leanúnach i gcaiteachas neamh-ús an rialtais (.i. gan íocaíochtaí úis an fhiachais náisiúnta a chur san áireamh) mar sciar den OTI.
- Beidh sé deacair na pleananna daingne caiteachais thar tréimhse fhada a chur i gcrích nuair a chuirtear san áireamh brúnna ó thaobh éilimh agus an dolúbthacht atá i réimsí áirithe caiteachais.

Foilseacháin Eile

- 18.24** I mí Mheán Fómhair 2013, d'fhoilsigh an Chomhairle páipéar oibre inar tugadh forbhreathnú ar staid airgeadais an Rialtais agus scrúdaíodh na hathruithe a tháinig ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Stáit ó thús na géarchéime airgeadais in 2008.¹

¹ *The Government's Balance Sheet after the Crisis: A Comprehensive Perspective*, Sebastian Barnes agus Diarmaid Smyth, 2013.

